



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

# TURASCÁIL BHLIANTÚIL

## ANNUAL REPORT



2023



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Áras an Chontae  
Cnoc na Radharc  
Gaillimhe H91 H6KX

Fón: (091) 509 000  
Idirlíon: [www.gaillimh.ie](http://www.gaillimh.ie)

Galway County Council  
Áras an Chontae  
Prospect Hill  
Galway H91 H6KX

Tel: (091) 509 000

Fax: (091) 509 010

Web: [www.galway.ie](http://www.galway.ie)



[GalwayCounty](https://www.facebook.com/GalwayCounty)



[@galwaycoco](https://twitter.com/galwaycoco)



[@galwaycountycouncil](https://www.instagram.com/galwaycountycouncil)

## CLÁR NA NÁBHAR

RÉAMHRÁ.....	8
Ráiteas Misin.....	9
Croíluchanna agus Fís.....	9
Fís do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.....	9
Bunluachanna .....	9
Teachtairacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe .....	10
Teachtairacht ón bPríomhfheidhmeannach .....	12
Toghlímistéir Áitiúla/Ceantair Bhardasacha .....	15
Comhaltaí Tofa de réir Ceantar Bardasach .....	16
Eolas Ginearálta .....	22
Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe .....	23
Rialachas .....	26
Ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach 2023.....	28
Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024.....	33
Spriocanna Straitéiseacha.....	34
PLEANÁIL & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA.....	35
Pleanáil.....	36
Pleanáil chun Cinn.....	36
An Rannóg Bainistíochta Forbartha .....	39
Bearta Forfheidhmiúcháin .....	40
Rialú Foirgníochta .....	40
Caomhnú Ailtireachta .....	41
Oidhreacht .....	47
An bhithéagsúlacht .....	83
Tionscnaimh Forbartha Eacnamaíochta .....	94
Turasóireacht .....	97
Scéimeanna Tuaithe - Scéim áineasa agus bonneagair allamuigh .....	113
Scéimeanna Tacaíochta Pobail.....	117
Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe .....	120
Clár Éire Ildánach .....	130
TITHÍOCHT AGUS AN FHREAGAIRT DON GHÉARCHÉIM SAN ÚCRÁIN .....	136
Tithíocht .....	137
Tithíocht Do Chách.....	137
Gníomhaíocht Chuid V .....	138
Gníomhaíocht Tógála Tithíochta.....	139

Gníomhaíocht Deartha & Pleanála .....	142
Tithíocht Inacmhainne .....	147
Ceannacháin Tí.....	147
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT).....	147
Taifead na dTeaghlach Cáilithe (Liosta Feithimh Tithíochta).....	148
Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC) .....	149
Caighdeán Íosta do Chóiríocht ar Cíos .....	149
Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe.....	150
Ceannach agus Athnuachan.....	151
DEONTAS ATHCHÓIRITHE CHISTE Croí Cónaithe (BAILTE).....	151
An Logeolaire um Shuirbhé ar Shonraí Folúntais .....	152
Imeachtaí eolais 2023 .....	153
Scéim Morgáiste chun Cíosa .....	154
Iasacht Tí Údaráis Áitiúil.....	155
Tithíocht Dheonach.....	155
Ceannach Tionónta .....	155
cúnamh tithíochta do dhaoine scothaosta, deontas cúnaimh soghluaisteachta.....	156
Deontais oiriúnaithe tithíochta do thithe údaráis áitiúil .....	156
Cothabháil tithíochta .....	157
Easpa dídine .....	158
Clár Cóiríochta don Lucht Siúil .....	160
An Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024.....	160
Clár Athlonnaithe Dídeanaithe .....	161
Obair Shóisialta .....	161
Plean Straitéiseach do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas.....	163
Bainistíocht Tionóntachta & Eastáit .....	164
FORBAIRT POBAIL AGUS TUAITHE & SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA.....	167
Forbairt pobail.....	168
An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) .....	168
Gradaim Phobail.....	179
Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (LRP) .....	181
clár aoisbháúil .....	182
Comhpháirtíocht Spóirt .....	183
Seirbhísí Corparáideacha .....	186
Pleanáil & Tacaíocht Chorparáideach .....	186
CHUR CHUN CINN CHONTAE NA GAILLIMHE MAR ÁIT A mbÍONN TARRAINGT MHÓR AG TURASÓIRÍ UIRTHI AG FÉILE ÉIREANNACH MILWAUKEE 2023.....	195

Grúpa Beartais Chorpharáidigh.....	200
Comhchoiste Póilíneachta .....	200
Clár na dToghthóirí .....	202
Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol .....	203
Cosaint Sonraí .....	203
Dualgas na hEarnála Poiblí.....	204
Bainistíocht Saoráidí .....	205
An tSeirbhís Cróinéara .....	206
Iníúchadh Inmheánach/Seirbhís Chomhairleach Díl.....	206
Oibriú margaí. Ceadúnais chorrthrádála & scannáin.....	210
Áineas, conláiste, páirceanna agus spásanna oscailte.....	211
Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma.....	216
Clár seirbhísí forbartha leabharlainne .....	218
Carlann & Bainistíocht Taifead .....	232
An Ghaeilge a chur chun cinn .....	235
Seirbhísí do Chustaiméirí .....	239
Cumarsáid & na Meáin Shóisialta .....	239
TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE, ACMHAINNÍ DAONNA & TFC & DIGITIÚ .....	241
Comhshaol .....	242
Feasacht Timpeallachta .....	242
Pleanáil.....	244
Seirbhísí Dramhaíola.....	244
COSAINTE UISCE.....	245
Forfheidhmiú Dramhaíola.....	245
Tránna .....	246
Reiligí.....	249
Seirbhísí Tréidliachta.....	250
Athrú Aeráide.....	251
Rannóg na nAcmhainní Daonna.....	257
Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair .....	257
Oiliúint & Forbairt Foirne .....	260
Leas na Foirne .....	260
Pinsin.....	261
Teicneolaíocht Faisnéise .....	261
AIRGEADAS AGUS MÓTARCHÁIN.....	262
Mótarcháin.....	262
An t-eolas is déanaí maidir leis an Scéim Ranníocaíochta Forbartha .....	263

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023.....	263
BONNEAGAR & OIBRÍOCHTAÍ AGUS BAINISTÍOCHT DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA.....	266
An tAonad Bonneagair agus Oibríochtaí.....	267
Aonad Bóithre, 2023.....	268
Fáltais Talún.....	270
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.....	270
Clár Athshlánaithe Droichid Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 2023.....	272
Glacadh ar Láimh - Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe.....	274
Cothabháil Mhuirí.....	275
Cuanta Straitéiseacha.....	277
GLASBHEALAÍ.....	277
Scéimeanna Cosanta Tuile.....	281
Dramháil Tí a Athchúrsáil.....	282
Ceantair Dhraenála.....	283
Clós Innealra.....	283
An Gréasán Príomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád.....	284
Bóithre straitéiseacha réigiúnacha agus áitiúla, deontais feabhsúcháin ar leith.....	285
Maoiniú don Athrú Aeráide & don Taisteal Gníomhach.....	286
An Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile.....	288
Scéimeanna Fostaíochta Pobail.....	291
Rannpháirtíocht an Phobail i Scéimeanna Bóithre.....	291
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda.....	291
Seirbhísí Éigeandála.....	294
Pobail a Choinneáil Sábháilte – Creat le haghaidh sábháilteachta dóiteáin in Éirinn.....	296
Camp West (Rialú Dóiteáin Réigiún an Iarthair).....	296
Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta.....	297
Oibríochtaí Dóiteáin (Freagra).....	299
Bainistíocht Móréigeandálaí.....	301
Bainistíocht Strus Teagmhais Chriticiúil.....	302
Sábháilteacht Dóiteáin Pobail & Cosc.....	303
Caipitil.....	307
Oiliúint.....	308
Pearsanra.....	310
Cosaint Shibhialta.....	311
Seirbhís do chustaiméirí.....	312
Seirbhísí Uisce.....	313
Caomhnú Uisce.....	313

Clár Uisce Tuaithe .....	313
Clár na nOibreacha Caipitiúla .....	316
Tuairisciú Feidhmíochta .....	319
Táscairí Feidhmíochta .....	319
Tuarascálacha Beartas Straitéiseach & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach .....	321
Tuarascálacha Beartas Straitéiseach.....	321
Tuarascálacha na gCeantar Bardasach .....	329
Comhaltaí Tofa Ainmnithe do Choistí, Comhdhálacha & Costais Oiliúna .....	335
An Plean Bliantúil Soláthair Seirbhíse 2023 .....	347
Príomhoifigh/Oifigí na Comhairle .....	381


# RÉAMHRÁ





**Caighdeán maireachtála mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt Pobail agus Eacnamaíochta a threorú agus a neartú agus trí sheirbhísí éifeachtúla agus inbhuanaithe a chur ar fáil.**

CROÍLUACHANNA AGUS FÍS



BUNLUACHANNA

- **Cuntasach**
- **Cabhrach**
- **Ionchuimsitheach**
- **Daonlathach**
- **Inbhuanaithe**
- **Luach ar Airgead**

**FÍS DO CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**  
***Contae le féiniúlacht láidir, rud a chuimsíonn a oidhreacht, a teanga, agus a cultúr. Contae ina gcuirtear forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta agus pobail chun cinn, chomh maith le rannpháirtíocht saoránach agus páirtithe leasmhara, ina bhforbraítear bonneagar riachtanach agus ina gcosnaítear ár gcomhshaol.***



Mar Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is mór an pléisiúr dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ina bhfuil taifead déanta ar dhul chun cinn na seirbhísí a soláthraíodh in 2023 agus ina léirítear an obair, tionscnaimh agus gaiscí iontacha is féidir a sholáthar le rannpháirtíocht agus le comhoibriú.

Mar Iar-Mhéara a toghadh in 2014, ba mhór an onóir dom a bheith atofa mar Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 19 Meitheamh 2023 agus chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an Chontae agus a phobail, agus mise mar a chéad saoránach.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ar cheann de na soláthraithe seirbhíse poiblí is mó sa Chontae agus féachann sé leis an mbonneagar eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus fisiciúil ar fud an Chontae a fheabhsú go leanúnach do gach duine dár saoránaigh trí raon seirbhísí a sholáthar lena n-áirítear tithíocht, bóithre, uisce, pleanáil, leabharlanna, dóiteán, seirbhísí comhshaoil, mótarchánach, pobail, caithimh aimsire & taitneamhachta agus seirbhísí tréidliachta, ar bhealach éifeachtúil, iontaofa agus éifeachtach ó thaobh costas de.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cúpla Fáiltiú Cathartha a óstáil le linn 2023 lena n-áirítear d'Fhoireann Camógaíochta faoi 15 an Turlaigh Mhóir, Curaidh Roinn 1 faoi 15 Fhéile na hÉireann, Iománaithe faoi 15 Bhaile Átha an Rí, Curaidh Roinn 1 faoi 15 Fhéile na nGael Uile-Éireann, Foireann Sraithe na Gaillimhe & an Cheantair, buaiteoirí Chorn Uí Chinnéide 2023, Martin Mulkerrins, an Curadh Domhanda Sinsearach i Liathróid Láimhe, Teresa Smyth, an buaiteoir boinn airgid i nDairteanna ag Cluichí Domhanda Trasphlandaithe, Eamonn Burke an buaiteoir boinn óir ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2022.

Ó rinneadh Cathaoirleach ar an gContae díom, bhí sé de phléisiúr agam cuairt a thabhairt ar an-chuid de na pobail ar fud an Chontae agus oibriú leo agus an obair iontach go léir a dhéanann sibh a fheiceáil. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine atá rannpháirteach agus aitheantas a thabhairt do na gníomhaithe pobail áitiúla go léir as a ndíograis i leith a bpobail áitiúla a fheabhsú.

In 2023, bhí ról lárnach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le GFT chun infheistíocht ó Dexcom a mhealladh go Baile Átha an Rí. Beidh an tsaoráid nua de chuid Dexcom i mBaile Átha an Rí ar cheann de na hinfeistíochtaí aonair is mó de chuid na hearnála príobháidí in Iarthar na hÉireann agus ní hamháin go soláthróidh sé borradh mór faoi gheilleagar Chontae na Gaillimhe ach borradh faoi réigiúin an Iarthair, an Lár-Iarthair agus Lár na Tíre chomh maith.

Ceann de na buaicphointí suntasacha domsa ná páirt a ghlacadh i bParáid na Féile Pádraig i Nua-Eabhrac i mí an Mhárta 2024 mar aoi Chumann na Gaillimhe i Nua-Eabhrac, áit a bhfuair an toscaireacht de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe cruinniú speisialta le GFT chomh maith le cruinnithe le Turasóireacht Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann agus an Chonsalacht Éireannach chun tuilleadh béime a chur

ar Chontae na Gaillimhe mar áit den scoth chun cónaí agus chun gnó a dhéanamh inti agus é sin a spreagadh.

Mar Chathaoirleach ar an gComhairle, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na heagraíochta as an obair a rinne siad le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomh-Fheidhmeannach an tUas. Liam Conneally agus lena fhoireann Bainistíochta as tacú liomsa agus le mo Chomh-Chomhaltaí Tofa inár gcuid oibre.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don Comh. Michael ‘Moegie’ Maher chomh maith a bhí i gcathaoir an Chathaoirligh don chéad sé mhí de 2023 agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin le mo chomhghleacaithe ar an gComhairle as a gcuid tacaíochta agus comhoibre le linn mo thréimhse mar Chathaoirleach ar an gContae agus buíochas ar leith a chur in iúl don Leas-Chathaoirleach, an Comh. Eileen Mannion.

Is onóir mhór dom gur toghadh mar Chathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe mé. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl leis na comhairleoirí eile, leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus le foireann na Comhairle ar fad. Leanfaimid orainn ag obair linn agus ag comhoibriú lena chéile, ar son mhuintir na Gaillimhe ar fad.

***An Comh. Liam Carroll***

***Cathaoirleach ar Chontae na Gaillimhe***



Cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliana do 2023 ina mionsonraítear dul chun cinn na Comhairle i dtaca le cuspóirí straitéiseacha ár bPlean Chorpharáidigh 2020 – 2024 a bhaint amach agus ina leagtar béim ar an obair riachtanach agus ar éachtaí na Comhairle le bliain anuas inár réimsí gnó ar fad.

Dála an-chuid údaráis áitiúla, ba luath an fhreagairt a bhí ag an gComhairle, agus le linn laethanta tosaigh na géarchéime Úcránaí chuir sí foscadh éigeandála ar bun in Órán Mór le cúnamh iontach ón bpobal áitiúil. Bhí orainn leanúint leis an bhfreagairt sin le linn 2023, agus anois tá lóistín tugtha do bhreis is 3,500 Úcránach ar cheann ceann an chontae agus ghlac pobail áitiúla go croíúil leo. Tá freagairt na Comhairle ar an ngéarchéim Úcránach dearfach agus éifeachtach agus gabhaim buíochas le foireann agus

le comhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe as sin.

Is tosaíocht fós í don Chomhairle tacú le plean an Rialtais chun soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú faoin bplean “Tithíocht do Chách”. In 2023, sholáthair an Chomhairle 226 teach nua agus le linn na bliana chruthaigh sí 291 tionóntacht nua lena n-áirítear 72 tionóntacht a ainmníodh do réadmhaoine CCT (Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta).

Le linn 2023, le cur chun feidhme Phlean Forbartha an Chontae 2022-2028 leanadh de bheith ag soláthar ardán beartais chun forbairt inbhuanaithe a dheonú ar fud an Chontae. Cuireann an Plean forbairt inbhuanaithe an Chontae chun cinn mar áit tharraingteach chun cónaí, oibriú agus infheistíocht a dhéanamh inti, rud a chabhraíonn leis an daonra a mhéadú i bpatrúin fhorbartha inbhuanaithe agus a chabhraíonn le fostaíocht a chruthú ar fud an Chontae.

Le linn 2023 lean an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth le GFT agus le FÉ d’fhonn infheistíocht isteach a mhealladh agus Conair Straitéiseach Eacnamaíoch na Gaillimhe a oscailt. Áirítear leis an gConair Straitéiseach Eacnamaíoch an suíomh ag Órán Mór, áit ar bailíodh bunachar talún suntasach, an seanaerfort ar an gCarn Mór agus láithreacha eile in Órán Mór agus i mBaile Átha an Rí.

In 2023, deonaíodh an t-iarratas pleanála de chuid Dexcom agus tosaíodh ar fhorbairt an láithreáin, sin é an chéad chéim, agus tá mé muiníneach go bhfíorófar sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma an cumas fostaíochta ollmhór agus an cumas eacnamaíoch a d’fhéadfadh a bheith inár gConair Straitéiseach Eacnamaíoch idir Órán Mór agus Baile Átha an Rí.

Tá iompar éifeachtúil ríthábhachtach d’fhorbairt eacnamaíoch an Chontae agus in 2023, rinne an Chomhairle níos mó ná €39.9 milliún a infheistiú chun ár líonra bóithre réigiúnach agus áitiúil a chothabháil agus bhí €17.9 milliún breise infheistithe i mBóithre Náisiúnta agus i nGlasbhealaí. In 2023 leanadh le hoibreacha forbartha ar Ghlasbhealach Chonamara idir an Clochán agus Sraith Salach. Go dtí seo, tá 13KM de curtha i gcrích agus oscailte don phobal agus tá 5.5KM eile á thógáil. Tá sé beartaithe an

stráice sin a chur i gcrích agus dul chun cinn a dhéanamh ar thalamh a fháil do bhóthar Shraith Salach go hUachtar Ard in 2024.

Bhí an N6 - Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe, a fuair cead pleanála i mí na Nollag 2021, faoi réir imeachtaí athbhreithnithe breithimh agus tá sé curtha ar aghaidh ó shin chuig an mBord Pleanála chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh air. I mí na Nollag 2023 d'iarr an bord tuilleadh eolais ar an iarratas de chuid Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe agus tá ullmhúchán an iarratais sin tosaithe. Is tosaíocht ollmhór é Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe fós d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae, na Cathrach agus an réigiúin. In 2023 d'oscail An Taoiseach, an tUas. Leo Varadkar seachbhóthar Mhaigh Cuilinn go hoifigiúil agus tá sé oscailte anois do thrácht.

Tá an próiseas chun talamh a fháil le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh curtha i gcrích chun athfhorbairt Ché Inis Oírr a éascú. Tosaíodh an próiseas chun conraitheoir oibreacha a fháil in 2023 agus foilsíodh cáipéisíocht réamhcháiliúcháin sa cheathrú ráithe d'fhonn conraitheoir a cheapadh a thosódh tógáil i lár 2024 le tréimhse thógála 18 mí.

Tugtar faoi sholáthar na saoráidí tuirlingthe feabhsaithe ar Inis Meáin go gníomhach trí rannpháirtíocht leanúnach le RFTP. Cuireadh iarratas maoinithe isteach le haghaidh ceapadh sainchomhairleora chun an tionscadal sin a chur chun tosaigh in R4, 2023 agus bhíodhas ag súil go ndéanfar ceapachán go luath in 2024.”

Ghlac comhaltaí tofa an chéad Straitéis Turasóireachta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2023. Léirítear ann an tábhacht a bhaineann le turasóireacht chun athbheochan eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a chur chun cinn sa réigiún agus tábhacht na Gaillimhe san earnáil sin.

Bunaíodh Aonad Aeráide tiomnaithe chun clár oibre níos leithne a fhorbairt agus tacú leis, clár chun astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí na comhairle a laghdú, tacú le laghduithe astaíochta sa phobal i gcoitinne agus oiriúnú do riosca aeráide a chinntiú. Tá obair ar siúl i réimsí lena n-áirítear iarfheistiú tithíochta sóisialta, éifeachtúlacht fuinnimh do shoilsiú poiblí, tionscnaimh taistil ghníomhaigh, cosaint bithéagsúlachta agus soláthar tacaíochta do ghníomhú pobail ar son na haeráide. Tar éis comhairliúchán forleathan, ullmhaíodh Plean cuimsitheach um Ghníomhú ar son na hAeráide inar leagadh amach gníomhaíochtaí don tréimhse 2024-2029.

Thosaigh TFC obair ar an bpróiseas chun suíomh gréasáin a fháil agus ar Straitéis Dhigiteach in 2023. Leanfaidh an Chomhairle lena hobair ar straitéis Dhigiteach agus TFC in 2024, obair a bheidh á treorú i dtaca le téamaí agus cumasóirí ag an Straitéis Dhigiteach agus TFC Rialtais Áitiúil 2030 d'Éirinn a foilsíodh.

Beidh clár ag an gComhairle chomh maith a thosóidh in R1, 2024 le haghaidh Suíomh Gréasáin iomlán nua a dhearfair maidir le soláthar seirbhíse poiblí agus rannpháirtíocht a úsáidfidh teicneolaíocht foinse oscailte chun réitigh thógtha a chomhroinnt le húdaráis áitiúla eile.

D'fhostaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe na seirbhísí de chuid Fhoireann Straitéis Daoine Grant Thornton i mí Mheán Fómhair 2023, chun Plean Straitéiseach um Fhórsa Saothair a fhorbairt a

sholáthraíonn roinnt moltaí a chinnteoidh go mbeidh acmhainní riachtanacha foirne, tacair scileanna agus struchtúr eagraíochtúil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun líon méadaitheach, éagsúlacht agus castacht na n-éileamh ar sheirbhísí arna gcur ar an gComhairle a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Tagarmharcáladh Comhairle Chontae na Gaillimhe in aghaidh Údaráis Áitiúla den chineál céanna chun cabhrú le heolas a dhéanamh do mholtaí maidir le haimsiú foirne agus bhí fócas ann chun a chinntiú go bhfuil líon riachtanach acmhainní foirne ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun leas a bhaint as raon agus méid iomlán clár agus tionscnamh arna maoiniú ag an Rialtas a sholáthróidh na seirbhísí agus na torthaí is fearr dár gcustaiméirí, saoránaigh agus úsáideoirí seirbhíse. Forbrófar plean cur chun feidhme chun moltaí de chuid an Phlean Straitéisigh um Fhórsa Saothair a sholáthar ar bhonn céimnithe thar 3 bliana. In 2023 tá acmhainní foirne méadaithe ag an gComhairle san aonad um Chaipiteal Tithíochta agus tá soláthar réadmhaoine arna thógáil ag an gComhairle ar cheann de na príomhthosaíochtaí. Cuireadh tús le dícheall cuí in 2023 maidir leis an aistriú go Caisleán Dhún Guaire agus bhí níos mó oibre le déanamh in 2024.

Bhí an bhliain 2023 thar a bheith gnóthach agus táirgiúil agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach an Comh. Michael ‘Moegie’ Maher agus an Comh. Liam Carroll agus le gach comhalta tofa as a gcuid cabhrach agus as a dtacaíocht maidir leis an gclár oibre suntasach a soláthraíodh in 2023. Tá a dtiomantas d’fhorbairt an chontae ríthábhachtach dá rath.

Chonaiceamar béim láidir á leagan ar phríomhchuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae 2022 – 2028 a chur i bhfeidhm le linn 2023. Chonacthas seo i réimsí amhail forbairt gheilleagrach, iompar agus gluaiseacht earraí agus daoine, athrú aeráide, fuinneamh agus acmhainní in-athnuaite agus turasóireacht.

Agus muid ag súil leis an mBuiséad Glactha 2024, bhí na tacaíochtaí airgeadais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta riachtanach maidir le buiséad inoibrithe a dhréachtú do 2024. Cé nach bhfuil a dóthain maoinithe ag an gComhairle fós i gcomparáid le húdaráis áitiúla inchomparáide eile, is ardú suntasach é caiteachas buiséid agus soláthar seirbhíse 2024 ar 2023. Beidh an caiteachas €173m seo a chaithfear ar rialachas agus ar sholáthar seirbhísí poiblí ríthábhachtach do gheilleagar áitiúil Chontae na Gaillimhe.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe trí chéile, mar gheall ar a ndíograis agus a dtiomantas i dtaca le seirbhísí poiblí riachtanacha a chur ar fáil do shaoránaigh Chontae na Gaillimhe.

***Liam Conneally***


***Príomh-Fheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe***

## TOGHLIMISTÉIR ÁITIÚLA/CEANTAIR BHARDASACHA

De réir Ionstram Reachtúil I.R. Uimh. 618/218 - *An tOrdú um Thoghlímistéir Áitiúla agus Ceantair Bhardasacha Chontae na Gaillimhe 2018*, beidh na ceantair bhardasacha seo a leanas ag Contae na Gaillimhe chun críocha alt 22A (a cuireadh isteach leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 (Uimh. 1 de 2014)) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Uimh. 37 de 2001)". Is í éifeacht an ordaithe ná roinnt Chontae na Gaillimhe ina dtoghlímistéir áitiúla a leasú, líon comhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le toghadh dá leithéid de limistéir a shocrú agus na Ceantair Bhardasacha do Chontae na Gaillimhe a chinneadh mar seo a leanas:

- (a) Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe.
- (b) Ceantar Bardasach Chonamara ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Chonamara Thuaidh agus Toghlímistéir Áitiúil Chonamara Theas.
- (c) Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Bhaile Locha Riach agus Toghlímistéir Áitiúil an Ghoirt — Chinn Mhara.
- (d) Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ina bhfuil Toghcheantar Áitiúil Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór.
- (e) Ceantar Bardasach Thuama ina bhfuil Toghlímistéir Áitiúil Thuama.

### LÉARSCÁIL NA GCEANTAR BARDASACH



## COMHALTAÍ TOFA DE RÉIR CEANTAR BARDASACH

Liostaítear sna leathanaigh seo a leanas Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe do gach Ceantar Bardasach/Toghlímistéar Áitiúil:

### CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ AGUS ÓRÁN MÓR

#### Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Átha an Rí - Órán Mór (7 gComhalta)

			
1. An Comh. James Charity	2. An Comh. Gabriel Cronnelly	3. An Comh. Jim Cuddy	4. An Comh. David Collins
			
5. An Comh. Liam Carroll	6. An Comh. Albert Dolan	7. An Comh. Shelly Herterich Quinn	

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. James Charity, Tóin an Gharráin, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe.	-	087 2191792
2. An Comh. Gabriel Cronnelly, Cluain Caoin, Baile Átha an Rí. Co. na Gaillimhe.	-	087 2066810
3. An Comh. Jim Cuddy, An Laighdeacán, An Carn Mór, Órán Mór, Co. na Gaillimhe.	091 798136	087 6360242
4. An Comh. David Collins, Waterview, An Turlach Mór, Co. na Gaillimhe.	-	087 7831687
5. An Comh. Liam Carroll, Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór Co. na Gaillimhe.	091 794677	087 6488684
6. An Comh. Albert Dolan, Muine Mheá, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	086 7358081
7. An Comh. Shelly Herterich-Quinn, The Forge, Seansráid an Teampaill, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.	-	087 2871355



**Toghlímistéar Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe (6 Chomhalta)**

			
1. An Comh. Tim Broderick	2. An Comh. Dermot Connolly	3. An Comh. Michael Connolly	4. An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons
			
5. An Comh. Declan Geraghty	6. An Comh. Peter Keaveney		

	<b>Comhaltaí Tofa</b>	<b>Teileafón</b>	<b>Fón Póca</b>
1.	An Comh. Tim Broderick, Corr an Aonaigh, Cill Chonaill, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9686896	087 2728058
2.	An Comh. Dermot Connolly, Gleann na bhFeadóig, Eachroim, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9642986	086 0886160
3.	An Comh. Michael Connolly, Maigh Locha Mhór, Maigh Locha, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9679465	087 6829049
4.	An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons, Cnoc Phlásóg na Feá, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	-	087 1365793
5.	An Comh. Declan Geraghty, Baile Liam tríd an gCaisleán Riabhach, Co. na Gaillimhe.	094 9643355	086 2543304
6.	An. Comh. Peter Keaveney, Baile na Sceiche, Gleann na Madadh, Co. na Gaillimhe.	094 9659388	087 2533098






CEANTAR BARDASACH CHONAMARA

**Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Thuaidh (4 Chomhalta)**

			
1. An Comh. Eileen Mannion	2. An Comh. Thomas Welby	3. An Comh. Séamus Walsh	4. An Comh. Gerry King






	<b>Comhaltaí Tofa</b>	<b>Teileafón</b>	<b>Fón Póca</b>
1.	An Comh. Eileen Mannion, Bóthar na Spéire, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9555645
2.	An Comh. Thomas Welby, An Chreig, Uachtar Ard, Co na Gaillimhe.	091 552748	087 2855676
3.	An Comh. Séamus Walsh, Glann, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe	091 552726	087 0519884
4.	An Comh. Gerry King, Iorras Fhlannáin, An Clochán, Co. na Gaillimhe.	-	086 1798749

**Toghlímistéar Áitiúil Chonamara Theas (5 Comhaltaí)**

				
1. An Comh. Tomás Ó Curraoin	2. An Comh. Noel Thomas	3. An Comh. Dáithí Ó Cualáin	4. An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	5. An Comh. Alastair McKinstry






	<b>Comhaltaí Tofa</b>	<b>Teileafón</b>	<b>Fón Póca</b>
1.	An Comh. Tomás Ó Curraoin, Na Foráí Maola Thiar, Bearna, Co. na Gaillimhe.	-	087 2933782
2.	An Comh. Noel Thomas, Gort an Chalaídh, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.	-	087 7372147
3.	An Comh. Dáithí Ó Cualáin, Cor na Rón Láir, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.	-	087 9023755
4.	An Comh. Pádraig Mac an Iomaire, Na Doireadh, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe.	091 572974	087 9213795
5.	An Comh. Alastair McKinstry, Croílár, Baile na hAille, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe.	091 868678	087 6847928

**Toghlímistéar Áitiúil Bhaile Locha Riach (5 Comhaltaí)**

				
1. An Comh. Michael "Moegie" Maher	2. An Comh. Jimmy McClearn	3. An Comh. Declan Kelly	4. An Comh. Ivan Canning	5. An Comh. Shane Curley

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. Michael "Moegie" Maher, Cloch an Stuaicín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	091-842968	086 8109185
2. An Comh. Jimmy Mc Clearn, Bóthar Thíne, Cill Íomair, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.	090 9676235/9676963	087 2548723
3. An Comh. Declan Kelly, 7 Faiche an Choláiste, Bóthar Bhríde, Port Omna, Co. na Gaillimhe	-	086 8032732
4. An Comh. Ivan Canning, An Leithcheathrú, Gort an Iomaire, Port Omna, Co. na Gaillimhe.	-	087 1376666
5. An Comh. Shane Curley, An Ráithín, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.	-	086 2706550

**Toghlímistéar Áitiúil an Ghoirt -Chinn Mhara (5 Comhaltaí)**

				
1. An Comh. Joe Byrne	2. An Comh. Gerry Finnerty	4. An Comh. Martina Kinane	3. An Comh. Geraldine Donohue	4. An Comh. PJ Murphy

	<b>Comhaltaí Tofa</b>	<b>Teileafón</b>	<b>Fón Póca</b>
1.	An Comh. Joe Byrne, Teach Highfield, Cluain na Saoi, Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe	091-638130	087 2625775
2.	An Comh. Gerry Finnerty, Baile Uí Mhurchú, An Gort, Co. na Gaillimhe	091-632167 /091-633291	087 2674295
3.	An Comh. Martina Kinane, An Sráidbhaile Thuaidh, Droichead an Chláirín, Co. na Gaillimhe.	-	087 2692102
4.	An Comh. Geraldine Donohue, Gleann an Tobair, An Choill Bhreac, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe	-	086 1692827
5.	An Comh. PJ Murphy, Baile an Duibh, Ard Raithin, Co. na Gaillimhe	-	087 7905401

**Toghlímistéar Áitiúil Thuama (7 gComhalta)**

			
1. An Comh. Mary Hoade	2. An Comh. Peter Roche	3. An Comh. Donagh Mark Killilea	4. An Comh. Karey McHugh Farag

		
5. An Comh. Colm Keaveney	6. An Comh. Andrew Reddington	7. An Comh. Joe Sheridan

Comhaltaí Tofa	Teileafón	Fón Póca
1. An Comh. Mary Hoade, An Phríomhshráid, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe	091 789854	087 2255979
2. An Comh. Peter Roche, Maighin, Mainistir Chnoc Muaidhe, Tuaim, Co. na Gaillimhe	093 49187	087 8251470
3. An Comh. Donagh Mark Killilea, 171 Palace Fields, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	086 6079563
4. An Comh. Karey Mc Hugh Farag, Cúil Fóbhair, Béal Átha Clúinín, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	087 2822225
5. An Comh. Steven Mc Hugh, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	-
6. An Comh. Colm Keaveney, Cill Chraobhanta, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	087 6776812
7. An Comh. Andrew Reddington, An Pháirc Gharbh, Áth Cinn, Co. na Gaillimhe	-	087 6458115
8. An Comh. Joe Sheridan, Baile an Mhuilinn, Tuaim, Co. na Gaillimhe	-	087 9897072

*\* Ag an gcrúinniú Iomlánach do mhí Mheán Fómhair 2023 a bhí ar an 25 Meán Fómhair 2023, ainmníodh an tUas. Steven McHugh, moladh é, tacaíodh leis agus comhaontaíodh é chun folúntas a líonadh i gComhaltas na Comhairle tar éis neamhláithreacht shealadach an Comh. K. McHugh Farag.*

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe as an áireamh. Tá an Chomhairle freagrach as bóithre, áiseanna draenála, tithíochta, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna agus reiligí a phleanáil, a dhearadh agus a thógáil. Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe caomhnóir an chomhshaoil, agus lena beartais phleanála agus chomhshaoil tá sé mar aidhm aici an contae a fheabhsú agus ag an am céanna a atmaisféar agus a charachtar uathúil a chaomhnú. Tá ról gníomhach aici freisin i dtaca le cúrsaí tionsclaíochta, eacnamaíochta, gnó, sóisialta, ealaíon, oidhreacht agus cultúrtha an chontae a fhorbairt.

I gcomhréir leis an gcóras rialtas áitiúil in Éirinn, a bhfuil ionadaíocht dhaonlathach agus riarachán poiblí mar chuid de, tá ról **ionadaíochta** agus **oibríochta** araon ag Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás áitiúil.

Tugtar **feidhmeanna forchoimeáda** ar na feidhmeanna a chomhlíonann na Comhaltaí tofa. Leagann siad seo an creat beartais síos, faoina n-oibríonn an Príomhfheidhmeannach.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

- an Buiséad bliantúil a ghlacadh.
- an Plean Forbartha Contae a dhéanamh nó a leasú.
- an Scéim Leithdháilte do thithíocht shóisialta a ghlacadh.
- fodhlíthe a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.
- ceadú a thabhairt chun airgead a fháil ar iasacht.
- na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt.

Is le rún a dhéanann an Chomhairle a cuid cinntí ag a cruinnithe.

Is ag an bPríomhfheidhmeannach agus a fhoirne atá **ról oibríochta** Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá siad freagrach as an gComhairle Chontae a riar ó lá go lá. Comhlíonann an Príomhfheidhmeannach na rudaí ar a dtugtar na **“feidhmeanna feidhmiúcháin”** agus déantar a chuid cinntí le **“Ordú an Phríomhfheidhmeannaigh”** scríofa.

I measc na bhfeidhmeanna sin tá:

- leithdháileadh tithe
- ceadanna pleanála a bhronnadh nó a dhiúltú
- foireann srl. a cheapadh,

Agus é ag déanamh cinntí, ní mór don Phríomhfheidhmeannach gníomhú ar bhealach atá comhleanúnach leis an mbeartas atá curtha ar bun ag na comhaltaí tofa agus, ag an am céanna, comhairle a chur ar na comhaltaí i dtaca le comhlíonadh a bhfeidhmeanna forchoimeáda féin.

I gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 is príomhfheidhm de chuid údaráis áitiúil í fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá freagracht ar an údarás áitiúil as raon seirbhísí, feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe a chur ar fáil, agus as príomhréimsí a fhorbairt lena n-áirítear cúrsaí eacnamaíochta, gnó, oidhreacht agus cultúrtha.

Thug an tAcht um Athchóiriú, a bhunaigh na Ceantair Bhardasacha agus a dhíscaoil na Comhairlí Baile, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla isteach (CFPÁ) a bunaíodh mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach ceantar rialtais áitiúil. Foráladh sa reachtaíocht do scor na mBord Forbartha Contae agus do thabhairt isteach an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

---

### AN CHOMHAIRLE

Leagann na naoi gComhairleoir is tríocha tofa ó na Ceantair Bhardasacha síos le chéile an chreatlach don bheartas faoina bhfeidhmíonn Foireann Feidhmiúcháin. Is é Grúpa Beartais Chorporáidigh agus sé Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) a dhéanann beartais a cheapadh agus a aontaíonn orthu. Tá na CBSanna comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a athbhreithníonn agus a cheapann beartas i réimse iomlán feidhmeanna na Comhairle. Tá cumas feidhmiúcháin ag an bhFoireann Feidhmiúcháin atá faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh.

---

### CEANTAIR BHARDASACHA

Tá cúig Cheantar Bhardasacha bunaithe i gContae na Gaillimhe (le seacht dToghlimistéar Áitiúla), agus freastalaíonn comhaltaí tofa ón limistéar sin orthu. Dearadh na Ceantair Bhardasacha chun rialachas, coimhdeacht, agus freagracht dhaonlathach a fheabhsú. Tá sé i gceist freisin go bhfeabhsóidh na socrúithe seo éifeachtúlacht oibríochta agus luach ar airgead, agus struchtúr feidhmiúcháin agus oibríochta amháin ann don chontae trí chéile. Is comhlachtaí cinnteoireachta iad na Ceantair Bhardasacha seachas struchtúir chorporáideacha.

---

### AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH (GBC)

Sa Ghrúpa Beartais Chorporáidigh tá Cathaoirleach na Comhairle Contae, Cathaoirligh na gCoistí um Beartas Straitéiseach agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Nascann an GBC obair na CBSanna éagsúla le chéile agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir aontú ar na seasaimh beartas a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ar fad, lena gcur i láthair na Comhairle Iomláine. Cuireann an GBC comhairle ar an gComhairle agus cabhraíonn sé léi agus cuireann sé ionchur ar fáil ar chúrsaí ábhartha ginearálta. Tá ról aige freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil.

Tionóladh 9 gcrúinniú de chuid an GBC in 2023.

---

### AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH (CBS)

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht ceaptha beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí le

leasanna áitiúla agus le hionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.

Bunaíodh sé Choiste um Beartas Straitéiseach sa Chomhairle ar a bhfuil Comhairleoirí agus Ionadaithe Earnála faoi mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:


<b>CBS</b>	<b>Comhaltaí Tofa</b>	<b>Ionadaithe Earnála</b>	<b>Coiste Iomlán</b>
Tithíocht	7	4	11
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht	6	4	10
Pleanáil, Comhshaol, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála Pobal	7	4	11
Iompar & Bonneagar	7	4	11
Forbairt Pobail & Cultúir	6	4	10
An tAthrú Aeráide agus an Bhithéagsúlacht	6	4	10

### **An Fhoireann Feidhmiúcháin**

Tá an Fhoireann Bainistíochta faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá na Stiúrthóirí Seirbhísí, an Ceann Airgeadais, an Gníomhaire Dlí agus Rúnaí an Chontae uirthi.



STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2023



## RIALACHAS

Baineann rialachas le forbairt na struchtúr agus na bpróiseas cuí chun Comhairle Chontae na Gaillimhe a stiúradh agus a bhainistiú ionas gur féidir le páirtithe leasmhara a chinntiú go bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú go héifeachtach agus go héifeachtúil. Díritear le rialachas, ar na ceanglais dhlíthiúla, rialála agus seirbhíse atá ar an gComhairle, na Coistí, na Comhaltaí aonair, an Príomhfheidhmeannach, an Fhoireann Feidhmiúcháin, na baill foirne, agus na páirtithe leasmhara, chomh maith leis na sraitheanna caidreamh atá eatarthu, i dtaca le treocht agus feidhmíocht na Comhairle seo a chinneadh.

Cabhraíonn na sé phrionsabal dea-rialachais agus prionsabail tacaíochta seo a leanas le Comhairle Chontae na Gaillimhe a threorú i dtaca le seirbhís a sholáthar.

---

### BUNPHRIONSABAL 1

Is ionann Dea-Rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar na torthaí a sholáthraíonn buntáistí inbhuanaithe eacnamaíochta agus sochaíocha agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

#### Prionsabail Tacaíochta

1. Chun ceannaireacht straitéiseach a fheidhmiú, déanfar cuspóir agus fíis an údaráis a fhorbairt agus iad a chur in iúl go soiléir trí úsáid a bhaint as an bplean corparáideach agus trína chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí seirbhíse seirbhís d'ardchaighdeán.
2. A chinntiú go mbainfidh an t-údarás, lena phlean seachadta seirbhíse, an leas is fearr as a acmhainní le cinntiú go ndéanfar barrfheabhsú ar an mbealach ina mbaintear torthaí amach.

---

### BUNPHRIONSABAL 2

Is ionann dea-rialachas agus comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat ina bhfuil feidhmeanna agus róil sainithe go soiléir.

#### Prionsabail Tacaíochta

1. Ceannaireacht éifeachtach a fheidhmiú ar fud an údaráis, soiléireacht a bheith ann i dtaca le feidhmeanna forchoimeáda agus feidhmiúcháin agus na róil agus freagrachtaí ar leith atá ag comhaltaí agus oifigigh.
2. Caidreamh oibre cuiditheach agus measúil a chruthú idir comhaltaí agus oifigigh agus a chinntiú go gcuirfear feidhmeanna an Údaráis i ngníomh ar chaighdeán ard.

---

### BUNPHRIONSABAL 3

Is ionann dea-rialachas agus luachanna seirbhíse poiblí a léiriú agus a chur chun cinn, trí ardchaighdeán iompair a chomhlíonadh.

## Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go n-iompraíonn comhaltaí agus oifigigh iad féin, agus ceannaireacht á feidhmiú acu, ar bhealach a léiríonn ardchaighdeán iompair, go háirithe ó thaobh eitice de, agus rialachas éifeachtach.
2. Cultúr a chothú agus meicníochtaí a chinntiú a spreagann daoine chun cloí leis na luachanna eitice agus eagraíochta atá luaite sa phlean corparáideach agus a thugann orthu cloí leo freisin.

---

### BUNPHRIONSABAL 4

Is ionann dea-rialachas agus cinntí a dhéanamh atá trédhearcach agus níos feasaí agus riosca agus feidhmíocht a bhainistiú.

## Prionsabail Tacaíochta

1. A bheith dian agus trédhearcach i dtaca leis an bpróiseas cinnteoireachta agus faisnéis, comhairle agus tacaíocht d'ardchaighdeán a bheith ar fáil do chinnteoirí.
2. A chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha bainistíochta riosca, airgeadais agus feidhmíochta i bhfeidhm. Rudaí a théann i ngleic le neamhchinnteacht agus risíocht, a chuireann disciplín airgeadais i bhfeidhm, agus a chuireann béim ar leithdháileadh acmhainní straitéiseacha agus ar sholáthar éifeachtach agus éifeachtúil seirbhísí

---

### BUNPHRIONSABAL 5

Is ionann dea-rialachas agus cumas eagraíochta agus cumas ceannaireachta, cumas na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus chun críocha na heagraíochta.

## Prionsabail Tacaíochta

1. A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí agus na struchtúir chúí atá de dhíth orthu ag na comhaltaí agus na hoifigigh chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach.
2. Cumas na ndaoine a bhfuil freagrachtaí rialachais agus ceannaireachta orthu a fhorbairt le cinntiú go bhfuil na torthaí a bhaintear amach i gcomhréir le ceanglais dea-rialachais.

---


### BUNPHRIONSABAL 6

Is ionann dea-rialachas agus dul i dteagmháil le daoine áitiúla, saoránaigh, agus páirtithe leasmhara eile ar bhealach oscailte agus cuimsitheach chun cuntasacht láidir don phobal a chinntiú.

## Prionsabail Tacaíochta

1. Soiléireacht a chur ar fáil i dtaca le caidrimh chuntasachta agus feidhmeanna cinnteachta eagraíochta, iniúchta agus grinnscrúdaithe.

2. A chinntiú go bhfuil próiseas agus meicníocht ann chun cumarsáid shoiléir, maoirseacht éifeachtach agus cuntasacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara.



## RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH 2023

### Réamhrá

Tá mise, Liam Conneally, Príomh-Fheidhmeannach (CE) Chomhairle Chontae na Gaillimhe, freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (RAB), arna ullmhú ag an gCeann Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasáochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil na ráitis airgeadais de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na ceanglais chuntasáochta de chuid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá RAB faoi réir iniúchadh seachtrach, arna dhéanamh ag iniúcháir de Sheirbhís Iniúchta na nÚdarás Áitiúil, arb é an cuspóir atá leis teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a lua cé acu an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *go cothrom staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncaim agus a chaiteachais don tréimhse atá i gceist, agus cé acu an gcloíonn idirbhearta de chuid an chomhlachta iniúchta leis an údarú reachtúil nó le húdarú eile faoina n-airbheartaítear go ndearnadh iad.

Tuairiscítear in RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach & Caiteachas, arna hachomriú de réir Rannóige. Leagtar amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail an 31 Nollaig 2023.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam maidir le reáchtáil laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

	Bliain Reatha 2023	Bliain Roimhe 2022
	€	€
Earraí & Seirbhísí	29,368,317	28,334,689
Deontais & Fóirdheontais	84,722,200	70,696,453
Ranníocaíochtaí Eile (mar is cuí)	9,031,702	8,652,121
Rátaí	32,770,432	31,244,499
An Cháin Mhaoine Áitiúil	14,517,890	14,517,890

Seo a leanas an ghníomhaíocht maidir leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2023:

	Bliain Reatha 2023	Bliain Roimhe 2022
	€	€
Ioncam Iomlán (lena n-áirítear rátaí agus CMÁ)	170,410,541	153,445,652
Caiteachas	168,147,829	150,488,115
Aistrithe go Caipiteal	2,259,434	2,942,527
Barrachas do	3,278	15,101
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	42,926	27,916
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	46,204	42,926

Bhí méadú de bheagnach €17 milliún (11%) bliain ar bhliain ar ioncam iomlán don bhliain reatha dar críoch an 31 Nollaig 2023 agus bhí méadú €12 milliún air i gcomparáid leis an mBuiséad Glactha. Is léiriú é an leibhéal fáis sin ar chaiteachas ar an leibhéal seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe don gheilleagar áitiúil.

Íocann an cuntas ioncaim agus caiteachais as costais laethúla na Comhairle, lena n-áirítear caiteachas amhail tithe a chothabháil, bóithre, Uisce Éireann, pleanáil maidir le húsáid talún, bonneagar bainistíochta dramhaíola a sholáthar, rialú truaillithe, cosaint ar dhóiteán agus comhrac dóiteáin, seirbhísí leabharlainne, costais a bhaineann le riarachán agus le seirbhísí tacaíochta, párolla, aisíocaíochtaí táillí iasachta, árachas, táillí bainistíochta lárnaí agus íocaíochtaí deontas arna maoiniú ag an rialtas do scéimeanna éagsúla.

I measc na bpríomhchúiseanna leis an méadú sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

- Bhí méadú glan €1.8 milliún ar chaiteachas ag lompar ar Bhóthar & Sábháilteacht. Baineann na príomhchúiseanna leis an méadú sin leis an maoiniú a chuir an Roinn ar fáil d'oibreacha cothabhála agus feabhsaithe breise.
- Bhí méadú glan de bheagnach €1.4 milliún ag Seirbhísí Comhshaoil. Baineann na príomhchúiseanna leis an méadú ar sholáthair le haghaidh seirbhísí dóiteáin agus athrú aeráide.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na Comhairle don bhliain chomh maith leis na figiúirí de chuid na bliana comparáidí mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla.
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna- bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha- lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc.
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha- iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/larmhéideanna Éagsúla.

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh 2023 agus €3,874,256,522 agus seo mar a leanas iad:

		Bliain Reatha 2023	Bliain Roimhe 2022
		€	€
Sócmhainní Seasta	3,664,954,141	3,666,415,505	
Oibreacha ar Siúl	188,644,938	176,968,738	
Féichiúnaithe fadtéarmacha	48,662,270	41,635,882	
Sócmhainní Reatha	82,303,178	92,330,189	
Dliteanais Reatha	46,590,766	54,775,505	
Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	35,712,412	37,554,684	
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	63,717,239	56,871,111	
Glansócmhainní/(Dliteanais)	3,874,256,522	3,865,703,699	

Tugadh *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur cloíodh le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 maidir le *Ráiteas ar Shreafaí Airgid*, is mór an difríocht idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó de na heagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil ciall leis na sonraí léirithe agus go bhfuil siad inúsáidte laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

## **An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**

Ós mise Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach cinnteacht réasúnach seachas lánchinnteacht a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta arna n-údarú agus arna dtaifeadadh go ceart agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é córas rialuithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi bhreithniú leanúnach.

## **An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais**

Ós mise Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí a leanas:

- Leagadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar leagadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht chúí cheartaitheach a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann a dhéanann athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais go rialta mar chuid dá chlár oibre.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

## **Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta**

Ós mise Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus le tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmhíne agus cuntasachta agus, go háirithe:

- gur doiciméadaíodh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis gnó.
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil chórais TFC a chinntiú.
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla maidir le bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.

## **Comhlíonadh soláthair**

Cinntíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil aird chúí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscint agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne sholáthair ábhartha a chinntiú.

## **Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchta**

Ós mise an Príomh-Fheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhfuil pearsanra oilte mar is iomchuí aici, feidhm a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa. Tá a cuid oibre treoraithe ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe nochtá dóibh agus tá a pleananna d'iniúchadh inmheánach bliantúil bunaithe ar an anailís sin. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí na dtuarascálacha ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchta éifeachtach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanann athbhreithniú bliantúil éifeachtachta ar a gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú chomh maith go bhfuil Coiste Iniúchta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Tá feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchta mar a leagtar amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 mar a leanas:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais maidir le tuairisciú airgeadais agus buiséid agus ar nósanna imeachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é.
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú maidir le comhlíonadh a fheidhme iniúchta inmheánaigh ag an údarás áitiúil.
- III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas iniúchta, tuarascáil iniúcháora nó tuarascáil speisialta iniúcháora maidir leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó ar thuarascáil den sórt sin agus tuairisciú ar a thorthaí don údarás sin.
- IV. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus iad a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil le haghaidh rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs chuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách aige chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúcháireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Tugaim aitheantas do ról an Choiste Iniúchta maidir leis an bpróiseas bainistíochta riosca agus leis an athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais i gComhairle Chontae na Gaillimhe.



## An Creat um riosca agus rialú

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe córas bainistíochta riosca chun feidhme a shainaithníonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir agus tuairiscíonn sé orthu.

Tá clár corparáideach riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann measúnú orthu agus a ghrádaíonn iad de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a uasdátú go rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm chomh maith do gach rannóg seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu go rialta chomh maith.

Úsáidtear na torthaí ar na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh, rud a chinntíonn go bhfuil rioscaí á mbainistiú go leibhéal inghlactha. Mionsonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú agus leagtar oibriú na rialuithe ar bhail foirne shonracha.

Ós mise an Príomh-Fheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

### PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2020 – 2024

Cuireann Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024, arna ghlacadh ag Comhaltaí Tofa de Chomhairle Chontae na Gaillimhe, creat ar fáil a chuireann ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2020 - 2024.

Tacaíonn na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a aithníodh sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid feidhmeanna a chur i gcrích, tús áite a thabhairt dá gníomhaíochtaí, agus measúnú a dhéanamh ar a dul chun cinn. Beidh na bunluachanna mar bhonn is mar threoir do sholáthar seirbhísí údarás áitiúil thar an tréimhse 2020 - 2024, agus ag an am céanna léiríonn an misean an tábhacht a bhaineann le caighdeán saoil mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí fhorbairt pobail agus eacnamaíochta a threorú agus a neartú agus trí sheirbhísí inbhuanaithe agus éifeachtúla a sholáthar.

Fíorófar ár misean agus ár bhfís trí roinnt cuspóirí gaolmhara a bhaint amach. Chun na cuspóirí seo a chomhlíonadh, cuirfidh an chomhairle raon Straitéisí Tacaíochta i bhfeidhm. Beidh na Straitéisí Tacaíochta seo mar bhonn leis na feidhmeanna atá leagtha amach sna Pleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla agus i Sceideal Oibre na gCeantar Bardasach.

Tá measúnú ar ár bhfeidhmíocht i gcoinne na spriocanna atá leagtha síos i bPlean Soláthair Seirbhíse Bliantúil 2023 san áireamh chomh maith ar leathanaigh 347 go 380, agus tá sonraí faoinár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na táscairí feidhmíochta náisiúnta ar leathanach 319.

Féach ar Bhuiséad Bliantúil 2023 Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun tuilleadh eolais a fháil faoin Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024 ar <http://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/finance/annualbudgets/> .

**Rannpháirtíocht Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta**

*“An rannpháirtíocht is leithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.”*

**Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíochta**

*“Chun forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíochta agus fiontraíochta an chontae a uasmhéadú.”*

**Acmhainn Infreastruchtúir**

*“Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiceach agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú le forbairt eacnamaíochta, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú.”*

**Acmhainn Eagrúcháin**

*“Chun cumas eagrúcháin a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca, agus trínár mBaill Foirne agus Comhaltaí Tofa a fhorbairt.”*

**Comhshaol & Oidhreacht a Chosaint**

*“Chun ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglúin seo agus leis na glúnta atá le teacht.”*

**Seirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí**

*“Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid.”*

# PLEANÁIL & FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA

In 2023, lean an tAonad Pleanála ar aghaidh ag cur forbartha chun cinn agus ag tacú le forbairt laistigh den chontae ionas gur féidir lenár saoránaigh maireachtáil i bpobail bheoga, áit a bhfuil meas ar dhifríochtaí cultúrtha is go spreagtar iad, áit ar féidir le gach duine a bheith rannpháirteach go gníomhach sa saol eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha, áit a bhfuil rochtain ag daoine ar leibhéal inghlactha seirbhísí agus bonneagair.

### PLEANÁIL CHUN CINN

#### **Athbhreithniú ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029**

Cuireadh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Thuama/Plean Iompair Áitiúil 2023-2029 ar taispeánt phoiblí ar feadh sé seachtaine, ón 8 Feabhra go dtí an 23 Márta 2023.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin do Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029, d'éagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Seisiún Buail Isteach Comhairliúcháin Phoiblí ar an 6 Márta 2023 i Leabharlann Thuama. D'éagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Imeacht Seimineáir Gréasáin poiblí ar an 9 Márta 2023 a sholáthair achoimre ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil agus treoir maidir le conas aighneacht a dhéanamh. Ardaíodh feasacht an phobail trí Phostálacha Twitter agus Facebook agus trí fhógraí ar Raidió an Iarthair Láir agus ar FM Chuan na Gaillimhe.

Fuarthas 62 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i mí na Bealtaine 2023. Bhí Cruinniú de Cheantar Bardasach Thuama ar an 6 Meitheamh chun an méid sin a bhreithniú.

Chomhaontaigh na Comhaltaí roinnt Athruithe Ábhartha (Leasuithe) molta ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) agus cuireadh ar taispeánt phoiblí iad ón 27 Meitheamh go dtí an 26 Iúil 2023. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na hAthruithe Ábhartha agus scaipeadh í ar gach Comhalta. Reáchtáladh cruinniú eile i mí Mheán Fómhair 2023 chun an méid sin a bhreithniú.

Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029 i mí Mheán Fómhair 2023. Tháinig an Plean i bhfeidhm ar an 23 Deireadh Fómhair 2023.

#### **Athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha an Rí 2024-2030**

Cuireadh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí/Plean Iompair Áitiúil 2024-2030 ar taispeánt phoiblí ar feadh sé seachtaine, ón 25 Bealtaine go dtí an 7 Iúil 2023.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin do Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2024-2030, d'éagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Seisiún Buail Isteach Comhairliúcháin Phoiblí ar an 22 Meitheamh 2023 in Raheen Woods Hotel, Baile Átha an Rí. D'éagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Imeacht Seimineáir Gréasáin poiblí ar an 29 Meitheamh 2023 a sholáthair achoimre ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil agus treoir maidir le conas aighneacht a dhéanamh. Ardaíodh feasacht an phobail trí phostálacha Twitter agus Facebook agus trí fhógraí ar FM Chuan na Gaillimhe. Fuarthas

134 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i mí Lúnasa 2023. Bhí Cruinniú de Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí i mí Mheán Fómhair 2023 chun an méid sin a bhreithniú.

Chomhaontaigh na Comhaltaí roinnt Athruithe Ábhartha (Leasuithe) molta ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil agus cuireadh ar taispeánt phoiblí iad ón 5 Meán Fómhair go dtí an 3 Samhain 2023. Fuarthas 30 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na hAthruithe Ábhartha agus scaipeadh í ar gach Comhalta. Reáchtáladh cruinniú eile i mí Eanáir 2024 chun an méid sin a bhreithniú.

Críochnaíodh agus glacadh Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha an Rí 2024-2030 i mí Eanáir 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 20 Feabhra 2024.

### **Treoir ón Aire**

Fuarthas Dréachtordú ón Aire ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2024-2030 i mí Feabhra 2024. Lorgaíodh aighneachtaí ón 29 Feabhra go dtí an 14 Márta 2024 agus ullmhófar Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ina dhiaidh sin, a chuirfear ar aghaidh chuig an Aire agus chuig Oifig an Rialálaí Pleanála í.

### **Athbhreithniú ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030**

Cuireadh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach/Plean Iompair Áitiúil 2024-2030 ar taispeánt phoiblí ar feadh sé seachtaine, ón 24 Samhain 2023 go dtí an 15 Eanáir 2024.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin do Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030, d'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Seisiún Buail Isteach Comhairliúcháin Phoiblí ar an 5 Nollaig 2023 in Óstán & Spá Bhaile Locha Riach. D'eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Imeacht Seimineáir Gréasáin poiblí ar an 14 Nollaig 2023 a sholáthair achoimre ar an Dréachtphlean Ceantair Áitiúil agus treoir maidir le conas aighneacht a dhéanamh. Ardaíodh feasacht an phobail trí phostálacha Twitter agus Facebook agus trí fhógraí ar FM Chuan na Gaillimhe.

Fuarthas 880 aighneacht san iomlán le linn na tréimhse comhairliúcháin phoiblí.

Foilsíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i mí Feabhra 2024. Bhí Cruinniú de Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach ar an 26 Márta 2024 chun an méid sin a bhreithniú.

### **Athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil a bhí fós le réiteach**

Athbhreithniú ar Phlean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2013-2023 agus ullmhú Phlean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2024-2030/Plean Iompair Áitiúil le tosú in R3, 2024.

### **An Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (CFAU)**

Bainistíodh soláthar thionscadal maoinithe CFAU a bronnadh i mí an Mhárta 2021 agus cuireadh é chun cinn leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Iarnróid Éireann, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair.

Ullmhaíodh agus aontaíodh an Struchtúr Rialachais le hIarnród Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Ullmhaíodh agus aighníodh Dréachtchás Gnó Pleanála le cur faoi bhráid na Roinne lena athbhreithniú.

Doiciméid Tairisceana a ullmhú chun a) Ionad Áitiúil a Dhearadh; b) Struchtúr Carrchlóis Ilistórach a dhearadh (sonraí innealtóireachta ailtireachta/struchtúraí) agus c) Plean Tírdhreachaithe (d'úsáid phoiblí).

Doiciméid Tairisceana a ullmhú do Staidéar Tíopeolaíochta – Treoirínite don Dearadh agus Doiciméid Tairisceana a ullmhú.

### **Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (CTCC)**

Tugadh Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (CTCC) isteach san Acht Airgeadais 2021 agus san Acht Comhdhlúite Cánach 1997. Tá feidhm ag CTCC maidir le talamh sheirbhísithe chríosaithe atá oiriúnach d'fhorbairt chónaithe ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2022. Cuireadh de chúram ar Údaráis Áitiúla léarscáil a ullmhú ar a bhfuil de thailte laistigh dá limistéir feidhme a chomhlíonann na critéir ábhartha faoi raon feidhme CTCC. Le linn na mblianta 2022 agus 2023, d'ullmhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Dréachtléarscáileanna chun talamh a aithint laistigh den raon feidhme.

Foilsíodh an Dréachtléarscáil Bhliantúil agus cuireadh ar taispeáint phoiblí idir 31/01/24-01/04/24 í.

### **STRAITÉISÍ IOMPAIR**

Ullmhaíodh Doiciméid Tairisceana in éineacht leis an Stiúrthóireacht Bhonneagair agus Oibríochtaí. Tá obair ar siúl maidir le Pleananna Iompair Áitiúil le Sainchomhairleoirí

### **TIONSCNAMH PÍOLÓTACH UM SHONRAÍ SPÁSÚLA PLEANÁLA A GHABHÁIL**

Glacadh páirt sa Tionscnamh Píolótach um Shonraí Spásúla Pleanála a Ghabháil leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo na Sonraí Spásúla go léir laistigh den chontae a ghabháil.

### **PRÓIFÍL SHOICHEACNAMAÍOCH CHONTAE NA GAILLIMHE**

Ullmhaíodh próifíl shocheacnamaíoch Chontae na Gaillimhe ina raibh faisnéis ábhartha ó Dhaonáireamh 2022 agus criosuithe úsáide talún do chúpla baile sa chontae.

### **COMHFHIONTAR LE HOLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH, COLÁISTE NA TOIRBHIRTE, GAILLIMH AGUS COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE**

Comhfhiontar le mic léinn agus le léachtóirí ó MA sa Phleanáil agus san Fhorbairt de chuid Ollscoil na Gaillimhe agus mic léinn dara leibhéal agus Múinteoirí Tíreolaíochta ó Choláiste na Toirbhirte i mBaile Átha an Rí, a ghlac páirt i gcleachtadh Pleanála Miondíola leis na Pleanálaithe ón ngrúpa um Réamhphleanáil Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar feadh dhá lá, Dé Céadaoin an 21 Feabhra agus Déardaoin an 22 Feabhra 2024.

Ba é an aidhm a bhí ag an tionscadal sin ná pleanáil spásúil mar chleachtadh reachtúil á dhéanamh ag údaráis áitiúil a cheangal le rannpháirtithe óga agus iad a mhealladh chun a n-áiteanna a mhúnlú. Is trí phleanáil údaráis áitiúil, pleananna contae agus pleananna ceantair áitiúil é go príomha a chuirtear le pleanáil spásúil. Sa chás sin, bhí aird dírithe ar phleanáil mhiondíola.

### **MÁISTIRPLEANÁIL DO NA TAILTE A BHÍ AG AERFORT NA GAILLIMHE**

Cuireadh tús le céim 1 den phróiseas chun an talamh a fháil in R1, 2024.

Tá sonraí úsáideora Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an Tairseach ar Líne um Iarratas Pleanála i gcónaí ag méadú agus cuirtear suas le 89% d'iarratais isteach tríd an Tairseach Náisiúnta agus tá aiseolas an-dearfach faighte againn ó na gníomhairí. Tá an tairseach i bhfeidhm anois d'Aighneachtaí agus do mhodúil Chuid 8 a sholáthraíonn modh chun gnó a dhéanamh nuair atá an oifig dúnta. Tá leathnú amach náisiúnta ag druidim chun deiridh le hÚdarás Áitiúla eile ar fud na tíre.

- Fuarthas 2,083 Iarratas Pleanála san Oifig Pleanála in 2023.
- Rinneadh 1,548 cinneadh Pleanála in 2023, agus b'ionann an líon inar deonaíodh cead agus 78% díobh agus diúltaíodh 22% díobh

Fuarthas €910,897.02 i dTáillí Pleanála in 2023.

- Cuireadh 132 Iarratas ar Dhearbhú Forbartha Díolmhaithe i láthair na hOifige Pleanála in 2023.

### ***Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála, Forbairtí Móra agus Forbairtí Bonneagair Straitéisigh 2023***

Le linn 2023 bhí a lán oibre maidir le tionscadail mhóra laistigh den chontae.

Ceann de na tionscadail shuntasacha ná tionscadal Dexcom dár tugadh cead pleanála. Bhí 3 príomhchruinniú agus 5 chruinniú ina dhiaidh sin ar siúl ag an Stiúrthóir Seirbhísí – Forbairt Eacnamaíoch agus Pleanáil agus ag a fhoireann phleanála shinsearach chun an tionscadal sin a chur chun cinn.

Bhí an cruinniú ina dhiaidh sin dírithe ar Fhorbairtí Cónaithe ar Mhórscála, agus ar Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh:

Céim 1 FCM – 3

Céim 2 FCM– 2

26 Príomhchruinniú

2 chruinniú FBS

## BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Is é polasaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná a chinntiú go gcloífead le Cead Pleanála agus go ndéanfar Forbairt Neamhúdaraithe a chosc i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla mar atá leagtha amach san Acht um Pleanáil agus Forbairt, agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt.

Líon na ngearán a fuarthas in 2023	234
Litreacha Rabhaidh a seirbheáladh	119
Fógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh	70
Líon na gcásanna nua a atreoraíodh chuig an nGníomhaire Dlí d'Imeachtaí Achoimre	14

## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Comhlíonann an fhoireann Rialaithe Foirgníochta na dualgais seo a leanas i gcomhar le Comhlachtaí Reachtúla eile.

- (a) Fógraí Tosaithe/Fógraí 7 Lá a bhailíochtú agus a chlárú tríd an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta
- (b) Iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteáin agus ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas tríd an tSeirbhís Dóiteáin a phróiseáil
- (c) Comhairle ar chur ar Dhearthóirí / Deimhnitheoirí sannta i dtaca le fadhbanna comhlíontachta leis na Rialacháin Foirgníochta 1997,
- (d) An Deimhniú um Chomhlíonadh a bhailíochtú agus a chlárú i ndiaidh go gcomhlánaítear é
- (e) An Clár Reachtúil a Chothabháil,
- (f) Oibreacha foirgníochta atá ar siúl a imscrúdú i dtaca leis na Rialacháin Foirgníochta, 1997 a chomhlíonadh, agus forfheidhmiú a dhéanamh de réir mar is gá.
- (g) A chinntiú go gcloíonn Táirgí Foirgníochta le Rialacháin an AE (Táirgí Foirgníochta) 2013 (I R Uimh. 225 de 2013) i gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta agus um Fhaireachas Margaidh.
- (h) A chinntiú go gcloíonn Deimhnithe um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh le Rialachán an AE (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (IR Uimh. 243 de 2012)



Líon	Stádas ar an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta (CBRF)
788	Fógra Tosaithe Bailíochtaithe maidir le CBRF:
161	Deimhnithe Bailíochtaithe maidir le Comhlíonadh ar Chríochnú ar an CBRF

## CAOMHNÚ AILTIREACHTA

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag obair chun an reachtaíocht reachtúil a leagadh amach i gCuid IV d’Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) a chur i bhfeidhm, a fhorálann do chosaint na hoidhreachta ailtireachta, ar acmhainn uathúil í do Chontae na Gaillimhe. Mar chuid de seo, tá comhairle á cur ar fáil do ghníomhaireachtaí reachtúla, pobail áitiúla, agus d’úinéirí agus áititheoirí foirgneamh a bhfuil fiúntas ailtireachta speisialta acu.

Lean an tAonad Caomhnuithe uirthi in 2023 ag spreagadh feasachta i dtaca le foirgnimh stairiúla, áiteanna agus leis na scileanna agus ábhair thraidisiúnta atá riachtanach le cinntiú go mairfidh siad san am atá romhainn. Cuireadh dea-chleachtas scileanna caomhnaithe agus traidisiúnta chun cinn trí thionscnaimh caomhnaithe éagsúla, agus i gcomhar le comhlachtaí náisiúnta agus grúpaí pobail chun a chinntiú go gcaomhnófaí foirgnimh thraidisiúnta ar díol sainspéise iad.

Glacadh cur chuige comhoibríoch chun comhfhorbairt áite a chur chun cinn i measc pobail áitiúla chun ár mbailte agus sráidbhailte a fheabhsú mar áiteanna chun cónaí iontu, cuairt a thabhairt orthu agus a bheith ag obair iontu.

Seo a leanas na bunghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu in 2023:

- Aithníodh agus luacháladh struchtúir, grúpaí struchtúr, áiteanna agus gnéithe eile a bhfuil fiúntas oidhreachta ailtireachta acu, agus tugadh comhairle fúthu, agus cuireadh comhairle ar úinéirí agus áititheoirí struchtúr stairiúil i dtaca le dea-chleachtas agus i dtaca leis an gcabhair atá ar fáil, cabhair airgeadais san áireamh, chun a leithéid a chaomhnú.
- Comhairliúcháin réamhphleanála agus comhairle tugtha ar chaomhnú ailtireachta laistigh den údarás áitiúil agus ar na comhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla.
- Struchtúir mheasúnaithe sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (TDC) d’fhonn Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála uathu agus comhairle réamhphleanála a chur ar fáil d’úinéirí/áititheoirí. Tuairisc agus comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a thagann saincheistean oidhreachta ailtireachta chun cinn.
- Rinne sé monatóireacht ar staid deisiúcháin na struchtúr ar an TDC, agus de réir mar is gá, rinne sé moltaí maidir leis an ngá, más ann dó, go ndéanfadh an t-údarás pleanála gníomh forfheidhmiúcháin.

- Struchtúir a ndearnadh cigireacht agus measúnú orthu le cur san áireamh in TDC, lena n-áirítear athbhreithniú Alt 55 ar struchtúir mholta le cur san áireamh agus le scríosadh. Bhreithnigh na Comhaltaí Tofa na moltaí sin agus rinne siad cinneadh fúthu ag an gCruinniú de Chomhairle an Chontae i mí Eanáir 2020 agus chuir siad 4 struchtúr leis agus scríos siad ceann amháin, rud a d'fhág 1524 struchtúr san iomlán ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta.
- Rinneadh measúnuithe Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (LCA), diméin stairiúla san áireamh.
- Coinníodh bunachar sonraí an Chórais Fardail Ailtireachta (CFA) de struchtúir chosanta i gcomhar le rannóg an Chórais Faisnéise Geografaí (GIS).
- Idirchaidreamh le grúpaí pobail agus le comhlachtaí reachtúla maidir le caomhnú reiligí.
- Idirchaidreamh le pobail áitiúla agus le comhlachtaí forbartha turasóireachta maidir le Bailte Slachtmhara.
- Teagmháil le ICOMOS Ireland
- Rannpháirtí ar Fhoireann Éire Ildánach.

---

## CISTE NA STRUCHTÚR STAIRIÚIL 2023

Déanann **Ciste na Struchtúr Stairiúil** infheistíocht i bhfoirm caipiteal riachtanach inár n-oidhreacht thógtha luachmhar agus cabhraíonn sé le húinéirí agus le caomhnóirí na struchtúr chun iad a chosaint amach anseo ar mhaithe le pobail éagsúla agus don phobal trí chéile.

Seo a leanas príomhaidhmeanna an chiste seo:

☐ oibreacha caomhnaithe atá ar scála níos mó **a chumasú** ar struchtúir oidhreachta a mheastar a bheith suntasach agus a bhfuil géarghá acu le tacaíocht

☐ athnuachan agus athúsáid réadmhaoine oidhreachta **a spreagadh** agus cabhrú le cinntiú go ndéanfar struchtúir faoi chosaint agus/nó sócmhainní suntasacha stairiúla/cultúrtha a chaomhnú

☐ **tacú** le hinfeistíocht caipitil phríobháidigh sna tionscadail diansaothair chun struchtúir stairiúla atá faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach a chaomhnú d'úsáid phobail.

Spreagann an Roinn tionscnóirí tionscadal chun gné oiliúna faoi scileanna traidisiúnta a ionchorprú sa tionscadal.

Cuireann Ciste na Struchtúr Stairiúil cistiú caipitil ar fáil d'oibreacha ar struchtúir cháilitheacha lena n-áirítear an liosta seo a leanas:

- (i) **Struchtúir faoi Chosaint:** Struchtúir atá sa Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta (TDC) de chuid gach Údarás Áitiúil;
- (ii) **Struchtúir atá incháilithe nó molta le cur san áireamh in TDC** ach nach bhfuil faomhadh foirmiúil faighte acu go fóill le go gcuirfear san áireamh iad. Ní mór do struchtúir den chineál sin na critéir a chomhlíonadh le go gcuirfidh an tÚdarás Áitiúil san áireamh iad ar an TDC .i. ní mór gur díol sainspéise iad ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúil de
- (iii) **Struchtúir nó oibreacha atá laistigh de Limistéir Caomhantais Ailtireachta (LCAnna),** nó laistigh de shaoráid Séadchomhartha Náisiúnta, áit ina bhfuil imthosca eisceachtúla i bhfeidhm.

Fógraíodh an Scéim, agus fuarthas moltaí ó 14 iarratas a rinneadh.

Fuarthas maoiniú €20,000 le haghaidh deisiúchán ar Chill Éinde, An Spidéal.



**Cill Éinde, An Spidéal – deisiúcháin ar phointeáil na haghaidhe Theas agus ar earraí báistí**

#### SCÉIM INFHEISTÍOCHTA DON OIÐHREACTH THÓGTHA 2023

Tá sé mar aidhm ag an **Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha** infheistíocht caipitil phríobháidigh a spreagadh i roinnt tionscadail bheagscála, diansaothair, chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le gairmithe, ceardaithe agus saoir chaomhnaithe a fhostú atá oilte agus a bhfuil taithí acu. Dearadh an scéim mar thacaíocht d’úinéirí agus do chaomhnóirí chun aire a thabhairt dár n-oidhreacht thógtha agus chun a chinntiú go mbeidh sí faoi chosaint san am atá romhainn.

Leithdháileadh **€260,654.16** ar Chontae na Gaillimhe, méid a leithdháileadh ina iomláine ar **27 tionscadal**, lena n-áirítear díon tuí a chur ar thithe, cinn slinne a dheisiú, saifhuinneoga a dheisiú agus sairseacht a chobhsú, ar fud an chontae, rud a chuir fostaíocht 355 lá ar fáil do lucht ceirde oilte, agus do chomhairleoirí proifisiúnta i dtaobh caomhantas foirgneamh.

#### TÁBLA MAOINITHE FAOIN SCÉIM INFHEISTÍOCHTA DON OIÐHREACTH THÓGTHA 2023

Struchtúr	Oibreacha	Íochta
Tuí, Middle March Cill Cháimín, Meáraí	Tuí	<b>€20,000</b>
Tuí, Baile Nua na Línseach, Dúros, Cinn Mhara	Tuí	<b>€5,650</b>

Tuí, Baile Uí Chonlachta, Tuaim	Tuí	<b>€15,000</b>
Tuí, Tíne, Baile Locha Riach	Deisiúchán ar Struchtúr Inmheánach	<b>€20,000</b>
Tuí, Cluain na Glaise Tuaim	Deisiúchán Siúinéireachta Seachtraí	<b>€10,000</b>
Tuí, an Gort Riabhach, Uachtar Ard	Tuí	<b>€8,000</b>
Tuí, Bóthar na hAbhann, an Spidéal	Tuí	<b>€10,000</b>
Rose Cottage, Cill Cholgáin	Tuí	<b>€10,000</b>
Tuí, an Chlúid, Cor an Dola	Tuí	<b>€4,000</b>
Tuí, Cathair Uí Mhaighin, Órán Mór	Cobhsú saoirseachta & Tuí	<b>€9,000</b>
Tuí, Cill Fhaoile Mhór, Cill Cholgáin	Tuí	<b>€3,984</b>
2 Cheardlann Ellis, Leitir Fraic	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€2,941</b>
Prospect House, Baile Átha an Rí	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€12,000</b>
Eaglais Naomh Peadar & Pól, Baile Mhic an Bhaired	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€6,000</b>
Teach na gCreag	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€10,000</b>
Séipéal Naomh Pádraig, Gleann na Madadh	Cobhsaíocht Struchtúrach	<b>€15,000</b>
Tuí, Cnoc Óráin	Deisiúchán ar Bhalla Seachtrach	<b>€6,539</b>
Séipéal Mhuire gan Smál, Uachtar Ard	Deisiúchán ar earraí báistí	<b>€12,485</b>
Our Lady of the Wayside, an Criathrach, an Choill Mhóir	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€15,000</b>
Séipéal Pharóiste Chill Chuimín, Uachtar Ard	Cobhsú saoirseachta	<b>€6,407</b>
Seanteach na Scoile, Órán Mór	Deisiúchán Dín	<b>€10,000</b>
Teach Clareville, Uachtar Ard	Deisiúchán ar earraí báistí & deisiúchán dín	<b>€10,000</b>
8 Sráid Phádraig, Port Omna	Deisiúchán Dín	<b>€9,310.08</b>
Tuí Inis Meáin	Tuí	<b>€9,310.08</b>

Crumlin Park House, Béal Átha Glúinín, Tuaim	Deisiúchán siúinéireachta seachtraí	<b>€13,208</b>
Teach Stabhlainne, Dún an Uchta	Cobhsú saoirseachta	<b>€4,000</b>
Tuí, an Chlúid, Cor an Dola	Tuí	<b>€3,000</b>

### Deisiúchán Saisfhuinneog, Baile Átha an Rí



### Deisiúchán Tuí, Dúros Cinn Mhara





---

### SÓCMHAINNÍ STAIRIÚLA

Oibríonn an grúpa um Shócmhainní Stairiúla ar bhealach trasrannach laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun foirgnimh atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil is atá sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta nó foirgnimh shuntasacha atá i Limistéar Caomhantais Ailtireachta a bhainistiú go straitéiseach. In 2023, chuaigh an Oifig Caomhantais Ailtireachta i dteagmháil leis an bhfoireann athghiniúna i dtaca le hathchóiriú ar sheanteach na cúirte i bPort Omna, Hallaí an Bhaile i mBaile Locha Riach agus i dTuaim agus i dtaca le hathghiniúint agus athchóiriú lár bailte.

---


### FEASACHT A SPREAGADH

Thacaigh aonad Caomhnaithe Ailtireachta den Ghailimh le **Architecture on the Edge** ar ceiliúradh ailtireachta in Iarthar na hÉireann é agus a bhí ar siúl ón 29 Meán Fómhair go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2023.

Agus sraith de chainteanna ar líne, turais, ceardlanna agus taispeántais mar chuid di, chuir an fhéile fáilte roimh dhaoine de gach aois ailtireacht thógtha a gcathrach agus a gcontae a fhiosrú. Spreagann Architecture at the Edge díospóireachtaí ar chaighdeán dearaidh uirbigh, pleanáil agus inbhuanaitheacht trí rannpháirtíocht an phobail i sraith imeachtaí éagsúla in 2023.

Ag **Taispeántas Débhliantúil Ailtireachta na Veinéise** i mbliana, léirítear sa taispeántas de chuid na hÉireann, *Ar Thóir Ó mBreasil (In Search of Hy-Brasil)*, saothar allamuigh ó oileáin iargúlta na hÉireann, agus é ag scrúdú a gcultúr éagsúil, a bpobal agus a n-eispéireas. Tá Inis Meáin sa taispeántas, chomh maith leis na hoileáin i Sceilg Mhichíl, Ciarraí agus Cliara i Maigh Eo. Cinntíonn rannpháirtíocht na hoifige caomhantais ailtireachta go bhfillfidh an taispeántas, ceardlanna cumainn agus cainteanna ar Chontae na Gaillimhe chun feasacht a spreagadh ar na saincheisteanna a ardaíodh.

Le linn 2023, lean Oifig Oidhreachta na Comhairle Contae lena cuid oibre chun feasacht, eolas agus tuiscint ar oidhreacht shaibhir agus ar bhithéagsúlacht chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Oibríonn an Oifig Oidhreachta chun suim, oideachas, eolas agus mórtas in oidhreacht Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. Seo a leanas roinnt de na tionscadail ar tugadh fúthu in 2023:



### 1. Iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe 2023

Cuireadh tús leis an Iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe chun an oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile i dtaca leis an ngné luachmhar seo dár n-oidhreacht dhothadhaill.

Déantar an tIniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe i sraith de

chéimeanna. Cuireadh Céim 4 i gcrích in 2023 nuair a taifeadadh na toibreacha beannaithe i gceantar Chonamara Thuaidh trí ‘Aip 123 don Suirbhé ar Thoibreacha Beannaithe na Gaillimhe’, a dearadh go speisialta, a úsáid. Is é an aidhm atá ag an Iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe ná faisnéis a bhailiú agus a chur i dtoll a chéile a fhéadfaidh a bheith i mbaol a cailte de bharr bonn eolais a bhraitheann ar ghlúin níos sine den chuid is mó agus de bharr brúnna forbartha, lena n-áirítear glanadh talún. Áirítear leis na sonraí arna mbailiú tríd an iniúchadh ar gach tobar beannaithe ar fud an Chontae suíomh, bonneagar, staid fhisiceach, rochtain, stádas cosanta, úinéireacht, seandálaíocht, bithéagsúlacht, traidisiúin, béaloideas, oidhreacht bhéil agus nósanna a bhaineann leis na toibreacha beannaithe agus a bhfuil ceangal acu leo. Úsáidfear an fhaisnéis sin chun acmhainní fógraíochta ardcháilíochta a fhorbairt don ghné sin d’Oidhreacht an Chontae san fhadtárma. Iontráiltear na sonraí ar fad arna mbailiú in ‘Aip 123 don Suirbhé ar Thoibreacha Beannaithe na Gaillimhe’. Leis sin is féidir cur síos scríofa, comhordanáidí suímh agus suas le 20 grianghraf a uaslódáil le linn suirbhé allamuigh. Ina dhiaidh sin cuirtear leis an bhfaisnéis sin trí chomhairliúchán pobail agus trí fhoinsí foilsithe faisnéise. Uaslódáiltear na sonraí bailithe faoi gach tobar ina dhiaidh sin chuig ardán gréasáin an Iniúchta ar na Toibreacha Beannaithe i gContae na Gaillimhe atá á óstáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is féidir tuarascálacha ginearálta agus sonracha a ghiniúint anois ó na sonraí stóráilte, lena n-áirítear téacs agus grianghraif, trí GIS de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá bunaithe ar léarscáileanna.

Ba iad na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn le linn Chéim 4 den Iniúchadh i gConamara Thuaidh ná rochtain ar shuímh tobar beannaithe de bharr iargúltaíochta ó bhóithre agus de bharr an tír-raoin ghairbh, bhogaigh agus shléibhtiúil. Díol suntais é líon na dtoibreacha beannaithe taifeadta a bhfuil dearmad déanta orthu den chuid is mó na laethanta seo agus atá tréigthe ag an bpobal áitiúil. Is dócha gur léiriú é sin ar na hathruithe a tháinig ar úsáid talún talmhaíche le 50 bliain anuas. Tá fás scrobarnaí in áiteanna agus go háirithe Raithneach agus Róslabhra ar na fánaí uachtair mar thoradh ar chleachtais feirmeoireachta nach bhfuil chomh dian sin agus ar thréigean talún i roinnt ceantar de bharr líon feirmeoirí agus tréada innilte atá níos lú ná mar a bhí. Tá speicis ionracha amhail Róslabhra, Glúineach Bhiorach, Gunnaire agus Balsam Himiléach tagtha i réim in áiteanna. De bharr na bhfadhbanna sin tá na conairí chuig na toibreacha lán le fásra mothrach agus gan rochtain orthu i roinnt cásanna. I roinnt cásanna, tugadh cuairteanna fillte orthu sular sainathnódh an suíomh nó sula bhféadfaí slí isteach a fháil chuige. Clúdaíodh sa limistéar iniúchta in 2023 limistéar mór geografach ina bhfuil suímh tobar beannaithe a bhfuil achair fhada eatarthu. De bharr na saincheisteanna sin, bhí dul chun cinn ar shaothar allamuigh i bhfad ní ba mhoille ná mar a bhíodhas ag súil leis.




TOBAR MUIRE AGUS BAILE  
FEARAINN FHÉICHÍN DUBHACHTA



Le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023, bhí caint phoiblí in Áras Uillin, Maigh Cuilinn i gcomhar le Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn. Bhí slua maith de thairim is 30 duine ag an imeacht. Rinne Zena Hctor (taighdeoir Iniúchta) cur i láthair maidir leis na toibreacha beannaithe a ndearnadh iniúchadh orthu i réigiún Mhaigh Cuilinn agus ina dhiaidh sin rinne Hazel Morrison, ó Ghrúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn, cur i láthair maidir leis an taighde a rinne an grúpa pobail ar na toibreacha. Bhí díospóireacht bhríomhar ina dhiaidh sin ar an gceist ‘cé a chinneann go bhfuil tobar ina thobar beannaithe?’





FÍOR 2: LÉARSCÁIL SUÍMH DE NA TOIBREACHA A TAIFEADADH I GCEANTAR CHONAMARA THUAIHDH LE LINN CHÉIM 4, 2023 AGUS DE NA CINN A BAILÍODH LE LINN CHÉIMEANNA 2-3 AR ARDÁN GRÉASÁIN 123 ARNA ÓSTÁIL AG COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DON SUIRBHÉ INIÚCHTA AR THOIBREACHA BEANNAITHE NA GAILLIMHE

### Taighde Allamuigh agus aschuir eile

Bailíodh cuir síos scríofa agus mionsonraí fótagrafacha do 35 tobar beannaithe agus uaslódáladh iad chuig ardán gréasáin 123 don Suirbhé ar Thoibreacha Beannaithe na Gaillimhe le linn na tréimhse iniúchta in 2023, rud a fhágann go bhfuil 167 tobar beannaithe taifeadta san iomlán go dtí seo.

Le linn na céime forbartha den ‘Aip Dhigiteach do Thoibreacha Beannaithe na Gaillimhe’ ba é an phríomhaidhm ná go mbeadh an cur chuige maidir le bailiú, stóráil agus scaipeadh sonraí a d’úsáidfí do gach céim den Iniúchadh san am atá romhainn in ann an aimsir a sheasamh i dtéarmaí na nithe seo a leanas:

- a cumas a d’fhéadfadh a bheith ann chun é a fhorbairt mar uirlis bailithe sonraí Eolaíochta do Shaoránach le haghaidh pobail áitiúla
- an cumas a d’fhéadfadh a bheith ann chun é a chur in oiriúint do bhailiú sonraí do thionscnaimh oidhreachta eile den sórt sin
- scaipeadh fhaisnéise na hoidhreachta trí struchtúr GIS de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus a mhéid is atá sé inaistrithe le húsáid i gContaetha eile tríd an gClár Oifigigh Oidhreachta de chuid na Comhairle Oidhreachta.

Is léir gur sárлуachmhar an aip í mar uirlis bailithe sonraí allamuigh. D’fhéadfadh an fhormáid atá éasca le húsáid a bheith ina teimpléad le haghaidh tionscnaimh oidhreachta eile. Is féidir é a aistriú go héasca le húsáid in Iniúchtaí ar thoibreacha Beannaithe i gContaetha eile.

Le linn Chéim 3 in 2022 den Iniúchadh ar Thoibreacha Beannaithe scrúdaíodh an nasc idir cultúr an Lucht Siúil agus na toibreacha beannaithe sa Chontae, rud a rinneadh trí dhlúthobair leis an tSr Agnes Curley den Éiceachualacht i dTuaim agus le daoine den lucht taistil. Fuarthas roinnt eolais in Oirthear na Gaillimhe maidir le hoilithreachtaí san am a chuaigh thart ach is beag faisnéis atá ann faoi Chonamara Thuaidh.

Mar chuid de Chéim 4 den Iniúchadh in 2023, rinne Sally-Ann Barrett, Freeway Media dhá phodchraoladh don tionscadal agus chuir sí agallamh ar Mary Moriarty a chomhroinneann a cuimhní ar na traidisiúin de chuid an Lucht Siúil a bhaineann le toibreacha beannaithe agus ar na toibreacha beannaithe ar thug sí cuairt orthu lena teaghlach. Sa dara podchraoladh leis an tSr Agnes Curley insíodh faoi adhradh na dtoibreacha beannaithe, go háirithe an t-adhradh a rinne daoine den Lucht Siúil. Tá na podchraoltaí ar fáil @

[https://www.podomatic.com/podcasts/beogalway/episodes/2023-12-21T23\\_14\\_48-08\\_00](https://www.podomatic.com/podcasts/beogalway/episodes/2023-12-21T23_14_48-08_00)

Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal sin.



The screenshot shows the Podomatic website interface. At the top, there is a blue navigation bar with the 'podomatic' logo on the left and buttons for 'Start Your Free Podcast', 'Listen', and 'Create' on the right. Below the navigation bar, there are several menu items: 'Feed', 'Quick Discovery', 'Trending', 'Following', and 'Playlists'. A search icon is visible on the right side of the menu. The main content area features a profile for 'Galway County Heritage Office'. The profile card has a dark background and includes a cover image of a stone wall. The text on the card reads: 'GALWAY COUNTY HERITAGE OFFICE' in large letters, followed by the Galway County Council logo and 'Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council'. To the right of the cover image, the title 'Galway County Heritage Office' is displayed in a large font, with 'By Galway County Heritage Office' underneath. Below the title, there are icons for 'History', 'Dublin', '1 Followers', and '35 Episodes'. At the bottom of the profile card, there are 'Share' and 'Follow' buttons. A short description at the bottom of the card states: 'Galway County Heritage Office was founded in June 2000, to facilitate and promote awareness, knowledge and pride in the heritage of County Galway.'

SUÍOMH GRÉASÁIN AN PHODCHRAOLTA FAOIN INIÚCHADH AR THOIBREACHA BEANNAITHE CHONTAE NA GAILLIMHE

An Oifig Oidhreachta a d'fhorbair an tionscadal seo i gcomhar le Rannóg GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Mhainigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an Chomhairle Oidhreachta é. Is é aidhm an tionscadail seo ná tacú lenár bpobail nasc a dhéanamh lena stair trí fhoinsí sonraí luachmhara maidir le reiligí a fhuascailt agus iad a chur ar fáil mar shonraí foinse oscailte a bheidh saor in aisce le húsáid do chách.



Fuarthas ladrann agus cianrialaitheoir

agus tá oiliúint ladraínn críochnaithe ag an Oifigeach GIS. Úsáideadh an ladrann chun suirbhéireacht a dhéanamh ar roinnt reiligí agus cruthaíodh táirgí íomháineachais óna úsáid i Suirbhéanna Reilige. Dearadh agus forbraíodh iarratas nua ar Chuardach Reilige agus i láthair na huaire atá sé ag an gcéim tástála inghlacthachta úsáideoirí. Tá 3 phríomhghné ag an iarratas a chuirfidh ar chumas an úsáideora phoiblí:

- Adhlacthaí a chuardach
- Sonraí adhlactha a íoslódáil (Sonraí Oscailte)
- Féachaint ar Staitisticí Adhlactha agus idirghníomhú leo.

Beidh an t-iarratas ar fáil trí na suímh ghréasáin de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de chuid Oidhreachta Phobail na Gaillimhe, agus is féidir cód a chur ar fáil chun é a chomhtháthú le suíomh gréasáin ar mhaith leo.



Tá oiliúint agus tacaíocht á gcur ar fáil

do ghrúpaí pobail agus oidhreachta áitiúla i dtaca le conas suirbhéanna a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an aip Suirbhéireachta Reilige shoghluaiste a d'fhorbair an Chomhairle. Tá tacaíocht theicniúil á cur ar fáil ag rannóg GIS na Comhairle.

## Seoladh an Tionscadail le linn Sheachtain na hOidhreachta

Foilsíodh breis is 25,000 taifead cuimhneacháin reilige Dé Luain an 14 Lúnasa (Seachtain na hOidhreachta) mar chuid de Thionscadal Chontae na Gaillimhe chun Mapáil Dhigiteach a Dhéanamh ar Reiligí.



Agus í ag obair le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí éagsúla tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag bailiú agus ag tiomsú sonraí luachmhara a bhaineann leis na daoine atá curtha i reiligí éagsúla le roinnt blianta anuas. Le maoiniú ón gComhairle Oidhreachta, Ciste Rannpháirtíochta na Sonraí Oscailte agus a hacmhainní féin, tá aip forbartha agus curtha

ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe lena húsáid ag suirbhéirí ar leibhéal áitiúil le haghaidh suirbhéanna cuimhneacháin, chomh maith le bainistíocht sonraí gaolmhara agus próisis bhailíochtaíthe.

Chomh maith leis sin, sholáthair Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe, Fóram Chonamara agus an Chomhairle Oidhreachta maoiniú do ghrúpaí áitiúla chun saineolaithe a fhostú chun obair le pobail áitiúla agus iad a oiliúint ar conas an teicneolaíocht sin a úsáid agus chun tabhairt faoi mhapáil reilige le ladhrainn.

De bharr an mhaoinithe sin agus de bharr obair chrua agus dhíograis na n-oibrithe deonacha pobail, táimid in ann an 25,000 taifead sin a chur ar fáil.



---

SEOLADH AN TIONSCADAIL CHUN MAPÁIL DHIGITEACH A DHÉANAMH AR REILIGÍ I LEITIR FRAIC.



Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe ceann de na príomhonorí ag Gradaim Earnála Poiblí um Chlaochlú Digiteach 2023 as a tionscadal nuálach digiteach lenar mapáladh breis is 40,000 taifead cuimhneacháin reilige ar fud Chontae na Gaillimhe agus lenar cuireadh ar fáil don phobal ar líne iad.

Ainmníodh an Tionscadal chun Mapáil Dhigiteach a Dhéanamh ar Reiligí mar bhuaiteoir foriomlán i gcatagóir an chomórtais ‘Rannpháirtíocht Phobail Is Fearr’ ag searmanas a bhí in Óstán Shelbourne i mBaile Átha Cliath Déardaoin an 5 Deireadh Fómhair 2023.

Agus iad á n-eagrú ag *The Sunday Business Post*, tugann na gradaim aitheantas d’éachtaí eagraíochtaí na hearnála poiblí a chuir go mór le claochlú digiteach a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe an ceann is fearr ar na hiomaitheoirí eile a

bhí ar ghearrliosta eagraíochtaí lena n-áirítear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, CAWT agus Aurion Learning, Comhairle Contae Longfoirt agus Comhairle Contae Thiobraid Árann chun an t-ardghradam a bhuachan.

**An áit inar féidir teacht ar na sonraí sin**

Cruthaíodh Feidhmchlár um Chuardach Adhlactha chun cuardach éasca agus taispeáint na sonraí a chumasú.

Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil trí Thairseach Sonraí Oscailte Chomhairle Chontae na Gaillimhe [galwaycoco.maps.arcgis.com/home/index.html](http://galwaycoco.maps.arcgis.com/home/index.html) agus <https://data.gov.ie/>



Maidir le tríocha a cúig bailiúchán na hoidhreachta béil agus 1,035 mír cuimhní taifeadta, laistigh



d’Oirthear na Gaillimhe agus a bhaineann leis, i bhformáidí digitighinte agus oidhreachta araon, chruthaigh an tionscadal léiriú comhleanúnach orthu agus chuir sé leis an mbuíochas dóibh. Tugann sé chomh maith léargas ar an tairbhe chultúrtha agus oideachasúil maidir le bailiúcháin shainaitheanta, do bhunscoil,

meánscoil agus oideachas tríú leibhéal, chomh maith le scoláireacht trí chéile. Aithníonn an t-iniúchadh réimsí cultúir, staire agus béaloidis nó ‘luacha eolais’ ar a dtugann bailiúcháin shainaitheanta léargas, don earnáil oideachais agus don tsochaí i nGaillimh trí chéile. Trí ábharthacht ama, geografach agus chomhludair na mbailiúcháin a léiriú, leagann an t-iarratasóir béim ar luach na mbailiúchán chomh maith.

Aimsíodh san anailís ar thorthaí patrúin a léiríonn nádúr agus ábhar na mbailiúchán araon, lena n-áirítear go bhfuil i bhfad níos mó fear ná ban laistigh den chuimhne thaifeadta. Leagann sé béim ar an gclaonadh atá ann na bailiúcháin oidhreachta, a taifeadadh ar ghléasanna analóige, a bheith fágtha gan digitiú den chuid is mó, agus gan rochtain orthu. Mar thoradh air sin, tá teorainn shuntasach ar an luach a d’fhéadfadh a bheith leo maidir le hoideachas agus cultúr, agus níl luach ar bith leo i roinnt cásanna. Taispeántar torthaí an iniúchta ar bhealach a dhéanann eolas do shealbhóirí bailiúcháin agus do bhailitheoirí san am atá romhainn, maidir leis na príomhcheisteanna a bhaineann le bailiúcháin staire béil a fhorbairt agus a choimeád. Áirítear leis an tuarascáil achoimre ar dhea-chleachtas a chabhróidh le heolas a dhéanamh do bhailiú amach anseo sa chontae agus a chruthóidh comhleanúnachas níos mó maidir le gníomhaíocht bhailithe san am a chuaigh thart agus atá le teacht. Áirítear sa tuarascáil chomh maith ráiteas ar chomhoiriúnacht cartlainne agus ar shaincheisteanna maidir le comhdhlúthú bailiúchán a sainaitníodh le samplaí. Cabhróidh an fhaisnéis eagraithe sin le bailiúcháin a chobhsú agus a chaomhnú, rud a chuireann a mbainistíocht ar aon dul le Dea-Chleachtas reatha cartlainne agus na hOidhreachta Cultúrtha Digití.



Le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta 2023, sholáthair an sainchomhairleoir léacht mhaisithe ag Ionad Pobail na Mainistreach, inar mhínigh sé aidhmeanna an tionscadail agus inar chuir sé béim ar thábhacht na staire béil agus thaifeadadh na cuimhne áitiúla. Le haghaidh na hócáide, úsáideadh dhá agallamh a rinneadh san am a chuaigh thart agus a bhain leis an Mainistir: Taifeadadh le Jim Fahy nach maireann le Palkie Conroy agus agallamh a rinne Frances Holohan in 2015, le Nora Hynes nach maireann, arbh í an Mháistreás Phoist don Mhainistir. Chomh maith leis sin, úsáideadh taifeadadh a rinne John Joe Conwell ar an nGráig in 1996 le Anthony ‘Sonny’ Hackett nach maireann, ar thángthas air mar chuid den iniúchadh in 2023, chun go léireofaí an cineál ábhair a taifeadadh sa cheantar agus a bhí an t-iniúchadh ag iarraidh a dhoiciméadú.

Tar éis na hócáide sa Mhainistir, bhí ócáis 45 nóiméad leis a bhí ann agus rinneadh plé ar na cuimhní a léiríodh sna cuir i láthair agus feabhsaíodh iad.

Bhí ócáid phobail eile sa Sceachánach ar an 2 Samhain. D'éirigh go mór leis an ócáid sin chomh maith agus bhí slua maith ann agus aimsíodh ábhar luachmhar na hoidhreachta béil don iniúchadh. Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal sin.

### Tionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe

Soláthraíonn an Seandálaí Pobail tacaíocht agus comhairle do dhaoine aonair, scoileanna, eagraíochtaí agus grúpaí. Rinneamar tionscadail agus imeachtaí ar líne éagsúla chun tuilleadh feasachta agus measa ar ár n-oidhrecht seandálaíochta a chur chun cinn. Chuir an Seandálaí Pobail le roinnt comhdhálacha, seimineár agus léachtaí ar oidhrecht áitiúil. Phléigh sí le hiliomad ríomhphost nó glaonna gutháin ó dhaoine aonair agus ó ionadaithe grúpaí a bhí ag lorg comhairle nó cabhrach maidir le seandálaíocht nó le hábhair nó topaicí a bhain le seandálaíocht. Oibríonn sí le scoileanna, grúpaí pobail, cumainn, feirmeoirí agus daoine aonair eile ar bhonn leanúnach. Bhí ról mór aici chun cabhrú le grúpaí pobail cur isteach ar an gCiste Séadchomharthaí Pobail agus ar Dheontais Phobail de chuid na Comhairle Oidhreachta, chomh maith le hOidhrecht i Scoileanna, Coimeádaithe Oidhreachta agus Scéim um Shéadchomhartha a Uchtú a chur chun cinn.



The Galway Community Archaeologist provides advice and support relating to archaeological monuments in the community. She is available to answer your queries on maintenance, preservation, education and promotion of our diverse range of archaeology which spans over ten thousand years. Now available to liaise with educators, community groups, farmers, individuals and custodians of Galway's archaeological heritage.

**Contact:** Bernadette Doherty  
Carra, Bullaun, Loughrea, Co. Galway

**Mobile:** 086 100 3888

**Website:** <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/>

**Email:** [g.c.archaeology@gmail.com](mailto:g.c.archaeology@gmail.com)

**Facebook:** Galway Community Archaeology

This project is funded by Galway County Council and The Heritage Council



### Tá sampla an-bheag den obair a rinne an Seandálaí Pobail sa mhéid seo a leanas:

Iarradh ar Thionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe cur i láthair a dhéanamh do Ghrúpaí CAHG in Éirinn, i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag a leagfadh béim ar obair arna cur i gcrích agus ar conas a úsáidimid ár suíomh gréasáin chun eolas thabhairt do phobail agus do dhaoine aonair, iad a chur chun cinn agus comhairle a chur orthu maidir lenár láithreáin seandálaíochta agus séadchomharthaí. Bhí sé sin ar siúl ar líne ar an 15 Bealtaine 2023 agus bhí a lán grúpaí i láthair as Éirinn, Albain, Sasana, agus an Bhreatain Bheag.

Agus í ag obair le grúpaí pobail, grúpaí oidhreachta, bailte slachtmhara agus grúpaí reilige, chabhraigh an Seandálaí Pobail le heolas a dhéanamh do dhea-chleachtas oidhreachta i dtaca lenár n-oidhrecht seandálaíochta a thairfeadh agus a chur chun cinn. Nuair a bhí sé infheidhme, chabhraigh mé le grúpaí Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta a chur ar an eolas faoi oibreacha a bhí beartaithe agus rinne mé obair mhonatóireachta ag tuairisciú ar na hoibreacha céanna. Áiríodh leis na tionscadail in 2023 Reilig Chluain Bheirn - suiteáil comharthaíochta mapa i Suí Finn, Creachmhaoil – ar siúl, agus é ag fanacht ar cheadanna ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta (SSN). Reilig Willmount – Fógra maidir le comharthaíocht, mapáil dhigiteach reilige.



Thug Seandálaí Pobail na Gaillimhe cuairteanna láithreáin iomadúla ar dhaoine den phobal feirmeoireachta, úinéirí talún, reiligí stairiúla agus ghlac sí le ceisteanna ginearálta ó dhaoine den phobal. Chabhraigh sí le grúpaí maidir le hiarratais an Chiste Séadchomhartha Pobail agus thug sí cuairteanna cúpla uair ar Thionscadail Séadchomharthaí Pobail le linn chúrsa a bpleananna agus/nó a n-oibreacha.

### Seandálaíocht Mhainistir Chnoc Muaidhe



Screengrab showing Heritage Week Poster prepared for Heritage Week Website & Before Talk

Iarradh ar Sheandálaí Pobail na Gaillimhe cabhrú le grúpa nua oidhreachta a chur ar bun i Mainistir Chnoc Muaidhe. Tá sé mar chuspóir ag an ngrúpa béim a chur ar Oidhreacht Chultúrtha an cheantair agus í a chur chun cinn. Le linn a cainte, dhírigh sí ar an tseandálaíocht sa cheantar thart ar Mhainistir Chnoc Muaidhe agus ar conas is féidir í a chur chun cinn ar bhealach dearfach. Comhroinneadh smaointe le haghaidh tionscadal i measc an lucht freastail agus tá tacaíocht trí Thionscadal Seandálaíochta Pobail na Gaillimhe ar fáil nuair is gá. Seat scáileáin ina bhfuil Póstaer do Sheachtain na hOidhreachta a ullmhaíodh do shuímh ghréasáin Sheachtain na hOidhreachta etc.

Is sampla é sin de cheann de na tionscadail phobail iomadúla a raibh an Seandálaí Pobail rannpháirteach iontu le linn na bliana.

D'ullmhaigh Seandálaí Pobail na Gaillimhe rang teagaisc FGL (forbairt ghairmiúil leanúnach) d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun feasacht a spreagadh maidir le freagrachtaí laistigh den údarás áitiúil mar chaomhnóirí láithreán seandálaíochta agus séadchomharthaí. Sholáthair an Seandálaí Pobail cabhair agus cuidiú le Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí, Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach, Tionscadal Gheataí Gaibhnithe na Gaillimhe, an Tionscadal chun Mapáil Dhigiteach a Dhéanamh ar Reiligí agus chabhraigh sí go díreach le Tionscadal Chartlann Phobail na hÉireann chomh maith le himeachtaí agus tionscadail iomadúla eile de chuid na Comhairle agus an phobail.

### Clár Oibreacha Caipitil Bhallaí Bhaile Átha an Rí 2023

Tá an Túr Theas agus an chuid dheisceartach den bhalla baile lonnaithe i ngort oscailte a shíneann le Bóthar na Radharc agus tá an talamh ag ardú ón oirthear go dtí an t-iarthar. Ar thaobh eile den bhóthar, tá Ionad Siopadóireachta Bhaile Átha an Rí agus roinnt tithe agus aonaid tráchtála. Tá an aghaidh taobh istigh den túr i bPáirc Uí Chionnaith, faiche CLG áitiúil a bhfuil



ardán amhairc aige gar don bhalla. Tógadh an struchtúr sin le linn an cheathrú haois déag agus tá sé feiceálach fós cé go bhfuil sé ina fhothrach i bPáirc ar an mbealach aneas isteach sa bhaile. Tá an píosa sin den bhalla 400 méadar ar fad idir na láithreáin ar a raibh geataí Loro agus Spittle. Tá sé dhá go ceithre mhéadar ar airde fós cé go bhfuil sé sách míchothrom ar bharr an bhalla. Tá sé ar cheann de na stráicí is suntasaí agus is sláine den bhalla atá ann fós i mBaile Átha an Rí. Tá an tiús ón mbonn idir 800mm go 1500mm.

Tá an fhoraghaidh bhunaidh fós ann ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh feadh an chuid is mó d'fhad an bhalla, ach atógadh é le spalla ar chaighdeán níos ísle nó le cloch ghearrtha tharrthála i bpíosaí aonair agus ar a bharr. In 2014, caomhnaíodh an túr le cuidiú ó dheontas IWTN, rud a chuir deireadh leis an mbaol don chreatlach stairiúil ó dhamáiste nó ó thitim. Rinneadh tuilleadh deisiúcháin ar chodanna den bhalla in 2015, 2021, 2022 agus 2023. In 2015 tacaíodh le cuid den bhalla a bhí ag bolgadh go mór le frapaí adhmaid go sealadach. Ní rabhthas in ann deisiúcháin cuimsitheach a dhéanamh ar an mballa sin in 2015. In 2021 grútáladh an píosa a bhí ag bolgadh, agus rinneadh obair dheisiúcháin ar thuilleadh píosaí in 2022 agus in 2023. Tar éis próisis phoiblí soláthair ceapadh conraitheoir oidhreachta leis na cáilíochtaí cuí chun na hoibreacha deisiúcháin sin a dhéanamh. Rinne an t-ailtire caomhantais agus an t-innealtóir struchtúr cigireachtaí. San áireamh sna hoibreacha ar an mballa theas de Bhaile Átha an Rí baineadh fásra, rinneadh glanadh, cartadh amach pointeáil stroighne, cuireadh isteach clocha dinge, grútáladh an balla agus athphointeáladh gach alt le meascán aoil.

### **Oibreacha Críochnaithe 2023:**

1. Fásra a bhaint go cúramach den fhoraghaidh ar thaobh istigh den bhalla – timpeall 10.8m ar fad feadh na foraghaidhe sin (taobh CLG) den bhalla. Tabhair faoi deara go bhfuil an balla sin timpeall 2m ar airde.
2. Fásra a bhaint go cúramach den fhoraghaidh ar thaobh amuigh den bhalla – timpeall 10.8m ar fad feadh na foraghaidhe sin (taobh na páirce) den bhalla.
3. Cartadh amach na hailt – trí phointeáil stroighne neamhchuí a bhaint – agus cuireadh clocha dinge isteach i gcás gur ghá chun ailt ní ba leithne a dhúnadh.
4. Grútáladh an balla, a bhfuil tiús 1.5m a bheag nó a mhór san áit sin aige, go hiomlán le meascán faofa a roghnaigh an t-innealtóir agus cuireadh isteach diaidh ar ndiaidh suas an balla saoirseachta é. Rinneadh an próiseas sin ar an mbealach seo a leanas: Cuireadh an grúta isteach le feadán, trí bhuidéal plaisteach cóic a úsáid mar mhionchrannóg agus mar íos-bhrúcheann hidrálach; 500mm ar éigean; agus píobán solúbtha 25mm mar dhucht grúta. Timpeall 1000 lítear grúta a úsáid in aghaidh gach méadair den bhalla . Tá an t-achar trasghearrtha timpeall 6 mhéadar chearnacha agus is ionann sin agus 17% den chóimheas fásán á líonadh. (sliocht le haghaidh nótaí suímh an Innealtóra Struchtúr).
5. Ba ghaineamh áitiúil é an meascán athphointeála don bhalla, ar a dtugtar aol Otterbein NHL 3.5.
6. Glanadh an balla go cúramach ar an dá thaobh roimh na hoibreacha agus ina ndiaidh.
7. Rinneadh réamhoibreacha ar 2.4m eile den bhalla mar ullmhúchán do mhaoiniú san am atá romhainn.

## Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí



Bhí macallaí an ama atá caite le cloisteáil trí na sráideanna agus timpeall na mballaí ársa i mBaile Átha an Rí nuair a chuir an baile Lá Baile Múrtha bliantúil atá aige ar siúl Dé Domhnaigh seo caite, an 13 Lúnasa. D'éirigh go geal le Féile Mheánaoiseach Bhaile Átha an Rí i mbliana agus bhí slua mór de sheacht míle, cúig chéad duine ann. Agus iad á n-aistriú siar chuig ré na meánaoise, bhí cuairteoirí idir óg agus aosta faoi gheasa ag cumasc draíochtúil den stair, an cultúr agus an tsiamsaíocht. Bhí sainchomharthaí aitheanta Bhaile Átha an Rí mar chúlra don fhéile lae, ar traidisiúin luachmhar í ó bunaíodh í in 2006: Páirc Phobail Bhaile Átha an Rí, Ionad Ealaíon agus Oidhreachta Bhaile Átha an Rí agus Caisleán Bhaile Átha an Rí. Le raon éagsúil gníomhaíochtaí a eagraíodh go tuisceanach chun tionchair na nAngla-Normannach ar an mbaile meánaoiseach a léiriú, chuir Lá Bhaile Múrtha Bhaile Átha an Rí eispéireas tumthach ar fáil nárbh ionann é agus aon eispéireas eile. Chuaigh rannpháirtithe cíocracha ar fhíorthuras go dtí croí an tsoil mheánaoisigh, áit ina raibh an t-aer lán le foinn na n-uirlisí ársa agus le buillí rithimeacha na ndrúmaí i gcéin. I measc na bpríomhbhuaiaphointí bhí taibhléirithe draíochtúla a thug fuirseoirí, ceoltóirí, damhsóirí agus drumadóirí cumasacha. Chuaigh na siúlóirí ar chosa croise de chuid Gliondar i bhfeidhm ar an lucht féachana lena scileanna agus lena ndráíocht, rud a chuaigh i bhfeidhm ar an slua.

Chuir an grúpa Ceol Ársa na Gaillimhe agus na taibheoirí mór le rá Carmel Dempsey, Mike Stewart, Brendan Curtin, Lisa Whelan, Úna Ní Fhlannagáin, chomh maith le Siobhán agus Saoirse ó Scoil Rince Hession, na daoine a bhí ann faoi gheasa lena bhfoinn dhraíochtúla agus lena ngníomhartha meallacacha. Tá an-suim ag na daoine óga a bhí ann sna rithimí draíochtúla de chuid Drumadore. Chuir Club Troda Meánaoiseach Bhaile Átha an Rí 1316 cathéide ilchasta orthu féin agus ghlac siad páirt i gcaismirtí spreagúla cruacha, rud a bhain an anáil den lucht féachana. Thapaigh ridirí óga ardaidhmeannacha an deis chun a gcuid scileanna a fheabhsú faoi threoir Scoil Comhraic Stairiúil na hÉireann. D'athchruthaigh an grúpa staire beo Claíomh radhairc as stair mheánaoiseach na

hÉireann, rud a chuir fíorléargas ar stair ar fáil. Chuir taispeántas Stair Bheo Scotia tuilleadh leis an eispéireas le taispeántais idirghníomhacha agus le haithriseoirí staire meánaoisí oilte.

Ceiliúradh ealaíona agus ceirdeanna réigiúnacha ag an bhféile, rud a sholáthair ardán do cheardaithe a sárshaothair a chur ar taispeáint. Rinne na daoine a bhí ann iontas de thaispeántais choirnéachta le Mags Mannion, sníomh casta agus ceirdeanna olla le Ceardaithe Snáithín na hÉireann agus ciseadóireacht dhraíochtúil le Niall Murphy. Chuir Draíocht Ainmhí éin chreicthe mhórga i láthair, agus mheall Club Ceirde Bhaile Locha Riach cuairteoirí óga le healaíona meánaoiseacha agus ceirdeanna. Thaitin seónna puipéad a rinne Custard Pie le páistí agus le daoine fásta araon, agus thaitin Sorcas Dreancaidí gleoite a rinne PigNut leo fiú. Choimeád Scéalaíocht an Leamhain & an Fhéileacáin daoine faoi dhraíocht lena scéalta ársa.

Bhí deis ar leith ag rannpháirtithe idir óg agus aosta chun taiscí agus cnámharlach ar atógadh go cúramach é a nochtadh, faoi threoir an tseandálaí Kat Thompson, rud a chruthaigh eispéireas láimhe dodhearmadta. Bhí blaslóga beophianta ag an Staraí Bia Anna O'Donnell mar thoradh ar shraith bhlasta bia a fuair spreagadh ó na Meánaoiseanna, rud a chur blas den traidisiún saibhir cócaireachta ón ré sin ar fáil. Chuir siúlóirí ar chosa croise de chuid Gliondar, ar gheall le túr iad, beocht i bPáirc Phobail Bhaile Átha an Rí, agus phéinteáil Máire Daly go hoilte aghaidheanna na bpáistí a bhí ar bís, rud a ndearna Tiarnaí, Bantiarnaí agus neacha ón miotaseolaíocht díobh.

Chuir Ionad Ealaíon & Oidhreachta Bhaile Átha an Rí ceird ársa na boghdóireachta i láthair agus thug sé cuireadh do na daoine a bhí ann triail a bhaint as an scil thraidisiúnta sin. Chomh maith leis sin, thairg an t-ionad turais threoraithe saor in aisce, a nocht stair fhíorspéisiúil mheánaoiseach Bhaile Átha an Rí. Threoraigh an Treoraí Turais áitiúil Gerry Burke de chuid Fháilte Éireann dhá thuras siúil eolasacha ar éirigh go geal leo. Líon Cuairteoirí Bhí breis is 7500 duine ag an imeacht. Mhainigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-imeacht.

## Féile Mheánaiseach Bhaile Locha Riach



Bhí an spiorad meánaiseach beo ag an bhFéile Mheánaiseach i mBaile Locha Riach ar éirigh thar barr léi. Chuir an ócáid uathúil seo muintir na háite agus cuairteoirí, sean agus óg, faoi dhraíocht, agus thairg sí cumasc aoibhinn de cheol, siúlóidí tumhacha,

ceirdeanna casta, scannáin suimiúla agus leabhair gníomhaíochta a rinneadh go háirithe do pháistí. Cuireadh raon éagsúil gníomhaíochtaí agus siamsaíochta i láthair ag an bhféile a chuir lúcháir ar na daoine a bhí ann. Bhí cumasc draíochtúil den cheol traidisiúnta agus comhaimseartha le haghaidh saineolaithe ceoil, ceol a sheinn na ceoltóirí an-chumasach Carmel Dempsey, Mike Stewart, Brenda Curtin (a bhí i Seó Lord of the Dance) agus Joe Higgins le haíonna speisialta Pádraig Connaughton agus Ali Fleming in Óstán & Spá Bhaile Locha Riach. Lena ndeaslámhacht iontach, grástúlacht agus cruinneas, agus lena gcéimeanna casta, chuir curaidh dhomhanda Evan O'Brien agus Owen Gaughan ó Scoil Hession i nGaillimh an lucht féachana faoi gheasa. Ghlac cuid mhór den lucht féachana páirt sa gníomhaíocht agus ghléas siad iad féin mar Thiarnaí agus Bantiarnaí Meánaiseacha ! Bhí taispeántas iontach grianghraf ann a d'eagraigh baill de chlub ceamara Bhaile Locha Riach agus bhí dánta galánta ón gcumann filíochta Baffle ar taispeáint in Óstán & Spá Bhaile Locha Riach ag an deireadh seachtaine.

Le haghaidh taiscéalaithe cíocracha, sholáthair siúlóidí treoraithe fíorshuimiúla a threoraigh na saintreoraithe Colman Shaughnessy agus Joe Loughnane eispéireas tumhach a d'aistrigh na daoine ann siar chuig na seanlaethanta go dtí croí na ré atá thart agus a léirigh oidhreacht shaibhir Bhaile Locha Riach. Ceann de bhuaicphointí na féile ná seoladh an leabhair dhátheangaigh gníomhaíochta a rinneadh do pháistí go háirithe agus a dearadh chun siamsa a dhéanamh don dream óg agus oideachas a chur orthu. Agus é lán le puzail shuimiúla, leathanaigh dhathúcháin agus mionfhríicí staire, bhí an leabhar gníomhaíochta foirfe do pháistí a bhí ar bís leis an saol meánaiseach a scrúdú. Chinntigh sé go raibh an fhéile oiriúnach do theaghlaigh, rud a spreagfadh grá don stair laistigh de chroíthe na chéad ghlúine eile. Chruthaigh Coiste Oidhreacht Mheánaiseach Bhaile Locha Riach, an Oifig Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Gaeilge Locha Riach an leabhar oibre agus thacaigh Leabharlann Phoiblí Bhaile Locha Riach leis. Le haghaidh saineolaithe scannáin, bhí taispeántí gearrscannán a bhain le gnéithe éagsúla d'oidhreacht shaibhir Bhaile Locha Riach ar fáil, lena n-áirítear an Deerpark, Our Lady of Gyór, fuinneoga na Mainistreach Cairmilítí agus Ardeaglais Naomh Breandán, Stair Bhróg Naomh Bríd, Na Siúlóidí, Mainistir Naomh Muire agus Músaem Deoiseach Chluain Fearta. Tráthnóna Dé Domhnaigh in Óstán & Spá Bhaile Locha Riach, chuir ceardaithe, atá oilte ar sheanteicnící, a gcuid buanna fíodóireachta, snoíodóireachta agus dealbhóireachta i láthair, nuair a rinne siad saothair ealaíne d'amhábhair. Bhí taispeántais chasta de mhíotalóireacht, coirníneacht, sníomh, fíodóireacht, criadóireacht, ciseadóireacht, callagrafaíocht, déanamh bróistí meánaiseacha, dear agus déan, ceird sorcais agus ceird lego agus fiú déanamh bodhrán! Bhí deis ar leith ag na daoine a bhí ann chun an tsaoirseacht a fheiceáil díreach os a gcomhair agus triail a bhaint as na healaíona ársa sin faoi threoir na gceardaithe oilte. Bhí na daoine

ar bís a gcuid buanna a nochtadh agus thóg cuid mhór díobh a mórshaothar meánaoiseach féin abhaile leo! Mhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-imeacht.

### **Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2023**

Bronnadh maoiniú ar ocht dtionscadal san iomlán laistigh de Chontae na Gaillimhe faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2023. Leis sin, bhíothas in ann oibreacha caipitiúla a dhéanamh ag roinnt suímh leochaileacha agus pleananna caomhnaithe agus bainistíochta a ullmhú. Riartar Ciste na Séadchomharthaí Pobail trí Chomhairle Chontae na Gaillimhe thar ceann Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Leithdháileadh €505,000 ar Ocht dTionscadal Séadchomharthaí Pobail i gContae na Gaillimhe. Áirítear leis na tionscadail maoiniú do Phleananna Bainistíochta Caomhnaithe do Chill Chraobhanta, Cill Ó gCillín agus Teampall Iarlatha faoi Shruth 2. Is éard atá i bPlean Bainistíochta Caomhnaithe ná measúnú ildisciplíneach agus plean do shuíomh lena n-áirítear ionchur ó Ailtire Caomhantais, Seandálaí, Innealtóir Struchtúr agus Éiceolaí.

### **Oibreacha Caipitiúla**

Leithdháileadh maoiniú ar oibreacha caipitiúla faoi Shruth 1 i nDíseart Ceallaigh, Paróiste Naomh Muire i mBaile Átha an Rí, Cill Bhocht agus Mainistir Naomh Caireall i nGoirtín. Maoiníodh gach ceann de na suímh sin do Phleananna Bainistíochta Caomhnaithe tríd an scéim chéanna. Maoiníodh Mainistir Ó gCormacáin faoi Shruth 3 le haghaidh plean léirmhíniúcháin. Tagann sé sin i ndiaidh ullmhú an Phlean Bainistíochta Caomhnaithe agus i ndiaidh deisithe riachtanacha agus oibreacha caipitiúla ag an suíomh.

### **Eaglais agus Másailéam Chill Bhocht**

Rinneadh oibreacha caomhnaithe ar fhothrach na heaglaise meánaoisí agus ar Mhásailéam Blake in 2023 tar éis PBC (Plean Bainistíochta Caomhnaithe) 2021 a ullmhú. Bhí an eaglais ar shuíomh clochair a bhunaigh Naomh Rícill ónar eascair ainm Chill Rícill atá in aice láimhe. Bhí an-chuid spallaí cloiche scaoilte le feiceáil ar feadh roinnt blianta agus ba ghá scóip deisiúchán a mheas chun rochtain shábháilte a chinntiú ar an suíomh. Cobhsaíodh an eaglais trí na ballaí a athphointeáil, trí mhoirtéal aoil a úsáid, agus trí fhánaí moirtéil a chur ar na cinn bhalla. Bhí fardoras nua de dhíth chun tacú leis an doras. Rinneadh deisithe ar mhásailéam Blake chomh maith. Féach níos mó

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/community-monuments-fund-2023/kilboght-church-and-mausoleum>

### **Eaglais agus Reilig Chill Chraobhanta**

D'fhostaigh Coiste Reilig Chill Chraobhanta agus Comhairle Chontae na Gaillimhe seirbhísí de chuid Aegis Archaeology chun Plean Bainistíochta Caomhnaithe a ullmhú do Chill Chraobhanta, Séadchomhartha Taifeadta GA029-096001- (Teach Rialta–mná rialta Beinidicteacha), Contae na Gaillimhe. Is séadchomhartha náisiúnta é seo faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil. Tá talamh feirmeoireachta phríobháideach mórthimpeall an tsuímh, agus tá fadhbanna móra rochtana aici.

**Eaglais agus Reilig Chill Ó gCillín**  
Plean Caomhantais agus Bainistíochta



Comhairliúcháin ildisciplíneach



---

CEANN SNOITE A ÚSÁIDTEAR MAR MHARCÓIR UAIGHE I GCILL Ó GCILLÍN





---

#### AG FÉACHAINT SIAR AR FHOTHRACH SHÉIPÉAL CHILL Ó GCILLÍN

D'fhostaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe seirbhísí de chuid Aegis Archaeology chun Plean Bainistíochta Caomhnaithe a ullmhú do Chill Ó gCillín, Séadchomhartha Taifeadta GA104-148—áit a bhfuil an eaglais, an reilig agus na gnéithe gaolmhara. Áirítear le foireann ildisciplíneach ailtire comhaontais, innealtóir struchtúr, seandálaithe agus éiceolaithe. Rinneadh Suirbhé Tomhaiste Foirgnimh, Fótagraiméadracht & Scanadh Léasair chomh maith le grianghraif ón aer agus suirbhé fótagrafach ar an bhfothrach, rud a sholáthraíonn taifead gonta agus cruinn don suíomh 2023. Ar na gnéithe suntasacha tá cinn shnoite, agus ceann acu nár taifeadadh roimhe sin, agus sainaitníodh rud a d'fhéadfadh a bheith ina fheart fáinneach sa pháirc atá taobh leis. Tá an plean ar fáil ar líne ar <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/community-monuments-fund-2023/killgilleen-church-and-graveyard>

#### **Mainistir Naomh Caireall, Cluain Caoin Cairill, Goirtín**

D'éirigh le Comhairle Pobail Ghoirtín ina hiarratas ar Mhaoiniú Séadchomharthaí Pobail 2023. Tar éis [an phlean bainistíochta caomhnaithe 2021](#) a ullmhú, agus tar éis na chéad chéime [d'oibreacha caipitiúla in 2022](#), bhí áthas ar an bpobal tuilleadh dul chun cinn a fheiceáil ar oibreacha chun an struchtúr a chobhsú atá aitheanta sa tírdhreach tuaithe in Oirthear na Gaillimhe. Féach níos mó <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/new-contributions/st-kerrills-abbey-cloonkeenkerrill-2>



### **Teampall Iarlatha, Tuaim**

D'fhostaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe seirbhísí de chuid 7L Architects chun Plean Bainistíochta Caomhnaithe a ullmhú do Theampall Iarlatha, áit a bhfuil an eaglais, an reilig agus na gnéithe gaolmhara. Áirítear le foireann ildisciplíneach ailtire comhaontais, innealtóir struchtúr, seandálaithe agus éiceolaithe. Rinneadh Suirbhé Tomhaiste Foirgnimh, Fótagraiméadracht & Scanadh Léasair chomh maith le grianghraif ón aer agus suirbhé fótagrafach ar an bhfothrach, rud a sholáthraíonn taifead gonta agus cruinn don suíomh 2023. Ar na gnéithe suntasacha tá sraith de chinn shnoite ar an mballa ar an taobh istigh agus ag fuinneog de chuid na heaglaise. Faoi thoiliú an aire bhain conraitheoirí oidhreacht crainn a raibh tionchar acu ar an taifeadadh agus ar an measúnú agus rinne an seandálaí comhairleach monatóireacht orthu. Tá an Plean Bainistíochta Caomhnaithe ar fáil le feiceáil ar líne ar

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/community-monuments-fund-2023/temple-jarlath>

### **Díseart Ceallaigh**

Rinneadh an dara céim d'oibreacha caomhnaithe, ar den riachtanas láithreach iad, ag fothrach an tséipéil agus na reilige tar éis Plean Bainistíochta Caomhnaithe a chríochnú. Tá an séipéal cloiche meánaoiseach sin a bhfuil reilig in aice leis ina fhothrach le fada an lá agus tá caillteanas suntasach saoirseachta ar an mballa thuaidh, thoir agus thiar agus níl ach píosa den bhalla theas ina sheasamh. Cé gur tugadh taca isteach chun an struchtúr a chobhsú in 2022, bhí athruithe modheolaíochta de dhíth de bharr tuilleadh titime in 2023. Féach níos mó ar

<https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/archaeology/churches/issertkelly-church-and-graveyard>

## Mainistir Ó gCormacáin

Tar éis trí chéim d'oibreacha caomhnaithe ó 2020, in 2023 chuireamar straitéis léirmhínte chun tosaigh do Mhainistir Ó gCormacáin, Contae na Gaillimhe. Teach Agaistíneach ón dara haois déag nach bhfuil a oiread clú air is ea an suíomh atá lonnaithe in Oirthear na Gaillimhe gar do shuímh níos iomráití ag Cluain Fearta, Cluain Tuaiscirt, Míleac agus Cill Chonaill. Ba é an rud a bhí fágtha ná meascán de chéimeanna 12ú haois, 15ú haois. & 17ú haoise a bhí beagnach lánchlúdaithe le heidhneán. Cé go bhfuil sé caomhnaithe anois, díriodh sa straitéis léirmhínte ar áit oiriúnach a aimsiú don cheann cloiche snoite a athaimsíodh sna 1990idí agus atá á stóráil. Chuir oibreacha suirbhé gheoifisicigh leis chun nádúr na mainistreach a chinneadh atá ceangailte leis an eaglais. Taifeadadh bailiúchán an-mhór de chloch shnoite agus rinneadh fardal de, roimh íomhá atógála atá le coimisiúnú. Rinneadh comhairliúchán le páirtithe leasmhara áitiúla agus le comhlachtaí stáit atá freagrach as na séadchomharthaí. Féach níos mó ar <https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/content/community-archaeology/community-monuments-fund-2022/abbeygormican>

## Féile na gCloch



Tá cuspóirí agus spriocanna Féile na gCloch, Féile Chloiche Inis Oírr, dírithe ar oidhreacht chultúrtha an oileáin a chur chun cinn, borradh a chur faoi thurasóireacht, tacú le gnólachtaí áitiúla agus

rannpháirtíocht phobail a chothú.

Ón 14 Meán Fómhair go dtí an 17 Meán Fómhair 2023, bhí an fhéile chloiche bhliantúil, *Féile na gCloch*, ar siúl ar Inis Oírr. Ba é an téama in 2023 ná: *Lámha trasna na hEorpa*, a léirigh an malartú cultúir idir rannpháirtithe as gach cearn den domhan.

Le linn fhéile ceithre lá, bhuail ionadaithe ó phobail tógála na cloiche singile le chéile chun eolas a chomhroinnt agus ceiliúradh a dhéanamh ar cheardaíocht, oidhreacht agus buanailleacht na hoibre cloiche is féidir a aimsiú ar Inis Oírr, in áiteanna éagsúla in Éirinn agus mórthimpeall an domhain.

Inscríobhadh *Ealaíon na Tógála Cloiche Singile, Eolais agus Teicnící* ar Liosta Ionadaíoch EOECA um Oidhreacht Chultúir Dhothadhaill an Chine Dhaonna go hoifigiúil in 2018. Áiríodh sa chéad inscríbhinn an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an tSlóivéin, an Spáinn agus an Eilvéis. I mí an Mhárta 2023 cuireadh iarratais faoi bhráid EOECA ag iarraidh Éire, an Ostair, Andóra, an Bheilg agus Lucsamburg a chur leis an inscríbhinn. Táthar ag súil le cinneadh EOECA ar an iarratas sin i mí na Nollag 2024.

Chun an t-iarratas sin ar EOECA a chomóradh agus chun tacú le comhpháirtíocht idirnáisiúnta agus le comhroinnt eolais a thuilleadh, thug Éire cuireadh d'ionadaithe ó gach tír a bhí páirteach san inscríbhinn chun a bheith i láthair ag Féile na gCloch 2023. Mar chuid den chlár féile, agus le linn dóibh a bheith á dtumadh féin i gcultúr oileáin chomh maith, thug an toiscaireacht idirnáisiúnta cainteanna agus cuir i láthair agus ghlac siad páirt i dtógáil balla idirnáisiúnta.

Comhroinneadh faisnéis shuimiúil ar thógáil cloiche singile lena n-áirítear tionscadail agus tionscnaimh leanúnacha faoin gcleachtas atá ar an bhfód leis na cianta cairbreacha, agus bhí ceardlanna ar thógáil balla cloiche singile; greanadh litreach agus snoíodóireacht chloiche; moirtéal aoil the a mheascadh agus a fhorchur; agus sceitseáil. Léiríodh i gclár gnóthach na n-imeachtaí ilúsáideacht an traidisiúin thábhachtaigh oidhreachta cultúir dothadhaill sin. Seoladh an taispeántas *'Lámha trasna na hEorpa'* chomh maith le linn na féile. Cuireadh i láthair sa taispeántas sin ealaíontacht shaibhir thraidisiúnta na tógála cloiche singile in Andóra, an Ostair, an Bheilg, an Chróit, an Chipir, an Fhrainc, an Ghréig, Éire, Lucsamburg, an tSlóivéin agus an Spáinn. D'fhreastail os cionn 150 duine ar an bhféile san iomlán.

---

TIONSCNAIMH DHEICH MBLIANA NA GCUIMHNEACHÁN CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

### **Leabhar dátheangach: *Stair an Gharda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse***

In 2023 cinneadh díriú ar ábhar a bhailiú don leabhar, an t-ábhar a phrofáil, foilseachán a aistriú agus an ghné chló den tionscadal a sholáthar in 2024 mar go raibh an méid ábhar a fuarthas i bhfad ní ba shubstaintiúla ná mar a ceapadh ar dtús. Chomh maith leis sin, mar gur foilseachán dátheangach é, caitheadh go leor ama ag aistriú chaibidlí an leabhair agus ag cros-seiceáil an leagain Gaeilge agus an leagain Béarla den leabhar.

Pléitear sa leabhar le bunú an Gharda Síochána, agus teacht an Gharda Síochána go Gaillimh ar an 25 Meán Fómhair 1922. Tugtar léargas sa leabhar ar conas a chabhraigh An Garda Síochána le sochaí shábháilte agus shíochánta a thógáil go háirithe i dtaca le Contae na Gaillimhe agus conas a chabhraíonn baill den Gharda Síochána le ceantair áitiúla ina n-oibríonn siad agus ina maireann siad. Chomh maith leis sin léirítear an chaoi inar athraigh ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas.

Is iad na spriocphobail don fhoilseachán ná an pobal i gcoitinne, daoine aonair, baill ar scor agus baill i mbun seirbhíse den Gharda Síochána (lena n-áirítear fórsaí póilíneachta eile) agus scoileanna sa chontae agus diaspóra chomh maith le taighdeoirí agus acadóirí.


Táthar ag súil go méadóidh an foilseachán dátheangach sin feacht agus eolas maidir leis an tréimhse chinniúnach sin dár stair. Chomh maith leis sin féachfaidh sé leis an méid a chuir An Garda Síochána le gach gné de shaol na Gaillimhe le céad bliain anuas a léiriú.

## **Leabhar oibre ar An Garda Síochána i gContae na Gaillimhe: Céad Bliain i mbun Seirbhíse do bhunscoileanna**

Tá an leabhar oibre dátheangach sin dírithe ar dhaltaí i rang 5 agus rang 6 agus ionchorprófar é i gcuraclam na bunscoile agus díreofar ann ar fheasacht, eolas agus léirmhíniú ar an saol sna 1920idí in Éirinn agus ar ról an Gharda Síochána le 100 bliain anuas. Is iad daltaí Bunscoile agus a múinteoirí na spriocphobail .

Táthar ag súil go méadóidh an tionscadal sin feasacht agus eolas maidir leis an tréimhse chinniúnach sin dár stair. Chomh maith leis sin féachfaidh sé leis an méid a chuir An Garda Síochána le gach gné de shaol na Gaillimhe le céad bliain anuas a léiriú. Seolfar an foilseachán in 2024 agus dáilfidh an tSeirbhís Leabharlainne Taistil de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar na scoileanna sa chontae é.

## **Teach na mBocht i bPort Omna: Scéal na nDaoine i dTeach na mBocht a Insint**



Go dtí le déanaí, ní raibh mórán eolais ar eispéiris na mbochtán, idir bhás agus bheatha, i dTeach na mBocht i bPort Omna. Dearbhaíodh Aontas Phort Omna ar an 22 Feabhra 1850 agus osclaíodh an foirgneamh do theach na mbocht in 1852 a raibh spás ann do 600 duine ach is beag buntaifead faoi Aontas Phort Omna atá fós ar marthain. Mar shampla, níl cláir iontrála nó scaoilte amach le haghaidh daoine a bhí ina gcónaí ann nó bun-mhiontuairiscí cruinnithe de Bhord Bardachta Phort Omna, Leabhair na bPionós de chuid na Máistrí nó foinsí príomhúla ábhartha eile. Mar thoradh air sin, is deacair taighde a

dhéanamh agus tá sé dírithe ar an achoimre ar chruinnithe den Bhord Bardachta a foilsíodh sna nuachtáin áitiúla agus atá ar fáil ar líne trí chartlann nuachtán na hÉireann agus na Breataine faoi seach.

Cé go bhfuil na foinsí tánaisteacha sin thar a bheith luachmhar, ní insítear dúinn faoi thaithí shaoil na mbochtán mar nach féidir brath i gcónaí ar na taifid sin le heispéiris éagsúla a mhionsonrú a bhí ag na daoine a tháinig isteach i dTeach na mBocht i bPort Omna. Cé gur féidir teacht ar eolas i bhfoilseacháin eile faoi dhlí na mbocht mar institiúid shóisialta, ní féidir linn ach buille faoi thuairim a thabhairt faoi na héifeachtaí tráma ó ghlúin go glúin, an teorannú ar chearta agus riachtanais daoine aonair agus a dteaghlach, dearcthaí ar inscne agus dochar fadtéarmach a raibh institiúidiú faoi deara dóibh. Fuarthas an chéad spreagadh don taighde sin in 2019 nuair a d'fhoilsigh staraí áitiúil David Broderick Finding Ogle: The Mystery of the Disappearing Workhouse Master. Bhí

taighde David dírithe den chuid ba mhó ar lár na 1860idí ach bhí baint aige le bunú Aontas Dhlí na mBocht i bPort Omna chomh maith. An rud ba thábhachtaí ná léiríodh ina shaothar conas a thug oifigigh aghaidh ar bhochtaineacht, galar agus bás. Tá an tsuim athnuaite sin i mbochtáin theach na mbocht mar ghuth dóibh agus tá deis ann chun cur leis an bhfaisnéis luachmhar a chomhroinn sé. Rinneadh an taighde don fhoilseachán sin le linn shrianta Covid in 2020 nuair nach raibh foireann ag Ionad Theach na mBocht d'Éirinn in ann taisteal nó turais chuig an bhfoirgneamh a sholáthar. Cinneadh go dtabharfadh an sos éigeantach am a bhí ag teastáil go géar chun tuilleadh taighde a dhéanamh ar stair Theach na mBocht i bPort Omna. Agus muid ag críochnú an taighde sin go dtí seo, cuimhnímid orthu siúd a mhair agus a fuair bás i dTeach na mBocht i bPort Omna. Tá neart le foghlaim againn faoi Theach na mBocht i bPort Omna agus faoi na daoine a shiúladh na hallaí romhainn, ach is tús maith é an leabhar sin.

### **Scáthanna a Nochtadh: Tob-Thaispeántas**

Tá ár dtaispeántas ag gabháil leis an leabhar agus tá sé mar réamhrá do na príomhchaibidlí, atá dírithe ar Dhlí na mBocht, Ailtireacht Thithe na mBocht, an Bord Bardachta agus Foireann, Bás agus Beatha i dTeach na mBocht agus Dúnadh Thithe na mBocht in Éirinn.

### **An tAltra i dTeach na mBocht: Gearrscannán**

Fostaíodh scannánóir Paul Murphy chun gearrscannán a chruthú faoi ghné amháin de stair theach na mbocht nach ndearnadh taighde uirthi mar ba cheart fós. Agus é ag obair le cara de chuid agus oibrí deonach theach na mbocht Lisa McGeeney, rianaíonn an scannán ról an altranais i gcóras theach na mbocht, agus an ról ríthábhachtach a bhí ag an otharlann sa cheantar áitiúil go dtí gur dúnadh é.

### **Iniúchadh ar Chuimhneacháin ar Thaobh Bealaigh i gContae na Gaillimhe: Céim 1**

Céim a hAon d'Iniúchadh na Gaillimhe ar Chuimhneacháin ar Thaobh Bealaigh, a choimisiúnaigh Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe in 2023. Díríodh i gCéim 1 den chuid ba mhó ar thaighde deisce ar chuimhneacháin inaitheanta ar thaobh bealaigh chomh maith le réimsí leantacha agus scrúdú comhthéacsúil. I gcéim a dó, bhí níos mó airde ar rannpháirtíocht phoiblí agus ar chaidreamh leis an bpobal chun tuilleadh cuimhneachán a aithint, chomh maith le cur le faisnéis chomhthéacsúil agus stairiúil.

Cruthaíodh bunachar Microsoft excel chun taifeadadh a dhéanamh, le réimsí a chomhfhreagródh leis na sonraí a gineadh. Rinneadh suirbhéireacht ar gach cuimhneachán agus tá a thaifead féin ag gach ceann acu le haithint ó uimhir ar leith. Rud atá tábhachtach, tagann an bunachar le caighdeán idirnáisiúnta cartlainne ISAD agus fágann sé gur féidir ceangal le hipearnasc a dhéanamh ar thaifid ghaolmhara ar fud iliomad suíomh.

## An Ócáid Chlabhsúir do Dheich mBlíana na gCuimhneachán

Ba í “Glacadh leis Am atá Caite” a bhí ar siúl Déardaoin an 14 Nollag an ócáid chlabhsúir do chlár Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le Deich mBlíana na gCuimhneachán. Ba chomhthionscnamh é sin idir an Oifig Oidhreachta, Seirbhíse Leabharlainne an Chontae agus na Cathrach agus Rannóg Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Chuaigh daoine den phobal i bpáirt le heagraíochtaí pobail, staraithé, saineolaithe oidhreachta agus comhaltaí tofa agus oifigigh de chuid an údaráis áitiúil chun aitheantas a thabhairt do chuimhneamh ar an tréimhse thábhachtach agus chinniúnach i stair na hÉireann agus i stair Chontae na Gaillimhe le deich mbliana anuas.



Sheol an Comhairleoir an Dr. Evelyn Parsons, Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an ócáid agus thug Gearóid Ó Tuathaigh, an tOllamh Emeritus le Stair agus Iar-Dhéan Ealaíon agus Iar-Leas-Uachtarán OÉ Gaillimh an príomhathasc. Le

linn an lae bhí meabhrúcháin ar taispeántais éagsúla a ndearnadh taighde orthu agus a bhí ar siúl le linn na ndeich mbliana agus bhí taispeántas ceirde, foilseacháin éagsúla agus sárthaispeántas físeán agus scannán ann. Chuir Tomás Mannion, Carmel Dempsey agus aíonna Aeraíocht cheoil agus damhsa i láthair chomh maith.

Tionscadal an-tábhachtach oidhreachta de Straitéis Dheich mBlíana na gCuimhneachán do Chontae na Gaillimhe is ea é taifeadh agus foilsiú na scéalta maidir leis an ról lárnach a bhí ag Gaillimh sa tréimhse réabhlóideach ó 1913 go 1923, scéalta nár chualathas agus nár scríobhadh fúthu cheana. Féach ar shuíomh gréasáin Dheich mBlíana na gCuimhneachán a bhfuil duaiseanna buaite aige ar [www.galwaydecadeofcommemoration.org](http://www.galwaydecadeofcommemoration.org) agus <https://www.podomatic.com/podcasts/beogalway> chun tuilleadh eolais a fháil.

## ICAN — Suíomh Gréasáin Oidhreachta Pobail

Lean an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirt le Músaem Shaol an Chontae, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an suíomh gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oidhreachta ar fáil do na grúpaí i rith na bliana.

Lean an Oifig Oidhreachta de bheith ag obair i gcomhpháirt le Músaem Shaol an Chontae, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an chontae chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an suíomh gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oidhreachta ar fáil do na grúpaí i rith na bliana.

## Oidhreachta Phobail na Gaillimhe – Cruinniú de ICAN (Líonra Chartlann Phobail na hÉireann) sa Sceachánach

Bhí cruinniú de chomhaltaí d'Oidhreachta Phobail na Gaillimhe – ICAN ar siúl Dé Céadaoin an 10 Bealtaine in Screens sa Ghiolcach. Chomh maith le Lorna Elms agus Hassan Dabbagh ó Ard-Mhúsaem Shaol na Tuaithe, bhí comhaltaí ann ó Ghrúpa Oidhreachta Uachtar Ard, Grúpa Oidhreachta Mhaigh Cuilinn, Grúpa Oidhreachta Bhaile Chláir, Grúpa Oidhreachta Chill Fhir Iarainn, Grúpa Oidhreachta Mhaigh Locha, Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí, Grúpa Oidhreachta na Mainistreach, Seandálaíocht Phobail na Gaillimhe agus Grúpa Oidhreachta Mhóta. Ba é an chéad chruinniú pearsanta ó mhí Feabhra 2020. Bhí cruinnithe ar líne ar feadh 3 bliana idir an dá linn.



## Taighde ar Bhailte Fearainn

Ag obair le hOidhreachta Phobail na Gaillimhe, GRD, Fóram Chonamara, Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Bhaile Átha an Rí, CDS Chorr na Móna agus mic léinn de chuid Ollscoil na Gaillimhe chun taighde ar stair na mbailte fearainn a thaifeadh agus a dhoiciméadú. Féach an méid seo a leanas le haghaidh tuilleadh faisnéise:



<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/townlands-of-county-galway>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/joyce-country-places>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/galway-east-townland-research>

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/places/connemara-roots-nw-connemara-heritage>

## **Deontais ón Scéim Tacaíochta Pobail: Oidhreacht**

An Scéim Deontais Oidhreachta a chur i bhfeidhm mar chuid de Dheontais Scéim Tacaíochta Pobail Comhairle Chontae na Gaillimhe.

## **Féilire an Mhíle Órga**

Cuireadh *Féilire an Mhíle Órga* amach i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe 2023 agus dáileadh é ar fud an chontae.

## **Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023**

Bhí Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2023 ar siúl Dé Sathairn an 12 Lúnasa go Dé Domhnaigh an 20 Lúnasa 2023. Chuir an Chomhairle Oidhreachta fáilte roimh dhaoine aonair, pobail agus eagraíochtaí chun tionscadail Sheachtain na hOidhreachta a fhorbairt. Ba é an téama do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta ná ‘Oidhreacht Bheo’ a shainmhínítear mar na cleachtais, eolas agus scileanna a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin agus a úsáidtear fós sa lá atá inniu ann.

Bhí **1860** imeacht pearsanta san iomlán ar siúl ar fud na tíre agus bhí **69** tionscadal digiteach oidhreachta ar siúl le linn sheachtain na hoidhreachta chomh maith. Bhí **100** imeacht pearsanta i gContae na Gaillimhe agus bhí **7** dtionscadal dhigiteacha ar siúl chomh maith (Cathair na Gaillimhe as an áireamh). Bhí imeachtaí ar siúl i ngach cuid den chontae.

Is é seo a leanas an nasc chuig an 100 imeacht pearsanta i gContae na Gaillimhe:

<https://www.heritageweek.ie/event-listings?q=&where%5B%5D=galway-county#listings>

Is é seo a leanas an nasc chuig na 7 n-imeacht dhigiteacha oidhreachta a bhí i láthair go pearsanta i gContae na Gaillimhe:

<https://www.heritageweek.ie/projects?q=&where%5B%5D=galway-county#listings>

## **Féach thart ar oidhreacht Chonamara & Loch Coirib! Turas Bus & Báid**

Reáchtáladh an t-imeacht sin de chuid sheachtain na hoidhreachta i gcomhpháirtíocht le hOidhreachta Uachtar Ard & Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



Bhí an t-imeacht sin ar siúl Déardaoin an 17 Lúnasa agus bhí 49 duine ann (uastuilleadh).

Thug siad cuairt ar Theach Cúirte Uachtar Ard agus d'fhéach siad ar Thaispeántas an Gharda agus ina dhiaidh sin chuaigh siad ar thuras báid go dtí Inis an Ghail agus ar thuras siúil timpeall Chonga a thug Vincent Campbell, treoraí turais. Bhí lón ina dhiaidh sin in Burke's san Fhairche chomh maith le caint a thug Michael Hegarty, Bainisteoir, Tionscadal Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair, ar Gheopháirc Dhúiche Sheoigheach.

### **“Ag Rianú do Fhréamhacha i nGaillimh: Faigh amach faoi Stair do Theaghlaigh” Scéalta do Shinsear a Nochtadh**

Bhí an t-imeacht sin ar siúl Déardaoin an 15 Lúnasa 2023 i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Cnoc na Radharc, Gaillimh H91 H6KX.

Thug John Grenham caint “Sloinnte na Gaillimhe a Mhapáil”. Scrúdaíodh sa chaint na bealaí is féidir le samhlú shuíomh na dteaghlach cabhrú le ginealas agus le stair áitiúil, teaghlaigh a bhaineann le sloinnte áirithe atá i dtaifid daonáirimh agus taifid breitheanna, póstaí agus básanna de chuid Luacháil Uí Ghríofa agus sholáthair sé samplaí gléineacha maidir le cé chomh háitiúil is atá roinnt sloinnte agus cé chomh forleathan is atá sloinnte eile. Bhí cuid den chúlra teicniúil maidir le cruthú mapaí sa chaint, ach bhí sé dírithe ar na sloinnte den chuid ba mhó.

I ndiaidh na cainte sin, bhí ceardlann idirghníomhach ar siúl ina bhfuair daoine den phobal comhairle duine le duine maidir le ceisteanna faoi thaighde ginealais.

Tá an t-imeacht sin á eagrú ag Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Staidéir Áitiúla, Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, Cumann Stair Theaghlaigh Oirthear na Gaillimhe, Cumann Stair Theaghlaigh na Gaillimhe Thiar (Teoranta), Cumann Stair Theaghlaigh an Iarthair, Ireland XO, Oidhreachta Uachtar Ard & Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí.



TÉANN AN CHOMHAIRLE OIDHREACTHA I BPÁIRT LE HARD-MHÚSAEM NA HÉIREANN AGUS LE HÚDARÁIS ÁITIÚLA RANNPHÁIRTEACHA LENA N-ÁIRÍTEAR COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE CHUN DIGITIÚ CHARTLANNA POBAIL NA HÉIREANN A MHAOINIÚ, TRÍ ICAN



GRÚPAÍ OIDHREACTHA POBAIL NA GAILLIMHE ÓN MAINISTIR, MÓTA, CILL FHIR IARAINN, MAIGH LOCHA, AN SCEACHÁNACH, BAILE AN MHUILINN, BAILE CHLÁIR, MAIGH CUILINN & UACHTAR ARD LEIS AN DR. MARTINA MOLONEY, CATHAOIRLEACH NA COMHAIRLE OIDHREACTHA, VIRGINIA TEEHAN, PRÍOMH-OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN, AN CHOMHAIRLE OIDHREACTHA, MARIE MANNION, OIFIGEACH OIDHREACTHA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, ROSINA JOYCE, OIFIGEACH BITHÉAGSÚLACHTA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE AGUS BERNIE DOHERTY, SEANDÁLAÍ POBAIL NA GAILLIMHE AG AN SEOLADH I GCILL MHANTÁIN.

Bhí imeacht ar siúl i gCill Mhantáin ar an 31 Bealtaine chun tús nua a chomóradh do Líonra Chartlann Phobail na hÉireann (iCAN) a bhfuil duaiseanna buaite aige, an phríomheagraíocht a chuireann cartlann phobail chun cinn agus a thacaíonn leo in Éirinn.

Ó bhí 2009 ann, thacaigh iCAN le cruthú 33 cartlann dhigiteach ar líne sa Chlár, Corcaigh, Gaillimh, Maigh Eo agus Cill Mhantáin, agus tá trí cinn eile á bhforbairt faoi láthair. Tá breis is 180 oibrí deonach rannpháirteach maidir leis an gcartlann phobail atá ann a bhainistiú agus le tacú léi. Bhunaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann iCAN agus forbraíodh é i gcomhpháirtíocht le hOifig Oidhreachta údaráis áitiúil rannpháirtigh agus le tacaíocht ó Éire Ildánach.

Soláthraítear i samhail chomhpháirtíochta an údaráis áitiúil maoiniú, treoir agus acmhainní ar leibhéal áitiúil agus cuireadh tús leis in éineacht le hOifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2014. Mar thoradh air sin, bunaíodh an chéad chartlann dhátheangach do iCAN agus an chéad ardán cartlainne digití ilsuímh atá bunaithe ar chontae, rud a ghlac Comhairlí Contae eile ar fud na tíre ó shin i leith. Idir 2019 agus 2020, thacaigh Clár Éire Ildánach le iCAN.

Tá suímh ghréasáin cartlainne pobail de chuid iCAN bunaithe ar rannchuidiú, rud a chiallaíonn gur féidir le duine ar bith, in aon áit ar domhan, grianghraif, léarscáileanna, litreacha, taifid, scéalta agus doiciméid a chur leo chun cabhrú leis na bailiúcháin a thógáil. Chomh maith le heolas ar shuímh áitiúla oidhreachta, traidisiúin agus daoine áitiúla iomráiteacha a dhoiciméadú, is foinse luachmhar le haghaidh ginealais agus tionscadail sinsearachta í an chartlann chomh maith.

Áirítear le cuid mhór den chartlann startha béil agus físeáin agus acmhainní luachmhara amhail doiciméid ‘daonáirimh’ áitiúla ón aimsir roimh an nGorta Mór, agus is féidir le cuairteoirí rochtain a fháil ar chartlann dhigiteach agus ar chartlann inchoardaithe maidir le reiligí sonracha, bailte fearainn agus fiú tithe - rud a thugann léargas luachmhar ar leith ar thaifid teaghlach.

Úsáideann an diaspora cartlann phobail iCAN chun teagmháil a dhéanamh le grúpaí áitiúla, a chabhraíonn leo maidir lena gceisteanna faoi stair theaghlaigh. Mar thoradh ar na naisc sin, is minic a thugtar cuairt ar Éirinn agus tugann an grúpa áitiúil cuairteoirí chuig bailte agus uaigneanna de chuid a sinsir, rud a athshnaidhmeann an ceangal idir iad agus baill teaghlaigh anaithnide nó cailte. Tá oibrithe deonacha ag roinnt den chartlann atá lonnaithe thar lear i dtíortha amhail Meiriceá agus an Astráil. Tá 2,244,000 cuairt tugtha ar líonra iCAN.

ag cuairteoirí as 215 tír, nó 16,000 cathair, ar fud an domhain - scrúdaíodh breis is 5,750,000 leathanach maidir le hábhair oidhreachta na hÉireann.

Is féidir teacht ar naisc chuig Suímh Ghréasáin de chuid Phobail na Gaillimhe anseo:

<https://heritage.galwaycommunityheritage.org/>

<https://galwaycommunityheritage.org/>

## Clár Éire Ildánach, Tionscadal na nGeataí Gaibhnithe de chuid Oifig Oidhreachta na Gaillimhe

### Maidir leis an Tionscadal

Is gné luachmhar d’oidhreacht chultúrtha ár dtírdhreacha tuaithe i gContae na Gaillimhe é an geata páirce iarainn bhualte dúchasach gaibhnithe, ach is minic a dhéantar dearmad air. Gaibhníodh na geataí páirce seo den chuid is mó i gceárta gabha áitiúil.

Tá siad praiticiúil agus feidhmiúil agus ag an am céanna is léiriú ealaíonta iad ón ngabha a rinne iad. Le linn an fichiú haois, d’éirigh geataí iarainn theilgthe, geataí cruach feadánaí agus geataí olltáirgthe eile, ní ba choitianta, ach ag an am céanna chuaigh na geataí iarainn bhualte ghaibhnithe i léig faoi mar a chuaigh ceárta an ghabha. Chomh maith leis sin, mar gheall ar athruithe a tháinig ar chleachtais feirmeoireachta, tréigeadh an-chuid de na geataí seo i bhfálta agus i bpáirceanna ar fud an chontae, mar go raibh na seangheataí páirce iarainn bhualte ghaibhnithe róbheag chun ligean d’innealra mór nua dul isteach sna páirceanna. Mar sin féin, don té a bhfuil súil ghrinn aige, tá an-chuid de na geataí páirce iarainn bhualte sárthógtha fós le fáil timpeall an chontae.

De réir ICMOS “Tá tábhacht leis an oidhreacht thógtha dhúchasach; is é an léiriú is bunúsaí é ar chultúr an phobail, ar a chaidreamh lena thalamh, agus ag an am céanna, is léiriú é ar an éagsúlacht chultúrtha atá ar domhan.”

Mar sin, is í aidhm an tionscadail seo ná an saibhreas geataí páirce iarainn bhualte atá le fáil i gcónaí na Gaillimhe a aithint agus a thaifeadadh, agus feasacht agus eolas a mhéadú mar gheall orthu. Féachfaidh sé freisin le hainmneacha na ngaibhne áitiúla agus a gcuid ceártaí a aithint.

Bhí slua de bhreis is 280 duine ó 9 mbliana d’aois go 90 bliain d’aois i láthair “Tionscadal Gheataí Gaibhnithe Chontae na Gaillimhe” a sheol an Comh. Eileen Mannion, Leas-Chathaoirleach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, go hoifigiúil Dé hAoine seo caite ag Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin/Campas OTA, An Creagán, Contae na Gaillimhe.

Bhí tús simplí ag an tionscadal sin, nuair a thosaigh Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí ar leith go neamhspleách a bhain le



heolas a bhailiú agus a thiomsú, le hoidhreacht bhéil agus íomhánna geataí gaibhnithe, le ceird an ghabha agus an cheárta. Níor éirigh leis na tionscadail go dtí gur tháinig an dá ghrúpa le chéile agus bhí tús Thionscadal Gheataí Gaibhnithe na Gaillimhe mar thoradh air sin.

Dúirt an Comh. Eileen Mannion, Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe “go dtaispeánann agus go gcaomhnaíonn an tionscadal tábhacht an ghabha agus na ceárta mar a insíonn na gaibhne féin agus a sliocht de réir mar a thugann siad cuimhní na hóige agus scéalta na sinsear chun cuimhne agus a insíonn siad iad.” Dúirt sí chomh maith “A bhuí leis an tionscadal nua arna mhaoiniú ag Éire Ildánach agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus leis an tabhartas deonach ó Ghrúpa Oidhreachta na



Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí agus ó Choláiste na Corónach Muire Naofa, An Creagán, tá an t-eolas an-luachmhar sin ar fad taifeadta ar ghearrscannáin, agallaimh agus taifeadtaí, grianghraif, preabhmheirgí agus cártaí poist a rinneadh le cúnamh agus tabhartais ó oibrithe deonacha áitiúla agus gairmithe na meán agus tá sé ar fáil saor in aisce do chách anois chun é a thuiscint agus a úsáid.”



Dúirt Jimmy Laffey, OCP, Grúpa Oidhreachta Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí “In Éirinn, bhí ról tábhachtach sa phobal ag an ngabha go traidisiúnta agus cé go ndearna siad crúite capaill do chapail feirme, capaillíní agus asail mar chrúdóirí go príomha, dheisigh siad agus rinne siad uirlisí talmhaíochta, rothaí, geataí agus ráillí chomh maith le neart tascanna eile lena n-áirítear a n-uirlisí féin don

cheird a dhéanamh. Bhíodh ceárta amháin agus gabha, ar a laghad, i ngach baile agus sráidbhaile in Éirinn. Ceann de na príomhsheirbhísí eile a sholáthair siad ar a n-áitreabh ná áit don phobal bailiú le chéile inar chomhroinn muintir na háite smaointe, comhairle, scéalta, nuacht agus gan dabht roinnt cúlchainte chomh maith.”

Agus í ag labhairt ag an seoladh, tugann Emma Laffey, mar phríomh-chomhordaitheoir le Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí, chun cuimhne “gur thosaigh sé domsa ar bhealach an-simplí, i ndáiríre, nuair mar a thosaigh mé ag tabhairt faoi deara líon ollmhór na ngeataí iarainn bhualte ar thaobh na mbóithre agus mise ag tiomáint chuig an obair agus mórthimpeall cheantar na Sceachánaí. Thosaigh mé ag tógáil grianghraf de na cinn ní b’áitiúla, ar m’fhón, agus ag fáil ceadanna ó na húinéirí talún agus ó na sealbhóirí tí chomh maith le haon scéal nó stair a bhain leis na geataí uathu. B’iontach an fhreagairt ó na pobail áitiúla agus an t-eolas a bhí acu. Mar sin rinne mé cinneadh an t-eolas ar fad a bhailigh mé a chur i leabhar faoi chlúdach crua ar líne mar chuimhneachán do Ghrúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí. Chlóigh mé

cúpla cóip agus de bharr mholadh Jimmy Laffey chuir mé cóip chuig ár nOifigeach Oidhreachta do Ghailimh Marie Mannion, ach d'aithin mé go raibh creatlach an tionscadail i bhfad ní ba mhó maidir le ceártaí agus gaibhne ar na bacáin. Tá an chuid eile den scéal ar eolas againn agus is é an toradh an táirge deiridh atá againn mar fhoireann anois. Cheap mé gur thuras thar a bheith tairbheach é agus bhuaill mé leis an oiread sin daoine iontacha agus d'oibrigh mé leo agus d'fhoghlaim mé an oiread sin uathu. Tá mé chomh buíoch de gach uile dhuine acu. D'fhoghlaim mé go bhfuil sé fíorthábhachtach an méid is féidir leat a thaifeadadh a thaifeadadh sula mbeidh sé rómhall mar go bhfuil beirt rannpháirtithe sháréirimiúla agus stórtha eolais don tionscadal cailte againn, John Mannion agus John Joe Ward, díreach le blianta beaga anuas.”

Dar le Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe “Is gné luachmhar d’oidhreacht chultúrtha ár dtírdhreacha tuaithe i gContae na Gaillimhe é an geata páirce iarainn bhuaillte dhúchasaigh ghaibhnithe, ach is minic a dhéantar dearmad air. Gaibhníodh na geataí páirce seo den chuid is mó i gceárta gabha áitiúil.

Tá siad praiticiúil agus feidhmiúil agus ag an am céanna is léiriú ealaíonta iad ón ngabha a rinne iad. Le linn an fichiú haois, d’éirigh geataí iarainn theilgthe, geataí cruach feadánaí agus geataí olltáirgthe eile, ní ba choitianta, ach ag an am céanna chuaigh na geataí iarainn bhuaillte ghaibhnithe i léig faoi mar a chuaigh ceárta an ghabha. Chomh maith leis sin, mar gheall ar athruithe a tháinig ar chleachtais feirmeoireachta, tréigeadh an-chuid de na geataí seo i bhfálta agus i bpáirceanna ar fud an chontae, mar go raibh na seangheataí páirce iarainn bhuaillte ghaibhnithe róbheag chun ligean d’innealra mór nua dul isteach sna páirceanna. Mar sin féin, don té a bhfuil súil ghrinn aige, tá an-chuid de na geataí páirce iarainn bhuaillte sárthógtha fós le fáil timpeall an chontae.

Mar sin, ba é aidhm an tionscadail sin ná an saibhreas geataí páirce iarainn bhuaillte atá le fáil i gContae na Gaillimhe a aithint agus a thaifeadadh, agus feasacht agus eolas a mhéadú orthu. D’fhéach sé le hainmneacha na ngaibhne áitiúla agus a gceártaí a aithint. Mar a léirítear sa tionscadal sin is í an tslí is fearr chun an t-eolas sin a thaifeadadh ná obair lenár bpobail áitiúla agus le Grúpa Oidhreachta na Sceachánaí agus Ceantar na Sceachánaí a bhfuil an-tuiscint agus eolas acu ar a n-oidhreacht áitiúil. Agus muid ag obair le Coláiste na Corónach Muire Naofa, An Creagán, tá neart dár n-oidhreacht áitiúil a bhí faoi cheilt nochta againn anois.”





Tar éis an tseolta chirt bronnadh geata macasamhla álainn lánfheidhmiúil a bhí in ann luascadh agus an laiste a chur, agus a raibh colúin aige chomh maith, ar rannpháirtithe, a bhí páirteach i dtaifeadtaí fuaimne, scannánóireacht agus foilseacháin chomh maith leis na baill den choiste stiúrtha.

Chomh maith leis sin tugadh bronntanas speisialta do John Feeney, gabha ar scor as Baile Éamainn, a tháinig ar ais go láidir anuraidh chun ceithre scannán iontacha do na cartlanna a dhéanamh. Ba phictiúr réalaióch é sin de John agus é ag obair ag a thine cheárta agus é ag déanamh bachall caorach agus ba iad na gnéithe ba shuntasáí ná an scáil den dath dearg ar a aghaidh agus ar a spéaclaí. Rinne Eve Murray as an Sceachánach é ar mac léinn ealaíne dara bhliain í i Luimneach agus tá sé mar fhianaise ar a cuid buanna doshéanta.



***Choíche agus i gCónaí Scéal Iontach Aleen Cust 'An Chéad Tréidlia Mná riamh sa Bhreatain agus in Éirinn' (Leabhar Oibre Dátheangach do Bhunscoileanna)***

Niamh Ní Chróinín, ambasadóir nuacheaptha de chuid TG4 do leanaí agus an láithreoir don chainéal leanaí tiomnaithe Cúla4 agus an Comh. Michael Maher, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, sheol siad leabhar oibre dátheangach faoi Aleen Cust; an chéad tréidlia baineann a d'oibrigh in Éirinn, nó ar domhan, in 1900 i gColáiste Talmhaíochta an Chreagáin OTA ar an 21 Aibreán.

Bhí timpeall 150 dalta ó Scoil Náisiúnta an Chreagáin, Scoil Náisiúnta Mhaigh Locha, Coláiste na Corónach Muire Naofa, Coláiste an Chreagáin agus daoine den phobal ag an seoladh. I measc na ndaoine a bhí ann bhí Martin Blake, an Príomh-Oifigeach Tréidliachta, an Roinn Talmhaíochta, an Comh. Roger Kennedy, Comhairle Contae Thiobraid Árann, an Comh. Joe Murphy, Cathaoirleach Fhóram Chontae Ros Comáin um Oidhreacht, an Comh. an Dr. Evelyn Parsons, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaghe agus an Seanadóir Victor Boyhan.





Scríobh Eithne O'Halloran ó Mhainistir na Coille Móire an téacs agus dhear sí an leagan amach le cúnamh ó léaráidí den chéad scoth a rinne Sara Nylund. Tá leagan amach dátheangach ag an leabhar oibre agus meallfaidh sé lear mór léitheoirí óga agus tá luach oideachais sa bhreis aige mar go bhfuil ceacht ag gach mír chun aigni fiosracha a spreagadh chomh

maith le tráthanna na gceist, cluichí focal agus dúshláin ealaíonta. Moltar san aiseolas go dtí seo go ndéanfaidh an leabhar siamsa do léitheoirí óga agus, go deimhin, do léitheoirí níos sine.

Salaíodh Aleen Cust in Éirinn ag Mainéar an Chorrhdhaingin, gar do Thiobraid Árann in 1868, do Leopold agus don Bhantiarna Cust, gníomhaire talún d'éastát Smith-Barry. Tar éis bhás anabai Leopold in 1878 ag daichead a sé bliain d'aois, bhog an teaghlach ar ais go Sasana agus rinneadh



coimirí theaghlach Widdrington de Aleen, teaghlach i Halla Newton, Northumberland, gar do theorainn na hAlban. Bhí fonn ar Aleen i gcónaí a bheith ina tréidliacha agus d'ainneoin gur shéan a teaghlach í, chuaigh sé ar Choláiste nua na Tréidliachta i nDún Éideann agus bhain sí céim le tuillteanas amach in 1900. Dhiúltaigh an Coláiste Ríoga i Londain di cead a scrúduithe deiridh a dhéanamh mar gur bhean í. D'ainneoin an bhuille sin, d'fhill Aleen ar Éirinn agus ghlac sí le post mar chúntóir do thréidliacha mór le rá William Austine Byrne in Áth Liag, Contae Ros Comáin. Ba thréidliacha iontach í Aleen chomh maith le banmharcach den scoth; ar ghlac an pobal léi agus bhí sí cineálta

agus comhbhách lena cliantacht. In 1905 fuair Aleen post conspóideach mar Chigire Tréidliachta Údaráis Áitiúil do cheantar an Chreagáin (rinne an Western People cur síos air mar ‘déistineach, mura bhfuil sé míchuí ar fad’), post a bhí aici go dtí 1915 nuair a thiomáin sí a carr féin go dtí an Fhrainc chun cabhrú le cóir leighis a chur ar chapail ghortaithe le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda.

Rinne ‘Miss Cust’ nó ‘Vet Cust’ mar a tugadh uirthi, marcaíocht ar stail bhán Arabach le linn na mblianta ní ba luaithe agus í ag obair agus cuimhnítear uirthi i nGaillimh agus i Ros Comáin de bharr a macántachta, hintleachta, céille, draíochta agus dúthrachta. Ba dheacair do na mná a tháinig sna sála uirthi poist a fháil mar go raibh claontachtaí na sochaí agus an meathlú eacnamaíochta ina mbacainní ollmhóra sna blianta sin. Sa lá atá inniu ann, glactar le i bhfad níos mó ban ná iarratasóirí fir i scoileanna tréidliachta ar fud an domhain. Tá baineannú na gairme tréidliachta críochnaithe ar gach bealach.

Agus an Comh. Michael ‘Moegie Maher, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe ag labhairt ag an seoladh dúirt sé “Bhuel, buíochas le Dia, tá athruithe tagtha ar chúrsaí agus céad bliain ina dhiaidh sin is mná iad formhór na 3000 tréidlia cláraithe nó os a chionn atá in Éirinn. Tá áthas orm go mbeidh an leabhar oibre dátheangach seo ina n-insítear scéal Aleen ar fáil do gach scoil i nGaillimh, Ros Comáin agus Tiobraid Árann.” Agus é ag labhairt leis na daltaí i láthair dúirt sé chomh maith “Tá súil agam go spreagann scéal Aleen sibh agus má tá muinín agaibh asaibh féin is féidir rud ar bith a dhéanamh”.

Tá an leabhar oibre mar oidhreacht shíoraí don chuimhne ar an mbean cheannródaíoch chróga sin”

Bhí an leabhar oibre sin á mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Maoiniú Údarás Áitiúil Dheich mBliana na gCuimhneachán); Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhair Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Is gníomh é sin de Straitéis Dheich mBliana na gCuimhneachán 2013-2023 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá cóip dhigiteach den leabhar oibre ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/people/aleen-cust/ever-and-always>

### **Bronnadh Ghradam Oidhreachta Náisiúnta na mBailte Slachtmhara ar Ghrúpa Oidhreachta Bhaile Liam agus ar Bhailte Slachtmhara Bhaile Liam**

Bronnadh Gradam Oidhreachta Náisiúnta na mBailte Slachtmhara ar Ghrúpa Oidhreachta Bhaile Liam agus ar Bhailte Slachtmhara Bhaile Liam Dé Domhnaigh an 26 Samhain ag Muileann Theampall an Tóchair, Baile Liam.



Le 20 bliain iontach anuas, tá Grúpa Oidhreachta Bhaile Liam agus Bailte Slachtmhara Bhaile Liam ar thús cadhnaíochta i gcaomhnú agus i bhfeabhsú oidhreacht shaibhir Bhaile Liam. Tá a dtiomantas maidir le tiomsú airgid, sainstaidéir mhionsonraithe a dhéanamh agus sainchomharthaí aitheanta a

fhorbairt agus a chaomhnú amhail Muileann Theampall an Tóchair agus Teach an Mhuilinn, chomh maith le gairdín a chruthú le haghaidh fiadhúlra agus bithéagsúlachta le moladh amach is amach. Tá na struchtúir stairiúla sin agus an gairdín bithéagsúlachta lán le brí agus le tábhacht don phobal agus



tugann siad mórtas mór agus tuiscint ar a fhéiniúlacht féin don cheantar.

Éacht ar leith is ea é claochlú Mhuileann Theampall an Tóchair go háit atá i gcroílár an phobail áitiúil, áit a bhí as úsáid roimhe seo. Ní amháin

go bhfeabhsaíonn sé aeistéitic an cheantair ach gur meabhrú é chomh maith ar ár n-oidhreacht thionsclaíoch, rud a chuireann ceangal ar fáil idir an t-am atá caite agus an lá atá inniu ann. Cuireann iarrachtaí de chuid an Ghrúpa Oidhreachta chun gairdín bithéagsúlachta a chruthú níos mó le caomhnú ár gcomhshaoil nádúrtha, rud a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn agus tacaíonn le héiceachórais áitiúla.

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don ról suntasach atá ag an bpobal áitiúil maidir le tacú le Grúpa Oidhreachta Bhaile Liam agus le Bailte Slachtmhara Bhaile Liam le linn na n-iarrachtaí sin. Tá a gcomhiarracht agus a dtacaíocht sheasmhach ríthábhachtach chun na tionscadail sin a thabhairt chun críche. Ina theannta sin, bhí an maoiniú agus an tacaíocht a fuarthas ó ghníomhaireachtaí éagsúla amhail Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Chomhairle Oidhreachta agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe lárnach chun cabhrú le héachtaí de chuid an Ghrúpa.

## AN BHITHÉAGSÚLACHT

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe, Rosina Joyce Uasal mar an chéad Oifigeach Bithéagsúlachta lánaimseartha dá cuid i mí na Bealtaine 2023. Bhíothas in ann an ceapadh sin a dhéanamh trí thacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, a sholáthraíonn 100% den mhaoiniú do Bhliain 1 den phost agus tacaíocht leanúnach do Bhliain 2 agus do Bhliain 3 den chonradh. Tá an ról faoi shainchúram an Aonaid um Pleanáil chun Cinn den Rannóg Pleanála agus Bainistíochta Inbhuanaithe. Tá an tOifigeach Oidhreachta, Marie Mannion Uasal, a rinne maoirseacht roimhe sin ar na freagrachtaí Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Náisiúnta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, sa rannóg sin chomh maith, rud a cheadaíonn aistriú éasca, treoir agus comhoibriú rialta, go háirithe maidir le forbairt an Phlean um Oidhreacht agus Bithéagsúlacht 2024 – 2030 de chuid Chontae na Gaillimhe.

---

### TIONSCADAIL TIOMSAITHE SONRAÍ, BAILITHE AGUS CAOMHNAITHE

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe líon suntasach tionscadal Bithéagsúlachta le linn 2023 trí na sruthanna maoinithe a bhronn an Ciste Maoirseachta um Oidhreacht (CMO) de chuid na Comhairle Oidhreachta & an Ciste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil de chuid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (CGBÁ). Bronnadh €103,476 san iomlán ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le haghaidh sraith

---

#### SUIRBHÉ DIÚILICÍN CUAGA

Don dara bliain as a chéile, chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus 8 n-údarás áitiúla eile i gcomhpháirtíocht leis an Dr. Jan Robert Baars agus a fhoireann ag UCD chun dáiltí agus dlús an Diúilicín Cuaga ionraigh a scrúdú sa tSionainn. Léiríodh sa tuarascáil deiridh go bhfuarthas amach go raibh pobail bhunaithe Diúilicíní Cuaga ag dul i méid den chuid ba mhó maidir le dlús, bithmhais agus cionmhaireacht i gcomparáid leis an diúilicín séabra agus b'ionann diúilicíní cuaga agus ~80% de dhlús diúilicíní sa chóras i gceantair inar cinneadh go raibh siad lonnaithe roimhe sin. Fuarthas pobail a bhí ag dul i méid go tapa i Loch Cé chomh maith, cé nár lonnaíodh ann iad ach le sáchghairid. Dearbhaíodh go raibh sé éasca do Dhiúilicíní Cuaga lonnú ar shubstrait bhog agus chrua agus tríd an gceangal le bithra amhail breallach Áiseach ionrach (*Corbicula fluminea*) agus leis an aol-lus réaltach macraifíte ionrach (*Nitellopsis obtusa*). Taifeadadh rátaí ardscaipthe ó ghluaiseacht bháid trí ghreamú díreach le cabhlacha báid agus trí bhlúirí de *Nitellopsis*. Chomh maith leis sin, de bharr bhlaosc níos boige agus ard-dlúis na diúilicíní cuaga, tosaíonn speicis éisc áirithe ag ídiú an diúilicín cuaga, rud a chuireann leis an mbia-eangach. Tá tuilleadh anailíse le déanamh chun caidreamh idir débhlascach ionrach a bheith i láthair agus athruithe ar cheimic uisce. I mbliana mhéadaigh an tionscadal an suirbhé go canáil na Sionainne-na hÉirne, an Chanáil Mhór agus an Chanáil Ríoga, a fuarthas amach go raibh siad saor ón diúilicín cuaga den chuid ba mhó cé go bhfuil bagairt shuntasach ann maidir le scaipeadh an speicis sin agus speiceas ionrach uisceach eile.

---

#### SUIRBHÉ NIÚIT ALPAIGH

Rinneadh suirbhé ar pobal Niút Alpach ionrach san áit i gConamara inar aimsíodh iad ar dtús in 2014. Tá Niút Alpach i láthair fós sa linn ornáideach inar taifeadadh iad ar dtús agus tá siad i láthair anois in dhá dhoibharlach bhreise ar an suíomh céanna. Níor thángthas orthu sna portaigh timpeall air cé go bhféadfadh niúit óga teacht amach ní ba luaithe sa séasúr rud a fágadh gan bhrath iad sna doibharlaigh. Tá clár díothaithe beartaithe don tréimhse 2024 – 2026 trí CGBÁ.

---

#### SUIRBHÉ AR SPEICIS PLANDAÍ CHOIMHTHÍOCHA IONRACHA (SPCI) CHONAMARA & CÓIREÁIL SPCI AN CHLOCHÁIN

Críochnaíodh Suirbhé ar SPCI Chonamara don ghréasán bóithre poiblí i leithinis Charna. Cuireann sé sin le hobair shuirbhé a rinneadh roimhe sin i gConamara. Rinneadh obair chóireála leantach ar SPCI sa Chlochán. Is é sin an tríú bliain den chóireáil agus tá laghdú suntasach tagtha ar leathadh gunnaire, glúiní agus balsaim Himiléiche sa bhaile.

---

#### SUIRBHÉ NITELLOPSIS OBTUSA

Taifeadadh dáileadh *Nitellopsis obtusa* i Loch Rí i mí Dheireadh Fómhair 2023 trí úsáid na samplála graiféid agus trí mhodh nua suirbhéireachta a úsáideann aimsitheoir éisc chun ceantair atá clúdaithe ag dlúth-mhonashaothruithe a léarscáiliú. Léarscáilíodh ceantair bhualte agus críochnaíodh traschriosanna chun an doimhneacht a bhfásann *Nitellopsis* aici a chinneadh.

Tugtar le fios sna torthaí go bhfuil *Nitellopsis obtusa* dailte go leathan i Loch Rí agus tá sé i láthair thar 231.7 heicteár ar a laghad de shubstráití an locha le bith-thoirt arb ionann é agus níos mó ná 37000 coimeádán loinge. Ach rinneadh suirbhé ar thimpeall leath den loch agus dá bhrí sin is dócha go mbeadh na figiúirí don loch ar fad ní b'airde. Déanann *N. obtusa* cluainte dlútha monaitíopacha atá níos mó ná 1.5 méadar in airde ó urlár an locha agus cuireann siad bac ar sholas agus cuireann siad isteach ar shreabhadh uisce. De bharr a chumais chun clampaí dlútha a chruthú 2 go 6.7 méadar faoi uisce an locha, tá sé le tuiscint le fios go bhfuil roinnt mhaith den ghnáthóg locha gar don chladach oiriúnach do *N. obtusa* le coilíniú. Tugann a mhéid den ghnáthóg atá ar fáil nach ndearnadh ionradh orthu fós le fios go bhféadfaidh *N. obtusa* a raon laistigh de Loch Rí a mhéadú fós.

---

## TIONSCADAL UM BOGAIGH OIRTHUAISCEART NA GAILLIMHE

Scrúdaigh an tionscadal sin 442 bogach a sainaitníodh san Iniúchadh ar Bhogaigh OT na Gaillimhe agus rinne sé measúnú ar a gcumas athchóirithe trí líon paraiméadar a úsáid. Ar dtús bhí an tionscadal dírithe ar thalamh faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ach d'athraigh sainchúram an tionscadail chun níos mó airde a dhírú ar chónagaracht na ngrúpaí pobail do bhogaigh oiriúnacha agus ar conas teagmháil a dhéanamh leo chun foinsí oiriúnacha maoinithe a stiúradh. Tá an tionscadal sin tráthúil go háirithe de bharr an mhaoinithe atá ar fáil do thionscadail phobail den sórt sin maidir le gníomhú ar son na haeráide. D'fhorbair MKO deais ArcGIS chun na torthaí a thaispeáint agus tá sé i gcomhairle le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ), SPNF agus eagraíochtaí eile maidir le conas é a fhorbairt a thuilleadh.

---

## AN LÉARSCÁIL NÁISIÚNTA CRANN

Fuair an Léarscáil Náisiúnta Crann do Chontae na Gaillimhe BlueSky Ireland mar chuid de na Prionsabail Bhainistíochta Crann do Chontae na Gaillimhe trí CMO. Soláthraíonn an tacar sonraí sin léargas luachmhara maidir le dáileadh spásúil crann ar fud na tíre, ina mionsonraítear láithreán, ceannbhrat agus airde crann. Le húsáid i-Tree, próiseáladh sonraí ón 9 milliún crann i gContae na Gaillimhe chun gabháil carbóin a mheas agus seirbhísí éiceachórais a luacháil. Forbraíodh deais chun sonraí a thaispeáint ar chóras inmheánach GIS de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá ceardlanna foirne ar an tacar sonraí sin agus na húsáidí féideartha beartaithe do R1 agus R2, 2024 agus úsáidfear é chomh maith chun eolas a dhéanamh do Thionscadal Circuitscape atá beartaithe do 2025.

---

## FORBAIRT BEARTAIS AGUS COMHAIRLE

Sholáthair an tOifigeach Bithéagsúlachta comhairle fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil agus treoir go rialta don fhoireann laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ó ceapadh i mí na Bealtaine 2023 í. Mar cheapachán inmheánach, bhí taithí ag roinnt mhaith den fhoireann ar a saineolas agus chuaigh siad i mbun plé léi go rialta faoi chúrsaí bithéagsúlachta. Tagann raon leathan cúrsaí chun cinn amhail críonadh siar fuinseoige, fínite creimírí, bainistíocht speiceas ionrach, sainaitint speiceas plandaí, córais bhainte, malairtí ar luibhicídí, cruthú gnáthóige, pleananna tírdhreacha, soláthar comharthaíochta, foichí agus maoiniú le haghaidh bearta bithéagsúlachta.

**PLEAN BAINISTÍOCHTA INBHUANAITHE DO PHLANDAÍ**

I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac CBS um Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht an Plean Bainistíochta Inbhuanaithe do Phlandaí 2023-2025 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. D’fhorbair grúpa stiúrtha an doiciméad, grúpa ina raibh comhaltaí de rannóga éagsúla de chuid an údaráis áitiúil, lena n-áirítear an tOifigeach Bithéagsúlachta. Tá sé mar aidhm ag an bplean oibriú i dtreo laghdú ar úsáid lotnaidicídí ar fud na tíre, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha náisiúnta agus le reachtaíocht AE maidir le húsáid lotnaidicídí agus le doiciméid beartais náisiúnta éagsúla. Leagtar amach sa phlean an reachtaíocht, spriocanna molta agus ceanglais dlí. Soláthraíonn sé chomh maith staidéar deisce cuimsitheach ar mhodhanna malartacha seachas cóireáil le lotnaidicídí. Rinneadh teimpléad taifeadta chun figiúr bonnlíne a fháil chomh maith.

**TREORACHA UM BAINISTÍOCHT CRANN LE HAGHAIDH POBAL AGUS FORBRÓIRÍ**

Forbraíodh dhá thacar treoracha dhátheangacha spriocdhírthe chun comhairle shaincheaptha faoi thionscadail crann a sholáthar sa chontae mar chuid de Thionscadal Deontais um Maoirseacht Oidhreachta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Forbraíodh póstaer déthaobhach A2 faoi bhainistíocht crann do Phobail le léaráid mheallacach le Damien Goodfellow a léiríonn imlíne an chontae agus a chuireann béim ar shamplaí maithe de thionscadail crann phobail, rud a spreagann daoine eile le déanamh amhlaidh. Soláthraíonn sé treoir céim ar chéim maidir le tionscadail plandaithe crann a phleanáil, mar a d’fhorbair Brady Shipman Martin. Tá treoir shoiléir le fáil i gCrann á bhForbairt – Treoir d’Úinéirí Talún, Forbróirí agus a nGníomhairí i gContae na Gaillimhe maidir le conas crann a ionchorprú i dtionscadail forbartha agus conas suímh a fheabhsú le plandú crann cuí chomh maith leis an téacs a d’fhorbair Brady Shipman Martin.

**Tree Management Guidelines for Communities in the County of Galway**

**Why are trees so indigenous important?**

- Producing oxygen and improving air quality:** Trees produce oxygen and absorb carbon dioxide. They also help to improve air quality by filtering out pollutants.
- Supporting nature and biodiversity:** Trees provide habitats for a wide variety of plants and animals, including birds, insects, and mammals.
- Protecting against flooding:** Trees help to absorb water and reduce the risk of flooding in urban areas.
- Conserving habitats:** Trees provide habitats for a wide variety of plants and animals, including birds, insects, and mammals.
- Improving physical and mental health:** Spending time in green spaces has been shown to improve physical and mental health.
- Preventing food waste:** Trees can be used to produce food and other products, helping to reduce food waste.
- Making spaces more sustainable:** Trees can help to make spaces more sustainable by reducing energy consumption and improving air quality.

**Native Tree Selection Guide for County Galway**

Common Name	Latin Name	Plant Height (m)	Plant Type	Native	Native Range	Common Name	Latin Name	Plant Height (m)	Plant Type	Native	Native Range	Common Name	Latin Name	Plant Height (m)	Plant Type	Native	Native Range
Alnus	Alnus	10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Rowan	Sorbus	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Apple	Malus domestica	5-10	Tree	No	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks
Birch	Betula pubescens	5-10	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks	Blackthorn	Prunella spinosa	3-5	Tree	Yes	Wetlands, riverbanks

**FÍSEÁN FAOI ÚSÁID FHREAGRACH CHREIMIRICÍDE**

Forbraíodh an físeán sin i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann. Tá sé sin dírithe go sainiúil ar an bpobal feirmeoireachta agus soláthraíonn sé comhairle shoiléir phraiticiúil maidir le bainistíocht lotnaidí

chomhtháite. Míniúnn sé na cineálacha éagsúla creimircídí agus a neart agus an tionchar is féidir a bheith ar speicis níos faide suas an biashlabhra. Seolfar an físeán níos déanaí i Samhradh 2024 agus úsáidfeair i gclár oiliúna le Teagasc agus le STAAT é.

---

## AN CHOIRIB - OIBRIÚ LE CHÉILE LE HAGHAIDH CÁILÍOCHT NÍOS FEARR UISCE

I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an tOifigeach Bithéagsúlacht páirt i gceardlann páirtithe leasmhara ar An Choirib - Oibriú le Chéile le haghaidh Cáilíocht Níos Fearr Uisce a d’eagraigh CUÚÁ agus an tIontaobhas Aibhneacha. Bhí deis iontach sa suíomh sin chun teagmháil dhéanamh le hionadaithe áitiúla, an pobal, grúpaí pobail, ENRanna agus gníomhaireachtaí stáit eile chun an tslí is fearr a scrúdú agus a fhorbairt le hoibriú le chéile chun an Choirib a chosaint agus a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh uirthi.

---

## GRÚPA STIÚRTHA DON TIONSCADAL DÚLRA

Ceapadh an tOifigeach Bithéagsúlachta ar an nGrúpa Stiúrtha don Tionscadal Dúlra. Is tionscadal athchóirithe talún portaigh faoi stiúir an phobail é Dúlra, a chiallaíonn ‘Nádúr’ i nGaeilge agus a oibríonn laistigh de thrí Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) i Maigh Eo Theas agus i gConamara – go háirithe Coimpléasc LCS i Maol Réidh/Síofra/Oireamh, Coimpléasc LCS Phortach Chonamara agus Coimpléasc LCS sna Beanna Beola/an Garrán. Tá an tionscadal á mhaoiniú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF) agus faoi stiúir FÓRAM Chonamara CTR, i gcomhpháirtíocht le Cumann Forbartha an Líonáin agus le Dúlra an Atlantaigh Fhiáin de chuid an tionscadail chomhtháite LIFE agus tá maoirseacht á déanamh air ag grúpa stiúrtha ina bhfuil feirmeoirí, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí pobail.

---

## RANNPHÁIRTÍOCHT PHOBAIL AGUS MÚSCAILT FEASACHTA

Aithníodh rannpháirtíocht phobail agus múscailt feasachta mar phríomhréimsí straitéiseacha fócais le linn na chéad bhliana de ról an Oifigigh Bithéagsúlachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí cur chuige ilghnéitheach mar thoradh air sin chun daoine a mhealladh ar an láthair agus an príomhphobal a leathnú don chlár bithéagsúlachta don bhliain amach romhainn. I gcomhréir le beartas Gaeilge Chomhairle Chontae na Gaillimhe, tá na hacmhainní go léir dátheangach.

---

## SEACHTAIN NA BITHÉAGSÚLACHTA 2023

Bhí an chéad ócáidí poiblí oifigiúla don Oifigeach Bithéagsúlachta ar siúl le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta 2023. Reáchtáladh sraith imeachtaí ar fud na tíre lena n-áirítear Ceardlann um Shainaithint Bláthanna Fiáine ag Gairdín Bhríde, Ros Cathail. Ag an gceardlann sin, sheol an Dr. Caitríona Carlin stiall-leabhar bláthanna fiáine de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a forbraíodh leis an ngairneoir Kay Synnott. Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá Cheardlann um Bainistíocht Úllord le Grúpa Comhshaoil Áth Cinn in Úllord Pobail Áth Cinn le Cumann Sábhála Síolta Éireann. Bhí na ceardlanna sin á maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta tríd an Deontas um Maoirseacht Oidhreachta. Bhí ceardlann faoi gharraíodóireacht inbhuanaithe leis an ngairneoir Aoife Munn i mBaile Locha Riach. Bhí an t-imeacht sin lán le 40 duine i láthair as áiteanna ar fud Oirthear na Gaillimhe. Ba chomhthionscnamh é an cheardlann sin idir Comhordaitheoir Bailte Slachtmhara Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Oifig Bithéagsúlachta. D’eagraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe na ceardlanna le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta agus díoladh na ticéid ar fad. I measc na ndaoine a bhí ann bhí baill de ghrúpaí áitiúla de chuid na mBailte Slachtmhara, grúpaí oidhreachta, oibríthe deonacha gairdíní pobail, rannpháirtithe sa Scéim Fostaíochta Pobail, foireann na comhairle agus gairneoirí.



BHÍ AN CHEARDLANN BAINISTÍOCHTA ÚLLORD AR SIÚL AG ÚLLORD POBAIL ÁTH CINN MAR CHUID DEN CHLÁR DE CHUID CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE DO SHEACHTAIN NA BITHÉAGSÚLACHTA 2023. BHÍ AN CHEARDLANN SIN Á MAOINIÚ TRÍD AN GCISTE UM MAOIRSEACHT OIHRREACHTA DE CHUID NA COMHAIRLE OIHRREACHTA.

---

Bhí Blitzchomórtas Bitheolaíochta agus Féile Bhithéagsúlachta an Chreagáin ar siúl ar an 26 agus an 27 Bealtaine. Reáchtáladh na himeachtaí i gcomhpháirtíocht le MKO, Coláiste na Corónach Muire Naofa agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Thairfead foireann éiceolaithe, an tOifigeach Bithéagsúlachta agus oibrithe deonacha breis is 500 speiceas laistigh den tréimhse 24 uair. Áiríodh leis an bhféile siúlóid ialtóg, siúlóidí portaigh, taispeántas madraí caomhantais, siúlóid coillearnaí agus suirbhéireacht uisceach. Bhí 20 go 40 duine den phobal i láthair ag gach ceann de na himeachtaí sin.

Cuireadh deireadh le Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta le Siúlóid Cheiliúr na Camhaoire a bhí faoi threoir Kate McAney agus Pete Tyndall Dé Domhnaigh an 28 Bealtaine ag 5am sa Bhuaille Ghlas. Reáchtáladh an t-imeacht sin i gcomhar le Grúpa Comhshaoil Áth Cinn. Tairfeadh 38 speiceas éin.

---

### SPOTAÍ GORMA CHONAMARA (CGBÁ)

Chuir an comhthionscadal sin le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Clár Uisce na nÚdarás Áitiúil (CUÚÁ) béim ar Láithreáin Spota Ghoirm Chonamara trí chomhoibriú le pobail áitiúla chun ár n-uiscí gléigeala a chosaint agus a fheabhsú ionas gur féidir leis na glúnta reatha agus na glúnta atá le teacht leas a bhaint as na buntáistí don bhithéagsúlacht, dár sláinte agus dár bhfolláine, dár n-oidhreacht agus don aeráid.

Bhí trí ghné ar leith ag an tionscadal:

1. 10 gceardlann scoile a sholáthar i gceantar Chonamara
2. Físeán oideachasúil ar ardcháilíocht a dhéanamh
3. Leabhrán eolais dátheangach a fhoilsiú



Mhéadaigh na ceardlanna sin, físeáin agus foilseacháin feacht maidir le héiceolaíocht conaire abhann agus cáilíocht uisce; chabhraigh siad chun ceangal a dhéanamh arís idir pobail agus a n-abhantracha, dea-chleachtas a phlé agus tograí agus tionscnaimh phobail a chur chun cinn.

Rinne Iontaobhas Bradán Chom Sheola Teo. (ENR neamhbhrabúis saindirithe i réimse oideachais um chomhshaol uisceach) ag obair i gcomhar le Comhairle Chontae na Gaillimhe, CUÚÁ, agus VERI-Connect, cúrsaí for-rochtana StreamScapes do 10 mbunscoil i gConamara, chomh maith le foilseachán tacaíochta (i leaganacha [Béarla](#) & [Gaeilge](#) araon) – ‘Spotaí Gorma Chonamara: Acmhainn Luachmhar’. Seolfar le linn Lá Domhanda na mBogach 2024 iad sin agus cuirfear chuig na scoileanna áitiúla agus chuig na craobhacha leabharlainne iad. Rinne Conor Ruane, CUÚÁ [físeán](#) 19 nóiméad inar cuireadh béim ar na láithreáin sin agus seoladh ar Lá na hOidhreacht Uisce é mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreacht agus uaslódáladh chuig Cainéal YouTube CCG é agus áiríodh leis agallamh gairid le hOifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Forbraíodh físeáin ní ba ghiorra chomh maith le haghaidh na meán sóisialta agus comhroinneadh go forleathan iad.

---

## CEARDLANN MAIDIR LE PLANDÚ TAITNEAMHACHTA CÓSTA DO PHOBAIL: AN 6 GO DTÍ AN 7 MEÁN FÓMHAIR 2023.

Forbraíodh an cheardlann sin mar fhreagairt ar iarraidh dhíreach a rinne líon de ghrúpaí cósta de chuid na mBailte Slachtmhara sa chontae, grúpaí ar theastaigh uathu scéimeanna plandaithe taitneamhachta dá gcuid féin a fhorbairt ar bhealach ní b’inhuanaithe agus a bheadh athléimneach in aghaidh na gcoinníollacha deacra fáis atá ann feadh ár gcósta. Tríd an gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil ón SPNF, thaistil grúpa de dháréag, lena n-áirítear baill de ghrúpaí pobail, gairneoirí agus éiceolaithe go Mullach Mór, Contae Shligigh agus go dtí an Fál Carrach, Contae Dhún na nGall. Soláthraíodh oiliúint maidir le speicis plandaí dúchasacha atá i ndumhcha agus i ngnáthóga cósta, conas iad a dhoiciméadú i dtionscnaimh eolaíochta do shaoránach leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus cé acu de na speicis dhúchasacha a d’fhéadfaí a ionchorprú i scéimeanna plandaithe taitneamhachtaí. Ag Gairdín Trá agus Plandlanna Chluain na dTor, léirigh Seamus O’Donnell conas is féidir le plandú dúchasach in éineacht le plandú ornáideach oibriú le chéile chun teacht slán as na coinníollacha sceirdiúla. D’éirigh leis an turas sin go háirithe mar gur chothaigh sé naisc laistigh dár bpobail chósta féin ó Chinn Mhara go hInis Bó Finne, in éineacht le grúpaí sa Mhullach Mór agus i gCliafuine le Ruth Hanniffy, Oifigeach Bithéagsúlachta Chomhairle Contae Shligigh.



---

CEARDLANN MAIDIR LE PLANDÚ CÓSTA DO PHOBAIL. BHUAIL GRÚPAÍ Ó GHRÚPAÍ CÓSTA DE CHUID NA GAILLIMHE LE HOIFIGEACH BITHÉAGSÚLACHTA SHLIGIGH, RUTH HANNIFFY, AGUS LE BAILL D'FHÓRAM GNÍOMHACH AN MHULLAIGH MHÓIR AGUS D'FHÓRAM POBAIL CHLIAFUINE LE HAGHAIDH TURAS ALLAMUIGH GO DUMHCHA AGUS LE HAGHAIDH PLÉ AR STRAITÉISÍ PLANDAITHE INBHUANAITHE.

---

### LEABHRÁN SCRÉACHÓIGE REILIGE

I gcomhar le Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae na hIarmhí agus Comhairle Contae Loch Garman, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le Cairde Éanlaith Éireann chun leabhrán Scréachóige Reilige a dhéanamh, ina mionsonraítear faisnéis éiceolaíoch nua agus suimiúil agus comhairle maidir le caomhnú nuálach a bhaineann go sonrach le hÉirinn. Tá sé sin mar thoradh ar chúig bliana déag de thaighde forleathan ar an speiceas, lena n-áirítear eolas a gineadh trí shuirbhéireacht agus trí mhonatóireacht a rinneadh le déanaí le tacaíocht ón gCiste um Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil i nGaillimh agus ó na contaetha rannchuiditheacha eile. Tá an foilseachán sin tarraingteach do spriocphobal leathan, go háirithe an pobal, úinéirí talún agus díograiseoirí fiadhúlra, chun tuiscint mhéadaithe agus meas ar an speiceas agus ar a riachtanais chaomhnaithe a chothú; chun rannpháirtíocht agus freagracht an phobail a spreagadh maidir le caomhnú Scréachóg Reilige san am atá romhainn agus mar sin buntáistí éiceachórais níos leithne a chur chun cinn agus a sholáthar. Tá an leabhrán deartha go gairmiúil, le léaráidí saincheaptha, íomhánna agus léarscáileanna i bhformáid A4 agus tá 36 leathanach ann ar a bhfuil an fhaisnéis is déanaí ar Scréachóga Reilige, a stádas, a n-éiceolaíocht agus a gcaomhnú trí threoir phraiticiúil a scaipeadh (amhail boscaí neadaireachta a sholáthar, srianadh ar chreimirí, bainistíocht gnáthóige agus naisc le hacmhainní eile lena n-áirítear sraith físeán a cruthaíodh le tacaíocht ó CGBÁ).

---

### CLÁR FEASACHTA AR OIÐHREACTH NÁDÚRTHA PHORTAIGH CHONAMARA.

Leis an tionscadal sin, bhí sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Cairde Éanlaith Éireann an fhaisnéis a bailíodh maidir le pobail éin i gConamara a úsáid mar chuid den suirbhé chun raon leathan aschur a dhéanamh chun feasacht, meas agus rannpháirtíocht maidir le bithéagsúlacht Chonamara a mhéadú ar fud pobal lena n-áirítear pobail áitiúla. Rinneadh póstaer dátheangach ar

a dtaispeántar éin ghoir Chonamara, a cuireadh an póstaer i gcló agus cuireadh ar fáil é do phobal i gConamara trí scoileanna agus trí ghrúpaí turasóireachta agus pobail agus scaipeadh ar na meáin shóisialta agus ar shuímh ghréasáin é chomh maith. Rinneadh podchraoladh ar Chonamara, a bhí dírithe ar éin Chonamara i gcomhar leis an tsraith phodchraolta ‘In Your Nature’ agus craoladh ar an 27 Samhain 2023 é. Forbraíodh Mapa Scéala chun oidhreacht nádúrtha Chonamara a chur i láthair lena n-áirítear faisnéis ar bhealaí siúil sa réigiún agus an fiadhúlra is féidir a fheiceáil sna ceantair sin.

In 2023 rinneadh an chéad phíosa scannánaíochta le haghaidh clár faisnéise gairid ar Chonamara agus a bithéagsúlacht ar leith agus leanfar le scannánú don ghnéchlár sin go dtí earrach na bliana 2024 leis an aidhm é a chríochnú agus a eisiúint le linn an tsamhraidh in 2024.

**An tIolar Mara** (Ar an t-éin glais)  
Is é seo an t-éin creiche is mó dá bhfuil againn, agus rásaí scaithín os cionn dhá mhéadar airge. Tugadh léasach go hÉirinn agus a tair de do a bhéith imithe uaim ar fáil i bhfad, os cionn 100 bliain agus tá sé ag pógú arís i gConamara. Mairneann sé ar lasc, éin uisce, agus corr sair, spionlach.

**An Pócáire Gaoithe** (Ar an t-éin dearg)  
Éin creiche atá forleathan ach atá ag dul i léig agus atá le feiceáil ar fud Chonamara, cé nach bhfuil sé chomh coibhéal na bhliocht. Tá furasta a aithní mar gheall ar an nós atá aige a bheith ar foláin in aon áit amháin agus é ag seilg - ciallaíonn a ainm i ndiaidh pionsaíle gaoithe. Mairneann sé ar rithmannaigh bhéaga agus ar éin bheaga, froganna agus go háirithe leghaireanna i gConamara. Déanann sé a nead ina neadachá tréighe dílára ar cinn a bhíonn ag an gCaróg Lúth sna crainn, ar allte cois cósta, ar tóin chreagacha, i gcráil agus i bháirinní bhreithe.

**An Meirliún** (Ar an t-éin ómra)  
An t-éin creiche is lu agus is seachtar dá bhfuil againn. Tá Conamara ar cheann de na seachtar na bhfíocháil don Meirliún, cé nach bhfuil mórán aon agus nach mór a fheiceáil. Bíonn an nead ag an meirliún ar oileáin fíocháil amach dhúth, ar na lochanna mór agus sna portáigh agus déanann sé a nead freoim i sponneacha dílára ar cinn i gCaróg Lúth, lena n-áirítear ar meáil na plandála buairneacha. Mairneann sé ar éin bheaga ar nós na ríocháige móra agus na fuísteog. Agus é thar a bheith lúfar san aer, leanann sé ar go dtiocfaid na creiche ar feadh 10 míle in aiceoin é a bheith chomh beag, is minic a fionnann sé éin atá i bhfad níos mó ná é féin agus go dtiocfaid sé an ceann is fearr orthu, ná thugtar dó gur sagairt atá iontu.

**An Fheadóg bhúí** (Ar an t-éin dearg)  
Lapaire pórcúcháin neamhchóiritá atá sa bhfeadóg bhúí, nach bhfíocháir ach ar na bratphortáigh i gConamara an tair arís agus i bhfeadóg agus tá Conamara ar cheann de na ceantair is fíocháil dó. Is minic a bhíonn sé le cíos na le feiceáil ar an tpoirtach agus ligean sé fead chaoineach ar nós 'Púir' agus é ag eitilt nó nuair a bhíonn gae as. Bíonn an tair arís le feiceáil 'Púir' agus é ag chanaid arís agus arís eile aige in eithé taipseána. Déanann sé nead ar an tair arís. Bíonn na fíocháil a chloí thar barr agus bíonn na sícíní in aon rith thar agus tad féin a bheith chomh luath agus a thagann siad amach.

**An Chearc Fíraoigh** (Ar an t-éin dearg)  
Éin géim ar mhéid, le clumhreach dhonnas. Faigheann an t-éin fíreann mala dearg feolach i séasúr an ghoir agus é an go chéile bíonn sé le cloí ar an tpoirtach ag a 'Cob' sair 'Go back, Gabra sair 'Go back' ar bhealach a dtabharf suntas dó. Póiritheir neamhchóiritá atá ann in Éirinn, gan é le fáil ach ar na portáigh agus ar bheith arís atá cúlaidhe le frach a chosáinn é agus a ndéanann sé nead ann. Ní mórán dílára i gConamara.

**An Crotach** (Ar an t-éin dearg)  
Lapaire éir atá anseo agus é ar cheann de na h-éin is mó a bhíonn le feiceáil fíocháil thar Éirinn. Seannas sé amach lena chosa fada, a chorp tiorúil, a mhéid fada agus an gob fada atá luibh anuas. Tá fad Curlew, Curlew aige a thair in aice agus a gairneá a thair in Éirinn nó i gclár pórtach corraíneach, nach gclár é ach go háirithe arís i gConamara. Bíonn sé ag cur síle le haghaidh inverteabrách lena ghoib fada cuarta. Tá an pobal pórcúcháin an-bheag go deo agus ní ach ionn beag páir ag pógú i gConamara. Tá sé i mbéal a gclóidithe mar éin pórcúcháin i gConamara agus go háirithe.

**An Chuch** (Ar an t-éin glais)  
Éin mór fo Shábháich é seo a thagann chuagainn i mí Aibreán, agus a imroin i mí Lúnasa. Forleathan i gConamara. Siolraíonn sé trí neadacha na r-éin beag ar nós na hAibhne Móra, a sheidann agus cothníonn an t-éin seo síde na hAibhne Móra is dá rith le féin. Tá gaoth 'Cob' sair ag an éin fíreann atá furasta le h-áirí. Tá an chuch slachtair agus cois le seacht nua ar bhóinn si ag eitilt. Mairneann sí ar bhóinn.

**An Fhuiseog** (Ar an t-éin ómra)  
Éin pórcúcháin atá coibhéal agus forleathan ar fud Chonamara. Cé go bhfuil sé beag tá eol rathach aige a chanaid agus é go hard sa spéir le líne sháir an ghoir. Mairneann sé ar fíocháil agus ar shíolta.

**Cuid d'Éin Phórúcháin Chonamara**

**NPWS**  
National Parks and Wildlife Service

**BirdWatch Ireland**  
National Birdwatching Scheme

**Coastal Change in Galilee**  
Coastal Change in Galilee

Caolán Eanáir Éirinn i gcomhar le Hóig Bithéagsúlachta Chomhairle Chonamara na Gaillimhe agus an tSéimh Páirc Náisiúna Náisiúna agus Fíocháil, uilleadh ar na h-éin ghoir i gConamara in 2023. Chuir sé ar fáil ar an tpoirtach sair i dhuil a chloí. Faigheann an tpoirtach sair i dteannta le Chomhairle Chonamara na Gaillimhe agus an tSéimh Páirc Náisiúna Náisiúna agus Fíocháil le h-áirí. Mairneann sé ar fíocháil agus ar shíolta. Mairneann sé ar fíocháil agus ar shíolta. Mairneann sé ar fíocháil agus ar shíolta. Mairneann sé ar fíocháil agus ar shíolta.

**PÓSTAER AR A BHFUIL ROINN DE NA HÉIN GHOIR I GCONAMARA, A RINNEADH MAR CHUID DEN CHLÁR FEASACHTA AR OIHDREACTH NÁDÚRTHA PHORTAIGH CHONAMARA.**

**SEACHTAN NÁISIÚNTA NA HOIHDREACTHA 2023**

Féach thart ar an Trá: An Trá Mhór, Indreabhán 18 Lúnasa. In éineacht leis an Rannóg Comhshaoil, bhí an tOifigeach Bithéagsúlachta ar an trá agus í ag nochtadh agus ag doiciméadú na speiceas idirthaoideach ar an gcladach ag an imeacht dátheangach sin. Cothaíonn uiscí glana na Trá Brait Ghoirm sin le raon leathan speiceas agus le linn dhá uair an chloig, in éineacht le Atlantaquarium na Gaillimhe, Leave No Trace agus Clean Coasts, chonacthas agus taifeadh 40 speiceas idirthaoideach leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.

**TIONSCNAIMH OILIÚNA AGUS FORBARTHA**

D'fhreastail Rosina Joyce, Uasal ar thrí imeacht oiliúna Oifigigh Bithéagsúlachta de chuid na Comhairle Oidhreachta i rith na bliana i gCorcaigh, Biorra agus Cill Chainnigh. Bhí príomhdhiseanna foghlama le fáil ag na himeachtaí sin maidir le príomhcheisteanna a bhaineann leis an ról agus na freagrachtaí atá leagtha amach sa phost.

Sholáthair an tOifigeach Bithéagsúlachta oiliúint do Mhaoir Phobail Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le sainaitheint agus léarscáiliú Speicis Plandaí Coimhthíocha Ionracha. Tugadh léacht do mhic léinn ó chlár MSc san Éiceolaíocht Fheidhmeach de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh chomh maith le turas ar láithreán chun scrúdú a dhéanamh ar neart de na fadhbanna atá ag údarás áitiúla agus iad ag tabhairt aghaidhe ar speicis ionracha. Thacaigh an tOifigeach Bithéagsúlachta leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus chabhraigh sí leis an Cheardlann Sainaitheanta Snáthaidí Móra agus Béchuileanna i Ros Cathail i mí an Mheithimh 2023. D'fhreastail an tOifigeach Bithéagsúlachta ar an gceardlann a d'éascaigh Nature Learn. Rinne Rosina Joyce, Uasal, seimeastar ranganna comhráiteacha Gaeilge, a sholáthair Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá sé sin tábhachtach go háirithe de bharr bheartas agus dhualgais na Gaeilge arna leagan amach ag an údarás áitiúil.

---

OILIÚINT Á CUR AR MHAOIR  
PHOBAIL DE CHUID  
CHOMHAIRLE CHONTAE NA  
GAILLIMHE MAIDIR LE  
SPEICEAS PLANDAÍ  
COIMHTHÍOCHA IONRACHA A  
SHAINAITHINT AGUS A  
LÉARSCÁILIÚ .



---

#### OILIÚINT SUIRBHÉ I-WEBS

Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le Cairde Éanlaith Éireann ceardlanna a reáchtáil maidir le Suirbhé ar Éin Bhogaigh na hÉireann (I-WeBS) i mí Mheán Fómhair ag Foras na Mara, Rinn Mhíl. Sholáthair an léacht taobh istigh faisnéis chúlra ar mhonatóireacht agus ar mhodheolaíocht chun éin a chomhaireamh agus a shainaitheint. Bhí seisiún allamuigh ina dhiaidh sin nuair a bhreathnaigh na daoine a bhí ann ar éin sa pháirc agus a bhain siad triail as trealamh nua optúil a ceannaíodh don tionscadal. D'fhreastail os cionn 70 duine ar an imeacht.



---

#### GRIANGHRAF DE NA DAOINE AG IMEACHT OILIÚNA SUIRBHÉ I -WEBS DE CHUID CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE LE CAIRDE ÉANLAITH ÉIREANN AG FORAS NA MARA I MÍ DHEIREADH FÓMHAIR 2023.

Is é an príomhaidhm a bhí ag na himeachtaí ná oibrithe deonacha suirbhé a earcú i gContae na Gaillimhe – go háirithe don fhoireann comhairimh do Limistéar Inmheánach Chuan na Gaillimhe, a bhí ag streachailt le blianta beaga anuas. Beidh fás na foirne do Limistéar Inmheánach Chuan na Gaillimhe agus a gcumas chun tús a chur arís le monatóireacht, sna chéad dá shéasúr allamuigh eile (idir mí Mheán Fómhair agus mí an Mhárta) mar thomhas ar rath an tionscadail sin.

Beidh úsáid an trealaimh optúil (le fáil ar iasacht ón leabharlann, don suirbhé) mar uirlisí oiliúna ag áiritheoirí nua mar bhuanoidhreacht ag an tionscadal. Chomh maith le fás na foirne comhairimh do Limistéar Inmheánach Chuan na Gaillimhe.

---


#### RANNPHÁIRTÍOCHT NA MEÁN AGUS NA MEÁN SÓISIALTA

Athmhúsclaíodh leathanach Facebook don Tionscadal um Dhaoine agus Dúlra na Gaillimhe agus seoladh mar Oifig Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe é agus úsáideadh é chun tacú go gníomhach le hobair grúpaí pobail agus béim a chur ar a gcuid oibre ar fud an chontae chomh maith leis na himeachtaí, foilseacháin agus príomhtheachtaireachtaí an Oifigigh Bithéagsúlachta. Ó mhí na Bealtaine go mí na Nollag 2023 bhí 50,600 duine sroichte trí phostálacha Facebook. Bunaíodh cuntas Instagram i mí an Mheithimh 2023 agus úsáideadh é chun ábhar nua a chur i láthair agus bhí 2,700 duine sroichte aige. Soláthraíodh ábhar bithéagsúlachta eile do na príomhchainéil meán sóisialta de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus bhí sé le feiceáil orthu.

San iris do bhail shóisearacha Chairde Éanlaith Éireann, Bleachtairí Éin, léiríodh saothar ealaíne a bhuaigh Comórtas Sciathán Óir le déanaí ar dhá leathanach, comórtas a réachtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe agus an grúpa caomhnaithe éin. Tá ballraíocht de níos mó ná 15,000 duine ag Cairde Éanlaith Éireann agus tá béim curtha ag an ngné-alt sin ar ról atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar leibhéal náisiúnta maidir le caomhnú dúlra.

Rinne an tOifigeach Bithéagsúlachta trí agallamh ar raidió áitiúil le Galway Bay FM agus Raidió Pobail Chonamara ó ceapadh í.


## TIONSCNAIMH FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA



### Ardán Mol Ceangailte

**connectedhubs** 148 mol cláraithe ar mhoil ar ardán Chonair Eacnamaíochta an Atlantaigh, 38 díobh a bhfuil an nasc gníomhachtaithe acu.

356 mol beo ar an ardán san iomlán, agus tá feabhsuithe leanúnacha á ndéanamh agus tá gnéithe nua ag dul ar líne gach mí. <https://connectedhubs.ie/>



## **Tuarascálacha agus Eolas Nua:**

- Tuarascáil ar thionchar eacnamaíoch na mol. Tuarascáil tugtha chun críche ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus leis an RFTP (Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail) le hathbhreithniú.
- Suirbhé ar áitíocht agus ar acmhainneacht ar siúl
- Tuarascáil ar thionchar eacnamaíoch na mol. Tá tuarascáil críochnaithe ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus tá sé á athbhreithniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail.
- Foghlaim sna Moil - á cur chun cinn ag Coimisiún Forbartha an Iarthair
- Ealaín sna Moil – Moil á spreagadh chun páirt a ghlacadh – Coimisiún Forbartha an Iarthair.
- Forbraíodh scéim chorparáideach agus tá Coimisiún Forbartha an Iarthair ag obair le moil phíolótacha maidir le riachtanais shonracha chorparáideacha. Tá plean cur chun cinn le cumarsáidí de chuid RFTP.

## **Líonra Pobail: Tacaíocht do Mhoil**

Leanann seisiúin líonraithe de chuid Choimisiúin Forbartha an Iarthair ar an gCéadaoin gach coicís.

- Ullmhaítear nuachtlitir gach mí.
- Tá seisiúin duine le duine maidir le margáocht agus cur chun cinn ar fáil do mhoil le Coimisiún Forbartha an Iarthair.

## **Ócáid Eolais Mol agus Líonraithe**

Reáchtáil an tAonad Forbartha Tuaithe agus Pobail & an Oifig Leathanbhanda ócáid Faisnéise agus Líonraithe do mhoil atá ann agus do mhoil atá á bhforbairt i gContae na Gaillimhe ar an 26 Eanáir, 2023, dar teideal Oibriú go Maith do 2023 & ina Dhiaidh.

Bhí slua maith ag an Ócáid, a bhí ar siúl in Óstán Bhaile Chláir, agus bhí ionadaíocht ó Mhoil Fheidhmiúla, Coistí Bainistíochta Moil, Saoráidí Mol Pobail agus na daoine atá ag smaoineamh ar mhol a bhunú. I measc na n-aoichainteoirí bhí: An tUas. Jake Ryan Príomh-Oifigeach, Aonad Forbartha Réigiúnaí & Nuálaíochta, an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail. An tUas. Stephen Carolan, Bainisteoir Cláir an Líonra Mol Náisiúnta, Coimisiún Forbartha an Iarthair. Joanne Mangan, Uasal, Employers Lead, Grow Remote. Lyn Donnelly, Uasal – Bainisteoir, Ionad Fiontar Bhéal Átha na Sluaighe. An tUas. Noel Madden, Oifigeach Leathanbhanda, Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus an tUas. Alan Farrell, Stiúrthóir Seirbhísí Gníomhach, Comhairle Chontae na Gaillimhe.



D'fhreastail foireann ón Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte Chomhairle Chontae na Gaillimhe, CEA (Conair Eacnamaíoch an Atlantaigh) agus an Fhoireann Leathanbhanda ar an gCruinniú Mullaigh Náisiúnta de chuid na Mol Ceangailte [www.connectedhubs.ie](http://www.connectedhubs.ie) i dTulach Mhór ar an 22 Samhain,

2023, arna eagrú ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. D'fhreastail foireann mar chuid de chomhchistiú Mol agus PoNLanna faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair lena lán grúpaí áitiúla chun Mol a chur chun cinn agus rinne sí naisc le grúpaí áitiúla ar an lá.



AG CRUINIÚ MULLAIGH NÁISIÚNTA NA MOL 2023: Ó CHLÉ GO DEAS: TERRY O'TOOLE COMHLACHAS TRÁCHTÁLA AN CHLOCHÁIN, ÉIMEAR DOLAN, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, LYN DONNELLY, BAINISTEOR FORBAIRT POBAIL CHEANTAR BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE TEO., BERNIE DONNELLAN COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, ANNE DE COURCY, COMHLACHAS TRÁCHTÁLA AN CHLOCHÁIN.

## Tionscadal Oileán Roinnte

Cuireadh an chéad chéim den tionscadal aitheanta Oileán Comhroinnte i gcrích in 2023. Fuarthas €250,000 do chomhoibriú uathúil le comhthiomantas ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó Chomhairle Contae Liatroma i gcomhpháirtíocht le Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon chun Ionaid Sármhaitheasa i Nuálaíocht Bia agus i dTeicneolaíocht Talmhaíochta a fhorbairt. Trasna trí phríomhthéama agus ocht ngníomh de Phleananna Caipitil Prímeála, Gníomhú ar son na hAeráide, agus bunú an chéad Líonra Nuálaíochta Bia Agritech trasteorann, déanfaidh an tionscadal tástáil ar indéantacht na dtionscadal infheistíochta nua a bheidh le seachadadh ag ár gcomhpháirtíochtaí trasteorann Údaráis Áitiúil. Tá roinnt coinní ar siúl le linn an tionscadail a réachtáil na trí pháirtí. Ceann de na príomhthionscnaimh den sórt sin ná Comhdháil an Oileáin Chomhroinnte um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Dheireadh Fómhair.





Leagtar amach i staidéar féidearthachta a cuireadh faoi bhráid na Roinne an cumas a d'fhéadfadh a bheith sa chomhoibriú sin agus an tiomantas atá ann ó na trí áit atá páirteach sa tionscadal. Tá nasc chuige sin le fáil anseo [Shared Island feasibility report.pdf](#).

## TURASÓIREACHT


Lean Oifig na Turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe a bheith ag baint amach na gcuspoirí straitéiseacha laistigh den Aonad Pobail agus Forbartha Tuaithe in 2023, agus í ag obair le comhpháirtithe ar fud Chomhairle Chontae na Gaillimhe, sna contaetha comharsanachta, Gníomhaireachtaí Stáit, líonraí straitéiseacha turasóireachta, an trádáil turasóireachta agus comhpháirtithe féilte.

Fuair an clár oibre acmhainní ó bhuiséad na Turasóireachta; buiséid Eacnamaíochta Pobail agus Forbairt Tuaithe (EPFT), cláir chomhchistithe, agus scéimeanna deontais. Chuir an tOifigeach Turasóireachta iliomad tionscadail i bhfeidhm go himheánach; agus thacaigh sé le tionscadail a cuireadh i bhfeidhm trí Oifigí na gCeantar Bardasach, Oifig Thionscadail na mBóithre Náisiúnta, an Grúpa Gníomhaíochta ar son na hAeráide, Tionscadail Athghiniúna, Fís Phort Omna 2030, Tionscadal Baile Cinn Scríbe an Chlocháin chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thionscadail iomadúla atá á stiúradh ag Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta, Uiscebhealaí Éireann, Líonra Turasóireachta Chonamara agus na nOileán, Ceann Scríbe Loch Deirgeirt, Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair, Biúró Comhdhála na Gaillimhe.

In 2023 tharla céim shuntasach d'fhorbairt áitiúil i gConnachta nuair a chuaigh EOECA ar mhisean measúnaithe go Geopháirc Dhúiche Sheoigheach & Lochanna an Iarthair, agus táthar ag súil go mbeidh stádas mar Gheopháirc Dhomhanda EOECA bainte amach aici mar thoradh air sin go luath amach anseo. Thar thréimhse trí lá, treoraíodh beirt mheasúnóirí de chuid EOECA trí iliomad gnéithe oidhreachta fíospéisiúla, gnólachtaí áitiúla agus pobail i nDúiche Sheoigheach álainn agus i Lochanna an Iarthair i dtuaisceart na Gaillimhe agus i ndeisceart Chontae Mhaigh Eo. Sléibhte, lochanna, fiordanna, aibhneacha, coillearnacha, suímh gheolaíoch, gnólachtaí áitiúla agus gnólachtaí nuathionscanta, grúpaí forbartha pobail agus áiteanna den scoth a mbíonn an-tóir ag cuairteoirí orthu – bhí siad go léir ann. Áiríodh leis an gcúrsa taistil ócáid le haghaidh Príomhpháirtithe Leasmhara (maoinitheoirí/comhpháirtithe eile, pobail, polaiteoirí) ag Mainistir na Coille Móire (arna comhreáchtáil ag campas Ollscoil Notre Dame). D'fhreastail an Cathaoirleach, an Príomh-Fheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí uirthi sin. Bhuail an Príomh-Fheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí leis na breithiúna idirnáisiúnta chun tacaíocht na Comhairle don tionscadal a dheimhniú agus teagmháil a dhéanamh leo mar chuid den mholtóireacht maidir le hainmniú EOECA.

## Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe Straitéis Turasóireachta Nua á Seoladh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tá ríméad ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe glacadh straitéise turasóireachta ceannródaíche a fhógairt atá dírithe ar dheiseanna turasóireachta an réigiúin a fheabhsú agus a leathnú. Ghlac comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe an straitéis nua d'aon toil, comhaltaí a raibh príomhról acu maidir lena forbairt agus a sholáthair tacaíocht dhílis di le linn an phróisis.



Gabhann an Chomhairle buíochas ó chroí le gach comhalta as an méid thar a bheith luachmhar a rinne sé/sí agus as an tiomantas chun todhchaí na turasóireachta i gContae na Gaillimhe a mhúnlú. Bhí a n-iarrachtaí comhoibríocha agus aiseolas géarchúiseach ríthábhachtach chun plean a bhfuil fíis aige a dhéanamh, plean a bhfuil gach cuma air go gcuirfidh sé borradh faoi thurasóireacht áitiúil agus go gcothóidh sé fás eacnamaíoch.

Mar chuid den tionscnamh uailmhianach sin, tá an fhoireann turasóireachta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar bís chun tús a chur leis an gcéim cur chun feidhme den straitéis. Tá an plean cuimsitheach sin dírithe ar thacú le tionscal na turasóireachta agus le cinn scríbe atá ann agus ag an am céanna deiseanna turasóireachta nua agus spreagúla a fhorbairt i gceantair bheagfhorbartha den tír.

Le cumasc straitéiseach de mhargaíocht, forbairt acmhainní agus forbairt turasóireachta nuálach, tá an straitéis nua ar tí ceann scríbe níos spéisiúla arís a dhéanamh de Ghailimh do chuariteoirí intíre agus idirnáisiúnta araon. Tabharfar aird speisialta ar na suímh uathúla chultúir, staire agus dhúlra sa chontae a fheabhsú, rud a chinnteoidh go mbeidh buntáistí na turasóireachta le fáil ar fud an réigiúin.

Agus sinn ag leanúint ar aghaidh, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag súil le hoibriú i ndlúth-chomhpháirtíocht le gnólachtaí áitiúla, páirtithe leasmhara agus an pobal chun beocht a chur sa straitéis nua sin. Agus muid le chéile, leanaimid de Ghailimh a chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe le haghaidh turasóireacht chultúir agus dúlra.

Tá an doiciméad straitéise ina iomláine ar fáil le hathbhreithniú. Cuirimid fáilte roimh gach páirtí leasmhar na deiseanna spreagúla a scrúdú atá sa straitéis sin do thodhchaí na turasóireachta i nGaillimh.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta d'fhorbairt Chontae na Gaillimhe ó thaobh na heacnamaíochta, na sochaí agus an chultúir de a chur chun cinn trí raon tionscnamh straitéiseach agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha. Agus í dírithe ar inbhuanaitheacht agus ar thairbhe an phobail, tá an Chomhairle ag iarraidh cáilíocht an tsaoil a fheabhsú do gach cónaitheoir agus ag an am céanna caomhnú oidhreacht shaibhir agus áilleacht nádúrtha an chontae a chinntiú.

---

### SCÉIM BHLIANTÚIL TACAÍOCHTA POBAIL FÉILE AGUS IMEACHTAÍ

Leantar de Dheontais don Scéim Tacaíochta Pobail a tharraingt anuas gach mí. Is é an maoiniú iomlán a leithdháileadh d'imeachtaí Réigiúnacha, Eacnamaíocha agus Féilte go dtí seo in 2023 ná €87,250.00.

#### **Margaíocht Dhigiteach Discover Galway:**

In 2023, tá ár dtiomantas don straitéis margaíochta digití de chuid Discover Galway a fheabhsú daingean fós. Cé go ndearnadh dul chun cinn suntasach in 2022, leanaimid den suíomh gréasáin do

Discover Galway achur chun cinn mar thionscadal ríthábhachtach atá ag teacht lenár straitéis margaíochta níos leithne. Leanadh den suíomh gréasáin a fhorbairt le linn na bliana, rud a chuir suímh thurasóireachta agus eispéiris cuairteoirí chun cinn go straitéiseach i ngach ceantar i gContae na Gaillimhe.

D’ainneoin infheistíocht íosta in 2022, coinníodh ardáin Discover Galway go dúthrachtach. Bhíomar dírithe ar sheasmhacht agus ábharthacht an tsuímh gréasáin a chinntiú agus muid ag ullmhú don seoladh branda atá le teacht. Chomh maith leis sin, cuirtear béim sa suíomh gréasáin ar Eispéiris Bhia Discover Galway, mar chuireadh do chuairoteoirí scoth an bhia inár réigiún a bhlaiseadh. Is acmhainn luachmhar é fós an chéad dréacht nuachruthaithe den léarscáil suíomh spéisiúil i nGaillimh a rinne Oifig Turasóireachta an Chontae. Baineadh úsáid as an léarscáil seo roimhe sin chun tacú le hIonadaíocht Chomhairle an Chontae ag Féile Milwaukee i mí Lúnasa 2022 agus déanfar tuilleadh forbartha uirthi i gcomhréir le moltaí de chuid Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031. Cuireann ár n-iarrachtaí leanúnacha go mór le Gaillimh a chur chun cinn mar cheann scríbe mealltach nach ndéanfaí dearmad uirthi, agus táimid ag súil go mór lenár gcomhbhranda a lánfhóru, rud a fheabhsóidh an t-eispéireas cuairteora agus a chuirfidh deiseanna ar leith de chuid na Gaillimhe i láthair.

#### Forbairt Branda Ceann Scríbe na Gaillimhe

---

Tá áthas an domhain orainn seoladh rathúil an bhranda turasóireachta nua do Ghaillimh a fhógairt, a forbraíodh in 2023. Tá an tionscnamh sin mar thoradh ar an gcomhoibriú láidir idir Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chathair na Gaillimhe agus Fáilte Éireann. Ó thús go deireadh 2022, bhí ár nOifig Thurasóireachta, in éineacht le Bua Marketing—foireann a bhfuil neart taithí aici is atá ar maos i gcultúr bríomhar Shlí an Atlantaigh Fhiáin—ar thús cadhnaíochta sa saothar sin. Áiríodh lena n-iarrachtaí suirbhéanna cuimsitheacha sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon chun páirtithe leasmhara tionscail a mhealladh chomh maith le ceardlann chomhairliúcháin ríthábhachtach le saineolaithe áitiúla a bhí ar siúl i mí an Mheithimh 2022 ag an Dean Hotel.

De réir mar a chuaigh an tionscadal ar aghaidh trína chéim dhearaidh dheireanach faoi dheireadh 2022, fuair eamar tacaíocht bhreise chomh maith ó fhoireann ‘Chroíthailte Ceilte na hÉireann’ de chuid Fháilte Éireann. Chuir an maoiniú ríthábhachtach sin ar ár gcumas íomhánna breise a fháil ó Oirthear na Gaillimhe le linn an tséasúir seachbhuaice, rud a shocraigh bonn láidir do leathnú amach an bhranda in 2023.



#### Milwaukee 2023

Is í Féile Éireannach Milwaukee an ceiliúradh is mó ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus bíonn sí ar siúl i Loch Michigan in Wisconsin. D’fhreastail comhaltaí de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus de Chomhairle Chathair na Gaillimhe ar an bhféile ceithre lá. D’oibrigh an fhoireann atá ag obair i réimse na turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta i gComhairle Chathair na Gaillimhe agus le Turasóireacht Éireann chun stáinín nua do Ghaillimh, brait, preabsheastáin, cúlra agus ábhar Caidrimh Phoiblí a dhearadh don ócáid ag ar cuireadh branda nua na Gaillimhe i láthair. Eagraíodh léarscáileanna de Chontae na Gaillimhe, inar léiríodh nithe is díol spéise do chuairoteoirí, faisnéis do chuairoteoirí agus

léarscáileanna Chonamara agus cuireadh i gcló iad i Milwaukee agus scaipeadh iad chomh maith le Pinn, Málaí Gualainne agus T-Léinte. Cuireadh litríocht bhreise agus faisnéis ar shuímh Chontae na Gaillimhe ar aghaidh chuici chomh maith. Bhí slua ollmhór de bhreis is 130,000 cuairteoir ag an bhféile sin agus ba dheis iontach í chun gach a bhfuil le déanamh i nGaillimh a chur i láthair.

## Clár Athghiniúna

Tá an Rannóg Athghiniúna ag comhordú ceaduithe maoinithe agus tá sí á mbaint amach faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (CAFT) do na láithreacha seo a leanas: Baile Átha an Rí, Tuaim, Cinn Mhara, Port Omna, Baile Locha Riach, An Gort agus An Clochán. Tá maoiniú de bhreis is 6m euro faighte ag an bhFoireann Athghiniúna Tuaithe. Ó thús go deireadh 2023 bhí an Fhoireann Athghiniúna ag ullmhú iarratais mhaoinithe ar thuairim is €15 milliún de mhaoiniú tionscadail idir CAFT agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le cur isteach go luath in 2024.

Clár Carnach – Foireann Athghiniúna 2023	Méid an Chistithe Deontais CAFT urraithe.
Baile Átha an Rí	€2,927,310
Tuaim	€175,000
Cinn Mhara	€122,790
Baile Locha Riach	€1,678,879
An Clochán	€792,029
Fís Port Omna	€1,192,855
An Gort	€798,584
Teach Cúirte Phort Omna	€2,552,309

**Baile Átha an Rí:** Tugadh leithdháileadh de €3,554,000 do Bhaile Átha an Rí agus do Champas Nuálaithe BIA. Tacaíonn an tionscadal seo le hathghiniúint i mBaile Átha an Rí agus tá roinnt feabhsuithe le déanamh i Lár an Bhaile agus cuireann sé leibhéal suntasach maoinithe ar fáil chun gur féidir Champas Nuálaithe an BIA a reáchtáil, atá comhlonnaithe ar Champas Teagasc ar imeall Bhaile Átha an Rí.



Tá Campas Nuálaithe BIA á stiúradh ag Campas Nuálaithe BIA CTR ar a bhfuil ionadaithe ó Theagasc, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR), Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí, Tionscal Príobháideach agus Stiúirthóirí ceaptha ón Oifig Fiontair Áitiúil agus Feidhmeannacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chomhaltaí bunaidh an tionscnaimh.

In 2023, críochnaíodh tógáil ar aonaid táirgthe, ar chistineacha comhoibritheacha agus ar an ionad nuálaíochta a chuireadh seirbhísí tacaíochta teicneolaíochta bia. Sholáthair an Campas trí fhoirgneamh a chuimsíonn 2301 méadar cearnach (23, 767 troigh cearnach) d'acmhainní

biashonracha chun tacú le breis agus 40 gnó a bhaineann le bia agus a spreagann nuálaíocht agus inbhuanaitheacht earnáil an bhia i réigiún an Iarthair.



D'oscail an Taoiseach, Leo Varadkar TD Campas Nuálaithe BIA go hoifigiúil i mí Eanáir 2024. Cuireadh béim ar an gcur chuige comhoibríoch atá lárnach d'fhorbairt an champais sna hionchuir éagsúla ó aoichainteoirí ar an lá féin.

Leis na hoibreacha i Lár Bhaile Átha an Rí faoi CAFT déanfar feabhsuithe fisiciúla agus feabhsófar an réimse poiblí, feabhsófar cúrsaí siopadóireachta agus déanfar forbairt ar Pháirc Bhaile Átha an Rí. Tá na hoibreacha á chur i bhfeidhm go comhoibríoch ag raon comhpháirtithe lena n-áirítear an oifig ceantair áitiúil, Comhairle Pobail Bhaile Átha an Rí, Bailte Slachtmhara Bhaile Átha an Rí, Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí, an pobal gnó, agus grúpa fiontraíochta sóisialta áitiúil.

---

## TÚS ÁITE DO LÁR BHAILE ÁTHA AN RÍ

Tá an tOifigeach Athghiniúna Baile ag ullmhú Tairisceana le haghaidh seirbhísí sainchomhairleora chun an dara Plean um Thús Áite do Lár an Bhaile le haghaidh Bhaile Átha an Rí de chuid Chontae na Gaillimhe a sholáthar. Ba cheart an tairiscint a fhoilsiú go luath in 2024, ag an am céanna le Foireann Baile foirmiúil a chur ar bun i gcomhréir le beartas um Thús Áite do Lár an Bhaile, rud a thosóidh sa bhliain úr chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú an phlean agus na dtionscadal/dtionscnamh a thiocfaidh amach as an bpróiseas comhairliúcháin.

---

## MÁISTIRPHLEAN THUAMA

Rinneadh measúnú comhshaoil ar Mháistirphlean Athghiniúna Thuama in R1, 2021 sular cuireadh i láthair é agus sular thacaigh comhaltaí tofa Cheantar Bardasach Thuama leis ar 12 Aibreán 2021. D'eascair an Plean as comhairliúchán fairsing agus sholáthair sé eochairchlár d'iarratais ar mhaoiniú don bhaile amach anseo agus na bealaí feidhmithe a leagadh amach. Tá an fhoireann Athghiniúna ag súil go gcríochnóidh siad iarratas pleanála Chéim 8 le haghaidh athfhorbairt thionscadal Sheamlas Thuama d'fhonn iarratas maidir le maoiniú tionscadail caipitil a chur isteach faoi CAFT glaoch 1 in R1, 2024.



ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH

## CLÁRCHOSÁN CHUAN CHINN MHARA

Is é aidhm an tionscadail nascacht a fheabhsú do choisithe agus rothaithe idir Caisleán Dhún Guaire agus sráidbhaile Chinn Mhara chun rotharbhealach tiomnaithe a chuimsiú, ar leithligh ón gcarrbhealach bóthair. Rinneadh imscrúdú ar roinnt moltaí dearaidh i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Ullmhaíodh dréachtphean bainistíochta tógála don rogha tosaíochta lena n-áirítear measúnuithe Comhshaoil.

Tá na pleananna forbartha tionscadail seo á n-ionchorprú anois i dtionscadal ar scála níos mó atá á dhéanamh ag Oifigeach Tionscadail Bóithre Náisiúnta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi mhaoirseacht Bonneagar Iompar Éireann.



ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH

## PORT OMNA – ATHCHÓIRIÚ TÍ CÚIRTE

Tá sé i gceist leis an tionscadal an foirgneamh stairiúil suntasach seo a thabhairt ar ais in úsáid phobail. Tar éis maoiniú Chatagóir 2 a fháil do Theach Cúirte Phort Omna go luath in 2020, chuir an Fhoireann Athghiniúna pleananna chun cinn d'athrú úsáide ina mbeidh spás imeachtaí, Spás Oifige Solúbtha, agus caifé. Fuarthas cead pleanála chuid 8 don togra in 2021.

Tá an tionscadal á dtógáil agus táthar ag súil go mairfidh an tógáil ar feadh 18 mí.



ÍOMHÁ FOINSE:  
FOIREANN  
ATHGHINIÚNA,  
COMHAIRLE  
CHONTAE NA  
GAILLIMHE,

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH




---

#### PORT OMNA – FEABHSÚ AN FHEARAINN PHOIBLÍ

Tá tús curtha leis an bpróiseas máistirphleanála le haghaidh scéime feabhsaithe an fhearainn phoiblí a mbeidh príomhról aici i gclaoclú níos leithne Phort Omna ó tharla an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí a réachtáladh i mí Eanáir 2023. Tá an tionscadal seo coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, faoi cheannas na Foirne Athghiniúna agus tá sé á ullmhú ag foireann chomhairleach faoi stiúir an Ghrúpa RPS. Déantar é a mhaoiniú tríd an gciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe, príomheilimint de Thionscadal Éireann 2040. Tá sé mar chuid amháin de chlár athghiniúna níos leithne Fís 2030 Phort Omna atá á chur ar fáil do Phort Omna trí mhaoiniú athghiniúna tuaithe, lena n-áirítear athfhorbairt ar ionad íocónach Teach na Cúirte ar Chluain Fearta.

## public realm study area | boundaries and key features




ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH

### HALLA AN BHAILE LOCHA RIACH

Beidh athchóiriú an phríomhfhoirgnimh i gceist leis an tionscadal seo agus scartáil an iar-fhoirgnimh atá ann cheana féin rud a réiteoidh an bealach chun foirgneamh nua a thógáil a mbeidh rochtain ag cách air agus a chomhlíonann an cód. Forbraíodh an dearadh ar aghaidh go dtí an Chéim Thairisceana agus beidh anailís mhionsonraithe ar chostais d'fhonn maoiniú breise a fháil mar chuid de. Tá an pacáiste tairisceana tógála críochnaithe d'fhonn tairiscintí a lorg in R2, 2024.





ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH

### LONG POINT BHAILE LOCHA RIACH



Tá Foireann Dearaidh faoi stiúir Helena McElmeel Architects, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, ag ullmhú máistirphlean chun na spásanna poiblí agus na háiseanna ag an Long Point, Baile Locha Riach a fheabhsú. Nuair a bheidh sé réidh, cuirfidh an tionscadal Feabhsúcháin Long Point áiseanna den scoth ar fáil do ghníomhaíochtaí uiscebhunaithe intíre. Cuirfidh an tionscadal borradh faoin ngeilleagar áitiúil trí Bhaile Locha Riach a chur chun cinn mar cheann scríbe gníomhaíochtaí

allamuigh agus ag an am céanna cothú slí mhaireachtála dhearfach, sláintiúil do mhuintir na háite agus do chuariteoirí araon.

ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

---

## GORT - RÍOCHT PHOIBLÍ

Cheap Comhairle Chontae na Gaillimhe BDP chun an Plean um Thús Áite do Lár an Bhaile agus Plean Feabhsaithe na Ríochta Poiblí do Lár Bhaile an Ghoirt a ullmhú. Beidh an Chéad Phlean do Lár an Bhaile mar bhonn eolais don phróiseas cinnteoireachta. Eiseofar an plean seo mar chuid den

phróiseas comhoibríoch, bailithe faisnéise/sonraí chun Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt, Plean Bainistíochta Tráchta an Ghoirt, an Plean Iompair Áitiúil, agus an Straitéis Siúlóide agus Rothaíochta a dhréachtú. Bhí an chéad chéim den chomhairliúchán poiblí ar siúl i Ráithe 1, 2023. Tá an tionscadal ríochta poiblí sna céimeanna deiridh den dearadh mionsonraithe mar ullmhúchán don



iarratas pleanála a chur isteach. Tá scagadh comhshaoil á dhéanamh ar an tionscadal faoi láthair.

---

ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE

---

## TÚS ÁITE DO LÁR AN BHAILE

Bhí an tOifigeach Athghiniúna Baile (OAB) ag obair go dlúth le Foireann Bhaile an Ghoirt le bailchríoch a chur ar ábhar phlean píolótach Lár an Bhaile (TÁLB) don Ghort. Tá an plean críochnaithe anois agus bhí seoladh foirmiúil an phlean deiridh ar siúl i mí na Nollag. Leagadh amach sa phlean 12 phríomhthéama agus tá 2 thionscadal ag gach téama arna n-aithint mar thograí gearrthearma, meántearma nó fadtearma. Chuir TRO 2 iarratas maoinithe isteach ina dhiaidh sin ó phlean TÁLB, an Ciste Maoirseachta um Oidhreacht ón gComhairle Oidhreachta do Halla Baile an Ghoirt, chomh maith le hiarratas na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile (SABS) d’fheabhsú sráid-dreacha don Ghort, iarratas ó críochnaíodh plean TÁLB.



## AN CLOCHÁN – FEABHSÚ LÁR AN BHAILE

Tá sé mar aidhm ag an tionscadal cur chuige dearadh comhtháite a sholáthar don Chlochán ag díriú ar thrí phríomhréimse:

- Feabhsú Fearainn Phoiblí Lár an Bhaile
- Páirc an Chuain
- Cé Bhóthar na Trá

Tá Sainchomhairleoirí Úsáide Talún (LUC) ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht lena bhfochomhairleoirí, Tobin agus MKO.



Tá dearadh coincheapúil curtha le chéile acu a chuir lena straitéis comhairliúcháin phoiblí in 2022. Tá tuilleadh forbartha déanta ar na dearaí seo anois agus meastar go mbeidh an dearadh deiridh mar bhonn eolais d'iarratas pleanála chuig an mBord Pleanála in R3, 2024.

ÍOMHÁ FOINSE: FOIREANN ATHGHINIÚNA, COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE, SAINCHOMHAIRLEOIRÍ DEARADH

Tá oibreacha ar thionscnaimh de chuid na mBailte Cinn Scríbe curtha chun cinn ag an bhfoireann Athghiniúna. Thóg siad iad tríd an bpróiseas Soláthair agus ceapadh Conraitheoirí O Malley Tarmacadam chun na hoibreacha Ullmhachta Glasbhealaigh ag Droichead Chuan Aird Bhéarra a dhéanamh, chun na comharthaíochta geata laistigh den bhaile a shuiteáil agus déanfaidh NUARK Oibreacha feabhsaithe ag an bPailliún ag an Stáisiún Bus.

---

## TUAIM – ATHCHÓIRIÚ HALLA AN BHAILE

Is é aidhm an tionscadail Seanhalla an Bhaile i dTuaim a athfhorbairt le húsáid mar spás ilfheidhmeach a bheidh mol cruthaitheach agus fiontraíochta agus spás comhoibrithe, oifigí, seomraí cruinnithe agus spásanna tacaíochta mar chuid de. Tugadh faoi oibreacha imscrúdaithe láithreáin in R4, 2021 chun eolas a dhéanamh d’aon iarratais phleanála agus chistithe ina dhiaidh sin. Fuarthas iarratas pleanála Chuid 8 in 2022 le haghaidh na n-oibreacha beartaithe, agus meastar go n-áireofar an tionscadal sin in iarratas ar mhaoiniú caipitil CAFT CAT 1 amach anseo in R1, 2024.



---

FOINSE NA HÍOMHÁ:

FOIREANN ATHGHINIÚNA,  
MÁISTIRPHLEAN  
COIMISIÚNAITHE DO THUAIM.

---

## GAIRM CHISTE 3 MAIDIR LE HATHGHINIÚINT UIRBEACH AGUS TUAITHE

Fuair CCG maoiniú €2,000,000.00 do Thuaim, Béal Átha na Sluaighe agus Órán Mór faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (CAFU). Is ciste atrátha é an dámhachtain a úsáidfear chun réadmhaoine neamhshealbhaithe agus tréigthe a sainaitníodh a cheannach agus a thabhairt chun margaidh ar fud na n-áiteanna lonnaithe sin. Tá foireann á bailiú chun an ciste a bhainistiú agus chun iarracht a dhéanamh líon foirgneamh neamhshealbhaithe agus tréigthe a laghdú inár mbailte agus inár sráidbhailte.

---

## SCÉIMEANNA ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE AGUS BEARTA FEABHSAITHE SRÁID-DREACHA



An Roinn Forbartha  
Tuaithe agus Pobail  
Department of Rural and  
Community Development

Ár dTodhchaí  
Tuaithe  
Our Rural  
Future



Dearadh

Scéim chun tacú le hathbheochan i gceantair thuaithe na hÉireann trí bhéim athnuaithe a leagan ar athghiniúint lár an bhaile agus beocht eacnamaíochta agus shóisialta a fheabhsú i gcomhréir leis an bpolasaí Tús Áit do Lár an Bhaile agus Ár dTodhchaí Thuaithe. Tá an Scéim arna maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail dírithe ar thionscadail chaipitil atá ar tí tosú agus tá béim aici ar thionscadail a sholáthraíonn beocht eacnamaíoch agus shóisialta do láir bailte agus sráidbhailte agus a chabhraíonn le foirgnimh neamhshealbhaithe agus dearóile a úsáid arís mar spásanna ilfheidhme/mol agus mar thionscnaimh ríochta poiblí. In 2023 tugadh isteach catagóir nua bhreise le haghaidh oileán amach ón gcósta a bhfuil cónaí iontu agus den chéad uair bhí an Scéim in ann athchóiriú na n-ionad pobail atá ann a bhreithniú.

Bhí Léirithe Spéise (LS) á lorg ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ó Ghrúpaí Ionadaithe Gnó, Grúpaí Pobail agus Grúpaí Deonacha don Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2023 faoi dheireadh Mheán Fómhair 2023 agus cuireadh aighneachtaí isteach i dtús mhí na Samhna 2023. Fuarthas trí Léiriú Spéise is fiche agus cuireadh ceithre thogra chun cinn. Le haghaidh na gcontaetha i Réigiúin Trasdula an Iarthuaiscirt, lena n-áirítear Contae na Gaillimhe, d'fhéadfaí cúnaimh deontais arbh ionann é agus 95% den chostas tionscadail iomlán a lorg. Chuir an clár fáilte roimh iarratais. Eiseoidh an Roinn Cinneadh ar iarratais go luath in 2024 agus mairfidh tréimhse cur chun feidhme 18 mí.

<b>TV23GY01</b>	<b>An Gort – Scéim Sráid-Dreacha</b>
<b>TV23GY02</b>	<b>Dún Mór – Ionad Pobail</b>
<b>TV23GY03</b>	<b>Meáraí – Ionad Pobail</b>
<b>TV23GY04</b>	<b>Béal Átha na Sluaighe – 3 Réadmhaoín Phobail</b>

Le linn 2023 leanadh de thionscadail a sholáthar faoi scéimeanna a bhí ann roimhe sin. Is samplaí iad de thionscadail a bhí faoi stiúir an Phobail agus na Comhairle a cuireadh i gcrích le linn na tréimhse sin Béal Átha Glúinín agus Bearna Dhearg.

- Tionscadail Athdheisithe Bhóthar Iarainn Bhéal Átha Glúinín €100,000 @80% de na Costais
- Feabhsuithe Shráidbhaile Bhearna Dhearg €91,661 @90% de na Costais

Bunaíodh Stáisiún Traenach Bhéal Átha Glúinín in 1860 faoi líne iarnróid Thuama-Bhaile Átha an Rí. An léiriú is fearr ar an tábhacht a bhaineann leis an stáisiún traenach áitiúil i dturas an eisimircigh Éireannaigh ná sa scannán The Quiet Man leis na radhairc íocónacha ina bhfuil John Wayne agus Maureen O'Hara le feiceáil ar an ardán i mBéal Átha Glúinín i mí an Mheithimh 1951. Bhunaigh grúpa oibrithe deonacha áitiúla Cuideachta Forbartha Pobail Bhéal Átha Glúinín in 2004 chun athearraíocht a bhaint as Stáisiún Bhéal Átha Glúinín mar acmhainn bhríomhar do chuariteoirí agus don phobal le taitneamh a bhaint as.

Faomhadh iad do Dheontas Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte arbh ionann é agus €100,000 le cur i dtreo athchóiriú ar an bPríomhtheach Stáisiúin. Gan an maoiniú sin, bhí baol ann go gcaillfí an foirgneamh sin agus a ngnéithe bunaidh go deo. Tá Stáisiún Bhéal Átha Glúinín chun athoscailt arís mar shuíomh oidhreacht, ionad cuairteoirí, páirc bhithéagsúlachta a bhfuil duaiseanna buaite aici, mol pobail agus ionad le haghaidh ócáidí ar leith.

Bhí Ceantar Bardasach Thuama chun tosaigh maidir le cur chun feidhme Fheabhsuithe Shráidbhaile Bhearna Dhearg, bealaí coisithe sábháilte, cosáin agus slí isteach a uasghrádú, sa sráidbhaile a cheanglaíonn an Séipéal agus foirgnimh an phobail. Mar thoradh ar an tionscadal, suiteáladh soilsiú sráide nua, crosaire coisithe, cosáin agus troscán sráide chun áiseanna agus gnólachtaí a cheangal sa sráidbhaile tuaithe sin. D'éascair an tionscadal as comhairliúchán pobail nuair a rinneadh príomhcheist áitiúil d'infheistíocht i gclós súgartha an phobail agus de nascacht fhoriomlán ar ghluaiseacht shábháilte agus inrochtana idir áiseanna.



---

I MEASC NA NDAOINE SA GHRIANGHRAF AG STÁISIÚN BHÉAL ÁTHA GLÚINÍN TÁ ÉIMEAR DOLAN, OIFIGEACH RIARACHÁIN, FORBAIRT TUAITHE AGUS POBAIL, MARK GIBSON, AGUS JOYCE LAFFEY Ó CHUIDEACHTA FORBARTHA POBAIL BHÉAL ÁTHA GLÚINÍN AGUS TARA TAHENY, PRÍOMH-OIFIGEACH CÚNTA ÓN ROINN FORBARTHA TUAITHE AGUS POBAIL

---

#### SCÉIM SRÁID-DREACHA ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE - PORT OMNA

Agus é faofa faoin Scéim 2022 deonáíodh maoiniú don tionscadal sin ag tús 2023 agus seoladh é sa chéad ráithe le cúnamh ó Chomhlachas Tráchtála Phort Omna, grúpaí Bailte Slachtmhara agus áitiúla a raibh baint acu leis na Pleananna Athghiniúna do Phort Omna. Tá an Scéim dírithe ar thacú le huasghrádú agus feabhsú aghaidheanna siopaí agus sráideanna i limistéir shainithe laistigh de láir bhaile/shráidbhaile a roghnaíodh.

Reáchtáil foireann de chuid na Comhairle i bPort Omna dhá imeacht eolais san Ionad Pobail agus i dTeach na mBocht ó thréimhse an Ghorta Mhóir ar an 18/4/2023 & ar an 25/4/2023 agus lorgaíodh iarratais i mí na Bealtaine 2023. Lorgaíodh iarratais ar an gclár ó úinéirí talún agus ó thionóntaí chun réadmhaoine a uasghrádú laistigh de na sráid-dreacha lárnacha agus na ceantair incháilithe sa chlár agus bhí deontais ar fáil suas go 3500 in aghaidh na réadmhaoine nó suas go 80% de na costais mheasta chun do réadmhaoine a phéinteáil. Bronnadh ar Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach i láthair maidir le Scéim Sráid-Dreacha Phort Omna ar an 10/07/2023. D'oibrigh Comhlachas Tráchtála Phort Omna agus Comhairle Chontae na Gaillimhe le Dulux ar scéim dathanna molta chun cabhrú le comhairle a chur ar úinéirí talún agus chun rannpháirtíocht leis an Scéim a spreagadh. Bhí glacadh suntasach i bPort Omna agus deonáíodh maoiniú do níos mó ná 50 réadmhaoine. Le linn 2023 tarraingíodh anuas breis is 50k de na 96k a leithdháileadh. Is ionann an meándeontas d'úinéirí gnólachtaí agus d'úinéirí réadmhaoine/tionóntaí agus 2.3k.



---

## SCÉIM FEABHSAITHE SRÁID-DREACHA THUAMA

Faoi mhí Dheireadh Fómhair 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €85,008.44 ar ais ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun infheistíocht a dhéanamh i Scéim Feabhsaithe Sráid-Dreacha Lár Baile Thuama arna maoiniú ag an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.



## Tuam Streetscape Enhancement Scheme Sample Before & After

Sa tréimhse 2022-2023, rinneadh breis is 40 Tairiscint Maoinithe Deontais d'iarratasóirí laistigh de chrios Lár an Bhaile a shíneann amach ó Chearnóg an Mhargaidh. Críochnaíodh 32 réadmhaoín agus tarraingíodh anuas maoiniú deontais suas go 80% dá gcostais go rathúil roimh spriocdháta na Scéime a mhair go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Ba é an phríomhobair a críochnaíodh ná péinteáil aghaidhe, roinnt soilsithe agus oibreacha ginearálta chun iomarcaíocht a laghdú. D'éirigh le Gnólachtaí na Mórshráide go háirithe méid ní ba mhó de réadmhaoine cóngaracha a chríochnú agus bhí feabhas amhairc dearfach mar thoradh air sin. Áiríodh leis na páirtithe leasmhara sa leathnú amach, Líonraí Gnólachtaí Áitiúla, Cuideachtaí Ceantálaíochta, Bailte Slachtmhara Thuama agus Club Leon Thuama a chabhraigh le fógraíocht agus le heolas ar an Scéim le Ceardlanna Eolais Phoiblí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus le Clinicí Comhairleacha a bhí ar siúl go rialta in Oifig Réigiúnach Thuama. Tugtar faoi deara gur chuir tacaíocht ó na Comhaltaí Tofa maidir leis an Scéim a chur chun cinn agus cúnamh ón bhFoireann in Oifig Cheantar Bardasach Thuama, chomh maith le líonraí gnólachtaí áitiúla agus pobail go mór le cur chun feidhme na Scéime.

---

## CLÁR CLÁR HAGHAIDH BONNEAGAR MIONSCÁLA

Is clár infheistíochta spriocdhírthe é CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) le haghaidh ceantair thuaithe a bhfuil sé mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair ina bhfuil laghdú tagtha ar an daonra. Lorg an tAonad Forbartha Tuaithe agus Pobail Léirithe Spéise i mí na Bealtaine 2023 agus cuireadh iarratais dheireanacha faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) i mí an Mheithimh 2023. Tugtar faoi deara gur chuir RFTP foráil bhreise le CLÁR in 2023 nach mór fianaise a bheith ann d'íosléas 15 bliana tar éis críochnú nó de lánúinéireacht dhleathach suímh/réadmhaoine, rud a chuir le tréimhse an léasa ó 5 bliana i scéimeanna roimhe sin go 15 bliana agus dá bhrí sin bhí dúshlán roimh a lán iarratasóirí na mionsonraí dlí a chur i gcrích in am ionas go measfaí mar iarratasóirí incháilithe iad.

D'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, iad siúd a faomhadh Dé hAoine, an 1 Nollaig 2023. Cuireadh na grúpaí a leanas ar an ngearrliosta de 28 iarratasóir agus d'fhaomh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail iad a mhaoiniú faoi Bheart 1 (Saoráidí agus Taitneamhachtaí Pobail a Fhorbairt). Cuirfear tionscadail chun feidhme thar thréimhse na chéad 12-18 mí eile.



- Grúpa Forbartha Pobail Oirthear na Gaillimhe Aontaithe €50,000
- Club CLG Phort Omna €50,000
- CLG na Beithí €50,000
- Ardán Féachana CLG na Coille Móire €45,000
- Tommy Larkins (An Ghráig) €43,184
- CLG Naomh Breandán, Béal Átha Ghártha €50,000
- Club Iománaíochta Thíne- na Mainistreach-Dhún Doighre €50,000
- Baile na Cille, Leitir Mealláin- €21,942
- Scoil Náisiúnta Dhún Mór-€50,000
- Scoil Náisiúnta Bhaile na Cille, Baile Locha Riach €50,000
- Scoil Náisiúnta na Cealtraí €42,278
- Comhairle Pobail Bhaile an Mhuilinn Teo. €50,000
- Seirbhísí Sóisialta Bhéal Átha na Sluaighe €50,000
- Comhar Chuigéal Teoranta Comhar Chuigéal (Leitir Mealláin) Teoranta, €41,027

In 2023, críochnaíodh níos mó ná 14 thionscadal a faomhadh in 2022 le tacaíocht an Aonaid agus le tarraingt anuas rathúil níos mó ná 600k de mhaoiniú caipitil le haghaidh tionscadal ar scála beag.



EÍMEAR DOLAN, OIFIGEACH GNÍOMHACH, FORBART TUAITHE AGUS POBAIL LE COMHALTAÍ DE CHOMHAIRLE POBAIL AN CHLOIGINN AGUS AN CHLADAIGH DHUIBH AG CÚIRT PHEILE ATHFHORBARTHA I SRÁIDBHAILE AN CHLOIGINN A CRÍOCHNAÍODH IN 2023 AGUS ARNA MAOINIÚ AG RFTP, CLÁR CLÁR 2023.

## SCÉIMEANNA TUAITHE - SCÉIM ÁINEASA AGUS BONNEAGAIR ALLAMUIGH

Soláthraíonn an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh maoiniú d'fhorbairt infrastruchtúir áineasa lasmuigh (Tionscadail de chineál Turasóireacht Eachtraíochta, Blueways, Conairí Siúlóide, Ródchosáin, srl).

## Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (SBÁA) 2023



Soláthraíonn an Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh maoiniú d'fhorbairt infrastruchtúir áineasa lasmuigh. Soláthraíonn sé tacaíocht freisin do dheisiú, do chothabháil, d'fheabhsú nó do chur chun cinn an bhonneagair áineasa lasmuigh atá ann cheana i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann.

Tacaíonn an scéim le caitheamh aimsire spóirt agus áineasa. Cuidíonn sé le húsáid a bhaint as acmhainní na tuaithe a chuireann le stíleanna maireachtála sláintiúla gníomhacha. Tacaíonn sé le hacmhainn eacnamaíoch agus turasóireachta an cheantair do phobail áitiúla agus do chuirteoirí turasóireachta araon.

Cuireann sé maoiniú ar fáil do:

- Forbairt, síneadh agus deisiú cosáin, cosáin, rotharbhealaí agus gormbhealaí
- rochtain níos fearr ar áiseanna fóillíochta nó áineasa allamuigh
- bonneagar áineasa faoin aer a fhorbairt
- **Beart 1** do thionscadail mhionscála óna dteastaíonn maoiniú suas le €30,000,
- **Beart 2** do thionscadail mheánscála le maoiniú suas le €200,000,
- **Beart 3** do thionscadail mhórscála a lorgaíonn maoiniú suas le €500,000, agus
- **Beart Forbartha Tionscadal** maoiniú suas le €50,000 le haghaidh costais forbartha do thionscadail straitéiseacha mhórscála.

---

### SCÉIM BONNEAGAIR ÁINEASA ALLAMUIGH (SBÁA) 2023

Rinneadh iarratas ar na Tionscadail seo a leanas de chuid Bheart 1 agus d'fhaomh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail iad, faoi Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh, 2023.

Beart Scéime	Ainm an Tionscadail:	Cur síos ar an Tionscadal (níos lú ná 30 focal):	An méid maoinithe ORIS a iarradh
M1	Uasghrádú rochtana ar Ghairdín Fiadhúlra na gCreag	Siúlbhealaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a fheabhsú laistigh de Pháirc Fiadhúlra na gCreag	22,600
M1	Tairseach na Coiribe	Suiteáil comharthaíochta do rotharbhealach nua i gceantar an Chloichreáin in Áth Cinn	20,000

M1	Bealach Ó Maine a Uasghrádú	Conair Shiúil Bhéarra-Bhréifne/Bhealach Ó Maine a Uasghrádú	33,010
M1	Feabhsuithe 2023 ar Shiúlbhealach Leacaigh-Chnoc Tua Mór	Feabhsuithe sábháilteachta siúlbhealaigh agus Cothabháil ar Pháirc Chnoc Tua Mór mar atá sí faoi láthair - Siúlbhealach Leacaigh.	30,500
M1	Uasghrádú Rochtana Thráchtá	Uasghráduithe Rochtana Thráchtá chun feabhsuithe a sholáthar do shiúlbhealach, rampa rochtana agus suíochán.	33,000
M1	Uasghrádú Rochtana na Trá Móire, Indreabhán	Uasghráduithe Rochtana na Trá Móire chun rochtain agus ionchuimsitheacht a chumasú do dhaoine scothaosta, an t-aos óg agus daoine faoi mhíchumas.	33,000
M1	Uasghrádú Rochtana Thrá Chill Mhuirbhígh	Uasghráduithe Rochtana ar Thrá Chill Mhuirbhígh chun rochtain agus ionchuimsitheacht a chumasú do dhaoine scothaosta, an t-aos óg agus daoine faoi mhíchumas.	33,000
<b>Beart Scéime</b>	<b>Ainm an Tionscadail:</b>	<b>Cur síos ar an Tionscadal (níos lú ná 30 focal):</b>	<b>An méid maoinithe ORIS a iarradh</b>
Forbairt Tionscadail	Máistirphlean Pháirc Foraoise Rinn Mhíl	Suíomh Mór Turasóireachta a Fhorbairt, Cur le hOidhreacht Uathúil na Páirce do Chontae na Gaillimhe agus do Réigiún an Iarthair.	49,950
Forbairt Tionscadail	Páirc Áineasa Allamuigh Bhéal Átha na Sluaighe	Staidéar féidearthachta a dhéanamh ar na roghanna d'fhorbairt na páirce poiblí i mBéal Átha na Sluaighe a léiríonn dea-chleachtas i gcomhréir le Pleanáil Chúil agus forbairt Inbhuanaithe.	49,950
Forbairt Tionscadail	Linn Taoide Árann	Staidéar Féidearthachta ar Sholáthar linne taoide ar Árann in aice leis an gcladach a chuirfidh deiseanna áineasa ar fáil do phobal an oileáin agus do chuariteoirí ar an oileán agus a sholáthróidh gnáthóg do bheathra muirí.	49,950

Rinneadh iarratas ar Thionscadail Bheart 2 & 3 a Leanas agus tá siad ag feitheamh ar fhorbairt na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, faoi Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh, 2023.

<b>Beart Scéime</b>	<b>Ainm an Tionscadail:</b>	<b>Cur síos ar an Tionscadal (níos lú ná 30 focal):</b>	<b>An méid maoinithe ORIS a iarradh</b>
M2	Grúpa Scéalta & Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin	Tá sé mar aidhm ag Grúpa Scéalta & Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin forbairt a dhéanamh ar Choillte agus ar Bheairicí Gharrán an Chaisleáin mar Chonairí Dúlra, Conairí Stairiúla agus mar Ionad Taispeántais Oidhreachta.	47,820

M2	Cumann Forbartha Pobail Ghlinisce	Deisiúcháin agus Uasghrádú a dhéanamh ar 2km de na Conairí atá ann cheana féin chun rochtain a fheabhsú ag Páirc Oidhreacht Ghlinisce	200,000
M2	Coiste Forbartha an Mháma	Carrchlós a thógáil a éascóidh rochtain do charranna agus do bhusanna dóibh siúd ar mhian leo dul ag siúl ar bhealach an iarthair.	172,582
M3	CLG Órán Mór-Mheárait	Is áis den scoth í Páirc Rinn Mhíl ach níl soilse feistithe ar na conairí siúil atá ann cheana féin. Tógfar 2.5km de shiúlbealaí lasta leis an tionscadal seo. Ar na príomhghnéithe nua eile a bheidh ann, beidh gairdín na gcéadfaí agus comharthaíocht léirmhínteach don lios.	351,000

---

TIONSCNAIMH EILE:


COOP4RURALGOV

In 2022 d'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú a fháil do thionscadal profa leas na tuaithe atá dírithe ar chomhoibriú le haghaidh rialachais i gceantair thuaithe, chósta agus shléibhe inar tearc an daonra.

Tá an Tionscadal Profa Leas na Tuaithe bunaithe ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (ar fud an chontae). Leis an bPlean, meastar go bhféadfaidh samplaí de dhea-chleachtais teacht amach as mar chuid de phlean cur chun feidhme PÁEP, agus cuirfear tús leis an bpíosa cur chun feidhme nuair a ghlacfar an Plean Áitiúil Eacnamaíoch & Pobail in 2024.

Feabhsóidh an Tionscadal Coop4RURALGov inniúlachtaí “rialachais” maidir lena scóip agus réimse tionchair tríd an tionchar a bhfuiltear ag súil leis a thomhas a imreoidh beart, a glacadh in PÁEP, ar cheantair thuaithe agus chósta, bearta a chuirfidh leis na buntáistí fisiceacha, airgeadais, institiúide, sóisialta, comhshaoil chomh maith le tairbhí nach iad do shochaí, pobal nó grúpa daoine trí idirghabháil forbartha amháin nó níos mó ná sin. Mar phróiseas reachtúla, éascóidh PÁEP soláthar príomhghníomhaíochtaí comhaontaithe agus é ag comhlíonadh freagrachtaí rialachais ag an am céanna. Déanann na comhpháirtithe eile ionadaíocht do phobail agus do cheantair bhordasacha atá bunaithe sa Spáinn (an comhpháirtí cinn), an Bhulgáir agus an Eastóin.

Bhí dhá chruinniú ag na comhpháirtithe go dtí seo agus réachtáil an comhpháirtí cinn iad araon in Pamplona, an Spáinn. An Tionscadal Eorpach Interreg ‘Coop4RURALGov. Promhadh Leas na Tuaithe. Bhí cruinniú tosaigh de ‘Chomhoibriú do rialachas is fearr atá dírithe ar cheantair thuaithe, chósta agus shléibhe inar tearc an daonra’ in Pamplona ar an 26 agus an 27 Aibreán, agus bhí ionadaithe ó na tíortha atá páirteach sa tionscadal i láthair: An Eastóin, An Bhulgáir, Éire agus an Spáinn.



Tháinig comhpháirtithe an tionscadail le chéile arís le linn na seachtaine idir an 16 agus an 22 Deireadh Fómhair i gcruinniú

laistigh d’Fhéile ‘Amanecer Rural’ Presura 2023, a bhí ar siúl ón 20 go dtí an 22 Deireadh Fómhair sa phríomhchathair Navarre, agus ghlac gach comhpháirtí páirt i bpainéal de chuid chlár an imeachta. Tacaíodh leis na seisiúin oibre le linn an lae trí chuir i láthair agus trí cháipéisíocht ó shaineolaithe sa réimse, agus bhí sé mar aidhm acu méid an dúshláin a léiriú atá roimh an tionscadal agus aghaidh a thabhairt ar an iliomad réiteach atá á gcur ar fáil ag na réigiúin rannpháirteacha.

## SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA POBAIL

Spreagann Scéimeanna Tacaíochta Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe grúpaí pobail agus deonacha chun páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt a bpobal trí mhaoiniú ar scála beag a chur ar fáil do thionscadail atá chun leasa a bpobal áitiúil agus a fheabhsaíonn gnéithe eacnamaíochta, pobail agus cultúrtha a gceantar máguaird. In 2023 bhí €294,830 san iomlán, lena n-áirítear €18,000 d’Fhéilte Réigiúnacha & Imeachtaí Rannpháirtíochta ó Fháilte Éireann, agus tacaíochtaí sínte do phobail ar fud na tíre. Cuireann an maoiniú sin leis na cláir oibre shuntasacha eile a dhéanann an Chomhairle ar leibhéal áitiúil chomh maith le hinfheistíocht trí scéimeanna maoinithe Roinne éagsúla eile.

Tá na leithdháiltí faoi Scéimeanna Tacaíochta Pobail de chuid na Comhairle liostaithe faoi na catagóirí aonair maoinithe seo a leanas, agus i gcomhréir leis na coigeartuithe a rinneadh ar na Scéimeanna Tacaíochta ábhartha ag Cruinniú Bliantúil an Bhuiséid:

Catagóir Maoinithe	Buiséad	Leithdháileadh
Scéim Tacaíochta um Fhorbairt Eacnamaíoch:	69,250	69,250

Scéim Tacaíochta d'Fhorbairt Pobail:	104,250	104,250
Scéim Tacaíochta d'Fhorbairt Chultúrtha - Deontais an Achta Ealaíon; €60,000 - Deontais Oidhreachta; €40,000 - Gníomhaíochtaí na Gaeilge €3,300	103,330	103,330
<b>BUISÉAD IOMLÁN</b>	<b>€276,830</b>	<b>€276,830</b>

### Scéim Tacaíochta Forbartha Eacnamaíochta:

I gcomhréir le blianta roimhe sin rinneadh measúnú ar iarratais ar fhéilte ealaíon agus faomhadh iad faoin Scéim Tacaíochta d'Fhorbairt Eacnamaíoch, chun a chinntiú go sainaithnítear Féilire Imeachtaí a mheallann cónaitheoirí agus cuairteoirí araon agus a sholáthraíonn buntáistí sóisialta, cultúrtha, turasóireachta agus eacnamaíochta don Chontae. Trí mheasúnú a dhéanamh ar gach iarratas ar Fhéilte & imeachtaí Rannpháirtíochta le chéile, shainaithníomar iad siúd atá níos áitiúla ó thaobh scála de agus a dtacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe leo faoin Scéim Tacaíochta sin agus shainaithníomar ar leithligh iad siúd a dtacófar leo faoin maoiniú Féilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirtíochta de chuid Fháilte Éireann. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Scéim le raon tionscnamh forbartha eacnamaíochta chun gníomhaíocht eacnamaíochta a chur chun cinn trí ábhair agus / nó trí thionscnaimh chun líon na gcustaiméirí a mhéadú sna ceantair áitiúla ábhartha.

### Scéim Tacaíochta Forbartha Pobail:

Is iad aidhmeanna na catagóire sin ná cumas foirgnimh atá faoi úinéireacht an phobail a fhorbairt chun maoiniú caipitil a ghíaráil trí iarratais a chur isteach ar mhaoiniú le haghaidh Iniúchtaí Fuinnimh, agus trí thacú le grúpaí a fheabhsaíonn ceantair taitneamhachtaí poiblí agus spásanna oscailte. Tá feabhas ag teacht ar an gContae go leanúnach i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara gach bliain, comórtas ar chuir breis is 42 Grúpa Bailte Slachtmhara isteach air in 2023 agus choinnigh Baile an Mhuilinn agus an Mhainistir a stádas boinn óir agus boinn airgid faoi seach agus chuir An Spidéal lena dhul chun cinn iontach le dhá bhliain anuas chun an Tríú háit sa Chontae a bhaint amach. Tá obair de chuid Ghrúpaí na mBailte Slachtmhara le feiceáil ar fud an Chontae agus cuireann sí go mór le cáilíocht an tsaoil agus cuma agus feabhsú inbhuanaithe ár mbailte agus ár sráidbhailte. Léiríonn sé sin sa raon tionscadal atá á moladh, lena n-áirítear feabhsuithe ar bhóithre isteach, soithí plandaí agus binsí fadré a uasghrádú agus aird láidir ar phlandú le haghaidh bithéagsúlachta agus pailneoirí. Mar is gnáth, bhí ró-éileamh ar an Scéim Tacaíochta sin agus dá bhrí sin díriodh ar fhoinsí maoinithe eile amhail leis an gClár Feabhsaithe Áitiúil, a bhronnfaidh níos mó ná maoiniú €150,000 ar shaoráidí pobail tríd an gCiste Ginearálta agus níos mó ná €30,000 de mhaoiniú ar Ghrúpaí Ban.

## Scéim Tacaíochta Forbartha Cultúrtha:

Tá sé mar aidhm ag Deontais an Achta Ealaíon cúnamh airgeadais a sholáthar do ghrúpaí ealaíon pobail chun gníomhaíocht ealaíon nó tionscadal a dhéanamh a spreagann spéis i raon leathan ealaíon agus rannpháirtíocht iontu. Bhí cáilíocht agus raon na dtionscadal cultúrtha a mhol an earnáil dheonach agus pobail ar ardchaighdeán, rud a léiríonn traidisiúin shaibhre na n-ealaíon & an chultúir i gContae na Gaillimhe. Cuimsíonn tionscadail rathúla raon leathan ealaíon amhail ceol, litríocht, dráma agus scannán agus díríonn siad ar chumas agus ar eolas a fhorbairt trí éagsúlacht oiliúna agus ceardlann idirghníomhach a reáchtálann grúpaí ealaíon pobail. Is é aidhm na ndeontas oidhreachta ná tacú le scoileanna agus leis an bpobal agus leis an earnáil dheonach chun feasacht a mhéadú ar thionscadal agus rannpháirtíocht a mhéadú iontu chun ár n-oidhrecht shaibhir a bhainistiú, a chosaint agus a chur chun cinn. Léiríonn raon na dtionscadal ar tacaíodh leo an bhéim láidir ar ghnéithe sonracha dár n-oidhrecht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha a bhailiú, a chomhroinnt, a chur chun cinn agus a chaomhnú i gContae na Gaillimhe, trí raon leathan foilseachán, tionscnamh digitithe, gníomhaíochtaí oidhreachta áitiúla, imeachtaí agus taispeántas a mhaoiniú. Deonaíodh raon deontas chomh maith chun soláthar gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus fóillíochta a chur chun cinn trí mheán na Gaeilge, rud a chuireann lenár n-aidhm chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sna pobail ar fad sa Chontae.

Mar a bhí na blianta roimhe sin, bhí an méid iomlán a lorgaíodh i bhfad ní ba mhó ná an buiséad a bhí ar fáil agus dá bhrí sin rinneadh measúnú críochnúil agus cuimsitheach chun a chinntiú gur maoiníodh na tionscadail ba chúí faoin scéim sin agus nár maoiníodh aon chostas seachas na costais incháilithe. Mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe thrasrannaigh, moladh 267 iarratas de na 311 iarratas le haghaidh maoiniú agus bhí tograí a bhí lasmuigh de théarmaí tagartha na Scéime ag na hiarratais nár éirigh leo. Maidir leis sin, thug an próiseas measúnaithe agus na fógraí ina dhiaidh sin aird ar na tosca seo a leanas:

- Lena chinntiú nach raibh aon dúbláil foinsí maoinithe ann agus nuair a bhí iarratasóirí neamh-incháilithe do mhaoiniú faoi na Scéimeanna Tacaíochta sin, cuireadh comhairle orthu maidir le foinsí maoinithe inmheánacha nó seachtracha a bheadh ní b'oiriúnaí.
- Lena chinntiú go raibh aird á tabhairt ar straitéisí agus ar bheartais ábhartha agus na tionscadail sin á measúnú agus tugadh tosaíocht do thionscadail a rachadh chun sochair don phobal i gcoitinne, rud arb é príomhchuspóir na Scéimeanna Tacaíochta Pobail é.
- Lena chinntiú go dtugtar aiseolas d'iarratasóirí nár éirigh leo, chomh maith le hiarratasóirí a fuarthas maoiniú laghdaithe ar chúis seachas go raibh ró-éileamh ar an scéim, ionas gur féidir leo iarratais agus tuiscint ar scéimeanna maoinithe a fheabhsú amach anseo.

Tugadh isteach próiseas iarratais ar líne i mbliana tríd an Submit Platform, a bhfuil aiseolas an-dearfach faighte aige ó iarratasóirí, agus lenar cuíchóiríodh an próiseas iarratais agus measúnaithe go mór d'fhoireann na Comhairle. Fuair gach iarratasóir a d'iarr cúnamh leis an gcóras iarratais ar líne treoir duine le duine chun a (h)iarratas a chríochnú, agus rinneadh teagmháil le haon iarratasóir a chuir iarratas neamhiomlán isteach ag an dáta deiridh chun a chinntiú go ndearnadh gach iarracht cabhrú le grúpaí ar mhian leo an próiseas iarratais a chríochnú.



Lean an Oifig Ealaíon le gach gné de na healaíona a chur chun cinn, ag tacú le héiteas na rannpháirtíochta, na rochtana agus an ionchuisithe i rith 2023. Bliain thar a bheith gnóthach a bhí ann agus roinnt imeachtaí ardphróifíle á eagrú go díreach ag an Oifig Ealaíon. Bhí fonn ar ealaíontóirí contae-bhunaithe saothar a chruthú agus a chur i láthair in 2023 agus bhí an-suim sna healaíona i measc an phobail. Tugaimid faoi deara go bhfuil

an t-éileamh ar sheirbhísí agus tacaíochtaí cultúrtha ag dul i méid agus go leor ealaíontóirí ag maireachtáil agus ag obair sa chontae agus go leor eile ag athlonnú go ceantair thuaithe. In 2023 i measc ár bpríomhthacaí agus ár gclár bhí:

**Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí:** Reáchtáil an Oifig Ealaíon Ceardlann Mhaoinithe d'Ealaíontóirí le haghaidh ealaíontóirí atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe ar an 1 Feabhra agus d'fhreastail 42 ealaíontóir uirthi ar líne. Ba í an t-ealaíontóir agus an t-éascaitheoir Róisín Stack a stiúir an cheardlann.

Thacaigh **Sparánacht Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí 2023** le 11 ealaíontóir chun a gcleachtas a fhorbairt agus saothair nua a chruthú in 2023. I measc na n-iarratasóirí rathúla bhí: Ceara Conway, Brigid Mulligan, Anne Marie Deacy, Louise Manifold, Selma Makela, Emma O' Grady, Bryony Hussey, Samir Mahmood, Alannah Robbins, Hilary Woods, Noeline Kavanagh. Rinne painéal piaraí measúnú ar na hiarratais.

Maoiníodh **Cónaitheachtaí Ealaíontóirí** d'ealaíontóirí atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe tríd an Oifig Ealaíon in 2023. Bronnadh cónaitheachtaí d'ealaíontóirí de chuid Chontae na Gaillimhe ar fud na n-ionad seo a leanas

Áras Éanna, Interface, Cultural Irlandais agus Air on the Edge (Idirnáisiúnta). Tar éis próiseas gairme oscailte, roghnaíodh an t-ealaíontóir Noeline Kavanagh do chónaitheacht Chontae na Gaillimhe ag Interface i nGleann Eidhneach i mbliana. Tá ríméad ar an Oifig Ealaíon a fhógairt gur éirigh le Magdalena Hylak ina hiarratas ar an Scéim Chónaitheachta d'Ealaíontóirí Damhsa chun na Comhairle Ealaíon. D'oibrigh Magdalena le 3 phobal i gContae na Gaillimhe mar chuid den chónaitheacht forbartha cumais sin le haghaidh damhsa comhaimseartha. Rinne Magdalena Hylak agus Lionel Kasparian a gcéad dhá sheachtain den chónaitheacht ag Amharclann Oileán Altanach ag deireadh mhí an Mheithimh agus tugadh cuireadh dóibh chun ceardlanna a chur i gcrích le " Féile Something in The Water "in Áth Cinn. Bronnadh cónaitheacht Centre Cultural Irlandais (Páras) ar Selma Makela.





**Malartú Cónaitheachta Idirnáisiúnta.** I mí an Mheithimh d'éirigh le hOifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe i gcomhar le hÁras Éanna Malartú Cónaitheachta Idirnáisiúnta ab fhiú €50,000 a fháil le 4 chomhpháirtí Eorpacha.

Bronnadh cónaitheacht mhaoinithe ar feadh míosa go Leeuwarden, an Ísiltír agus an Danmhairg ar bheirt ealaíontóirí as Contae na Gaillimhe (Noelle Gallagher & Daniel Mocci). Óstálfaidh Áras Éanna beirt ealaíontóirí as an tSeirbia agus as an bhFionlainn. Thacaigh an Oifig Ealaíon leis an bpróiseas roghnaithe agus leis an mbainistíocht tionscadail don chónaitheacht sin.

Ón 12 Iúil tugadh cuireadh d'ealaíontóirí le cur isteach ar cheann de na deich gcónaitheacht de chuid [AIR on the Edge](#) in Éirinn, an Ísiltír, an tSeirbia an Danmhairg agus an Fhionlainn. Soláthrófar spás stiúideo ealaíontóra, lóistín féinfhrestail, táillí ealaíontóra agus costais taistil do na healaíontóirí rathúla. Beirt ealaíontóirí as Contae na Gaillimhe le roghnú. Malartú cónaitheachta ealaíontóra idirnáisiúnta míosa is ea é AIR on the Edge idir an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, an Ísiltír agus an tSeirbia. Tá sé dírithe ar fhorbairt ghairmiúil ealaíontóirí, agus cruthaíonn sé deiseanna d'ealaíontóirí obair le pobail tuaithe agus tá sé frémhaithe in áiteanna tuaithe agus i gcathracha ar imeall na hEorpa.

Fuarthas 128 iarratas ó ealaíontóirí inár 5 thír chomhpháirtíochta roimh spriocdháta na deise cónaitheachta idirnáisiúnta sin. Bhí naonúr ealaíontóirí as na 16 ealaíontóir a chuir isteach ó Éirinn ina n-ealaíontóirí incháilithe atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe.

Bhí ríméad orainn an bheirt ealaíontóirí as Contae na Gaillimhe a fhógairt a thaistealóidh go dtí ár gcomhpháirtithe le [AIR on the Edge](#) le haghaidh cónaitheachtaí míosa. Oibreoidh Noelle Gallagher le Brogården Kulturvæksthus sa Danmhairg. Oibreoidh Daniel Mocci le Arcadia san Ísiltír. Táimid ar bís le cloisteáil conas a oibríonn Noelle agus Daniel le pobail in Ringkøbing-Skjern (an Danmhairg) agus Fryslan (an Ísiltír). Chríochnaigh ealaíontóir as Contae na Gaillimhe Noelle Gallagher a cónaitheacht míosa in Brogården Kulturvæksthus in Ringkøbing-Skjern Kommune sa Danmhairg.

## Leabharlann Taistil

Chuir maisitheoir, ealaíontóir agus údar do pháistí Chris Judge cuma bhríomhar agus ghliondrach ar Sheirbhís Leabharlainne Scoileanna Chontae na Gaillimhe. Tá an taobh amuigh den leabharlann taistil, a bhí liath fionnuar, lán le hiontais na cruthaitheachta anois; cuma nuashonraithe chun grá don léitheoireacht a spreagadh agus chun domhan inmheánach leanaí Chontae na Gaillimhe a léiriú. Bhí an tionscadal sin faoi stiúir Chontae na Gaillimhe




Oifig Ealaíon i gcomhar le rannóg Scoileanna Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, Scoil Náisiúnta Chluain Tuaiscirt agus Scoil An Chroí Naofa, Béal Átha na Sluaighe le tacaíocht mhaoinithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón gComhairle Ealaíon.

Mar phointe tosaigh don saothar ealaíne, thug Judge cuairt ar dhaltaí Scoil Náisiúnta Chluain Tuaiscirt agus Scoil an Chroí Naofa, Scoil Náisiúnta Bhéal Átha na Sluaighe chun cabhair a iarraidh leis an dearadh.

### Féile Leabhar do Pháistí 'Book It!'

Maoiníonn an Oifig Ealaíon Book It! de chuid na Seirbhísí Leabharlainne agus tacaíonn sí leis! Féile Leabhar na bPáistí. Eagraítear don fhéile bhliantúil sraith iontach imeachtaí spreagúla i leabharlanna agus i scoileanna ar fud an chontae. Déanann sé ceiliúradh ar léitheoireacht, scríbhneoireacht agus samhlaíocht.



**Ealaíontóirí i Scoileanna 2023:** Bronnadh maoiniú ar 5 scoil don chlár Ealaíontóirí i Scoileanna; Scoil Náisiúnta na bhForbacha, Scoil Náisiúnta Naomh Breandán Phort Omna, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig Bhéal Átha na Sluaighe, Scoil Náisiúnta Oideachais Le Chéile Bhaile Chláir agus Scoil Náisiúnta Inis Meáin. D'oibrigh na healaíontóirí ar thionscadail i raon leathan meán lena n-áirítear ealaíona traidisiúnta, amharcealaíona agus scannánaíocht.

**Ceardlann Nasctha Scoileanna Ildánacha:** Sholáthair Joanna McGlynn ceardlann a bhí dírithe ar ealaíona agus ar oideachas i Halla Baile Thuama le haghaidh 15 ealaíontóir atá bunaithe i gContae na Gaillimhe agus a bhfuil suim acu in oibriú sa réimse sin.

**Macnas ar Scoil:** Tar éis rath Oíche Chultúir Dhéanach le Crom. chuir Macnas ceardlanna i gcrích le daltaí Idirbhliana ag Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí.

**Scríbhneoirí i Scoileanna:** Tugadh tacaíocht do chlár BOOGR ina raibh na scríbhneoirí Darach Mac Con Iomaire, Trish Forde, Luke Morgan agus Órla McGovern ag obair le 7 scoil ar fud Chontae na Gaillimhe.

### Sorcas Pobail na Gaillimhe:



Thacaigh an Oifig Ealaíon le scéim phíolótach a chuireann téarma sorcais saor in aisce ar fáil do leanaí idir 5-11 bliana d'aois i dTuaim i mí Mheán Fómhair. Mar thoradh ar an gclár píolótach seo tá deiseanna sorcais rialta i dTuaim.

### Fleadh Scannán na Gaillimhe 2023

D'fhreastail an Cathaoirleach Liam Carroll agus an tOifigeach Ealaíon Sharon O'Grady ar an seoladh cláir don 35<sup>ú</sup> Fleadh Scannán na Gaillimhe ar an 27 Meitheamh. Bhí an fhéile ar siúl ón 11 go dtí an 16 Iúil. <https://www.galwayfilmfleadh.com/>

Comhghairdeas le David McDonagh as Clár Faisnéise Is Fearr a bhuachan agus as a ainmniú le haghaidh Ghradam Bingham Ray do Dhaoine Cumasacha Nua ag Fleadh Scannán na Gaillimhe i mbliana. Ba é David an chéad duine a fuair Sparánacht Misleór i gcomhair Clár Faisnéise Gearr in 2021. Tacaíonn Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe leis an tionscadal sin.

**Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe:** Thacaigh Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe le himeacht maidir le Cruthú Gasta do lucht na n-ealaíon atá bunaithe sa chontae ar an 2 Bealtaine & an 17 Meán Fómhair 2023. D'éascaigh Aoife Noone na ceardlanna forbartha gairmiúla agus rinne na healaíontóirí saothar nua, comhroinn siad smaointe agus rinne siad ceangail le healaíontóirí eile bunaithe sa chontae. Spreagadh rannpháirtithe le cur isteach ar Ghairm Oscailte d'Fhéile Amharclannaíochta na Gaillimhe 2024 ionas go mbreithneofaí iad don chlár an bhliain seo chugainn. Sheol Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe an clár ar an 28 Márta.

### Clár Six in the Attic de chuid Irish Theatre Institute:

Tá ríméad ar an Oifig Ealaíon a bheith ar cheann de na sé chomhpháirtí straitéiseacha údaráis áitiúil do Chlár Six in the Attic de Irish Theatre Institute 2023/2024. Is é ITI an eagraíocht náisiúnta acmhainní d'amharclannaíocht. Is é sin a príomhchlár forbartha ealaíonta d'amharclannóirí agus tá €1,300 de sparánacht cleachtas ealaíontóra ar fáil.

**Amharclannaíocht:** Chuidigh Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe le Meitheal, tionscnamh chun tacú le healaíontóirí amharclannaíochta saothar a chruthú don dream óg arna fhorbairt agus arna sholáthar ag Branar. Thacaigh an Oifig Ealaíon le clár Cianrialú d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn de chuid Amharclann an Bhrú, agus ghlac sé páirt i gcónaitheacht ceithre lá ar Inis Oírr ón 4 go dtí an 8 Meán Fómhair.

**Ceol le haghaidh cláir ar fud Chontae na Gaillimhe:** Déardaoin an 19 Meán Fómhair bhí sé beartaithe ag Music for Galway i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe agus le hIonad Ealaíon & Oidhreacht Bhaile Átha an Rí taibhléiriú Elégie: Rachmaninov - A Heart in Exile a chur i láthair in Raheen Woods Hotel, Baile Átha an Rí ach cuireadh siar é go dtí an 28 Eanáir 2024.



Bhí maidin **Líonrú Ealaíontóirí Chathair agus Chontae na**

**Gaillimhe** ar siúl Dé hAoine an 3 Bealtaine agus bhí níos mó ná

50 amharcealaíontóirí atá bunaithe sa Chontae agus sa Chathair ag líonrú le páirtithe leasmhara ag PorterShed a Dó. Tá an t-imeacht sin ar cheann de shraith imeachtaí forbartha gairmiúla d’amharcealaíontóirí Chontae agus Chathair na Gaillimhe atá á gcur i láthair ag Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Oifig Ealaíon Chomhairle Chathair na Gaillimhe, agus Comhlacht Chultúir na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Visual Artists Ireland. Bhí Seimineár Gréasáin, Treoir Ealaíontóra maidir le Cáin, ar siúl Déardaoin an 14 Meitheamh 2023 ag 2pm. Bhí Clinicí duine le duine le Gaby Smyth ó 3pm go 5.20pm ina dhiaidh sin. Saorhead isteach do gach amharcealaíontóir bunaithe i nGaillimh.

**Ealaín | Míchumais | Athrú Aeráide:** Tacaíonn an Oifig Ealaíon leis an gclár rannpháirtíochta



pobail de chuid thaispeántas Alan James Burns, lena n-áirítear an seimineár gréasáin maidir le hEalaín, Míchumas agus Athrú Aeráide Déardaoin an 20 Iúil. Tríd an seimineár gréasáin, scrúdaigh príomhghairmithe ealaíona Éireannacha agus idirnáisiúnta ealaín, eispéireas saoil faoi mhíchumas, athrú aeráide agus an méid atá i bpáirt acu i bpléití painéil ar

líne um thráthnóna a bhí saor in aisce.

Is imeacht bliantúil náisiúnta í Oíche Chultúir a thugann cuireadh do chách, i ngach áit, i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae, le linn oíche lúcháireach amháin chun spéis a chur i ngach gné dár gcultúr sa lá atá inniu ann agus é a cheiliúradh. Thug an oíche sin pobail le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh ar bheocht agus ar éagsúlacht chultúir sa chontae. Bhí gach imeacht saor in aisce go hiomlán de bharr tacaíochta ó Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ón gComhairle Ealaíona. Maoiníodh 37 imeacht Oíche Chultúir tríd an Oifig Ealaíon i mbliana.



### OÍCHE DHÁT HEANGACH CEOIL

AGUS AMHRÁNAÍOCHTA AR AN SEAN-NÓS I MBAILE LOCHA RIACH AG LEABHARLANN BHAILE LOCHA RIACH, FAOI STIÚIR AN OLLAIMH, LILLIS Ó LAOIRE.

I measc na mbuaicphointí bhí:

- Threoraigh Sonic Strings, ceolfhoireann fhuinniúil de dhéagóirí ó Coole Music and Arts, siúlóid ar Chosán Álainn Abhainn an Ghoirt le foinn bhinne a chruthaigh atmaisféar draíochtúil.
- Bhí ceiliúradh traschultúrtha ar siúl in Ionad Teaghlaigh Thuama nuair a chas ceoltóirí as an Afraic Thuaidh a bhfoinn de réir mar a aithrisíodh véarsaí draíochtúla d'fhillíocht na Fairsise.
- In Amharclann Halla Baile Bhéal Átha na Sluaighe ceiliúradh oidhreacht shaibhir agus cultúr bríomhar an Lucht Siúil le taispeántais grianghraf, ceardlanna, sárthaispeántais agus taibhléirithe, rud a thug fíorléargas ar chultúr an Lucht Siúil.

Chruthaigh **Maoiniú Oíche Chultúir Dhéanach 2023** deis chun ócáid den chéad scoth ar scála mór "Dul ag siúl le CROM " a eagrú le Macnas i mBaile Átha an Rí, ócáid a bhí go hiontach. Bhí líon measta de 5000 duine ar na sráideanna meánaoiseacha i mBaile Átha an Rí chun imeacht iontach de chuid Oíche Chultúir a fheiceáil ina raibh Macnas i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Ionad Ealaíon & Oidhreachta Bhaile Átha an Rí. Bhí 64 ealaíontóir agus taibheoir, 43 oibrí deonach pobail in aice le foireann agus criú páirteach sa taibhléiriú. Oíche ghliondrach chultúir a bhí ann a d'fhág lorg bliana ar ár n-áiteanna áitiúla agus ar ár n-ealaíontóirí. Bhí Oíche Chultúir Chontae na Gaillimhe ar RTÉ Nuacht a hAon agus RTÉ Six One News.



---

TÓIRSIRÍ AGUS COSANTÓIRÍ CROM, DALTAÍ IDIRBHLIANA AG COLÁISTE AN EACHRÉIDH, BAILE ÁTHA AN RÍ. GRIANGHRAF: ALAN BURGESS

### **Scéim Tacaíochta Pobail, Forbairt Chultúrtha (Deontais Acht Ealaíon)**

Tá sé mar aidhm ag an gcatagóir seo cúnamh airgid a sholáthar do ghrúpaí/eagraíochtaí deonacha ealaíon chun gníomhaíocht nó tionscadal ealaíon a chur i gcrích laistigh den phobal. In 2023 thacaigh Ciste Cultúrtha CSS le 48 tionscadal ealaíon arna stiúradh ag grúpaí gairmiúla agus deonacha sa Chontae. Tugadh tacaíocht do ghrúpaí deonacha sa chontae lena n-áirítear: KAVA, Ceolchumann Bhéal Átha na Sluaighe, Ceolfhoireann Phobail Chinn Mhara, Solstice Arts Group, Milltown Drama Society, Glenamaddy Players, Limelight Creative Arts de chuid Bhráithre na Carthanachta, Oughterard Courthouse Arts Programme, Coole Voices Community Choir, Headford Lace Project, Grúpa Ealaíon Phort Omna. Thacaigh sé le cláir ealaíon arna reáchtáil ag eagraíochtaí gairmiúla sa chontae chomh maith lena n-áirítear: Branar, Music for Galway, Galway Music Residency, Blue Teapot Theatre Company, Galway Dance Project.

Leanann **Creative Places Tuam**- de bheith ag forbairt gach ealaíontóra thart ar Thuaim agus ag comhoibriú leo le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ar an iliomad tionscadal a cuireadh i gcrích i mbliana d'éirigh thar barr le Deireadh Seachtaine Pobail West Awake a bhí ar siúl ar an 19 & an 20 Lúnasa.

Ghlac Oifig na nEalaíon páirt in Ócáid Líonraithe Náisiúnta Áiteanna Cruthaitheacha i dTuaim ar an 10/11 Samhain, faoi stiúir Creative Places Tuam. Thug go leor painéalaithe, aoichainteoirí cuairt ar Thuaim in éineacht le hÁiteanna Cruthaitheacha eile in Éirinn. Le linn na hócáide dhá lá seo, molfaidh ár gcainteoirí cuireadh sraith modheolaíochtaí is féidir a úsáid chun líonraí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a thógáil le haghaidh agus idir cleachtóirí agus pobail chomhoibríocha atá rannpháirteach go sóisialta.

**Culture Up** -D'fhostaigh an Oifig Ealaíon an bainisteoir tionscadail Fiona Hession chun tacú le comhpháirtithe Culture Up chun iarratas ar an Scéim um Thionscnaimh Chónaitheachta Idirnáisiúnta na Comhairle Ealaíon a thiomsú. Fuair iarratasóirí fógraí faoi lár mhí an Mheithimh. Leanaimid de bheith ag comhoibriú maidir le todhchaí líonra Culture Up lenár gcomhpháirtithe roimh spriocdhátaí maoinithe AE in 2024.

## Ealaín Phoiblí

Bunaíodh Grúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí Chontae na Gaillimhe chun tacú leis an mBeartas Ealaíne Poiblí 2020-2024 agus chun an clár ealaíne poiblí a mhaoirsiú. Ar an nGrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí atá á bhainistiú ag an Oifig Ealaíon tá baill den fheidhmeannacht, comhaltaí tofa ainmnithe agus triúr Saineolaithe Ealaíne seachtracha.

Ullmhaíodh agus foilsíodh Iarratas ar Mheastacháin le haghaidh seirbhísí chun dhá Scéim um Chéatadán d'Ealaín maidir le cosaint tuilte a bhainistiú thar ceann Chomhairle Contae na Gaillimhe agus an Chomhordaitheora Tionscadail ar scéimeanna do Sholáthar Seirbhísí le haghaidh Ealaín Phoiblí de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí: 1) Abhainn Dhún Coillín / Sruth an Agaird agus 2) Bhí dáta Deiridh Bhaile Chláir i mí Eanáir 2023

Ceapadh Rina Whyte mar Chomhordaitheoir Tionscadail Ealaíne Poiblí don dá scéim cosanta tuilte de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe/ Oifig na nOibreacha Poiblí i mí an Mhárta 2023. Bhí cruinniú tosaigh ar an 10 Márta agus bhí cuairt ar an láithreán le páirtithe leasmhara ar siúl. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an dá thionscadal.

**OOP CCG RCS Múrpheictiúr Thuama:** Tar éis próiseas comhairliúcháin leis an nGrúpa Comhairleach Óige, d'eisigh Joanna McGlynn cuir ar an 3 Aibreán d'ealaíontóirí a bhí ar an ngearrliosta chun tograí a chur isteach roimh an spriocdháta ar an 4 Meitheamh. Tar éis próisis inar lorgaíodh tairiscintí ar bhonn iomaíoch, d'éirigh le cónaitheoir i gCathair na Gaillimhe Shane O'Malley agus thosaigh sé forbairt an mhúrphictiúir, a bhí spreagtha agus treoraithe ag daoine óga a bhí rannpháirteach ann. Tá an úsáid bhríomhar a bhaineann Shane as dathanna fréamhaithe ina chúla graifítí. Bhainistigh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal sin go díreach.

SHANE O'MALLEY - TUAM PROJECT - MURAL



Tagann Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Chontae na Gaillimhe le chéile chun na sráideanna a dhéanamh níos gile le healaín. Cuireadh é ar bhalla Ionad nuafhorbartha na Roinne Coimirce Sóisialaí sa tSeanleabharlann ar Shráid na Siopaí i dTuaim. Soláthraíodh maoiniú

don mhúrphictiúr mar chuid den Scéim um Chéatadán d'Ealaíona, ar tionscnamh rialtais é trínar féidir 1% de chostas d'aon fhorbairt chaipitil, bonneagair agus foirgnimh arna mhaoiniú go poiblí a leithdháileadh ar an gcoimisiúnú saothair ealaíne.

## Glúin an Cheoil Chontae na Gaillimhe

Tá 4,711 mac léinn ag plé le cláir Ghlúin an Cheoil ar bhonn leanúnach thar raon comhthéacsanna i gContae na Gaillimhe. Áirítear leis na réimsí soláthair sin suímh oideachais (bunscoileanna, iarbhunscoileanna, ionaid Ógtheagmhála (réamhscoileanna) agus suímh phobail (moil agus campaí ceoil iarscoile/tráthnóna ar fud an Chontae). Ina theannta sin, i gcomhpháirtíocht le seirbhísí óige, díríonn Glúin an Cheoil Chontae na Gaillimhe ar cheantair ina bhfuil pobail leochaileacha iontu, áit a mbíonn fadhbanna rochtana mar thoradh ar shuíomh iargúlta geografach, agus ag an am céanna téann sí i dteagmháil le leanaí agus daoine óga faoi mhíchumas agus leo siúd atá imeallaithe nó a gcearta bainte díobh ar bhealach ar bith.

Forbairtí cláir nua do 2023 lena n-áirítear: Leathnú Mol Ceoil Nua ar fud an chontae Prásuirilísí, Téaduirilísí & Gaothuirilísí uirlisí nideoige a chur chun cinn, Beoshruthú, deiseanna taibhléirithe le haghaidh Daoine Óga ag tionscnamh/féile Ealaíona Traidisiúnta na hÉireann GEATA.

**Seachtain Farraige Chonamara:** Thacaigh an Oifig Ealaíona leis na gnéithe cruthaitheacha agus cultúrtha a rinne ealaíontóir Alannah Robins mar chuid den Cheardlann Nasctha Scoileanna Cruthaitheacha d'Ealaíontóirí & do Chleachtóirí Cruthaitheacha arna tacú ag Oifig Ealaíona Chontae na Gaillimhe i dTuaim maidir lena gcumas chun oibriú i scoileanna a chur chun cinn, an 28 Samhain ag Halla Baile Thuama.

**Féile Fit Up Oirthuaisceart na Gaillimhe 2023:** D'fhill an fhéile ar Chontae na Gaillimhe in 2023. Bhain sráidbhailte tuaithe in Oirthuaisceart na Gaillimhe taitneamh as trí seachtaine d'amharclannaíocht iontach ag deireadh mhí Mheán Fómhair/tús mhí Dheireadh Fómhair. Bhronn Three Rings i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon trí dhráma a bhuaigh duaiseanna ar phobail na Gaillimhe. Phleanáil agus léirigh Three Rings 3 dhráma gnímh amháin a chuaigh ar camchuart ar 6 amharclann, ionad pobail agus halla baile sa Sceachánach, an Droichead Nua, Dún Mór, Fothannach.

**Féile Ealaíon Cois Cladaigh an 14 go dtí an 17 Meán Fómhair 2023:** Tá neart ceoil, dráma, taispeántas, ceardlann agus rudaí nach iad ag an bhFéile Ealaíon Cois Cladaigh ar feadh trí lá i bPort Omna. Áirítear leis na buaicphointí buaiteoirí Cheol Traidisiúnta na hÉireann Ye Vagabonds chomh maith le Cathy Davey & a banna i mbun ceolchoirme. Áirítear leis na taibhléirithe amharclannaíochta seó de chuid Seamus O' Rourke The Ballad of Mossy Flood agus Why haven't I met Oprah leis an duine nua Dee Keogh. Le haghaidh daoine a bhfuil an-suim acu sa litríocht, tá na filí Amy Barry, Noelle Lynskey agus Luke Morgan sa chlár. Áirítear leis an bhFéile chomh maith siamsaíocht sráide agus teaghlaigh, clár scannánaíochta agus imeachtaí scoile. Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an bhféile sin.

**46<sup>ú</sup> Féile Ealaíon an Chlocháin ón 13 go dtí an 24 Meán Fómhair 2023:** Bhí seoladh na féile ar siúl Dé Céadaoin an 13 Meán Fómhair i Halla Baile an Chlocháin. Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe le Féile Ealaíon an Chlocháin. Féile Ealaíon Pobail an Chlocháin, an fhéile ealaíon pobail is seanbhunaithe in Éirinn, atá ar tí tosú ar an 46<sup>ú</sup> bliain anois, bhí sí ar siúl ón 13 go dtí an 24 Meán Fómhair agus bhí slua mór ann.



**Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe 2023:** Ag Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, d'oscail an tOifigeach Ealaíon Sharon O'Grady an taispeántas, **All the Dark Places** ag Interface, Gleann Eidhneach ar an 13 Iúil 2023.

STIÚRTHÓIR INTERFACE ALANNAH ROBINS, AN COMH. EILEEN MANION AGUS SHARON O'GRADY AG AN SEOLADH.



**Something in the Water:** Bhí áthas ar an Oifig Ealaíon tacú le féile ealaíon nua in Áth Cinn. Bhí an chéad fhéile Something in the Water ar siúl in ionaid ar fud Áth Cinn ón 6-8 Deireadh Fómhair 2023. Bhí meascán den scoth den ailtireacht, ceardaíocht, damhsa, litríocht, ceol, scéalaíocht agus imeachtaí agus ceardlanna amharcealaíne mar chuid den chlár. Comhghairdeas leis na heagraithe a chruthaigh Féile iontach faoi stiúir an phobail ar thacaigh muintir na háite go mór léi.



**Lá Náisiúnta Filíochta na hÉireann:** Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le 'Letters to the Universe' ceiliúradh ar fhilíocht a rinne The Ploughed Field Collective, grúpa ealaíon scríbhneoireachta cruthaithe atá bunaithe sa Ghort a rinne ceiliúradh ag níos mó ná cúig imeacht ón 27 go dtí an 30 Aibreán. Tá siad tiomanta d'fhilíocht agus scríbhneoireacht chruthaitheach a fhorbairt atá ionchuimsitheach agus inrochtana ina bpobal.



**Tacaíochtaí eile a chuireann an Oifig Ealaíon ar fáil:**

- Tacaíocht ó Choimisiún Scáileáin an Iarthair, Ciste Chathair Scannán agus Wrap UNESCO.
- Thacaigh Áras Éanna Arts Centre on Inis Oírr.

**Oifigeach Pobal Cruthaitheach:** Tá áthas orainn a thuairisciú go ndeachaigh an tOifigeach Pobal Cruthaitheach nua, Valerie Kelly isteach san fhoireann faoi scáth Éire Ildánach i mí Lúnasa 2023.

### ÉIRE ILDÁNACH 2023

Tá baint ag Contae na Gaillimhe leis na healaíona agus leis an gcultúr le fada an lá, agus cuireann ár gcáilíocht uathúil beatha agus ár dtírdhreach nádúrtha an cineál timpeallachta ar fáil d'ealaíontóirí le go mbeidh rath ar an gcruthaitheacht. Mar bhuntaca don tacaíocht ónár bpobal cruthaitheach tá freagracht as a chinntiú go gcaomhnaímid ár dtírdhreach, ár n-oidhreacht thógtha agus ár n-oidhreacht nádúrtha chun tuilleadh forbartha a mhealladh agus a chinntiú go gcaomhnaítear na tosca a chuidíonn chomh mór sin le cruthaitheacht.

Tá an Clár Éire Ildánach á stiúradh ag an Oifig Ealaíon i gcomhar le foireann Cultúir Chontae na Gaillimhe a chuimsíonn na seirbhísí seo a leanas: Cartlanna, Ealaíona, Caomhnú, Pobal, Fiontar, Oidhreacht, Leabharlanna agus Turasóireacht. Tá clár Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe maoinithe ag Éire Ildánach faoin snáithe Pobail Cruthaitheacha a bhfuil sé mar aidhm aige:

1. Rochtain agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha a leathnú go háitiúil.
2. Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid mar chatalaíoch le haghaidh comhoibrithe agus nuálaíochta chun folláine, comhtháthú sóisialta agus forbairt eacnamaíoch níos fearr a bhaint amach.
3. Neartú a dhéanamh ar chumas na n-údarás áitiúil cultúr agus cruthaitheacht a chomhtháthú trasna cruthú áite, athghiniúna, athnuachana, agus forbairt áiteanna níos beoga, cruthaitheacha agus inbhuanaithe.
4. Infheistíocht a dhéanamh i gcultúr agus cruthaitheacht chun tacú le cláir oibre níos leithne na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm.
5. Tógáil ar aclaíocht agus cur chuige comhtháite na bhFoirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun cláir chomhoibríocha spriocdhíríte a chur i bhfeidhm.

In 2023 ba é ár mbuiséad d'Éire Ildánach ná **€230,290** (€161,290 Croímhaoiniú + €30,000 maoiniú Chruinniú na nÓg + €35,000 Maoiniú Cruthaitheacht sna Blianta Deireanacha + €4,000 le haghaidh Comhairliúchán Óige). Chuir an buiséad sin ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe tionscadail chomhoibríochta de réir scála a sholáthar in 2023, a bhí nuálach agus uailmhianach. In 2023 thacaigh an Fhoireann Cultúir le 54 tionscadal le lucht féachana os cionn 8,000. In 2023 d'fhás cumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun a clár Éire Ildánach a sholáthar le fostú ball foirne tiomnaithe. Thosaigh an tOifigeach Rannpháirtíochta Pobal Cruthaitheach i mí Lúnasa 2023 agus tá sé/sí freagrach as maoiniú Éire Ildánach a bhainistiú do Chontae na Gaillimhe, teagmháil a dhéanamh le pobail chun na réimsí cruthaitheachta is mó suim acu a fhoghlaim agus comhoibriú le húdaráis áitiúla eile agus le hoifig roinne Éire Ildánach chun maoiniú breise a fháil agus chun tionscadail de réir scála agus a bhfuil tionchar mór acu a sholáthar.

**Cruinniú na nÓg:** D'éirigh thar barr le Cruinniú na nÓg Dé Sathairn an 10 Meitheamh. Fuair naoi



dtionscadal is fiche tacaíocht dhíreach ón gclár agus bhí imeachtaí ar siúl le grúpaí daoine óga ar fud an chontae. Bhí go leor imeachtaí ar siúl, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail códú, péinteáil, priontáil trí scáileán, dealbhóireacht, damhsa, ceol, amharclannaíocht agus scileanna sorcais.

---

#### SEOLADH CHRUINNIÚ NA NÓG 2023



---

#### TIONSCADAIL FOIRNE CULTÚIR

Chuir Foireann Cultúir Éire Ildánach Chontae na Gaillimhe raon leathan de thionscadail spreagúla ar fáil ar fud an chontae in 2023.

**Tionscadal Gheataí Gaibhnithe na Gaillimhe 2023:** Is gné luachmhar d'oidhreacht chultúrtha ár dtírdhreacha tuaithe i gContae na Gaillimhe é an geata páirce iarainn bhualte dúchasach gaibhnithe, ach is minic a dhéantar dearmad air. Gaibhníodh na geataí páirce seo den chuid is mó i gceárta gabha áitiúil. Tá siad praiticiúil agus feidhmiúil agus ag an am céanna is léiriú ealaíonta iad ón ngabha a rinne iad. Is tionscadal leanúnach é sin atá á reáchtáil ag an Oifigeach Oidhreachta, Marie Mannion agus á mhaoiniú ag Éire Ildánach.

**Hidden Lakes of Connemara:** Rinne Artisan House, Leitir Fraic foilseachán den scoth, '*Hidden Lakes of Connemara*'. San fhoilseachán, tá saothar an cheathair gníomhaithe comhshaoil Ollannacha a rinne staidéar ar lochanna Chonamara thar thréimhse níos mó ná 35 bliain ina ndearna siad anailís ar na hathruithe luibheolaíocha agus ceimiceacha a tharla thar an tréimhse sin. Tá bunléaráidí uiscethatha, dánta agus ailt a dhéanann cur síos ar an tírdhreach atá ag athrú i gConamara sa leabhar chomh maith.

**Conair Bhia Nuálaithe BIA:** Mar chuid de champas Nuálaithe BIA an-rathúil i mBaile Átha an Rí, gheall Comhairle Chontae na Gaillimhe Conair Bhia Ceardaithe a mhaoiniú le haghaidh cruthaitheoirí ag Campas Nuálaithe BIA chun a saothair a chur ar taispeáint. Bhí sé sin in ainm a bheith ar siúl ag deireadh na bliana 2023 ach cuireadh siar go dtí tús na bliana 2024 é chun go mbeadh deis ag an Taoiseach Leo Varadkar freastal uirthi.

**Léamh Mór na Gaillimhe- Timpeall an Tí agus Seachain an Drisiúr:** Bhí Léamh Mór na Gaillimhe bliantúil ar siúl le linn Gheimhreadh 2023 i roinnt de na craobhacha leabharlainne i dtuaisceart agus i ndeisceart na Gaillimhe. Tá sé mar aidhm ag an Léamh Mór oidhreacht litríochta agus ceoil a chur chun cinn chomh maith le cultúr uathúil na Gaillimhe a bhaineann leis na healaíona sin.

**ComicCon Bhéal Átha na Sluaighe:** Bhí ComicCon Bhéal Átha na Sluaighe ar siúl thar le linn 2 lá agus bhí éagsúlacht imeachtaí ann a bhí dírithe ar óg agus aosta. Bhí an ComicCon ar siúl i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe agus bhí imeacht amháin ar siúl i meánscoil áitiúil. Nuair a tháinig an club feistis de chuid 501st Garrison Star Wars Éireann bhí sceitimíní ar gach duine nuair a thug siad ComicCon chun shráideanna Bhéal Átha na Sluaighe. Bhí áthas ar óg agus aosta pictiúr a fháil leis an sár-réalta ab fhearr leo. Bhí freagairt an phobail go hiontach. Bhí gach ceardlann díolta amach agus mheall painéal na gcruthaitheoirí pobal bríomhar a raibh an-suim acu ann.



AN TOIFIGEACH EALAÍONA, SHARON O'GRADY & AN TOIFIGEACH RANPHÁIRTÍOCHTA POBAL CRUTHAITHEACH, VALERIE KELLY AG COMICCON

**Focail ó Theach na mBocht:** Bhí sraith ceardlann scríbhneoireachta cruthaithí ar siúl ag Ionad Theach na mBocht na hÉireann, Port Omna. Le linn roinnt seachtainí, theagasc scríbhneoir Gerard Hanberry rannpháirtithe agus threoraigh sé tríd an bpróiseas chun bunphíosáí cruthaitheacha a dhéanamh, píosáí arna spreagadh ag déantáin atá sa Mhúsaem ag Ionad Theach na mBocht. Ina dhiaidh sin tiomsaíodh na saothair sin i bhfoilseachán atá i mbailiúchán Theach na mBocht.



GERARD HANBERRY LE RANPHÁIRTITHE SA CHLÁR SCRÍBHNEOIREACHTA CRUTHAITHÍ 'FOCAIL Ó THEACH NA MBOCHT'.

**Going Coastal:** Féile buncheoil chomhaimseartha as imeall iarthair na hÉireann is ea í Going Coastal. Mar chuid den fhéile bhí an banna popcheoil ceannródaíoch Electric Dreams in éineacht le haíonna Anna Mullarkey agus Emma Lohan le haghaidh ceolchoirme i rith an lae ag Amharclann Oileán Altanach. Is grúpa ceoltóirí é Electric Dreams ó 'That's Life' clár ceoil de chuid Sheirbhís Bhráithre na Carthanachta.

**Tionscadal Plassey:** Is ealaíontóir ceoil é Keith Wallace a bhfuil cáil air as taifid allamuigh a úsáid chun píosaí ceoil a chruthú. Déanann sé cur síos orthu sin mar ‘chártaí poist sonacha’. I ndeireadh 2023, thaistil Keith go hInis Oírr chun na fuaimeanna ó longbhriseadh MV Plassey a thairfeadh agus conas a idirghníomhaíonn an ghaoth agus an bháisteach leis. Labhair sé le duine áitiúil a chuimhnigh ar an oíche a tharla an longbhriseadh agus ar an tarrtháil ghaisciúil a rinne muintir Inis Oírr. Tairfeadh an comhrá sin chomh maith agus d’úsáid sé sa pháosa fuaime a d’eascair as, rud a chaomhnaigh gné ríthábhachtach de stair an oileáin i bhformáid nua agus spreagúil.



ÍOMHÁ LE CAOINCHEAD KEITH WALLACE

**Ceardlann Drámaíochta:** Bhain Scoil na bhForbacha leas as maoiniú Éire Ildánach chun drámadóir a fhostú le haghaidh roinnt cuairteanna scoile. Trí na seisiúin sin, scríobh Caitríona Ní Dhomhnaill script leis na páistí agus mhúin siad scileanna aisteoireachta dóibh agus bhí bunléiriúchán drámata sa Ghaeilge mar thoradh orthu sin.

**Tionscadail Mhaoinithe maidir le Cruthaitheacht sna Blianta Níos Sine:** Chuir an Fhoireann Cultúir isteach ar mhaoiniú (€35,000) faoin gCruthaitheacht sna Blianta Níos Sine i gcomhar le hÉire Shláintiúil agus Comhordaitheoir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus d’éirigh leo tacaíocht a fháil. Úsáideadh an maoiniú sin chun tacú le trí thionscadal mórscála.

**ConTempo Cónaithe:** Thug Galway Music Residency (GMR), i gcomhpháirtíocht le ConTempo Quartet roinnt ceolchoirmeacha i saoráidí cónaithe cúraim fhadtéarmaigh mórthimpeall Chontae na Gaillimhe le linn mhíonna R4, 2023. Trí phróiseas comhairliúcháin, chinn siad cén saghas ceoil ab fhearr le gach ceann de na ceithre láthair. D’fhorbair GMR roinnt leabhair oibre chomh maith rud a d’fhág go raibh na cónaitheoirí ag foghlaim faoi na huirlisí éagsúla, stíleanna ceoil agus go bhféadfaidís páirt a ghlacadh dá mba mhian leo déanamh amhlaidh. Bhí glacadh iontach ag na rannpháirtithe leis agus rinne siad cur síos air mar “álainn ar fad”. Dúirt na cónaitheoirí, foireann cúraim agus taibheoirí ar fad go raibh éifeacht dhomhain agus thochtmar ag an bpróiseas iomlán orthu.

**Rithim na Beatha:** Rinne an grúpa drumadóireachta Drumadore ceardlanna le dhá phobal daoine scothaosta, an Mystical Rose Nursing Home i mBaile Chláir, agus Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Mhaigh Cuilinn. Ag deireadh na seisiún sin bhí taibhléiriú poiblí i Maigh Cuilinn i mí Dheireadh Fómhair. Bhí freagairt na rannpháirtithe thar a bheith dearfach mar go raibh áthas orthu triail a bhaint as foirm nua do chur in iúl cruthaitheach.

**Ealaín Caipín Buidéil:** Reáchtáil Bailte Slachtmhara Ghleann na Madadh tionscadal inar chruthaigh muintir na háite píosa ealaíne ar scála mór de sheanchaipíní buidéil. De bharr an phíosa sin bhí seandaoine an phobail in ann úsáid a bhaint as a gcruthaitheacht agus soláthraíodh saothair ealaíne chuidsúlacha don bhaile, píosaí is féidir a bhogadh agus a athshuí gan stró.



EALAÍN CAIPÍNÍ BUIDÉIL I NGLEANN NA MADADH

#### SPARÁNACHTAÍ ÉIRE ILDÁNACH

Bronnadh 13 Thionscadal Sparánachta ar ghrúpaí pobail agus ar ealaíontóirí in 2023 agus tá níos mó eolais faoi thrí cinn acu thíos.

**Fite Fuaite:** Reáchtáil Grúpa Ealaíon an Ghoirt clár éagsúil ceardlann cruthaitheach. Bhí siad go léir díolta amach i bhfad roimh ré agus bhí an fhreagairt orthu thar a bheith dearfach. Bhí na rannpháirtithe in ann triail a bhaint as péinteáil, scéalaíocht agus déanamh lóchrann gan ach roinnt a lua. Chuir an tóir a bhí ar na ceardlanna sin, agus na hardchaighdeáin chruthaitheachta a chruthaigh siad, béim ar an méid mór buanna agus paisin atá sa Ghort.

**Ceoldráma Tíre Biddy Early:** Chuir Ceolfhoireann Pobail Chinn Mhara bunphíosa ar stáitse, ceoldráma tíre ina léirítear saol agus tréimhse Biddy Early. Tá ról Biddy i stair na háite mar chuid den bhéaloideas ag an bpointe seo beagnach agus bhí sé go hiontach gur ghlac an pobal an bhean chuige féin, bean ar spreag a scéal glúnta de staraithe, ealaíontóirí agus údair. Cuireadh an ceoldráma ar stáitse ar feadh dhá oíche go luath i mí na Nollag os comhair lucht féachana díolta amach.



CEOLFHOIREANN  
PHOBAIL CHINN  
MHARA

**Tionscadal Rannpháirtíochta Bhrú Bhríde:** Is Tionscadal Óige é Brú Bríde atá bunaithe i dTuaim. Oibríonn siad i gcomhar leis an Western Traveller and Intercultural Development Centre chun obair le páistí ón Lucht Siúil trí ealaín agus trí chruthaitheacht. In 2023, bronnadh maoiniú Éire Ildánach orthu chun sraith ceardlann iarscoile a réachtáil ar scileanna sorcais. D'fhostaigh siad Sorcas Pobail na Gaillimhe agus réachtáil siad an clár i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí slua maith ann, agus dúirt na páistí gur bhain siad taitneamh as cruthaitheacht a úsáid ar bhealach gníomhach, spraiúil agus dinimiciúil. Tá éileamh mór ann go réachtálfar an clár arís in 2024 mar gur thug sé an-chúnamh do pháistí maidir lena muintín agus lena rannpháirtíocht shóisialta.

TITHÍOCHT AGUS AN  
FHREAGAIRT DON  
GHÉARCHÉIM SAN  
ÚCRÁIN



### Spríoc Straitéiseach

*Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiceach agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú le forbairt eacnamaíochta, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú.*

Déanann Stiúrthóireacht um Thithíocht agus Stiúrthóireacht um Fhreagairt Úcránach Chomhairle Chontae na Gaillimhe gach iarracht seirbhís a chur ar fáil do dhaoine aonair agus do phobail a bhfuil cúnamh de dhíth orthu i réimse soláthair tithíochta sóisialta, réimse rialála caighdeán san earnáil phríobháideach agus réimse na bainistíochta eastát. Déanann an t-aonad tithíochta a chuid gníomhaíochtaí laistigh de chreataí rialachais earnáil na n-údarás áitiúil.

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe thart ar 2,800 teach sóisialta ar fáil. Ag deireadh 2023 ba é an ráta folúntas 6.12% agus ba iad 52.9 seachtain líon na seachtainí inar fágadh folamh iad. In 2022, laghdaíodh an ráta folúntas ó 77 seachtain i ndiaidh gur athchóirigh an fhoireann cothabhála líon suntasach aonad folamh le hiarfheistithe fuinnimh, agus i ndiaidh na hiarrachta dírithe ón bhfoireann Leithdháilte tionóntaí a ainmniú do réadmhaoine.

Sholáthair clár Caipitiúil Tógála 226 teach sóisialta nuathógtha ar fud Thithíocht Shóisialta agus Chomhlacht Ceadaithe Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

### TITHÍOCHT DO CHÁCH

Is é 'Tithíocht do Chách - Plean Nua Tithíochta d'Éirinn' plean tithíochta an rialtais.

Is plean ilbhliantúil é, ar fiú na billiúin euro, a chuirfidh feabhas ar chóras tithíochta na hÉireann, agus a chuirfidh cónaithe de gach cineál ar fáil do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta éagsúla acu.

Is é cuspóir foriomlán an rialtais go mbeadh rochtain ag gach saoránach sa Stát ar chónaithe ar ardchaighdeán:

- chun iad a cheannach nó a thógáil ar cíós ar phraghas inacmhainne
- atá tógtha ar chaighdeán ard agus lonnaithe san áit cheart
- a thairgeann ardchaighdeán beatha

Is í fíís an rialtais don chóras tithíochta san fhadtéarma ná soláthar seasta tithíochta a bhaint amach sna háiteanna cearta, agus inbhuanaitheacht eacnamaíochta, shóisialta agus comhshaoil mar ghnéithe lárnacha sa chóras. Meastar go mbeidh sé ag teastáil go gcuirfear 33,000 teach nua sa mheán ar fáil in Éirinn gach bliain ó 2021 go 2030.

Tá ceithre chonair ag an mbeartas seo chun tithíocht do chách a bhaint amach:

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- deireadh a chur le heaspa dídine, soláthar tithe a mhéadú agus tacú le hionchuimsiú sóisialta
- soláthar tithe nua a mhéadú

- dul i ngleic le tithé folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as stoc reatha

Sna conairí, beidh gníomhartha a chuirfidh ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus eile i bhfeidhm. Gheobhaidh na conairí seo tacaíocht ó ghníomhartha chun cabhrú le córas tithíochta inbhuanaithe a chur ar bun.

I dTithíocht do Chách, tá 213 gníomh a chuirfidh raon roghanna tithíochta ar fáil do dhaoine aonair, do lánúineacha agus do theaghlaigh.

## GNÍOMHAÍOCHT CHUID V

Críochnaíodh is fuarthas 25 aonad (Údarás Áitiúil (ÚA) agus Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CCT)) faoi Chomhaontuithe Chuid V in 2023 sna háiteanna seo a leanas ar fud Chontae na Gaillimhe:

Údarás Áitiúil:

- An Saileachán, Baile Átha an Rí (8 n-aonad)
- Coran Eiscir Riada, Cnoc Aoil Dún Leo, Béal Átha na Sluaighe (8 n-aonad)
- Tobar Óráin, Cnoc Oráin, Órán Mór (4 aonad)



4 aonad Chuid V ag Tobar Óráin, Cnoc Oráin, Órán Mór

Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta:

- Plás an Chruicéid, Tuaim (1 aonad)
- Tir an Choir, Fearann na mBiocáirí Córacha, Tuaim (3 aonad)
- Rivercrest, Tuaim (1 aonad)

Síníodh 3 Chomhaontú Chuid V eile in 2023, a sholáthróidh 14 Aonad Chuid V san iomlán sna háiteanna seo a leanas:

- Tobar Óráin, Cnoc Oráin, Órán Mór (4 aonad)
- An Choill Gharbh, Béal Átha na Sluaighe (4 aonad)
- Fearann na mBiocáirí Córacha, Tuaim (5 aonad)

Eisíodh 33 “Litir Thuisceana” réamhphleanála in 2023, agus d’fhéadfadh 191 aonad san iomlán teacht uaidh, ag brath ar phleanáil.

Faoin Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021, mhéadaigh soláthar chun Cuid V a chomhlíonadh i Meán Fómhair 2021 ó 10% go 20% faoi chritéir áirithe atá san áireamh san Acht. Bhí an soláthar 20% i gceist maidir leis an gceathrú cuid de gach “Litir Thuisceana” a cuireadh ar fáil in 2023, agus má fhaomhtar iad, feicfead méadú suntasach ar sholáthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne tríd an bpróiseas seo sna blianta atá romhainn.

## GNÍOMHAÍOCHT TÓGÁLA TITHÍOCHTA

**Gort na gCloch, An Clochán (26 Aonad)** Agus é ar maos i stair shaibhir ach faoi ualach míshuaimhnis de bharr an ama atá caite, ba iardhíleachtlan de chuid Chlochar Shiúracha na Trócaire é Séipéal Naomh Iósaf sa Chlochán i gContae na Gaillimhe agus bhí sí ina Scoil Saothair & Neachtlan ina dhiaidh sin ag dul siar go dtí an bhliain 1862.

Agus í ina sainchomhartha feiceálach sa Chlochán, chreid Comhairle Chontae na Gaillimhe go raibh deis leis an tionscadal sin chun fócas na staire a chuireann as do dhaoine uaireanta a athrú go fócas ar chompord agus ar chosaint an phobail sa Chochán, trí thithe a sholáthar d’áititheoirí éagsúla, agus is í an íogaireacht sin a chinnteoidh gur áit í a mbeidh a cónaitheoirí bródúil a bheith ag maireachtáil inti.



**Droim na Gaoithe, Gleann na Madadh: (22 Aonad):** Chríochnaigh an tAonad Tithíochta am próiseas réamhcheannaigh chun 22 aonad a fháil ag Droim na Gaoithe, Gleann na Madadh in 2023. Is síneadh í an fhorbairt sin le hEastát Dhroim na Gaoithe atá ann cheana agus mar sin cuireann sí pobail inbhuanaithe agus forbairtí tionachta measctha chun cinn.



**Eiscir Riada, Béal Átha na Sluaighe (78 Aonad):** I gcompháirtíocht le Cumann Tithíochta na Clúide, chríochnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an réamhcheannach 40 aonad laistigh den fhorbairt 78 aonad sin. Fuair Cumann Tithíochta na Clúide na 38 aonad a bhí fágtha. Tá an fhorbairt sin i suíomh lár baile feiceálach agus tá meascán iontach de chineálacha aonad chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta an-chuid iarratasóirí ar liosta feithimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



**Tobar Mhuire, Áth Eascrach (18 Aonad):** Mar chuid d'athfhorbairt mhór ar Bridge Court, Áth Eascrach leagadh 10 n-aonad, iarfheistíodh 6 aonad go domhain, tógadh 12 aonad nua agus athainmníodh an t-eastát sin mar Thobar Mhuire, Áth Eascrach.



**Páirc na Darach, Bhéal Átha Mó (8 n-aonad):** Fuarthas faomhadh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in R3, 2023 chun leanúint ar aghaidh ag lorg tairiscintí chun 8 n-aonad tithíochta a thógáil i sráidbhaile Bhéal Átha Mó, Gaillimh, tar éis cead pleanála Chuid 8 a fháil go rathúil. Tosaíodh oibreacha ar an bhForbairt in R4, 2023 le críochnú in R4, 2024.



GRIANGHRAF D'OIBREACHA Á DTÓGÁIL AG BÉAL ÁTHA MÓ MÍ AN MHÁRTA 2024

## GNÍOMHAÍOCHT DEARTHATHA & PLEANÁLA

**Caisleán Raithin, Ard Raithin (10 n-aonad):** Ullmhaíodh cead Pleanála Chuid 8 i dtreo dheireadh 2022 chun forbairt 10 n-aonad tithíochta a chur ar fáil mar shíneadh ar eastát Chaisleán Raithin in Ard Raithin, ar na deich 10 n-aonad tá: 6 aonad dhá urlár dhá leaba, 3 aonad aon urlár dhá leaba, agus aonad dhá urlár 3 leaba. Tá aghaidh ag na haonaid go léir ar an iardheisceart agus tá dhá aghaidh acu, le rochtain dhíreach ar an spás oscailte príobháideach ón bpríomhspás cónaithe.



Ceapadh conraitheoir in R1, 2024 le críochnú in R1, 2025.

TUISCINT AN EALAÍONTÓRA AR FHOIRTEAR 10 N-AONAD AG CAISLEÁN RAITHIN, ARD RAITHIN

**Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn (24 aonad):** Bhí iarratas ar chead pleanála Chuid 8 le haghaidh 31 aonad ar an suíomh seo nár éirigh leis in 2021. Cuireadh tús le hathdhearadh ar an scéim, a raibh laghdú ar an líon tithe agus saoráidí pobail breise mar chuid de, in 2022. Meastar go gcuirfear iarratas pleanála leasaithe isteach in 2024. Is iad na tuairiscí scagthástála comhshaoil atá le déanamh a chinneadh cén chonair pheanála a thógfear.



LEAGAN AMACH MOLTA AG GORT UÍ LOCHLAINN, MAIGH CUILINN.

**Droim na Gaoithe, Baile Chláir (89 aonad):** Ceapadh an Fhoireann Deartha in 2021 chun scéim shóisialta tionachta measctha a sholáthar: a chur ar fáil ag an suíomh seo. Leanadh le dearadh, tuairiscí speisialtóirí agus imscrúduithe láithreáin in 2022. Cuireadh planáil faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Mheán Fómhair 2023.



LEAGAN AMACH MOLTA AG DROIM NA GAOITHE, BAILE CHLÁIR.

**Cois Móna, Baile Locha Riach (55 aonad):** Ceapadh foireann dearaidh in R1, 2024 chun scéim tithíochta sóisialta a sholáthar ag Cois Móna, Baile Locha Riach. Tá réamhdheartha agus sainsuirbhéanna á n-ullmhú faoi láthair d'fhonn iarratas pleanála a chur isteach in R3, 2024.



LEAGAN AMACH MOLTA COIS MÓNA, BAILE LOCHA RIACH.

**Eastát Naomh Íosaf, Béal Átha na Sluaighe (8 n-aonad):** Ceapadh Foireann Deartha in R3, 2022 chun forbairt tithíochta inlíonta 8 n-aonad a dhearadh ag eastát reatha Naomh Íosaf i mBéal Átha na Sluaighe. Tugadh faoi thuairiscí agus suirbhéanna speisialtóirí in 2022. Bronnadh planáil Chuid 8 in R3, 2023 agus bhí tógáil le tosú in R2, 2024.



LÉARÁID EALAÍONTÓRA AR FHOIRTE INLÍONTA AG EASTÁT NAOMH ÍOSAF I MBÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

**Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe (13 aonad):** Ceapadh Foireann Deartha faoi stiúir Ailtire Caomhantais do scéim tithíochta athghiniúna do lár baile ar Chnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe. Ar na foirgnimh atá ann anois, tá sraith de 7 dteach a bhfuil a n-aghaidh acu ar Chnoc Leo, foirgneamh 3 urlár cosanta le coirnéal seaimféir, agus teach 3 urlár in aice leis agus tithe lasmuigh i gclós ar chúl. Fuarthas suirbhéanna agus tuarascálacha speisialaithe lena n-áirítear suirbhéireacht



agus

samhaltú ar na foirgnimh atá ann cheana féin.

---

#### LÉARÁIDÍ EALAÍONTÓRA AR CHLÓS AGUS AR SHRÁID-DREACH AG CNOC DHÚN LEO BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Forbraíodh tograí deartha i gcomhairle le hOifigeach Caomhantais Chomhairle Chontae na Gaillimhe, leis an Rannóg Pleanála agus le hÚinéir Talún in aice láimhe. Athchóireofar na foirgnimh atá ann agus beidh spás i gclós inmheánach do 3 aonad breise nuathógtha. Bronnadh pleanáil Chuid 8 in R4, 2023 agus bhí tógáil le tosú in R4, 2024.

**An tSráid Ard, Tuaim: 10 nAonad:** Ceapadh foireann dearaidh in R1, 2024, d'athfhorbairt Stáisiún Dóiteáin Thuama chun 10 n-aonad tithíochta a sholáthar ar an suíomh. Críochnófar suirbhéanna speisialtóirí in R2, 2024 agus táthar ag súil go gcuirfear iarratas pleanála isteach in R4, 2024.



---

#### LEAGAN AMACH MOLTA – AN TSRÁID ARD, TUAIM



**Bóthar Bhríde, Port Omna (11 Aonad):** Tugadh cead Roinne d’athfhorbairt aonad tithíochta ag Sráid Bhríde i bPort Omna. Mar chuid den scéim leagfar aonaid fholmha atá ann agus tógfar 11

bhungaló dhá leaba. Ceapadh foireann dearaidh in R2, 2024, agus déanfar suirbhéanna speisialtóirí ina dhiaidh sin.

Cuirfear iarratas pleanála isteach in R1, 2025 agus beidh an tógáil le tosú in R2, 2025.

---

LEAGAN AMACH MOLTA – BÓTHAR BHRÍDE, PORT OMNA



**Bóthar na Gaillimhe, Tuaim (75 Aonad):** Ceapfar foireann dearaidh don fhorbairt 75 aonad ag Bóthar Bhaile Átha Cliath i dTuaim in R2, 2024. Cuirfear iarratas pleanála isteach in R1, 2025.

---

LEAGAN AMACH MOLTA – BÓTHAR NA GAILLIMHE, TUAIM

**Bóthar Íosaif, Port Omna (24 Aonad):** Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe cead ón Roinn Tithíochta foireann dearaidh a cheapadh d’fhorbairt 24 aonad ar Bhóthar Íosaif i bPort Omna

d’fhonn iarratas pleanála a chur isteach in R4, 2024.



---

LEAGAN AMACH MOLTA – BÓTHAR ÍOSAIF, PORT OMNA

**An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí: 11 Aonad:** Tugadh cead Roinne chun leanúint ar aghaidh le ceapadh foirne dearaidh d’fhorbairt inlíonta aoisbháúil ag Eastát an Choiléir Bháin i mBaile Átha an Rí. Beartaítear 10 mbungaló dhá leaba agus saoráid phobail 5 leaba a sholáthar ag an bhforbairt. Ceapfar foireann dearaidh in R2, 2024 agus cuirfear iarratas pleanála isteach in R4, 2024.

**Gort Mhaoilir, Baile Átha an Rí (34 Aonad):** Thug an Roinn Tithíochta cead do cheapadh foirne dearaidh d’eastát tithíochta ag Eastát Ghort Mhaoilir i mBaile Átha an Rí.



Moltar forbairt mheasctha 34 aonad a sholáthar san eastát. Ceapfar an fhoireann dearaidh in R2, 2024 agus cuirfear iarratas pleanála isteach in R1, 2025.

LEAGAN AMACH MOLTA – GORT MHAOILIR, BAILE ÁTHA AN RÍ

**Forbairtí Inlíonta- An Pháirc Mhór, Tuaim (4 aonad) & Mullach an Chnoic, Baile Locha Riach (3 Aonad):** Tá dul chun cinn á dhéanamh ar an tithíocht agus tá 2 fhorbairt inlíonta faoi Alt 179a den Acht um Pleanáil (forbairtí díolmhaithe) ag an bPáirc Mhór Tuaim agus Mullach an Chnoic i mBaile Locha Riach. Tosófar tógáil ar an dá fhorbairt in R1, 2025.



MOLTA – AN PHÁIRC MHÓR TUAIM



LEAGAN AMACH

INGEARCLÓNNA - MULLACH AN CHNOIC

## TITHÍOCHT INACMHAINNE

Mar chuid de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028, rinneadh Measúnú ar Éileamh/Riachtanais Tithíochta inar sainaithníodh an gá atá le dul i ngleic leis an srian inacmhainneachta i gContae na Gaillimhe. Ina dhiaidh sin, sannadh spriocanna tithíochta inacmhainne faoi chlár an rialtais láir, Tithíocht do Chách, do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ó 2022 go 2026.

Achtaíodh an tAcht um Thithíocht Inacmhainne, 2021 (“an tAcht”) (Uimh. 25 de 2021) ar an 21 Iúil 2021. Tháinig na Rialacháin um Thithíocht Inacmhainne 2022 (I.R. Uimh. 183 de 2022) agus na Rialacháin (Uimh. 2) um Thithíocht Inacmhainne 2022 (I.R. Uimh. 184 de 2022) i bhfeidhm ar an 13 Aibreán 2022. Leagtar amach sa reachtaíocht ceanglas maidir le bunú Scéime Tosaíochta lena gcuireann Údarás Áitiúla socruithe do cheannach tithíochta inacmhainne ar fáil. Déantar an Scéim Tosaíochta sin faoi Alt 11 den Acht.

Faomhadh Scéim Tosaíochta nua do Shocruithe Ceannaigh Tithíochta Inacmhainne ag Cruinniú de CBS Tithíochta i mí Aibreáin 2023 agus glacadh í ag Cruinniú de Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Bealtaine. D’fhaomh an tAire O’Brien Scéim Tosaíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 2 Meitheamh 2023. Faoin scéim tosaíochta, tabharfar 70% de na háiteanna cónaithe, tar éis critéir ábhartha a chur i bhfeidhm, do na hiarratasóirí incháilithe de réir an dáta agus an ama a fuarthas a n-iarratais. Tabharfar tosaíocht do 30% de na hiarratasóirí fágtha, rud a bheidh bunaithe ar roinnt gnéithe lena n-áirítear 1) ní mór dóibh a bheith ina gcónaí i nGaillimhe ar feadh 2 bhliain 2) ní mór dóibh ceangal sármhaith a bheith acu leis an gceantar, agus 3) ní mór dóibh a bheith ina gcónaí i gCeantar Bardasach na scéime nó laistigh de 10km ón scéim. Úsáidfear córas crannchuir má tá níos mó iarratas ná réadmhaoine ar fáil fós.

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt scéimeanna chun cinn faoi Thithíocht Inacmhainne. Táimid ag dearadh Dhroim na Gaoithe, Baile Chláir faoi láthair chun forbairt tionachta measctha a dhéanamh de, rud a chuirfidh tithíocht shóisialta agus tithíochta inacmhainne ar fáil agus táthar ag súil go mbeidh 45 aonad inacmhainne ann.

In 2023, d’fhógair an tAonad Tithíochta léirithe spéise do chomhaontuithe réamhcheannaigh do thithíocht shóisialta agus inacmhainne araon. Táimid ag cur togra amháin chun cinn faoi láthair le haghaidh forbairt lándéanta (62 aonad) i nDroim na Gaoithe, Baile Chláir.

## CEANNACHÁIN TÍ

Cheannaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 14 réadmhaoín (réadmhaoine folmha agus Tionónta in Situ) ar fud na cúig Cheantar Bhardasacha go léir faoin gClár Infheistíochta um Thithíocht Shóisialta in 2023.

## ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (ÍCT)

Is tacaíocht tithíochta sóisialta é an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) atá i bhfeidhm i gComhairle Chontae na Gaillimhe ó mhí na Samhna 2015. Tá ÍCT ar fáil d’aon duine a bhfuil riachtanas tithíochta sóisialta deimhnithe acu. Ciallaíonn tabhairt isteach ÍCT gur féidir le húdarás tithíochta cúnaimh

tithíochta a sholáthar do i bhfad níos mó teaghlach a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu, lena n-áirítear go leor faighteoirí forlíonta cíosa fadtéarmacha.

Déanfaidh ÍCT soláthar d'aistriú freagrachta as daoine a fhaigheann Forlíonadh Cíosa a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu ón Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) chuig údarais tithíochta agus soláthraíonn sé cur chuige nua maidir le freagairt do theaghlaigh a bhfuil riachtanas sóisialta acu.

Murab ionann agus faighteoirí Forlíonadh Cíosa, áfach, is féidir le faighteoirí ÍCT oibriú go lánaimseartha agus a dtacaíocht ÍCT a choinneáil - rud a bhainfidh bacainn ar fhostaíocht. Gheobhaidh faighteoirí ÍCT a gcóiríocht féin sa mhargadh cíosa príobháideach agus rachaidh siad i gcomhaontú tionóntachta le tiarna talún na maoinne.

Is iad na teaghlaigh atá i dteideal ÍCT ná:

- Aon teaghlach a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta
- Aon fhaighteoirí Forlíonadh Cíosa reatha a cháilíonn do thacaíocht tithíochta sóisialta.

Chun cabhrú le teaghlaigh gan dídean a thuilleadh cóiríochta éigeandála a fhágáil, tá an tSeirbhís Aimsitheoir Áite do Dhaoine gan Dídean ar fáil i gComhairle Chontae na Gaillimhe freisin. Is tacaíocht spriocdhírthe é do theaghlaigh gan dídean a bhfuil sé deacair acu tionóntachtaí ÍCT a fháil. Soláthraíonn sé tacaíochtaí breise airgeadais agus gaolmhara do thionóntaí agus tiarnaí talún.

Thacaigh an Chomhairle le 214 teaghlach breise chun freastal ar a riachtanas tithíochta trí bhíthin na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta in 2023 a chuir ar chumas daoine aonair oibriú agus neamhspleáchas a bheith acu freisin maidir le suíomh agus cineál na cóiríochta a roghnú, ag brath ar a rogha féin. Tá 1,471 tionóntacht ÍCT i seilbh Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

#### TAIFEAD NA DTEAGHLACH CÁILITHE (LIOSTA FEITHIMH TITHÍOCHTA)

Chríochnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe measúnú ar riachtanas tithíochta in 2023. Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar iarratais 1200 teaghlach, nár athbhreithníodh ó rinneadh an Achoimre ar Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta roimhe seo in 2022, chun a fháil amach an raibh siad fós cáilithe le haghaidh tacaíochtaí tithíochta sóisialta. Críochnaíodh an measúnú ar riachtanas tithíochta faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Soláthar Cóiríochta Tithíochta ina limistéar feidhme do dhaoine a dteastaíonn cóiríocht uathu ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus a bhfuil, i dtuairim na Comhairle Contae, de dhíth orthu agus nach bhfuil in ann í a sholáthar as a gcuid acmhainní féin.
2. Páirceanna carbhán cónaithe a sholáthar do bhaill an Lucht Siúil i limistéar feidhme na Comhairle Contae do dhaoine ar dócha go mbeidh gá acu le láithreáin ón gComhairle Contae agus a bhfuil gá acu lena leithéid de shuímh agus nach bhfuil in ann iad a sholáthar óna gcuid acmhainní féin.

Tá iarratais ó dhaoine atá incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus a bhfuil tacaíocht tithíochta sóisialta de dhíth orthu cáilithe don tacaíocht sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Ioncam

2. Stádas Cónaitheachta
3. Fáil ar chóiríocht
4. Riaráistí Cíosa.

Ba é líon iomlán na nIarratasóirí Tithíochta ar an Liosta Tithíochta ar an 31 Nollaig 2023 ná 2,932

#### SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (SCC)

Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun maoin chónaithe príobháideach a léasú nó a ligean ar cíos d'iarratasóirí ar an liosta tithíochta. Go traidisiúnta tá SCC dírithe ar dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil a riachtanas tithíochta comhlíonta ag iarratasóirí tithíochta ar bith atá i gcóiríocht SCC.

Feidhmítear an (SCC)/Léasú ar bhonn tionóntacht ar thionóntacht agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déanamh socruithe dá leithéid, le tiarnaí talún príobháideacha, ó 2007 i leith. Bhí 345 cuntas SCC san iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2023.

#### CAIGHDEÁIN ÍOSTA DO CHÓIRÍOCHT AR CÍOS

Thug Aonad Cigireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi 1879 Cigireacht um *Íoschaighdeán i gCóiríocht ar Cíos* in 2023. Sháraigh an líon seo ár Sprioc Bhliantúil le haghaidh Iniúchtaí Caighdeán Cíosa.

#### Miondealú ar Chigireachtaí:

Lóistín ÍCT:	1299
Cóiríocht SCC:	54
Gearáin:	21
Iniúchtaí Fíorúla:	0
Eile:	553

### Torthaí Cigireachta:

An Chéad Chigireacht – Neamh-chomhlíontach:	814
An chéad iniúchadh Comhlíontach:	0
Comhlíontach:	127
Litir Feabhsúcháin Eisithe:	1715
Fógra Feabhsúcháin Eisithe:	63
Fógra Toirmisc Eisithe:	0
Imeachtaí Díl a Eisíodh:	0

Tá sé de chúram ar Aonad Cigireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe Iniúchadh a dhéanamh ar Theaghaisí Príobháideacha ar Cíos chun cloí leis na *hÍoschaighdeán i gCóiríocht ar Cíos*, mar a éilíonn an Reachtaíocht, i ndlíne Chontae na Gaillimhe agus a Oileáin.

### SCÉIM DEISIÚCHÁIN AGUS LÉASAITHE

Tá an scéim dírithe ar úsáid níos fearr a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana féin agus cuidíonn sé le hathghiniúint Lár Bailte. Cuidíonn an scéim le húinéirí réadmhaoine foilmhe nach bhfuil in ann íoc as na deisiúcháin a theastaíonn le go gcomhlíonfaidh an réadmhaoin an caighdeán riachtanach chun é a ligean ar cíos. Cuirtear réadmhaoine a bhfuil gá lena ndeisiú in úsáid arís do thithíocht shóisialta. Tá na tithe a ndíreofar orthu faoin Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe (SDL) i gceantair riachtanais tithíochta sóisialta i lár bailte, i gceantair uirbeacha agus tuaithe ar fud na tíre. Caithfidh réadmhaoin a bheith folamh ar feadh bliana ar a laghad, agus caithfidh úinéirí maoine agus conraitheoirí a fhostáitear faoin scéim a léiriú go bhfuil siad cáin-chomhlíontach trí dheimhniú imréitigh cánach a sholáthar ar iarratas.

Teastóidh leibhéal íseal infheistíochta ó na haonaid idéalacha a ndírítear orthu faoi SDL chun iad a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach le haghaidh cíosa. Is féidir iasacht gan ús suas go €80,000 ar a mhéad (lena n-áirítear CBL) in aghaidh an aonaid a lorg tríd an scéim.

Ní mór do gach léas díreach a bheith idir 5-20 bliain. Ní bheidh aon téarmaí níos giorra incháilithe. Déanfar costas na ndeisiúcháin a fhritháireamh in aghaidh na híocaíochta cíosa comhaontaithe go dtí go n-aisíocfar luach na n-oibreacha.

I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an SDL in éineacht leis an socrú léasa don réadmhaoin tá:

- Cíos ráthaithe ar réadmhaoín nach bhfuil ioncam á ghiniúint aige
- Uasghrádú ar mhaoin a d'fhéadfadh a bheith tréigthe murach sin.
- Gan aon chíos a chailleadh le linn tréimhsí folmha.
- Gan déileáil le tionóntaí agus cothabháil ó lá go lá.
- Ní gá cíos a bhailiú ná tionónta nua a aimsiú.
- Seachain costais fógraíochta
- Tabharfar an mhaoin ar ais chuig úinéir na réadmhaoine ag deireadh an téarma in ord agus i riocht maith, ach amháin i gcás caitheamh agus cuimilt chothrom.

In 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt léirithe spéise sa scéim agus tá idirbheartaíocht ar siúl ar roinnt díobh sin.

## CEANNACH AGUS ATHNUACHAN

Comhlánaíonn an scéim Ceannaigh agus Athnuachan an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, sa scéim seo tá rogha ag úinéir réadmhaoine folamh a bhfuil gá le deisiú/leasú a dhéanamh air an réadmhaoín seo a dhíol leis an Údarás Áitiúil. Tá fócas ar leith sa scéim ar thithe níos sine chun dul i ngleic le fadhb an dearóilithe agus feabhas a chur ar dhreach na Tuaithe agus na mbailte.

## DEONTAS ATHCHÓIRITHE CHISTE CROÍ CÓNAITHE (BAILTE)

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Cróí Cónaithe fáil réidh le dearóiliú tithíochta agus seanáitribh fholmha a athúsáid, rud a chuirfidh beogacht le Ceantar/Pobal agus a dhéanfaidh áit chónaithe níos deise den Tuath. Is é an aidhm ná an Lorg Carbóin a laghdú trí fhoirgnimh atá ann cheana a athúsáid agus trí úsáid a bhaint as deontais ÚFIÉ chun úsáid fuinnimh a laghdú.

Ón 1 Bealtaine 2023, leathnaíodh an scéim, agus tá an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh (DARF) ar fáil anois d'athchóiriú réadmhaoine foilmhe nó tréigthe le haghaidh áitíochta mar phríomháit chónaithe príobháideach agus do réadmhaoine a fhéadfar a chur ar fáil ar cíos.

Tá deontas suas le €50,000 ar a mhéad ar fáil chun réadmhaoín fholamh a athchóiriú chun áitiú ag an úinéir tí, lena n-áirítear athchóiriú maoine nár úsáideadh mar áit chónaithe go dtí seo (faoi réir díolúintí pleanála cuí nó cead a bheith i bhfeidhm), mar phríomháit chónaithe príobháideach. Sa chás go bhfuiltear ag súil gur mó na costais athchóirithe ná an deontas caighdeánach suas le €50,000, beidh uasdeontas breisithe suas le €20,000 ar fáil má dheimhníonn an t-iarratasóir go bhfuil an réadmhaoín tréigthe (i.e. neamhfhónta ó thaobh struchtúir de agus contúirteach). nó má tá an réadmhaoín ar Chlár na Láithreán Tréigthe cheana féin, rud a thugann an deontas iomlán atá ar fáil do mhaoin thréigthe suas go huasmhéid €70,000. Caithfidh an mhaoin a bheith tógtha roimh an 1/1/2008 agus caithfidh sí a bheith folamh ar feadh 2 bhliain nó níos mó tráth an iarratais.

Ón 1 Iúil 2023, tá tacaíocht bhreise faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoín Fholamh (DARF) ar fáil chun tacú le réadmhaoine folmha agus tréigthe atá ar na hoileáin chun iad a chur in úsáid arís. Tá uasráta DARF iníoctha suas go 20% níos airde ar réadmhaoine folmha agus tréigthe ar oileáin cháilithe arb iad Inis Bó Finne, Árainn (Inis Mór), Inis Oírr agus Inis Meáin i gContae na Gaillimhe. Fágann sé sin go bhfuil na huasrátaí deontais chun réadmhaoine a athchóiriú ar na hoileáin suas le €60,000 do na réadmhaoine folmha agus suas le €84,000 i gcás ina ndeimhnítear go bhfuil an réadmhaoín tréigthe.

Leanadh den Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh (DARF) a leathnú amach in 2023 agus fuarthas 287 iarratas (tarraingíodh 73 ceann acu siar) agus faomhadh 112 ceann acu.

Féach grianghraif thíos de réadmhaoin i gContae na Gaillimhe atá curtha in úsáid arís mar gheall ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh (Scéim Chroí Cónaithe) roimh athchóiriú agus ina dhiaidh:



ROIMH ATHCHÓIRIÚ



#### TAR ÉIS ATHCHÓIRIÚ

### AN LOGEOLAIRE UM SHUIRBHÉ AR SHONRAÍ FOLÚNTAIS

Tosaíodh an Logeolaire um Shuirbhé ar Shonraí Folúntais in 2023. Bhí 1708 réadmhaoin a sainithníodh le suirbhéireacht a dhéanamh orthu. Cruthaíodh bileoga eolais maidir leis na scéimeanna éagsúla atá ar fáil agus úsáideadh iad mar chuid den Logeolaire um Shuirbhé ar Shonraí Folúntais.



Is é príomhaidhm an tsuirbhé ná cinneadh an bhfuil na réadmhaoine folamh ionas gur féidir úsáid a bhaint as na sonraí sin chun iad a chur in úsáid arís.




D'fhorbair an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) aip ina raibh eolas líonta isteach ann cheana féin faoi na réadmhaoine a raibh suirbhéireacht le déanamh orthu chun cabhrú le húdaráis áitiúla réadmhaoine a aithint a fhéadfaidh a bheith in-aisghabhála le húsáid. Cuireadh tús leis an gcuid tosaigh den suirbhé, inar tugadh cuairt ar na réadmhaoine a aithníodh ar an aip, chun a fháil amach an raibh an réadmhaoine folamh, i mí Mheán Fómhair 2023. D'aithin an Roinn (RTRÁO) 43 lonnaíocht a raibh suirbhé le déanamh orthu laistigh de shuímh uirbeacha Chontae na Gaillimhe agus imlíne 1km ó lárphointe. Roghnaíodh 7 mbaile mhóra, 11 lonnaíocht mhóra agus 25 mionlonnaíocht.

Úsáidfean an t-eolas a bhaileofar le linn an tsuirbhé sin mar bhunachar sonraí chun eolas a dhéanamh do na chéad chéimeanna eile a ghlacfar chun aghaidh a thabhairt ar réadmhaoine folmha. Féach grianghraif thíos de réadmhaoine ar tugadh cuairt ó tosaíodh an suirbhé.



## IMEACHTAÍ EOLAIS 2023

Reáchtáladh tráthnóna faisnéise maidir le Tithe Folmha i gcomhar le SEAI agus Comhaltas Tráchtála na Gaillimhe chun na scéimeanna atá ar fáil a chur chun cinn chun réadmhaoine folmha a chur in úsáid arís. Bhí tráthnóna eolais ar siúl i gCill Chiaráin, Glinsce, Port Omna agus Cinn Mhara. Dáileadh bileoga eolais maidir leis na scéimeanna éagsúla atá ar fáil.



## SCÉIM MORGÁISTE CHUN CÍOSA

Is scéim rialtais í an scéim Morgáiste chun Cíos (MCC) a tugadh isteach in 2012 chun cabhrú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Ligeann sé d'úinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu aistriú ó bheith ina n-úinéir ar a dteach go dtí a dteach a ligean ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

Is rogha tithíochta sóisialta í an scéim MCC nach bhfuil ar fáil ach amháin má tá ceann incháilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta agus mura bhfuil an morgáiste inbhuanaithe. Chun cáiliú don scéim caithfidh úinéir na réadmhaoine a bheith rannpháirteach i bPróiseas Réitigh Riaráistí Morgáiste (PRRM) an iasachtóra, próiseas a chaithfidh an t-iasachtóir agus an t-úinéir a ghlacadh chun iarracht a dhéanamh a gcuid deacrachtaí airgeadais a réiteach.

Tabharfaidh iarratasóirí ceadaithe seilbh ar a dteach ar ais go deonach dá n-iasachtóir morgáiste a dhíolfaidh láithreach é le cumann tithíochta a ligfidh ar ais don teaghlach é ansin ar cíos. Rachaidh an fáltas ó dhíol maoinne leis an gcumann tithíochta i dtreo an fhiachais morgáiste agus déanann an t-iarratasóir socrú lena (h)iasachtóir maidir le haon íocaíochtaí atá fágtha, más ann dóibh.

D'fhéadfaí an teach a cheannach ar ais tar éis tréimhse 5 bliana má thagann feabhas ar chúrsaí airgeadais an teaghlaigh. Cuireadh 3 Thionóntacht Morgáiste go Cíos i gcrích in 2023 agus bhí dhá cheann acu le Baile Ar Feadh an tSaoil agus bhí ceann amháin acu le CCT.

Cuireadh deireadh le hiarratas Morgáiste go Cíos Údaráis Áitiúil amháin in 2023.

## IASACHT TÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Is morgáiste é Iasacht Tí Údaráis Áitiúil le tacaíocht rialtais do cheannaitheoirí céaduaire agus d'iarratasóirí tosaithe as an nua agus tá sé ar fáil ar fud na tíre ó údaráis áitiúla. Is féidir é a úsáid chun réadmhaoin nua nó réadmhaoin athlámhe a cheannach nó le haghaidh féinbhóga.

Soláthraíonn Iasacht Tí Údaráis Áitiúil suas le 90% de luach margaidh na maoin. Cinntear uasmhéid na hiasachta ag an áit a bhfuil an mhaoin suite.

- Is iad uasluachanna margaidh na maoin i gContae na Gaillimhe ná €330,000
- Féadfaidh iarratasóirí suas le 90% de luach margaidh na maoin a fháil ar iasacht (nó uasmhéid de €297,000)

Fuarthas 72 iarratas in 2023 agus faomhadh 33 iasacht. Ba é an mheániasacht a ceadaíodh ná €177,125.

## TITHÍOCHT DHEONACH

Is áis í an Ard-Saoráid Léasaithe Caipitil (ASLC) atá ar fáil do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun cabhrú leo teacht ar mhaoiníú ó Ghníomhaireacht Phríobháideach nó ó Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithíocht chun aonaid a cheannach nó a thógáil. Cuirtear na haonaid ar fáil go heisiach chun críocha tithíochta sóisialta faoi chomhaontú léasaithe ar feadh tréimhse socraithe ama, 25 bliain de ghnáth.

Soláthraíonn an Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) maoiníú caipitil suas le 100% de na costais tionscadail do CCTanna chun tithíocht a sholáthar do chatagóirí sonracha riachtanas tithíochta, lena n-áirítear tithíocht aoisbháil, teaghlaigh gan dídean agus do dhaoine faoi mhíchumas.

Soláthraíodh 94 aonad faoi scéim ASLC agus soláthraíodh 2 aonad faoi Fhálacha SCC in 2023.

Tá roinnt aonad féideartha aitheanta agus tá comhaontuithe á mbreithniú go gníomhach le cur san áireamh faoin dá scéim amach anseo.

Sainaithníodh 47 aonad a d'fhéadfadh a bheith ann agus tá siad á mbreithniú go gníomhach le cur san áireamh faoi scéim SCC. Tá 106 aonad idir lámha faoi Scéim ASLC agus táthar ag súil go soláthrófar iad in 2024.

## CEANNACH TIONÓNTA

Faoin scéim seo, is féidir le tionóntaí údaráis áitiúil incháilithe iarratas a dhéanamh chun a dteach údaráis áitiúil a cheannach, ar ráta lascainithe bunaithe ar ioncam an iarratasóra.

Tháinig Scéim Cheannaigh do Thionóntaí nua i bhfeidhm an 1<sup>ú</sup> Feabhra 2022. Thug an scéim nua seo, Rialacháin na dTithe (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021, éifeacht do leasuithe lena n-áirítear athruithe ar (a) critéir íosta ioncaim d'iarratasóirí agus (b) an tréimhse ama a chaithfidh iarratasóirí a bheith ag fáil tacaíochta do thithíocht shóisialta le bheith incháilithe faoin scéim.

I rith 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 21 iarratas bailí ó thionóntaí údaráis áitiúil chun a dteach a cheannach agus d'eisigh sí 52 tairiscint chun teach a cheannach, agus cuireadh 17 gcinn díobh sin i gcrích.

## CÚNAMH TITHÍOCHTA DO DHAOINE SCOTHAOSTA, DEONTAS CÚNAIMH SOGHLUAISTEACHTA

Leanann an Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ag cur maoinithe ar fáil do dhaoine os cionn 66 bliain d'aois chun deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag cur fúthu ina dteach féin.

In 2023 fuarthas 499 deontas bailí Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus íocadh 330 iarratas ar luach iomlán €1,920,393.

Leanann an Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta le maoiniú a chur ar fáil do dhaoine scothaosta nó le míchumas chun dul i ngleic le saincheisteanna soghluaisteachta ina dteach féin.

In 2023 fuarthas 281 iarratas bailí ar Dheontais na nÁiseanna Soghluaisteachta, agus íocadh 133 iarratas bailí ar luach iomlán €669,061.

Leanann an Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ag soláthar maoiniú do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach, meabhairshláinte nó intleachta ionas gur féidir feabhsuithe a dhéanamh maidir le bealach isteach nó maidir le conas a bhogann tú timpeall do thí.

In 2023 fuarthas 112 iarratas bailí ar dheontas Cúnaimh Soghluaisteachta, agus íocadh 103 iarratas bailí ar luach iomlán €1,226,285.

## DEONTAIS OIRIÚNAITHE TITHÍOCHTA DO THITHE ÚDARÁIS ÁITIÚIL

### SEOMRA FOLCTHA INROCHTANA – TEACH ÚDARÁIS ÁITIÚIL

Cuirtear an Deontas um Oiriúnú Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a chónaíonn i dTithe an Údaráis Áitiúil ar fáil chun cabhrú le hoibreacha a dhéanamh atá riachtanach le réasún chun teach a dhéanamh níos oiriúnaí chun cóiríocht a thabhairt do dhuine a bhfuil lagú leanúnach coirp, céadfach, meabhrach nó intleachta air. Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe le measúnú a dhéanamh ar iarratais faoin scéim seo agus tús áite a thabhairt dóibh siúd is mó gátar.



Bhí caiteachas €610,674 san iomlán ar 57 Deontas Oiriúnaithe tithíochta, lena n-áirítear soláthar 2 shíneadh in 2023, agus fuarthas méid €467,555 ar ais ó RTRÁO.

## COTHABHÁIL TITHÍOCHTA

Tá stoc tithíochta de thart ar 2,790 réadmhaoín ag an gComhairle amháil an 31 Nollaig 2023. Tá clár suntasach d'oibreacha cothabhála pleanáilte ar siúl sna réadmhaoíne seo.

Fuarthas 4,053 iarratas deisiúcháin in 2023, agus cinneadh gurbh iarratais bhailí iad 1,446 ceann de na hiarratais deisiúcháin sin de réir na foirne teicniúla.

Tá an córas Iarratas Deisiúcháin Logála Ar Líne, atá i bhfeidhm ó mhí na Nollag 2020, a ligeann do thionóntaí a n-iarratais deisiúcháin tithíochta a logáil isteach ar líne, tar éis a bheith an-tairbheach do thionóntaí na comhairle. Is féidir na hiarratais seo a logáil trí "Tuairiscigh É" de chuid [www.galway.ie](http://www.galway.ie) nó tríd an nasc ar <https://www.galway.ie/RepairRequest>. Tá an-éileamh ar an gcóras agus dar lenár dtionóntaí is córas an-éasca le húsáid é. Is é an buntáiste a bhaineann leis an gcóras nua ná gur féidir le tionóntaí deisiúcháin a logáil ag am ar bith agus go ndéantar iad a nuashonrú de réir mar a chuireann an fhoireann cothabhála a n-iarratas deisiúcháin ar aghaidh.

Críochnaíodh oibreacha athchóirithe ar chostas €1,457,408 ar réadmhaoíne folmha in 2023, rud a d'fhág gur féidir tionóntachtaí nua a leithdháileadh i ngach ceann de na háiteanna cónaithe sin. Fuarthas €623,516 san iomlán ar ais ó RTRÁO le haghaidh oibreacha athchóirithe ar réadmhaoíne faoin gClár Tithe Folmha. Tá uasmhéid €11,000 iníochta do gach réadmhaoín athchóirithe faoin gClár Tithe Folmha agus tá sé iníochta uair amháin do gach réadmhaoín, beag beann ar líon uaireanta atá an réadmhaoín faoi thionóntacht.

---

## CLÁR COTHABHÁLA PLEANÁILTE

Tá Cothabháil Tithíochta ag athrú ó chleachtas Cothabhála Frithghníomhaí go príomha go Clár Cothabhála Pleanáilte atá níos struchtúrtha. Roimh Covid 19 rinneadh suirbhéireacht ar 84% den soláthar tithe. Tar éis anailís a dhéanamh ar an eolas sin tugadh tosaíocht do roinnt tionscadail chothabhála pleanáilte. Is é an chéad tionscadal ná Tuarascáil Cigireachta Tréimhsiúla (TCT) leictreachais a dhéanamh ar gach teach os cionn 10 mbliana d'aois. I gcomhar leis sin, cuirtear aon fhadhbanna a saináithníodh i gceart agus suiteáiltear aláraim dhóiteáin nua i gcomhréir leis an gcaighdeán reachtaíochta tógála reatha. Is é an dara clár a leathnaíodh amach ná seirbhísiú bliantúil ar gach teaschaidéal ar ár gclár. I dtosach, bhí 160 aonad ar an gclár ach anois tá 340 aonad do 2024 agus táthar ag súil go mbeidh 1,000 teaschaidéal ar an gclár faoi dheireadh 2026.

I measc clár eile atá á mbreithniú faoi láthair tá uasghrádú ar ionaid cóireála fuíolluisce aonair agus dabhcha séarachais.



IARFHEISTIÚ DOMHAIN FUINNIMH – PÁIRCEANNA SAN LABHRÁS, BAILE LOCHA RIACH

I gContae na Gaillimhe, críochnaíodh oibreacha iarfheistithe dhomhain fuinnimh ar 86 réadmhaoin le linn 2023 ar chostas €3,055,468.53. As seo, maoiníodh €2,891,711 faoi Chlár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh na Roinne Tithíochta. Tá na réadmhaoine sin i mBaile Locha Riach, an Gort, Tuaim, Áth Cinn, Cloch na Rón & Béal Átha na Sluaighe.

Tá an clár ag leanúint ar aghaidh isteach in 2024 agus tá oibreacha beartaithe do thithe i mBaile Locha Riach, Baile Átha an Rí & Béal Átha Ghártha.

#### EASPA DÍDINE

Tá an t-éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean suntasach i gcónaí agus tá na háiseanna go léir atá ar fáil ar lánacmhainneacht i rith na bliana. Tá, ar an meán, 13 theaghlach agus 12 daoine singile atá gan dídean ar lóistín go seachtainiúil i gCóiríocht Phríobháideach Éigeandála. Tá méadú ar an éileamh ar chóiríocht do dhaoine gan dídean ar feadh tréimhsí níos faide mar gheall ar an easpa soláthair réadmhaoine ar cíos. Bíonn deacrachtaí ag teaghlaigh atá níos mó maidir le maoin phríobháideach ar cíos a fháil agus tá an méid tithe sóisialta atá ar fáil níos teoranta freisin.

---

## TITHÍOCHT AR DTÚS

Tithíocht ar dTús, cur chuige a bhfuil tithíocht chun tosaigh ann a chuireann ar chumas daoine a bhfuil sé ina gcúlra acu gur chaith siad tamall ina gcodladh amuigh acu nó gur bhain siad úsáid fhadtéarmach acu lóistín éigeandála agus a bhfuil riachtanais chasta leighis nó andúile ainsealacha acu, cóiríocht bhuan dhaingean a fháil, le soláthar diantacaíochtaí chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a chothabháil. Tá an scéim seo i bhfeidhm i gContae na Gaillimhe ó mhí na Nollag 2021 agus d'éirigh le 15 dhuine san iomlán cóiríocht a fháil faoi mhí na Nollag 2023 nach mbeadh tionóntacht faighte acu murach sin. Ceanglaítear ar an gComhairle áit chónaithe a chur ar fáil do 18 nduine aonair le tacaíocht ó Thithíocht ar dTús faoi dheireadh 2024.

---

## TITHÍOCHT PHOBALBHUNAITHE

In 2023 leathnaigh an Chomhairle an leithdháileadh tithe Comhairle ar Scéim Tithíochta Comhroinnte Thacaithe Phobalbhunaithe amach go 5 theach, le tithe i mBaile Locha Riach, Béal Átha an Rí agus Tuaim. Soláthraíonn Clann Shíomóin na Gaillimhe tacaíochtaí do dheichniúr tionóntaí a chomhroinneann na réadmhaoine. De bharr an ratha atá ar an tionscadal sin, tá sé beartaithe an tseirbhís a leathnú, agus beidh suas le 12 theach sa scéim faoi dheireadh 2024, rud a bhraitheann ar an maoiniú atá ar fáil.

---

## TITHÍOCHT DON AOS ÓG

Tá sé soiléir le blianta beaga anuas gur gá cóiríocht a chur ar fáil atá spriocdhírithé ar dhaoine óga atá leochaileach agus i mbaol easpa dídine fadtéarmaí. Le soláthar idirghabhála láidre agus tithíochta comhroinnte le tacaíochtaí, laghdófar an baol go mbeidh daoine óga gan dídean go fadtéarmach. Leithdháil Comhairle Chontae na Gaillimhe 2 theach i dTuaim chun tithíocht thacaithe a chur ar fáil do cheathrar ógánach agus sholáthair Clann Shíomóin na Gaillimhe, TUSLA agus FSS tacaíochtaí d'áititheoirí de réir mar is gá. Bhí roinnt de na háititheoirí faoi chúram roimhe sin agus bhog roinnt eile díobh ó theaghlaigh a bhfuil dúshláin rompu. Leathnófar an tseirbhís sin chuig bailte eile sna blianta atá le teacht agus leithdháilfear suas le 6 theach in áiteanna éagsúla sa Chontae ar an scéim, rud a bheidh bunaithe ar na riachtanais léiritheacha de chuid na n-iarratasóirí tithíochta.

---

## TITHÍOCHT CHUN TOSAIGH – TITHÍOCHT THACAITHE DO THEAGHLAIGH

Is comhthionscnamh nua píolótach é Tithíocht chun Tosaigh – Tithíocht Thacaithe do Theaghlaigh le RTRÁO, Comhairle Chathair agus Chontae na Gaillimhe, TUSLA, FSS agus ENR. Is é atá i gceist leis ná cóiríocht oiriúnach le tacaíochtaí a sholáthar do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta acu agus atá sáinnithe i mbochtaineacht. Is é an príomhchúram ná tacú leo chun dul ar aghaidh chuig tionóntacht sheasmhach, inbhuanaithe, áit a mbeidh an teaghlach ina chuid dhílis dá bpobal. In 2023 tá sé beartaithe áit chónaithe a chur ar fáil do 2 theaghlach faoin scéim sin in R2, 2024, ar feadh 18 mí ar dtús, i.e. tréimhse an tionscadail phíolótaigh.

---

## SEIRBHÍS AIMSITHEORA ÁITE DO DHAOINE GAN DÍDEAN

Bhí ról suntasach ag ceapachán an Aimsitheora Áite ÍCT do Dhaoine gan Dídean i mí na Samhna 2018 i líon na ndaoine gan dídean a laghdú i gContae na Gaillimhe. In 2023, críochnaíodh 38 tionóntacht

ÍCT lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil páistí acu, lánúineacha agus daoine aonair, ar cabhraíodh leo réadmhaoine ÍCT a fháil lena n-áirítear teaghlaigh a bhí ina gcónaí i gCóiríocht Éigeandála. I measc na ndaoine eile ar tugadh cúnamh dóibh faoin gclár an-rathúil tá iad siúd ar seirbheáladh Fógraí Scoir óna gcóiríocht, daoine a d’fhág an t-ospidéal nó institiúidí eile tar éis cúram fadtéarmach agus iad siúd ó Sholáthar Díreach.

## CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL



### TEACH ATHCHÓIRITHE AGUS OIRIÚNAITHE A BHAINNEANN GO SONRACH LEIS AN LUCHT SIÚIL

## AN CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL 2019 – 2024

Tá daonra de 2,647 duine den lucht taistil i gContae na Gaillimhe agus is é an Contae leis an líon is airde daoine den lucht siúil in Éirinn. Leagtar amach sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024 riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil thar thréimhse cúig bliana. Leithdháileadh tionóntachtaí tithíochta sóisialta ar 39 teaghlach den Lucht Siúil in 2023 agus bhí 31 díobh i réadmhaoín faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil, bhí 5 díobh ainmnithe do thionóntachtaí le CCTanna agus leithdháileadh tionóntachtaí ar 3 cinn acu i gCóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil.

Rinneadh na hoibreacha seo a leanas in 2023 ar Chóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil

Suíomh	Líon Réadmhaoine	Oibreacha	Stádas amhail an 31/12/2023
Béal Átha na Sluaighe	1	Ceannach, oiriúnú agus síneadh	Oibreacha críochnaithe agus réadmhaoín faoi thionóntacht
Cluain Tuaiscirt	3	Athchóiriú mór, lena	Oibreacha críochnaithe



		n-áirítear uasghrádú ar ionad cóireála fuíolluisce. Síneadh ar réadmhaoin amháin. Soláthar cóiríochta sealadaí ar an láthair	agus réadmhaoine faoi thionóntacht arís
Baile Átha an Rí	1	Athchóiriú mór agus síneadh	Oibreacha ar siúl. Le críochnú in R2, 2024.
Baile Átha an Rí	2	Athchóiriú agus oiriúnú. Síneadh ar réadmhaoin amháin. Athlonnaíodh teaghlach go sealadach go réadmhaoin eile Chomhairle.	Oibreacha ar siúl. Le críochnú in R2, 2024.
An Baile Gearr	10	Athchóiriú mór. Uasghrádú ar ionad cóireála fuíolluisce. Athchóiríodh réadmhaoin fholamh amháin agus leithdháileadh í chun athchóiríocht a sholáthar do theaghlaigh le linn an chláir oibreacha.	Oibreacha ar siúl. Le críochnú in R4, 2024.

Cuireadh tuilleadh aighneachtaí rathúla isteach ar Chóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil in 2023:

1. Baile Átha an Rí – Athchóiriú mór agus síneadh ar réadmhaoine atá ann a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil i mBaile Átha an Rí
2. Áth Cinn – Ceannach, oiriúnú tí agus síneadh air do theaghlach in Áth Cinn

## CLÁR ATHLONNAITHE DÍDEANAITHE

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Áitiúil óstaigh chun suas le 150 teifeach a athlonnú faoin Chlár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe. In 2023, athlonnaíodh 12 theaghlach as an tSiria agus as an Afganastáin go rathúil in 6 bhaile ar fud Chontae na Gaillimhe, rud a fhágann gur tugadh athchóiríocht do 27 teaghlach san iomlán ó thús an chláir.

## OBAIR SHÓISIALTA

### Forléargas

Tá beirt Oibríthe Sóisialta ar ghrád foirne agus Oibrí Sóisialta Sinsearach amháin san Fhoireann Oibre Sóisialta. Soláthraíonn an tOibrí Sóisialta Sinsearach seirbhís oibre sóisialta go geografach chomh maith le maoirseacht ar Oibríthe Sóisialta. Tugtar freagairt ar chásanna casta faoi na catagóirí riachtanas atá leagtha amach thíos. Is é an tOibrí Sóisialta Sinsearach an tOifigeach Idirchaidrimh

um Chosaint Leanaí agus an OICG (Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéasacha) do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, feidhm chorparáideach chomh leis an ról laistigh den Tithíocht.

Tá forbairt tagtha ar na cúraimí a bhaineann leis an Obair Shóisialta sna hÚdaráis Áitiúla thar na blianta chun freastal ar riachtanais éagsúla na gcliant mar a tháinig siad chun cinn. Bunaíodh an ról ar dtús in ÚÁna sna 1960idí agus tá sé méadaithe ó bheith ina ról sonrath don Lucht Siúil chun na nithe seo a leanas a áireamh:

- Gach iarratasóir agus tionónta reatha a d'fhéadfadh a bheith aitheanta a bheith leochaileach
- Míchumas (Fisiceach, Céadfach, Intleachtúil) - *HSDG agus Foghrúpaí*
- Daoine scothaosta
- Daoine Fásta Leochaileacha (cosaint)
- Obair Idirchaidrimh Leasa Leanaí
- Easpa dídine
- Meabhairshláinte
- LADTAI+ (leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, aiteach, agus idirghnéas)
- Oibriú le daoine aonair agus grúpaí imeallaithe agus leochaileacha eile

Chomh maith leis an méid thuas, freagraíonn an fhoireann Oibre Sóisialta d'atreoruithe maidir le:

- Measúnú Obair Shóisialta
- Idirghabháil i gcás Géarchéime
- Méala agus Bás
- Abhcóideacht
- Imní maidir le hacmhainn na gcliant (Tag: An tAcht um Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas), 2015)

Tá sé mar aidhm ag an tseirbhís Oibre Sóisialta laistigh den Tithíocht oibriú le cliant a bhfuil deacrachtaí acu i réimsí sóisialta a saoil. Féadfaidh go mbeidh Obair Shóisialta ag teastáil ina haonar nó mar chuid d'idirghabháil ilghnéitheach, foirne ildisciplíneacha etc.

### **Tosaíochtaí & Treochtaí le linn 2023:**

- Bainistíocht ar siúl maidir le Cásanna a atreoraíodh & ar tugadh tosaíocht dóibh.
- Leithdháileadh atreoruithe
- Oifigeach um Chosaint Leanaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe – bhí ionchur breise ón Oibrí Sóisialta Sinsearach (OSS) ag teastáil le linn 2023.
- Ról Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéasacha– atreoruithe breise in 2023.
- Cás-chomhdhálacha ar chásanna leithdháilte / cásanna casta / Gan dídean / Cliant Mheabhairshláinte.
- Míchumas / Obair idirchaidrimh le Páirtithe Leasmhara - (Straitéis um Míchumas)
- Méadú ar atreoruithe d'Oirthear na Gaillimhe agus do Dheisceart na Gaillimhe, ó TUSLA, Scaoiltí amach ó phríosún agus cásanna OICG (OSS)
- Méadú ar atreoruithe do chliant Míchumais Meabhairshláinte agus do Mhíchumas 'Fisiciúil' go háirithe
- Tusla & Iarchúram (Grúpa Stiúrtha) & líon na gcliant ina dhiaidh sin (OSS)
- Daoine Fásta Leochaileacha / Obair Chosanta

- Grúpa Oibre GBRÁ – Athbhreithniú Náisiúnta Oibre Sóisialta. Obair Shóisialta Shinsearach duine den triúr ionadaithe OS go náisiúnta sa ghrúpa sin. *Tag. Straitéis Oibre Sóisialta.*

## Samplaí d’Fhorbairtí Straitéiseacha

### Grúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta:

- Foireann Gníomhaíochta um Meabhairshláinte - Ainmníodh do ghradam CCÚÁ in 2023.
- Foireann Gníomhaíochta um Míchumas Coirp & Céadfach a bunaíodh le linn 2023.
- Foireann Gníomhaíochta um Míchumas Intleachta a bunaíodh le linn 2023.
- Próisis agus córais i bhfeidhm do gach foghrúpa de chuid an Ghrúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta (GSMT) / na bhFoirne Gníomhaíochta.
- Plean chun Foireann Gníomhaíochta um Míchumas Leanáí a bhunú le linn 2024.

### Straitéis Oibre Sóisialta agus Córas um Bainistíocht Líon na gCásanna:

- Ceadaithe ag CBS. Áiríodh i bhfoilseachán GBRÁ / FR faoi chás-staidéar in 2022.

### ‘SCC do Chúram’ (Iarchúram):

- Cruinniú le déanaí le Tusla, PMVT agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. PMVT ag dul ar aghaidh chun réadmhaoine a lorg do 2-3 chliant ar dtús (cliainnt mheántéarmacha go fadtéarmacha de chuid Iarchúram).
- Tionscadal ar leith don Tionscadal um Óige gan Dídean (aonad um easpa dídine) a fhreastalóidh ar dhul chun cinn meántéarmach go fadtéarmach do chliainnt ar daoine óga gan dídean iad - cásanna níos práinní.

## PLEAN STRAITÉISEACH DO THITHÍOCHT DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Is é cuspóir an Phlean Straitéisigh do Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 rochtain a éascú do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon cuí tacaíochtaí tithíochta, a chuirtear ar fáil ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe, a chuireann comhionannas deiseanna, rogha an duine aonair agus maireachtáil neamhspleách chun cinn. Tá ag éirí go maith leis an bPlean Straitéiseach atá forbartha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara mar FSS, Soláthraithe Seirbhíse Míchumais agus soláthraithe seirbhísí Tithíochta. Is é cuspóir an Phlean Straitéisigh um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas ná go n-oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun freastal ar riachtanais tithíochta aitheanta iarratasóirí ar thithíocht atá faoi mhíchumas:

- atá nasctha le soláthraí seirbhíse míchumais / FSS agus ina gcónaí sa phobal (lena dteaghlach, cúramóirí)
- nach bhfuil nasctha le soláthraí seirbhíse míchumais / FSS ach go bhfuil míchumas aitheanta acu
- atá ag aistriú ó shuíomh comhchruinnithe nó seirbhíse

Is é cuspóir phlean straitéiseach Chomhairle Chontae na Gaillimhe oibriú i dtreo cur chuige bunaithe ar chearta maidir le tithíocht, rochtain uilíoch, agus cuimsiú pobail do dhaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí i gContae na Gaillimhe. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall é seo a bhaint amach laistigh den timpeallacht tithíochta príomhshrutha.

Is iad na ceithre chatagóir míchumais dá dtagraítear sa straitéis seo ná:

1. Míchumas céadfach
2. Míchumas meabhairshláinte
3. Míchumas coirp
4. Míchumas intleachtúil

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe uathachas mar mhíchumas. Faoi láthair ní aithnítear é ar an bhFoirm Faisnéise Míchumais agus/nó Míochaine (HMD - Foirm 1) mar chatagóir dá cuid féin – beidh gá aghaidh a thabhairt air seo go náisiúnta. Breithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe gach iarratas ar a tuillteanas féin.

Tá an Grúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta (GSMT) bunaithe agus á chomhordú ag an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach agus an tOibrí Sóisialta Sinsearach laistigh den Tithíocht. Tá Plean Gníomhaíochta mionsonraithe ar fáil ar Leathanach 23 de Phlean Straitéiseach Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026. Ó 2021 i leith, tá foghrúpaí bunaithe le geallsealbhóirí faoi na catagóirí míchumais thuas. Mar thoradh air sin, tugadh tacaíocht do go leor daoine dul ar aghaidh chuig tithíocht shóisialta le Comhairle Chontae na Gaillimhe le tacaíochtaí ón soláthraí seirbhíse cuí.

### **Foirne Gníomhaíochta Míchumais um Thithíocht**

Is sampla de dhea-chleachtas sa réimse sin iad na Foirne Gníomhaíochta Míchumais um Thithíocht. Is ‘dara leibhéal’ iad faoin GSMT níos leithne. Tá ceann amháin ann do gach catagóir Mhíchumais. Leis na Foirne Gníomhaíochta duinelárnacha, is féidir cásanna a phlé agus cásanna casta cliant leochaileach a chur chun cinn, a bheadh ag streachailt murach sin iarratas a dhéanamh ar thithíocht, réadmhaoin a fháil agus tionóntacht a choinneáil. Is cur chuige comhpháirtíochta é idir Comhairle Chontae na Gaillimhe (Tithíocht) agus eagraíochtaí de chuid Sheirbhísí Meabhairshláinte Chúram Sláinte Pobail an Iarthair de chuid FSS, chun cliant chomhchoiteanna a chur chun cinn. Leis na Foirne Gníomhaíochta, is féidir cásanna a phlé, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus an bhearna a líonadh idir an t-údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara. Cuireann sé bealach cumarsáide agus bealach chun cinntí a dhéanamh ar fáil. Níos tábhachtaí fós, mar gheall air, is féidir le cliant leochaileacha a bhfuil riachtanais bhreise acu dul chun cinn a dhéanamh agus a dtithe agus a dtionóntachtaí féin a bheith acu trí leas a bhaint as cur chuige bunaithe ar chearta agus ar an bpobal.

Tá na baill foirne seo a leanas de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe sna Foirne Gníomhaíochta le hionadaithe ó na páirtithe leasmhara ábhartha san áireamh:

- Oibrí Sóisialta Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta (de réir mar is gá do chásanna sonracha ina gceantair), Comhairle Chontae na Gaillimhe

Tagann an Grúpa Stiúrtha um Míchumas Tithíochta níos leithne le chéile go rialta i rith na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar obair na straitéise.

### **BAINISTÍOCHT TIONÓNTACHTA & EASTÁIT**

Bunaíodh an tAonad um Bainistíocht Tionóntachtaí & Eastát in 2013 laistigh d’Aonad Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun tiomantas na Comhairle do sholáthar tithe sábháilte buana a thaispeáint go soiléir chomh maith leis an gcúram agus an tacaíocht chun pobail sheasmhacha

agus inbhuanaithe a fhorbairt, chun cliseadh tionóntachta agus easpa dídine a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc

Leagtar amach sa Straitéis Cothaithe Tionóntachta don Chontae na hidirghabhálacha agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú lenár dtionóntaí a dtionóntacht a choinneáil agus cuireann sé go dearfach lena gcomharsanacht agus lena bpobal. Glacann an tAonad Tithíochta agus a chomhpháirtithe cur chuige idir-rannach agus idirghníomhaireachta, mar iarracht chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí inár n-eastáit tithíochta agus buaileann an fhoireann go rialta leis an bhfoireann ábhartha ó FSS, An Garda Síochána, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe/ Ros Comáin, agus gníomhaireachtaí eile de réir mar is gá.

Aithnítear i Straitéis Iompair Fhrithshóisialta Chomhairle Chontae na Gaillimhe go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag iompar frithshóisialta ar chaighdeán maireachtála ár dtionóntaí agus ar chobhsaíocht agus inbhuanaitheacht na bpobal. Aithnítear sa Straitéis Iompair Fhrithshóisialta an tábhacht a bhaineann le cur chuige ilghníomhaireachta chun eachtraí iompair fhrithshóisialta a chosc agus a laghdú. Leagtar amach sa Straitéis seo freagrachtaí agus cabhair na Comhairle agus na dtionóntaí araon maidir le pobail inbhuanaithe a fhorbairt. Leagtar amach ann chomh maith an próiseas chun gearáin a fhiosrú agus chun déileáil leo lena n-áirítear na bearta a fhéadfaidh an Chomhairle a dhéanamh ina leith sin a leagan amach. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis seo úsáid córas TCI, de réir Bheartais TCI agus Cosaint Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá córais TCI i bhfeidhm sna háiteanna a leanas:

- Sráid Crowe, an Gort;
- Bóthar Mhic Giolla Mhártain, Tuaim;
- Cluain Tuaidh / An Tír Bhuí, Tuaim
- An Pháirc Mhór, Tuaim.

San iomlán. Rinne an tAonad Bainistíochta Tionóntachta agus Eastát imscrúdú ar 132 gearán in 2023. Mionsonraí de réir catagóire thíos:

<b>Gearáin a Fiosraíodh 2023</b>	
<b>Catagóir</b>	<b>Líon</b>
Catagóir A – Mangaireacht drugaí	0
Catagóir B – Áit chónaithe thréigthe	12
Catagóir B – Iompar Frithshóisialta	39
Catagóir B – Áitiú Neamhdhleathach	14
Catagóir B – Bagairtí / Imeglú/ foréigean	7
Catagóir B – Carbháin Neamhúdaraithé	5
Catagóir C – Núis Ainmhithe	15
Catagóir C – Aighneas maidir le teorainn / páirceáil	1
Catagóir C – Damáiste do mhaoin	15

Catagóir C – Dramhaíl / Bruscar	18
Catagóir C – Cur Isteach ó Thorann	6
	<b>Iomlán: 132</b>

---

## TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

Foilseofar Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireacht (CNMI) i mí Mheán Fómhair 2024 agus cuirfear leis nuair a gheofar é.

# FORBAIRT POBAIL AGUS TUAITHE & SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Tacaíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte chun timpeallacht mhaireachtála agus oibre a bpobal a fheabhsú agus chun a gcumas a mhéadú chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe amach anseo. Tacaíonn sé freisin le roinnt príomhearnálacha lena n-áirítear na hearnálacha Turasóireachta, Fáilteachais, Bia, Cruthaitheachta agus Cultúir.

## AN COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL (CFPÁ)

Tá 19 gcomhalta ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ag Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil na Gaillimhe (CFPÁ). Tugtar le chéile sa bhallaíocht saineolas agus scileanna na ndaoine atá ag obair go gníomhach i bhforbairt áitiúil agus i bhforbairt pobail le comhaltaí den údarás áitiúil, oifigigh agus gníomhaireachtaí stáit, chun cur chuige comhtháite trasearnála a chur chun feidhme do chláir forbartha áitiúil agus pobail. Bhí ceithre chruinniú ag CFPÁ in 2023, agus bhí na daoine seo a leanas ina gcomhalta de CFPÁ ag deireadh na bliana:



Colún	Uimhir.	Comhlacht atá ag Ainmniú	Ainm Ainmní
<b>Earnáil Phoiblí - 9</b>			
<b>Comhaltaí Tofa na nÚdarás Áitiúil</b>	3	Comhairle Chontae na Gaillimhe	An Comh. Noel Thomas - Cathaoirleach An Comh. Gabe Cronnelly An Comh. Padraic Mac An Iomaire
<b>Oifigigh na nÚdarás Áitiúil</b>	2	Comhairle Chontae na Gaillimhe	Liam Conneally, Príomh-Fheidhmeannach Valerie Kelly, OFÁ
<b>Gníomhaireachtaí Stáit</b>	4	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Laurence Gaughan, Bainisteoir Tionscadail
		An Roinn Coimirce Sóisialaí	Regina Higgins, Bainisteoir Rannóg an Iarthair
		BOOGR	Donal Walsh, Oifigeach Oideachais do Dhaoine Fásta
		Údarás na Gaeltachta	Sean Ó Coisdealbha, Bainisteoir Réigiún an Iarthair
<b>Earnáil Phríobháideach - 10</b>			
<b>Comhlachtaí um Fhorbairt Áitiúil &amp; Forbairt Pobail</b>	3	Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	Steve Dolan, POF
		FÓRAM Chonamara	Terry Keenan, Cathaoirleach
		Comhar na nOileán CTR	Máire Uí Mhaoláin, Bainisteoir
<b>Leasanna Earnála</b>	2	Fostóirí & Gnó	Kenny Deery, Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe



		Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Anne Mitchell, FAÉ
<b>Leasanna Pobail &amp; Leasanna Deonacha</b>	5	LRP – Coláiste um Ionchuisiú Sóisialta	Kevin Gavin
		LRP – Coláiste um Ionchuisiú Sóisialta	Peter Gohery
		LRP – Coláiste Pobail & Deonach	Máirín Ní Chonghaile
		LRP – Coláiste Pobail & Deonach	Gerard Costello
		LRP – Coláiste Comhshaoil	Jen Fisher

Ceapann CFPÁ cathaoirleach a théann i gcomhairle leis an Príomh-Fheidhmeannach maidir le cúrsaí a bhaineann le riarachán agus oibríocht CFPÁ agus a bhfuil ról comhordaithe foriomlán agus freagracht aige/aici as feidhmiú éifeachtach agus bainistíocht cruinnithe. Is é an Comh. Noel Thomas an Cathaoirleach reatha ar CFPÁ agus is é an tUas. Terry Keenan an Leas-Chathaoirleach reatha.

Leagann an Príomh-Fheidhmeannach dualgas ar bhaill foirne chun cabhrú le CFPÁ maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear sannadh don phost mar Phríomhoifigeach. Ní comhalta a bhfuil ceart vótála aige/aici den Choiste é an Príomh-Oifigeach ach freastalaíonn sé/sí ar gach cruinniú agus glacann sé/sí páirt iontu i gcáil chomhairleach agus tacaíochta, go háirithe maidir le beartas agus treoir straitéiseach, obair idirghníomhaireachta a chur chun cinn trí Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (LRP) agus sreabhadh eolais a sholáthar leis an údarás áitiúil, go háirithe CBS Forbartha Comhshaoil. Tá an tUas. Kieran Coyne, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, sa phost mar Phríomh-Oifigeach do CFPÁ. Áirítear le baill foirne eile a bhfuil dualgas orthu chun cabhrú le CFPÁ maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh Mary McGann, Oifigeach Riaracháin; Helen Melia Ard-Oifigeach Foirne; Linda Potter Oifigeach Foirne; Ramona Burke Oifigeach Cléireachais. Ag deireadh 2023, bhí post mar Chomhordaitheoir Éire Shláintiúil folamh agus tá earcaíocht don fholúntas sealadach ar siúl.

#### PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (PÁEP):

Tar éis bhunú an Ghrúpa Stiúrtha Chomhairligh, agus an athbhreithnithe ar PÁEP don tréimhse 2016-2022, cuireadh tús le hobair ar Ráiteas Socheacnamaíoch agus Spriocanna Ardleibhéil do PÁEP a fhorbairt don tréimhse 2023-2028. Ba é a bhí i gceist leis an bpríomhobair ullmhúcháin don chéim sin ná anailís shocheacnamaíoch a bhí bunaithe ar fhoinsí sonraí a bhí ar fáil, athbhreithniú ar dhoiciméid bheartais agus an t-athbhreithniú agus obair chomhairleachta a rinneadh ar PÁEP don tréimhse 2016-2022. Bhí forbairt an Ráitis Shocheacnamaíoch mar thoradh air sin, a nuashonraíodh ina dhiaidh sin chun sonraí ó Dhaonáireamh 2022 a chur san áireamh de réir mar a cuireadh ar fáil iad. De bharr anailís ar na sonraí sin forbraíodh an Ráiteas Físe seo a leanas agus Spriocanna Ardleibhéil chun taca a chur faoi chreat straitéiseach PÁEP:

#### Fís:

Contae ionchuisitheach, a bhfuil féiniúlacht shoiléir aige, áit a n-oibrímid as lámh a chéile chun barr chumas Chontae na Gaillimhe agus a mhuintire a bhaint amach, maidir leis an ngeilleagar, an tsochaí, an pobal, an teanga agus an cultúr, trí rannpháirtíocht saoránach ar leibhéal áitiúil.

## **Spriocanna Ardleibhéil:**

1. **POBAIL GHNÍOMHACHA, SHLÁINTIÚLA AGUS SHÁBHÁILTE**  
Chun sláinte, folláine agus mothú sábháilteachta & slándála na ndaoine aonair agus na bpobal a fheabhsú ar fud Chontae na Gaillimhe.
2. **POBAIL CHOTHROMA, IONCHUIMSITHEACHA AGUS RANNPHÁIRTEACHA**  
Chun na leibhéil agus forleithne bhochtaineachta, mhíbhuntáiste agus eisiaimh shóisialta a laghdú i gContae na Gaillimhe, trí rannpháirtíocht saoránach ghníomhach.
3. **CONTAE A BHFUIL NEART CULTÚIR AIGE**  
Contae a bhfuil féiniúlacht láidir aige, rud a chuimsíonn a oidhreacht, a theanga, agus a chultúr.
4. **CONTAE INA BHFUIL LONNAÍOCHTAÍ BRÍOMHARA IDIR UIRBEACH AGUS TUAITHE**  
Contae atá tiomanta d'athbheochan agus d'athnuachan a bhailte, a shráidbhailte agus a oileán ar bhealach inbhuanaithe.
5. **CONTAE INBHUANAITHE AGUS SEASMHACH Ó THAOBH NA HAERÁIDE**  
Contae a chosnaíonn a chomhshaol agus a thacaíonn le hathrú go sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de.
6. **CONTAE ATÁ SEASMHACH Ó THAOBH NA HEACNAMAÍOCHTA DE**  
Contae a chuireann forbairt eacnamaíochta agus forbairt fiontraíochta atá inbhuanaithe chun cinn.

Tar éis don Ghrúpa Stiúrtha Chomhairligh é a ullmhú agus a chomhaontú, cuireadh an Ráiteas Socheacnamaíoch agus Spriocanna Ardleibhéil i láthair CBS Eacnamaíoch agus CFPÁ agus comhaontaíodh é leo ag a gcruinnithe ar an 13 Nollaig 2023, agus ar an 10 Eanáir 2024 faoi seach. Chuir sé sin deireadh le Céim 1 de phróiseas PÁEP, agus tar éis an Sainchomhairleoir a cheapadh, rachaidh an Grúpa Stiúrtha Comhairleach ar aghaidh go Céim 2 den phróiseas arb é an próiseas comhairliúcháin phoiblí fhoirmiúil. Tar éis comhairliúchán spriocdhírthe le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal, leasófar an Ráiteas Socheacnamaíoch más gá, agus sainaitheofar cuspóirí agus gníomhaíochtaí chun cuid den Phlean Cur chun Feidhme níos mionsonraithe a dhéanamh do PÁEP.

---

### **CCSGP:**

Soláthraíonn CCSGP (Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail) maoiniú chun dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiaimh sóisialta agus tacaíonn sé le pobail agus daoine faoi mhíbhuntáiste lena n-áirítear daoine dífhostaithe, daoine atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh aontuismitheora, daoine ar ioncam íseal, daoine den Lucht Siúil agus den Phobal Romach agus grúpaí eile faoi mhíbhuntáiste. Is í an méid a leanas an staid maidir le baint amach PTFanna faoin gclár do 2023:



- Faoi Sprioc 1, tacaíodh le 138 Grúpa Pobail Áitiúil i gcomparáid le PTF de 115 grúpa, agus bhí 20% de na grúpaí tar éis clárú in 2023.
- Faoi Sprioc 2, tacaíodh le 1,143 Duine Aonair i gcomparáid le PTF de 900 duine agus bhí 257 (nó 28.56%) duine ó cheantair faoi mhíbhuntáiste a chomhlíon PTF riachtanach de 27% maidir leis sin.

**Ar roinnt de na tionscnaimh shonracha a cuireadh chun feidhme le linn clár 2023 bhí:**

- Soláthraíodh €38,058.15 mar dheontais do 35 Grúpa Pobail Áitiúil chun tacú le raon oiliúna, imeachtaí agus trealaimh do ghrúpaí amhail Botháin na bhFear, Grúpaí Ban, Cumainn Cónaitheoirí i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus tacaíocht do ghrúpaí chun páirt a ghlacadh in imeachtaí agus in ócáidí cultúrtha le linn na bliana.
- Soláthraíodh €7,996.41 mar dheontais do 25 Fiontar Sóisialta, chun tacú le hoiliúint, uasoiliúint, margaíocht agus forbairt cumais chun riachtanais a ngrúpaí cliaint agus a réimsí a chomhlíonadh, agus cruthaíodh 8 bpost san iomlán trí na tacaíochtaí meantóireachta agus oiliúna. Bhí dul chun cinn déanta ar obair maidir le Staidéar Féidearthachta ar fhiontar sóisialta athúsáide péinte a bhunú a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2023 agus rachaidh sé chun cinn a thuilleadh in 2024.
- Soláthraíodh €30,755.91 mar dheontais do 96 Duine Aonair ó Spriocghrúpaí CCSGP, chun tacú le rannpháirtíocht i gcúrsaí oideachais & oiliúna. Bhí 68% de na daoine aonair ar tacaíodh leo tar éis clárú in 2023, agus tacaíodh leis na daoine aonair sin chun bacainní ar rannpháirtíocht in oideachas, oiliúna agus foghlaim ar feadh an tsaoil a shárú agus chuaigh 15 dhuine aonair le fostaíocht, ochtar acu i scéimeanna Fostaíochta Stáit, agus 13 dhuine acu i bhféinhostaíocht. Faoi Sprioc 2, tugadh tacaíochtaí chomh maith do leanaí agus teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste agus ba iad na príomhthacaíochtaí na tacaíochtaí larscoile agus Clubanna d’Obair Bhaile.
- Faoi leithdháileadh imfhálaithe le haghaidh tacaíochta, soláthraíodh tacaíochtaí do Lárionaid Chóiríochta Úcránacha agus Lárionaid Chóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta i bhfoirm Oiliúna Ateangaireachta, agus tacaíochtaí maoinithe do phobail ábhartha chun tacú le gníomhaíochtaí sóisialta imeasctha. Tá obair ar siúl le Fáilte Isteach, chun ranganna Béarla labhartha neamhfhoirmiúil a leathnú go háiteanna ar fud an Chontae, agus áiríodh le tionscnaimh thacaithe eile Campaí Samhraidh, agus ‘Spraoi’, stór focal na Gaeilge/na hÚcráinise agus leabhar dathúcháin do dhaltaí bunscoile a forbraíodh i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Cuireadh an leabhar ar fáil saor in aisce do ghrúpaí eile, Comharchumainn agus Bunscoileanna, agus tar éis don leabhar a bheith á phlé i raon leathan meán amhail Nuacht RTÉ agus an Irish Independent, dáileadh go náisiúnta é ar Scoileanna Gaeltachta agus ar eagraíochtaí ábhartha eile freisin. Soláthraíodh raon tacaíochtaí faoin nGníomhaíocht sin do Dhaoine Aonair, i bhfoirm tacaíochtaí chun CVanna a fhorbairt, rochtain ar oideachas ábhartha agus ar chláir oiliúna agus treoir nó tacaíochtaí do sheirbhísí eile amhail iompar scoile.
- Soláthraíodh raon clár spriocdhírithé ar fud an chontae lena n-áirítear 5 scrúdú sláinte le Croí i margaí agus taispeántais talmhaíochta, imeachtaí Sláinte agus Folláine sa Ghort agus i nGleann na Madadh, gníomhaíochtaí arna n-eagrú le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus thacaigh Parkrun le tús a chur le himeacht ar Inis Meáin agus leis an bpróiseas i dTuaim.



---

SEOLADH SPRAOI/ЗАБАВА' - LEABHAR DATHÚCHÁIN NA GAEILGE/NA HÚCRÁINISE AR THIONSCNAMH É D'FHORBAIRT TUAITHE NA GAILLIMHE AGUS DE THUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA FAOI CCSGP – TÓGADH AN GRIANGHRAF AG SCOIL CHOLMÁIN MUIGH-INIS

Le linn 2023 chomh maith, cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair do Chlár CCSGP 2024-2028 nua le FR (Fógra Réamhaisnéise) arna eisiúint ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Aibreáin 2023. Ina dhiaidh sin, tugadh fógra do CFPÁ chun an Roinn a chur ar an eolas má bhí athruithe ar theorannacha Suíomh ag teastáil uathu, agus ardaíodh an cheist sin ag Cruinniú de CFPÁ ar an 14 Meitheamh le breithniú. Chun críocha CCSGP is féidir limistéar údaráis áitiúil san iomlán a bheith i Suíomh, nó foranna an limistéir atá teorannaithe go dleathach, mar shampla, Ceantair Bhardasacha. Ag leibhéal Chontae na Gaillimhe, déileáladh leis an limistéar údaráis áitiúil san iomlán mar Shuíomh amháin chun críocha CCSGP ó bhí 2014 ann. Tar éis cruinniú faisnéise agus plé ar an gclár, agus tar éis dearbhú maidir le Coimhlintí Leasa maidir leis an gceist, vótáil CFPÁ, i gcomhréir le forálacha Buanordaithe, chun líon Suíomh sa Chontae a mhéadú go 3 Shuíomh, mar a leanas:

- Gaillimh Thoir: Ceantair Bhardasacha Bhaile Átha an Rí-Órán Mór, Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach & Thuama
- Gaillimh Thiar: Ceantar Bardasach Chonamara seachas oileáin na Gaillimhe
- Oileáin na Gaillimhe: Oileáin na Gaillimhe (Inis Mór, Inis Meáin, Inis Oírr, Inis Bó Finne)

D'fhoilsigh CFPÁ Chontae na Gaillimhe an Iarraidh ar Thairiscint (RFT) foirmiúil ina dhiaidh sin chun CCSGP 2024-2028 a sholáthar i mí Iúil 2023, agus lorg sé aighneachtaí Tairgeoirí de réir Nós Imeachta Aonchéime le Cruinnithe Idirbheartaíochta. Mar nár críochnaíodh an próiseas sin faoi dheireadh 2023, cuireadh síneadh 3 mhí le CCSGP 2018-2023 isteach i Ráithe 1, 2024, nuair a chuirfear próiseas tairiscintí i gcrích.

---

## CISTE TACAÍOCHTA POBAIL (CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL)

Fuair CFPÁ Chontae na Gaillimhe leithdháileadh €300,432 faoin gCiste Tacaíochta Pobail ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ba é cuspóir an Chiste Tacaíochta Pobail ná tacú le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, le:

- Tionscadail chaipitil amhail deisiúcháin agus feabhsúcháin ar shaoráidí, agus ceannach trealamh.
- A gcostais neamhphá reatha amhail costais fuinnimh agus costais oibriúcháin eile.

Faoi théarmaí na scéime, bhí maoiniú le leithdháileadh chomh cothrom agus ab fhéidir i ngach catagóir Chaipitil agus Caiteachais Reatha thuas, agus b'ionann leithdháileadh deireanach CFPÁ Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus 51% ar dheontais chaipitil agus 49% ar dheontais do chostais oibriúcháin/reatha.

Fuar CFPÁ 274 iarratas san iomlán, agus cinneadh go raibh 15 iarratas incháilithe, agus theip ar 66 iarratas eile maoiniú a fháil. Mar thoradh air sin bhí 193 iarratas ar éirigh leo maoiniú a fháil agus tá na cineálacha maoinithe a bronnadh rangaithe mar seo a leanas:

- I gcomhréir le moladh na Roinne, imfhálaíodh suim €3,203 do Bhotháin na mBan, agus bronnadh an leithdháileadh sin go sonrach chun tacú le costais oibriúcháin agus reatha na ngrúpaí sin.
- I gcomhréir le moladh na Roinne, leithdháileadh timpeall 30% den chiste ar dheontais bheaga ní ba lú ná €1,000. Tá na deontais sin dírithe ar ghrúpaí gnáthphobail beaga a bhfuil acmhainní maoinithe teoranta acu agus cé go bhfuil siad beag den chuid is mó, téann siad chun sochair do phobail ar an talamh. Ba iad na cineálacha grúpaí a fuair maoiniú faoin sruth sin ná Clubanna Óige, Clubanna Daoine Scothaosta, Grúpaí na Bailte Slachtmhara, Botháin na bhFear agus na mBan, Grúpaí Oidhreachta, etc., le haghaidh trealamh agus tionscadail chaipitil ar mhionscála de ghnáth, nó maoiniú le haghaidh costais oibriúcháin amhail árachas, leictreachas, etc.
- Shocraigh CFPÁ uasdeontas €5,000 agus thug sé tosaíocht do thionscadail a d'fheabhsódh ceantair faoi mhíbhuntáiste nó chabhródh le grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Ba iad na cineálacha grúpaí a fuair maoiniú faoin sruth sin ná Ionaid Phobail agus seirbhísí eile a bhí dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus leithdháileadh maoiniú ar uasghrádú ar shaoráidí pobail, rochtain agus feabhsúcháin sábháilteachta ar thaitneamhachtaí pobail, agus tionscnaimh sábháilteachta pobail. Ceann de na tionscnaimh a maoiníodh ná togra a rinne Bothán Fear Dhroichead an Chláirín chun an dara Meaisín Marcála Réadmhaoine a cheannach agus chun é a leathnú amach trí Bhotháin na bhFear eile a oiliúint maidir le húsáid an mheaisín, ionas go bhféadfadh sé cuairt a thabhairt ar cheantair éagsúla an Chontae, agus a bheith mar bheart coiscthe coireachta, trí bhuanmharc a dhéanamh ar réadmhaoin thábhachtach le hÉirchód an úinéara. Maoiníodh oiliúint do Bhotháin na bhFear maidir leis an Meaisín Marcála Réadmhaoine faoi CCSGP, rud a léirigh an comhoibriú ar fud na gclár éagsúil de chuid LCDC.



AN SÁIRSINT MICHAEL WALSH OIFIGEACH COISCTHE COIREACTHA AN GHARDA SÍOCHÁNA, AG SEOLADH AN MHEAISÍN MARCÁLA RÉADMHAOINE LEIS AN COMH. LIAM CARROLL CATHAOIRLEACH, AN TUAS. LIAM CONNEALLY PRÍOMH-FHEIDHMEANNACH, AN TUAS. VINCENT LYONS LRP CHONTAE NA GAILLIMHE, MARY MCGANN RANNÓG FORBARTHA POBAIL, WILLIE BEIRNE BOTHÁN FEAR DHROICHEAD AN CHLÁIRÍN AGUS BAILL EILE BHOThÁIN NA BHFEAR.

## CLÁR UM CHUMHACHTÚ POBAL 2023

Is clár pólótach náisiúnta €2m é an Clár um Chumhachtú Pobail (CCP) a dhíríonn ar 14 cheantar bheaga a bhfuil an leibhéal díothachta socheacnamaíche is airde acu (arna thomhas ag Innéacs Díothachta Pobail HP). Is é cuspóir an chláir ná chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste agus le heisiamh sóisialta trí úsáid a bhaint as cur chuige forbartha pobail, trí chaidreamh a fhorbairt le páirtithe leasmhara / grúpaí pobail agus trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus le struchtúir eile chun freagraí saincheaptha ar dhúshlán aitheanta a chur i bhfeidhm. Go háirithe, tá sé beartaithe ag CCP oibriú go dlúth le tionscnaimh eile arna maoiniú ag an rialtas amhail Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail/ an Comhchoiste Póilíneachta, Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, Ceartas Óige, Éire Shláintiúil, etc. Is é an limistéar beag a roghnaíodh do Chontae na Gaillimhe ná Ceantar Uirbeach Beag Bhéal Átha na Sluaighe (ina bhfuil Ardáin Ghrealláin & Páirc San Treasa) a bhfuil ráta díothachta de -30.93 faoi Dhaonáireamh 2016 aige, rud a fhágann go bhfuil sé ar cheann de na ceantair dhíothachta is airde sa tír. Leithdháileadh buiséad bonnlíne ar gach limistéar beag a roghnaíodh don tionscadal pólótach chun Oibrí Rannpháirtíochta Pobail a earcú agus chun forchostais agus costais riaracháin eile a chlúdach, chomh maith le costais dhíreacha cláir a bhaineann le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail, daoine a nascadh le seirbhísí, agus gníomhaíochtaí eile a thagann faoin réimse pleanála riachtanas áitiúil. Tá an leithdháileadh buiséid bunaithe ar an daonra i ngach ceantar beag agus fuair Béal Átha na Sluaighe Uirbeach leithdháileadh €140,000, agus réachtálann Forbairt Tuaithe na Gaillimhe CTR an clár.

Tá roinnt de na tionscadail a rinneadh le linn 2023 thíos:

- Thacaigh an Clár um Chumhachtú Pobail in éineacht le CCSGP agus i gcomhar le Foireann Lónra um Leanaí faoi Mhíchumas le Brickx Club, tionscnamh nua i mBéal Átha na Sluaighe. Dearadh oiliúint an Brickx Club chun daoine a chumasú chun páistí a mhúineadh faoi scileanna tábhachtacha cumarsáide agus scileanna sóisialta trí bhríci LEGO a úsáid. D'fhoghlaim na daoine

faoi oiliúint conas brící LEGO a úsáid mar uirlis chun foghlaim agus caidreamh a éascú i measc páistí. Is féidir na brící a úsáid chun múnlaí a thógáil, cluichí a imirt agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí eile a sholáthraíonn deiseanna do chomhrá, obair foirne, réiteach fadhbanna agus cruthaitheacht. Is iad na príomhaidhmeanna atá ag oiliúint Brickx Club d’oiliúnaithe ná oiliúnaithe a ullmhú leis an eolas, scileanna agus uirlisí atá ag teastáil uathu chun imirt Brící agus cumarsáid a éascú go héifeachtach. Cuireadh oiliúint ar cheithre dhuine dhéag ó ghníomhaireachtaí éagsúla, rud a fhágann gur tionscadal inbhuanaithe é (Parent Child Plus, Involve, Scoil an Chroí Naofa, Infinity Friends Autism Club Bhaile Átha Luain, Bráithre na Carthanachta, FSS) Oibriú le páistí lena n-áirítear páistí a bhfuil riachtanais sa bhreis acu amhail riachtanais néara-éagsúla agus fadhbanna le himní. Soláthraítear an clár sin faoi láthair gach Céadaoin sa leabharlann ó 3.30pm agus leanfar leis go ceann tamall fada mar thoradh díreach ar an oiliúint sin.

- Chomhoibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe, grúpa Cónaitheoirí agus an Clár um Chumhachtú Pobal chun dífhibrileoir a shuiteáil ar an mballa tosaigh tí ag Eastát Ghrealláin, mar lárphointe rochtana do na trí eastát. Chun cur leis an imeacht sin rinneadh comhairliúchán leis

an gCoiste Cónaitheoirí agus cinneadh go soláthródh CCP oiliúint an Chéad Fhreagróra Chairdiach (CFC). Soláthraíodh an oiliúint dheimhnithe i mí an



Mheithimh 2023 san Ionad Seirbhísí Sóisialta mar gurbh é an t-ionad oiriúnach ba chongaraí a bhí ar fáil.

YVONNE HOARY Ó CHLÁR UM CHUMHACHTÚ POBAL FHOIRTEAR TUAITHE NA GAILLIMHE (FTG), IN ÉINEACHT LE COMHALTAÍ DEN CHOISTE HELEN FOGARTY, NORA DOWD, LINDA DOWD, AGUS MARIE FOGARTY, AG SUITEÁIL AN DÍFHIBRILEORA.

## GAILLIMH SHLÁINTIÚIL

Is tionscnamh faoi stiúir an rialtais é Éire Shláintiúil dírithe ar shláinte agus ar fholláine gach duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a fheabhsú. Tá 4 phríomhspríoc i ndoiciméad an Bheartais Náisiúnta “Creat um Shláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025”:

- Sprioc 1: Sciar de dhaoine a mhéadú atá sláintiúil le linn gach trátha den saol.
- Sprioc 2: Neamhionannais sláinte a laghdú.
- Sprioc 3: An pobal a chosaint in aghaidh bagairtí do shláinte agus d’fholláine.



- Sprioc 4: Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus le gach earnáil sochaí cabhrú le hÉirinn shláintiúil a bhaint amach.

Sa Straitéis Áitiúil de chuid Ciste Éire Shláintiúil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe aithníodh an réimse fócais tosaíochta seo a leanas ar a mbeidh Pleananna Oibre Bliantúla dírithe faoi Chiste Éire Shláintiúil, ar a ndéanann an Fochoiste Sláinte & Folláine monatóireacht:

*“An céatadán a mhéadú de dhaoine atá 50 bliain d’aois nó os a chionn a ghlacann páirt i ngníomhaíocht shóisialta / caithimh aimsire amháin nó níos mó uair sa tseachtain ar a laghad.”*



Áiríodh le roinnt de na tionscadail agus na tionscnaimh a soláthraíodh le linn 2023 iad seo a leanas:

- Clár spriocdhírthe gníomhaíochta fisiciúla a sholáthar le haghaidh daoine scothaosta amhail oiliúint Good to Go agus ranganna maidir le Polla Gníomhachtóra a leathnaíodh amach le comharthaíocht a shuiteáil maidir leis an bPolla Gníomhachtóra i bhFearann an Pháláis, Tuaim.
- Tugadh trealamh eile do chlár ar iasacht do ghrúpaí, chomh maith le himeachtaí “tar agus bain triail as” chun feasacht agus eolas a leathnú ar na clár atá ar fáil.
- Soláthraíodh clár pólótach ranganna aclaíochta Siel Bleu i dTuaim, Baile Chláir, Ard Rathain, Órán Mór agus Béal Átha na Sluaighe.
- Ceannaíodh cathaoir rothaí trá nua do Chéibh an Spidéil agus uasghrádaíodh an Chathaoir Rothaí Trá don trá i dTrácht.
- Forbraíodh tionscadail chun Mol Trealamh Inrochtana do Pháirc Fhoraoise Phort Omna a sholáthar i gcomhar le hOifig an Cheantair.
- Rinneadh tionscadal pólótach chun gníomhaíochtaí sóisialta & caithimh aimsire a mhapáil in Uachtar Ard, agus mar thoradh air sin foilsíodh Leabhrán Gníomhaíochtaí d’Uachtar Ard, agus táthar ag súil go gcuirfear an tionscnamh sin i bhfeidhm in áiteanna eile as seo amach.

Soláthraíodh Máláí Trealamh Inrochtana do Ability West sa Chlochán, agus cuireadh tús le Boscaí lasachta Trealamh Chéadfaigh chomh maith. I gcomhar leis an Rannóg Pobail, scaipeadh boscaí Trealamh Chéadfaigh chomh maith in Ardáin Ghrealláin i gcomhar le Lá Náisiúnta Súgartha, agus rinneadh tionscadal comhoibríoch le CCSGP agus leis an gClár Áitiúil Feabhsaithe chun trealamh súgartha inrochtana allamuigh a fhorbairt i gCarna.

Forbraíodh Seó Bóthair Éire Shláintiúil agus sholáthair Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi Chlár Ghailimh Shláintiúil agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) é i gcomhar le chéile. Ba é a bhí i gceist leis sin ná breis is 20 Eagraíocht reachtúil, pobail agus deonach, agus iad go léir ar aon intinn chun sláinte agus folláine a chur chun cinn, cumarsáid a fheabhsú agus cur le heolas daoine ar na seirbhísí atá ar fáil dóibh.



D'fhreastail níos mó ná 200 duine ar na himeachtaí ina raibh gníomhaíochtaí saor in aisce agus acmhainní lena n-áirítear seiceálacha cuisle agus brú fola, ceardlanna taispeántais ar chócaireacht shláintiúil, rith spraoi pobail, ióga, oideachas faoi chaidrimh agus faoi shláinte ghnéis, comhairle maidir le heolas saoránaigh agus leideanna aclaíochta agus corpacmhainne. Ar na hEagraíochtaí agus seirbhísí Rannpháirteacha bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe, Croí, Éire Shláintiúil do Leabharlann, Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, Lónra Rannpháirtíochta Pobail na Gaillimhe, Tithe Aoisbháúla, Sláinte Ghnéis an Iarthair, Cumann Alzheimer na hÉireann, Meabhairshláinte Éireann, Chime, ALONE, Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, Aonad um Shláinte a Chur chun Cinn is a Fhorbairt FSS, Jigsaw, Parkrun Ireland, West Be Well Suicide Prevention Service, Freagra ar Fhoréigean Baile na Gaillimhe, agus Altraí Sláinte Pobail áitiúla agus an Garda Síochána. Bhí rochtain ar eolas agus ar sheirbhísí ar cheann de na príomhbhacainní a d'aithin oileánaigh, agus bhí sé mar aidhm ag an imeacht sin an bhacainn sin a shárú agus naisc leanúnacha a chruthú leis na seirbhísí ábhartha.

---

#### GHLAC BREIS IS 20 GNÍOMHAIREACHT PÁIRT I SEÓ BÓTHAIR OILEÁIN SLÁINTIÚLA AR ÁRAINN I MÍ AIBREÁIN IN APRIL 2023



D'ainmnigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an tionscadal 'Oileáin Shláintiúil' do Ghradam Aoisbháúil, agus Déardaoin an 30 Samhain, fógraíodh gurbh é Buaiteoir an Ghradam Aoisbháúil Aosaithe Gníomhaigh agus Shláintiúil ag na Gradaim Aoisbháúla Náisiúnta a bhí i Loch Garman.

---

HELEN MELIA, ALAN FARRELL, ANDREW MCBRIDE – COMHAIRLE CHONTAE NA

GAILLIMHE; ANNE CASSIDY CUIDEACHTA FORBARTHA TUAITHE NA GAILLIMHE, AN COMH. LIAM CARROLL, CATHAOIRLEACH; MARY CRONIN, COMHAIRLE AOISBHÁ NA GAILLIMHE, AG NA GRADAIM AOISBHÁÚLA NÁISIÚNTA.

---

#### FÓRAM UM FHREAGAIRT POBAIL NA HÚCRÁINE

Bhí roinnt cruinnithe den Fhóram ar siúl le linn 2023 chun tacaíochtaí a chomhordú do Lárionaid Chóiríochta Úcránacha, chomh maith le ceisteanna sonracha a phlé amhail an Ciste Aitheantais Pobail 2023, Seisiún Faisnéise do Lárionaid Chóiríochta Úcránacha a chomhordaigh Tusla, Tionscnamh Cairr Pobail, Clár Offer a Home agus cruinniú faisnéise maidir le tionscadal Tithe Modúlacha i mBéal Átha na Sluaighe a thug RLCMLÓ (An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige). Comhroinneadh fógraí ón Roinn maidir le Lárionaid Chóiríochta atá le teacht agus aistrithe DCSanna (Daoine atá faoi Chosaint Shealadach) le comhaltaí an Fhórait chun soláthar tacaíochtaí timfhillte agus seirbhísí d'Ionaid Chóiríochta a éascú.

## CISTE AITHEANTAIS POBAIL

D'fhógair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail Ciste Aitheantais Pobail €50m in 2023, mar thionscnamh mór chun tacú le pobail ar fud na tíre a bhí ag óstáil daoine as an Úcráin nó as tíortha eile. Leithdháileadh an maoiniú ar fud údaráis áitiúla éagsúla, rud a bhí bunaithe ar líon na ndaoine nua a tháinig ansin, agus leithdháileadh méid €1,333,290 ar Chontae na Gaillimhe a leithdháileadh ar 33 tionscadal sna háiteanna seo a leanas:

Suíomh	Cur síos Gairid ar na Tionscadail	Méid a Leithdháileadh
Órán Mór	Uasghráduithe ar Chlós Súgartha agus ar Pháirceanna	€157,510
An Eiscir/Baile Átha an Rí/Cill Tulach	Clós Súgartha & Ceantair Shúgartha Nádúrtha	€96,000
An Cheathrú Rua	Ionad Pobail & Uasghráduithe Astro turf	€143,936
An Clochán	Uasghráduithe ar Chlós Súgartha & ar Threalamh	€87,160
An Teach Dóite/An Mám	Uasghráduithe ar Ionad Pobail & ar Pháirceanna	€71,627
Tuaim	Uasghráduithe ar Pháirc & Trealamh Súgartha Céadfach	€73,000
Carna	Plás Taobh Amuigh & Scáthlán Bus	€85,000
An Spidéal	Siúl bhealach inrochtana go dtí an Trá	€25,000
Baile Chláir	Uasghráduithe ar Cheantar Áineasa Pobail	€81,844
Uachtar Ard	Clós Súgartha & Trealamh Ionaid Aclaíochta Pobail	€60,167
Cinn Mhara	Uasghráduithe ar Chlós Súgartha agus ar Pháirceanna	€58,350
Gleann na Madadh	Saoráidí Pobail & Uasghráduithe ar Shiúl bhealach	€62,639
Bearna	Uasghráduithe ar Chlóis Súgartha	€46,582
Leitir Fraic	Foscadh Allamuigh	€16,374
An Gort	Uasghráduithe ar Ionad Pobail & ar Pháirceanna	€54,676
Baile Locha Riach	Uasghráduithe ar Chlóis Súgartha	€57,000
Cill Tormóir	Uasghráduithe ar Chlóis Súgartha	€50,000
An Fhairche	Uasghráduithe ar Ionad Pobail	€47,760

## GRADAM AN CHATHAOIRLIGH 2023

Reáchtáladh Gradaim an Chathaoirligh 2023 mar aon le Bál Carthanachta an Chathaoirligh Dé Sathairn an 27 Bealtaine in Meadowcourt Hotel, Baile Locha Riach. Bhí an Cathaoirleach an Comh. Michael (Moegie) Maher ina láithreoir do na Gradaim, agus ba í Bernadette Prendergast ó FM Chuan na Gaillimhe bean an tí don tráthnóna. Bronnadh na Gradaim chun aitheantas a thabhairt d'éachtaí na nGrúpaí Pobail seo a leanas:

- |  |  |
|--|--|
| - Gradam Ealaíon agus Cultúir:                             | Féile Amharclannaíochta Ghleann na Madadh                      |
| - Gradam don Chabhair is Fearr don Oidhreacht:             | Grúpa Oidhreachta Bhaile an Mhuilinn                           |
| - Gradam um Ionchuisiú Sóisialta:                          | CURVE  |
| - Gradam Comhshaoil agus Gníomhaithe ar son na hAeráide: B | Comhaontas na Coiribe Thoir                                    |
| - Gradam Spóirt  | Bothán Ban Thuama  |
| - Gradam Foilseacháin Oidhreachta:                         | Emma Laffey – “An Bhean Ghlúine”                               |
| - Gradam na Gaeilge:                                       | Ceoltóirí Óga Chois Fharraige                                  |
| - Gradam Aitheantais na mBailte Slachtmhara:               | Cumann Forbartha Pobail na Mainistreach                        |
| - Mórtas Ceantair:   | Forbairt Tuaithe na gCreag<br>Grúpa Siúlóide Abhainn an Ghoirt |
| - Gradam Speisialta an Chathaoirligh                       | Cumann Cuimhneacháin Aileen Cust                               |

## MÓRTAS CEANTAIR 2023

Tá Gradaim Mórtas Ceantair bliantúla á n-eagrú ag an gcarthanacht cothaithe síochána Co-operation Ireland agus á n-urrú ag IPB Insurance agus cuireann na Gradaim iarrachtaí forbartha pobail as cuimse ar fud oileán na hÉireann i láthair agus ceiliúran siad na hiarrachtaí sin. Aithníodh beirt iarrthóirí de chuid Chontae na Gaillimhe ag Gradaim an Chathaoirligh Bhliantúil agus ina dhiaidh sin bhí Cuairt Breithiúna ar siúl i mí Lúnasa, nuair a fuair na breithiúna turas ar an dá cheantar agus cur i láthair maidir leis an obair a bhí ag dul chun cinn faoin Chatagóir an Ghradaim. Is é an bhliain seo comóradh 21ú bliana na ngradam, agus d'óstáil Pamela Ballen ó UTV an Searmanas Gradam agus bhí sé ar siúl in Ard Mhacha.

Lean Contae na Gaillimhe lena stair ratha i gcomórtas Mhórtas Ceantair IPB mar gur fógraíodh Grúpa Forbartha Tuaithe na gCreag mar bhuaiteoir foriomlán sa Chatagóir um Ghníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlacht. Ba é an chéad bhuaiteoir sa Chatagóir nua sin i gComórtas Uile-Éireann. Aithnítear sa Chatagóir um Ghníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlacht tiomantas pobail chun

bithéagsúlacht & gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn, feasacht orthu a mhúscailt agus iad a fheabhsú, agus í ag cur na mbuaiteoirí in aithne, dúirt an t-óstach Pamela Ballen go mothaíonn na Breithiúna gur léirigh an buaiteoir conas is féidir le pobal beag tuaithe a bheith chun tosaigh maidir leis sin.



COMHALTAÍ DE GHRÚPA FORBARTHA TUAITHE NA GCREAG AG CEILIÚRADH A MBUA LEIS AN GCOMH.

EVELYN PARSONS LEAS-CHATHAOIRLEACH, ALAN FARRELL AGUS KIERAN COYNE Ó CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE.

Ainmníodh rannpháirtí eile de chuid Chontae na Gaillimhe, Grúpa Siúlóide Abhainn an Ghoirt, sa Chatagóir Folláine Pobail mar aitheantas ar an bhforbairt leanúnach atá déanta acu ar lúbshiúlóid 3km ina bhfuil limistéir bhithéagsúlachta, limistéir scíthe agus droichead coise nua ann, ar taitneamhacht luachmhar é anois don bhaile & don cheantar máguaird a bhfuil mórbhuntaistí don tsláinte & don fholláine aici.

## BAILTE SLACHTMHARA

Tháinig feabhas leanúnach ar na marcanna a bronnadh ar Ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud Chontae na Gaillimhe i dtorthaí Chomórtas Náisiúnta Bhailte Slachtmhara Supervalu bliain i ndiaidh bliana, agus na grúpaí i mbun obair fhíorluachmhar ina bpobail féin. Bhain muintir **Bhaile an Mhuilinn** an chéad áit sa Chontae amach arís, mar aon leis an mBonn Óir, agus bronnadh an dara háit sa Chontae agus stádas Bonn Airgid ar **an Mainistir** arís. Bronnadh Boinn Óir, Airgid agus Chré-Umha ar iarrthóirí atá laistigh de líon teoranta marcanna ó bhuaiteoir foriomlán an chomórtais, agus léirítear leis sin ardcháilíocht na n-oibreacha feabhsaithe atá á ndéanamh ina bpobail. Maidir leis sin, bronnadh an tríú háit sa Chontae ar mhuintir **an Spidéil** arís agus choinnigh siad an Bonn Cré-Umha a bhain siad amach den chéad uair anuraidh – fuair siad focal ar leith ag Searmanas na nGradam ó Mary Kennedy as na feabhsúcháin mhóra a rinne siad le 2 bhliain anuas agus mar sin comhghairdeas le gach duine a bhí rannpháirteach! Gach bliain, tá Gradam Díchill le bronnadh a thugann aitheantas don phobal a bhain an méadú is airde ar mharcanna amach sa Chontae – maith sibh do **Crois na Tulá** a bhain méadú ollmhór de 37 marc le bliain anuas. Chomh maith leis na Boinn, tá roinnt Catagóirí Gradam Speisialta i gComórtas na mBailte Slachtmhara chun aitheantas a thabhairt do shármhaitheas i réimsí áirithe, agus b'údar mór bróid é do Chontae na Gaillimhe gur bhain siad éacht amach arís sa réimse sin mar a bhain roimhe. Bronnadh duaiseanna speisialta ar na grúpaí seo a leanas ag an Searmanas Bronnta:

- Ba é Bailte Slachtmhara Bhaile Liam buaiteoir foriomlán an Ghradaim Oidhreachta Náisiúnta
- Ba é Bailte Slachtmhara Mhuine Mheá buaiteoir foriomlán Ghradam an Tascfhórsa um Bruscar Guma Coganta
- Ba é Scoil Náisiúnta Pholl na bhFia Thiar buaiteoir réigiúnach i nGradam Scoileanna Supervalu
- Tugadh ardmholadh d’Fhorbairt Pharóiste na Gráige as ucht na hoibre a rinne siad maidir le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

## LÍONRA RANPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ CHONTAE NA GAILLIMHE (LRP)

Tá Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chontae na Gaillimhe (LRP) oscailte do gach grúpa pobail agus deonach atá bunaithe sa Chontae agus tá a bhallraíocht ag fás i gcónaí bliain i ndiaidh bliana le 1,267 ballgrúpa cláraithe leis an LRP ag deireadh 2023. Seo a leanas achoimre ar ghníomhaíochtaí an LRP don bhliain faoina 3 phríomhchatagóir gníomhaíochta:



Galway County  
Public  
Participation  
Network

Líonra Rannpháirtíochta Phoiblí  
Chontae na Gaillimhe

### ROINNT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁID

Príomhfheidhm de chuid an LRP is ea feidhmiú mar nasc trína nascann an Chomhairle le grúpaí atá gníomhach ar fud an Chontae. Chuige seo, eagraíodh seimineáir ghréasáin i rith na bliana chun faisnéis a sholáthar ar scéimeanna maoinithe de réir mar a seoladh iad, agus d’éisigh an LRP Nuachtlitreacha cuimsitheacha a chuimsíonn raon leathan faisnéise ar fud na gclár agus na dtionscnamh maoinithe náisiúnta agus áitiúil a bhfuil an-fhálte ar fud na bpobal. Cuireann an LRP Achoimre Sheachtainiúil ar aghaidh freisin ina bhfuil faisnéis ábhartha ar mhaoiniú, imeachtaí agus ceardlanna chuig a chomhaltaí.

### CUMAS NA MBALLGHRÚPAÍ LRP A FHORBAIRT

Déanann LRP comhairliúcháin rialta lena bhallgrúpaí chun cúrsaí oiliúna a aithint a fhorbróidh a gcumas cur lena gceantair áitiúla. Ar shamplaí oiliúna a rinneadh in 2023 tá Pleanáil Gnó do Ghrúpaí Deonacha, Forbairt d’Fhiontar Sóisialta, Oiliúint maidir le Feasacht Mhíchumais, oiliúint maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus Seimineár Gréasáin Eolais ar Bhithéagsúlacht & Athrú Aeráide.

### RANPHÁIRTÍOCHT I GCINNTEOIREACHT AGUS IONADAÍOCHT A ÉASCÚ

Comhlíonann Ionadaithe LRP feidhm thábhachtach thar ceann na LRPanna trí ionadaíocht a dhéanamh ar an mballraíocht níos leithne ar raon de choistí údaráis áitiúil agus Boird eile mar na CBS (Coistí Beartais Straitéisigh), CFPÁ (Coiste Forbartha Pobail Áitiúil), Comhchoiste Póilíneachta, Spóirt na Gaillimhe, Comhchoiste Póilíneachta, Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, agus raon de bhoird eile. I rith na bliana d’oibrigh LRP go dlúth lena 30 ionadaí tofa chun a chinntiú go seasfadh an caidreamh dearfach leis na comhlachtaí éagsúla ar a bhfuil siad. Cuirtear comhaltaí ar an eolas go rialta faoi chomhairliúcháin ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus fáiltíonn LRP roimh aighneachtaí ó bhallgrúpaí ar cheisteanna a bhaineann leo. Líonadh poist na n-ionadaithe go léir i rith na bliana. Chomh maith leis sin, i rith na bliana, neartaíodh na Grúpaí Nasctha seo a leanas: Fóram Idirchultúrtha Chontae na Gaillimhe, Fóram Míchumais Chontae na Gaillimhe, an Grúpa Nascachta Tithíochta agus an Grúpa Oibre um Théarnamh Glas. Cabhraíonn na grúpaí seo le LRP aghaidh a thabhairt ar cheisteanna agus imní na mballgrúpaí trí raon feachtas agus tionscadal áitiúil. Chuir

## CLÁR AOISBHÁÚIL

Is é Aoisbhá Éireann an eagraíocht atá freagrach as an gClár Aoisbháúil Náisiúnta, atá cleamhnaithe leis an Lónra Domhanda do Chathracha agus do Thíortha Aoisbháúla de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte. In 2019, thug an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte aitheantas foirmiúil d'Éirinn mar cheannaire idirnáisiúnta agus an chéad tír Aoisbháúil ar domhan. Bhuail an Comhaontas Aoisbhá le chéile trí huair le linn 2023 chun soláthar tionscnamh a chomhordú faoin bPlean Oibre. Maidir leis an gComhaontas atá faoi stiúir Chomhairlí Chontae & Chathair na Gaillimhe araon, tugann sé le chéile a lán páirtithe leasmhara ó chomhlachtaí poiblí eile, eagraíochtaí pobail & deonacha, ollscoileanna agus ionadaithe na gComhairlí Daoine Scothaosta, chun seirbhísí agus tionscnaimh a phleanáil agus a sholáthar ar bhealach aoisbháúil. Is struchtúr ionadaíoch le haghaidh daoine scothaosta í an Chomhairle Daoine Scothaosta. Tá sé mar aidhm aici ionadaíocht a dhéanamh ar ghuth na ndaoine scothaosta agus tacú le forbairt an Chontae mar áit iontach chun dul in aois agus páirt a ghlacadh san fhorbairt sin. Bhuail CDS le chéile 5 huair le linn na bliana agus ba é an phríomhaidhm a bhí aige ná aiseolas a thabhairt maidir le forbairt an Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta, chomh maith le forbairt Leabharlann Aoisbháúil.

### **Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta:**

Ceann de na príomhcheisteanna a d'ardaigh daoine scothaosta ná fios a bheith acu conas an t-eolas atá ag teastáil uathu a fháil agus cén áit a bhfuil an t-eolas sin. Le linn 2023, bunaíodh Meitheal le foireann ó FSS & údaráis áitiúla chun an tEolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta a uasdátú i gCathair na Gaillimhe & sa Chontae, a foilsíodh go deireanach in 2015. Tá neart eolas úsáideach le fáil san Eolaire, ní amháin do dhaoine scothaosta agus dá dteaghlach, ach do chúramóirí agus do sholáthraithe seirbhísí chomh maith. Clúdaítear ina fhormaid sothuigte eolas maidir le roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí, seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine scothaosta i gCathair na Gaillimhe & sa Chontae. Dáileadh an tEolaire Seirbhísí trí Ghardaí Pobail an Gharda Síochána, FSS agus Ionaid Sláinte Cúraim Phríomhúil, Leabharlanna agus Leabharlanna Taistil, agus Grúpaí Pobail. Seoladh an tEolaire Seirbhísí ag Imeacht Eolais i mí na Samhna 2023 lenar áiríodh Seastáin Eolais ó bhreis is 15 ghníomhaireacht agus cainteoirí ar raon ábhar lena n-áirítear an tEolaire Seirbhísí, Seirbhísí Sláinte do Dhaoine Scothaosta agus Sábháilteacht Pobail.





BREIS IS 15 GHNÍOMHAIREACHT AGUS 200 DUINE SCOTHAOSTA AS ÁITEANNA AR FUD CHATHAIR NA GAILLIMHE AGUS CHONTAE NA GAILLIMHE AG FREASTAL AR IMEACHT EOLAIS AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN DÉ HAOINE AN 24 SAMHAIN, AR SEOLADH AN TEOLAIRE SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE SCOTHAOSTA AGUS MEAISÍN MARCÁLA RÉADMHAOINE NUA I GCOMHAR LE BOTHÁIN NA BHFEAR AIGE.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT



Is comhsheirbhís de chuid na Comhairle Cathrach agus Contae í Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (CSG) agus an chuid is mó den fhoireann lonnaithe i Rannóg EPFT Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Le linn 2023 d'imigh duine de na hOifigigh Forbartha um Spóirt Phobail agus thosaigh Comhordaitheoir Gníomhach ní ba dhéanaí sa bhliain. Tá príomhról ag an CSG maidir le comhordú, forbairt agus soláthar deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp do phobail na Gaillimhe. Is

iad seo a leanas samplaí de chlár:

### Oiliúintí agus Cúrsaí

Cúrsa	Líon Cúrsaí	Líon Rannpháirtithe
Cosaint 1	34	541
Cosaint 2	12	115
Cosaint 3	11	80
Garchabhair	12	81
Oiliúint Tacaíochta d'Oibrithe Deonacha	3	36

## Cláir agus Gníomhaíochtaí:

### Good2Go

Reáchtáladh Good2Go i nDroichead an Chláirín, an Chealtrach agus Ros an Mhíl le linn 2023 agus tá beagnach 50 duine aonair ar fud seirbhísí míchumais agus grúpaí gníomhaíochta lucht scoir againn a chríochnaigh na hoiliúintí. Reáchtáil FitWalk Ireland na hoiliúintí sin agus thacaigh na hoifigigh rannpháirtíochta sa spórt do dhaoine faoi mhíchumas (ORSDM) leo agus bhí siad á maoiniú go hiomlán agus á maoiniú go páirteach i gcásanna eile ag Contae Sláintiúil na Gaillimhe. Tar éis 5 seachtaine den oiliúint tacaíonn ORSDM leis na rannpháirtithe trí na gníomhaíochtaí sin a thabhairt isteach ina ngrúpaí, eolas ar dheontais a sholáthar ionas gur féidir leo leas a bhaint astu agus trealamh a fháil ar iasacht ó Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus ó Chontae Sláintiúil na Gaillimhe.

### Seachtain Her Outdoors an 14 go dtí an 20 Lúnasa

Is tionscnamh é HER Outdoors atá á reáchtáil ag Spórt Éireann chun mná agus cailíní a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí taobh amuigh agus páirt a ghlacadh iontu. Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe roinnt clár le linn na seachtaine sin lena n-áirítear Blaiseadh Siúil Polla Gníomhachtóra i bPort Omna, Rang Folláine Taobh Amuigh le difríocht (chiúin) ag Loch Riach agus clós súgartha Rinn Mhíl, Blaiseadh Buggy Buddies i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe, lóga Taobh Amuigh i gCoill Mhuirlinne agus Turas Rothair Sóisialta sa Ghort. Bhí 43 bean san iomlán rannpháirteach sna himeachtaí.



### Trí-atlan lonchuimsitheach

Bhí dara Trí-atlan lonchuimsitheach bliantúil Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (CSG) ar siúl Dé Máirt an 26 Meán Fómhair mar chuid de Sheachtain Eorpach an Spóirt. Ba chomhpháirtíocht é an t-imeacht sin idir CSG, Contae Sláintiúil na Gaillimhe agus Triathlon Ireland agus bhí sé ar fáil do dhaoine fásta i Seirbhísí Bhráithre na Carthanachta ar thalamh Chill Chornáin, Droichead an Chláirín. Bhí 37 rannpháirtí ann a ghlac páirt san imeacht (11 fhoireann de thriúr (1x snámhaí, 1x rothaí ar thrírothach/rothaí agus 1x siúlóir/reathaí) agus bhí beirt ann a chríochnaigh na 3 ghné ina n-aonar. Bhí lucht tacaíochta ó gach seirbhís chónaithe/lae ann a raibh póstaear acu chun a bhfoirne a spreagadh. Fuair gach rannpháirtí bonn agus bhí roinnt spotduaiseanna do dhaoine aonair a ainmníodh agus do



dhaoine aonair a bhí suntasach ar an lá de bharr a ngaicí.



## Seaschéaslóireacht

I mí Iúil 2023 reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe roinnt cláir Seaschéaslóireachta agus bhí ceann acu le haghaidh Parents of Autism Bhaile Locha Riach (PALS). Ghlac páistí a bhfuil uathachas orthu agus a dteaghlach páirt i seisiún bhlaiste ar feadh 5 seachtaine agus thaitin an clár sin go mór leo. Bhí seaschéaslóireacht an-tairbheach chun na rannpháirtithe a chur ar a suaimhneas agus chun cur lena bhféinmhuinín san uisce agus cur lena muinín chun triail a bhaint as rud nua.



Cuireann na Seirbhísí Corparáideacha barr feabhais iontaofa agus comhsheasmhach ar fáil ó thaobh seirbhísí riaracháin de, do na Comhaltaí Tofa, an Chomhairle Iomlánach, Bainistíocht Shinsearach, agus don phobal i gcoitinne. Tá sé mar aidhm ag an Aonad íomhá Chorparáideach dhearfach den Chomhairle a fhorbairt go leanúnach, trí sheirbhísí tacaíochta proifisiúnta éifeachtúla a chur ar fáil i bhfoirm Rúnaíocht Chorparáideach don Chomhairle agus dá fostruchtúr chomh maith le réimse leathan seirbhísí lena n-áirítear Clár na dToghthóirí, Saoráil Faisnéise, an Ghaeilge a Chur chun Cinn, Beartais Áineasa agus Chonláiste, Seirbhísí Custaiméara, Corrthrádáil, Beartais Chorparáideacha, an Líonra Oifigí Comhairle a Bhainistiú agus a Sheirbhísiú, Cartlanna agus Taifid a Bhainistiú, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Iniúchta Inmheánaigh agus Dlí.

Cuirtear dul chun cinn agus gnóthachtálacha an Aonaid do 2023 ar fáil thíos de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha ábhartha atá sa Phlean Corparáideach 2020 - 2024.

#### PLEANÁIL & TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH

Tháinig Comhairle Iomlánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ina bhfuil 39 comhalta, le chéile le haghaidh aon chruinniú dhéag mhíosúla in 2023, chun a bhfeidhmeanna Forchoimeáda a chur i gcrích agus chun ábhair chultúrtha, eacnamaíochta agus shóisialta atá riachtanach d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae a mheas, i gcomhréir leis na Tosaíochtaí Straitéiseacha atá sa Phlean Corparáideach.

Tionóladh Cruinniú Bliantúil den Chomhairle Iomlánach ar an 19 Meitheamh 2023 i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae. Toghadh an Comh. Liam Carroll in áit an Comh. Michael “Moegie” Maher mar Chathaoirleach. Ainmníodh an Comh. Evelyn Francis Parsons chun teacht in áit an Comh. Eileen Mannion mar Leas-Chathaoirleach.

---

CATHAOIRLEACH, AN COMH. LIAM CARROLL AGUS LEASCHATHAOIRLEACH, AN COMH. EVELYN FRANCIS PARSONS



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
**Galway County Council**

---

COMHAIRLEOIRÍ CHONTAE NA GAILLIMHE ÓN GCRUINNÍÚ BLIANTÚIL AR AN 19 MEITHEAMH 2023



Thionóil an Chomhairle a Cruinniú Buiséid Reachtúil Bliantúil ar an 4 Nollaig 2023 i Seomra na Comhairle, Áras an Chontae chun Buiséad Ioncaim 2024 agus an Clár Caipitil Trí Bliana a bhreithniú agus a ghlacadh.

<b>Cruinnithe Míosúla na Comhairle</b>	<b>Cruinnithe</b>
Gnáthchruinnithe Míosúla	11
Cruinnithe Speisialta – Ceapachán an Phríomhfheidhmeannaigh	1
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1

## FÁILTITHE CATHARTHA 2023

AR AN 27 MÁRTA 2023, REÁCHTÁLADH FÁILTIÚ CATHARTHA IN ÁRAS AN CHONTAE CHUN ONÓIR A THABHAIRT DO NA DAOINE SEO A LEANAS:

Clíona D’Arcy mar aitheantas ar Bonn Óir Trom-Mheáchain a bhuachan ag Craobhchomórtais Óige an Domhain in 2022.



Foireann Camógaíochta an tSáirséalaigh mar aitheantas ar Chraobhchomórtas Chlubanna Camógaíochta na hÉireann a bhuchan in 2019, 2021 agus 2022.



Foireann na Gaillimhe Faoi 17 ar Buaiteoirí Chraobh Mionúir Peile na hÉireann 2022 iad.



Foireann Cispheile Ollscoil na Gaillimhe/Mheáraí as Corn Náisiúnta Pat Duffy 2022/2023 a bhuan.



AR AN 22 BEALTAINE 2023, REÁCHTÁLADH FÁILTIÚ CATHARTHA I MBAILE LOCHA RIACH CHUN ONÓIR A THABHAIRT DO NA DAOINE SEO A LEANAS:

Foireann Pheil na mBan Chill Choirín-Chluain Bheirn mar aitheantas as Craobhchomórtas Peile Sinsir Chlubanna na hÉireann a bhuan sa bhliain 2022.



Grúpa Forbartha Pobail an Bhaile Mhóir as an gcéad áit sa Chatagóir do Shráidbhailte a bhfuil Daonáireamh 300-1000 acu ag na Gradaim Náisiúnta um Mórtas Ceantair 2022 a bhaint amach.



Grúpa Forbartha Pharóiste na Gráige mar aitheantas ar an Dara hÁit sa Chatagóir um Áiteanna Cruthaitheacha ag na Gradaim Náisiúnta um Mórtas Ceantair 2022 a bhaint amach.



---

AR AN 23 DEIREADH FÓMHAIR 2023, REÁCHTÁLADH FÁILTIÚ CATHARtha I Mbaile LOCHA RIACH CHUN ONÓIR A THABHAIRT DO NA DAOINE SEO A LEANAS:

Foireann Camógaíochta Faoi 15 an Turlaigh Mhóir, ar Seaimpíní Fhéile Uile-Éireann Roinn 1 iad



Iománaithe Faoi 15 Bhaile Átha an Rí, ar Seaimpíní Fhéile Uile-Éireann na nGael Roinn 1 iad



Foireann Sraithe na Gaillimhe agus an Cheantair a bhuaigh Corn Kennedy in 2023



Martin Mulherrins, ar Seaimpín Sinsearach Liathróid Láimhe an Domhain é





Teresa Smyth, a bhuaigh bonn airgid i nDairteanna ag Cluichí Trasphlandaithe an Domhain



Eamonn Burke, a bhuaigh bonn óir ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2022



---

## CUAIRT Ó THOSCAIREACHT BHORD CHONTAE WASHINGTON CHUIG COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE CHUN ÁR GCOMHPHÁIRTÍOCHTA COMHCHONTAE A ATHNUACHAN, AIBREÁN 2023

Thug Toscaireacht ó Chontae Washington cuairt ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar aitheantas ar an gComhpháirtíocht 20 bliain idir Contae Washington, Stát Wisconsin, SAM agus Contae na Gaillimhe. Shroich an Toscaireacht Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an 22 Aibreán 2023 chun tús a chur lena dturas cúig lá go Contae na Gaillimhe.

I measc chomhaltaí na toscaireachta ó Chontae Washington, Wisconsin, bhí Cathaoirleach Bhord an Chontae Jeffrey Schleif agus a bhean Pam, Leas-Chathaoirleach Bhord an Chontae Carroll Merry and a chéile Jean, Maoirseoir Bhord an Chontae Lois Krueger-Gundrum, Ionadaí Stáit Rick Gundrum,



Maoirseoir Bhord an Chontae John Schodron agus a bhean Dawn, Maoirseoir Bhord an Chontae Pam Konrath agus Maoirseoir Bhord an Chontae Tony Thoma agus a chéile Susan.

Ag an gcrúinniú Iomlánach ar an 24 Aibreán 2023, shínigh an Cathaoirleach, mar aon le Cathaoirleach Bhord Chontae Washington, an tUasal Jeffrey Schleif, Cairt chun na naisc chairdis agus an comhoibriú idir Contae na Gaillimhe agus an Cathaoirleach le taipéis bhalla 'Contours', ar

Contae Washington a neartú tuilleadh. Bhronn macasamhail í ar an taipéis bhalla atá le feiceáil lasmuigh de Sheomra na Comhairle agus a léiríonn an dearadh agus an inspioráid a bhí i gceist leis an gcairpéad saincheaptha atá mar phríomhghné dhearaidh de Sheomra na Comhairle. I ndiaidh an bhronnta agus bronntanais a mhalartú, bhailigh an toscaireacht agus comhaltaí na Comhairle lasmuigh d'Áras an Chontae le haghaidh searmanas inar cuireadh crann. Níos déanaí an tráthnóna sin, reáchtáladh Oíche Chultúrtha i Halla an Chontae a bhí mar cheiliúradh agus mar léiriú ar chultúr na Gaillimhe trí cheol, trí fhilíocht, trí amhránaíocht agus trí rince.



Bhí oifigigh agus comhaltaí araon in éineacht leis an Toscaireacht ó Washington ar feadh a dturas cúig lá go Contae na Gaillimhe. Mar chuid dá gcúrsa mór taistil, thug siad cuairt ar Bhaile Locha Riach, ar Chonamara, ar an gClochán, ar Phort Omna, ar Bhaile Átha an

Rí, ar Bhéal Átha na Sluaighe agus ar Inis Mór.

AN PRÍOMHFHEIDHMEANNACH LIAM CONNEALLY, AGUS A BHEAN LINDA, CATHAOIRLEACH BHORD AN CHONTAE JEFFREY SCHLEIF AGUS A BHEAN PAM, AN COMH. MOEGIE MAHER AGUS A BHEAN TINA



Bhí an 42ú bliain den Fhéile bhliantúil Éireannach in Milwaukee, an ceiliúradh is mó a dhéantar ar chultúr agus oidhreacht na hÉireann sna Stáit Aontaithe, ar siúl in Wisconsin thar ceithre lá ón 17 Lúnasa go dtí an 20 Lúnasa 2023 i bPáirc Féilte Henry Maier. Bíonn tinreamh ollmhór de níos mó ná 130,000 cuairteoir ag an bhFéile gach bliain. Bhí stáinín fógraíochta ag Cathair agus Contae na Gaillimhe sa chuid den fhéile chun cinn scríbe na hÉireann a fhógairt, rud a bhí ina dheis iontach do Thoscaireacht Chontae na Gaillimhe a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le Contae na Gaillimhe a chur chun cinn mar cheann scríbe den scoth do go leor cuairteoirí Meiriceánacha ionchasacha. Agus níos mó ná 1 milliún duine ag teacht chuig Éirinn ó na Stáit Aontaithe gach bliain, rud a gheineann níos mó ná €1.5 billiún don gheilleagar, is margadh iontach tábhachtach fós é do thurasóireacht na hÉireann.

Ag Féile Milwaukee na bliana seo, rinne an Cathaoirleach Liam Carroll, Comhairleoirí Michael Moegie Maher agus Seamus Walsh, Stiúrthóir Seirbhísí, Derek Pender, agus Rúnaí an Chontae, Jean Brann, ionadaíocht ar Chontae na Gaillimhe. D'fhreastail an Toscaireacht freisin ar roinnt cruinnithe le páirtithe leasmhara le linn deireadh seachtaine gnóthach lena n-áirítear cruinniú oifigiúil i Halla



na Cathrach, Milwaukee.

EIMEAR MCALLISTER, TURASÓIREACHT ÉIREANN; RUAIRI LEHMANN, OIFIGEACH TURASÓIREACHTA CHOMHAIRLE CHATHAIR NA GAILLIMHE, CATHAOIRLEACH LIAM CARROLL, AN COMH. MICHAEL MAHER, AN COMH. FRANK FAHY, COMHAIRLE CHATHAIR NA GAILLIMHE AGUS PAUL MCDONAGH, TURASÓIREACHT ÉIREANN, AG STAINNÍN NA GAILLIMHE.

Chuaigh Toscaireacht Chontae na Gaillimhe chuig Contae Washington, ár gComhchontae chun bualadh leis na Comhaltaí ar fad agus le Feidhmeannach Chontae Washington, Wisconsin. Cuireadh roinnt tionscadal agus tionscnamh a bhaineann le tithíocht, turasóireacht, oidhreacht, forbairt talmhaíochta agus pobail ar fud an réigiúin i láthair na Toscaireachta. Bhí an chuairt an-tairbheach ar fad agus cabhróidh sí lenár gContaetha na naisc ghnó, eacnamaíochta, pholaitíochta, phobail agus chultúrtha a múnlaíodh le fiche bliain anuas a fhorbairt.



---

CATHAOIRLEACH LIAM CARROLL LE COMHALTAÍ CHONTAE WASHINGTON AGUS A BHFÉIDHMEANNAS AG OIFIGÍ CATHARtha CHONTAE WASHINGTON IN WESTBEND. DÉANANN COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE AGUS CONTAE WASHINGTON COMÓRADH AR 20 BLIAIN DEN NASC IDIR AN DÁ CHOMHCHONTAE.



---

BHÍ RÍMÉAD AR CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE AGUS AR CHATHAOIRLEACH LIAM CARROLL FREASTAL AR FHÁILTÍÚ SPEISIALTA I HALLA NA CATHRACH, MILWAUKEE, A RAIBH ARD-CHONSAL NA HÉIREANN CHUIG CHICAGO, KEVIN BYRNE, AGUS MÉARA NA GAILLIMHE, EDWARD HOARE MAR AÍONNA SPEISIALTA ANN.

---

## CUAIRT AN AMBASADÓRA SHEAPÁNAIGH AR CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE – AIBREÁN 2023

Thug a Shoilse, Ambasadóir na Seapáine, Maruyama, cuairt ar Áras an Chontae chun bualadh le




Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comh. Michael Moegie Maher. Ina dteannta, bhí an Leas-Phríomhfheidhmeannach Michael Owens agus Rúnaí an Chontae, Jean Brann. Ócáid thábhachtach a bhí sa chúirt maidir le naisc nua a bhunú chun caidrimh nua agus foghlaim roinnte idir an tSeapáin agus Comhairle Chontae na Gaillimhe a fhorbairt i réimse leathan leasanna comhchoiteanna.

---

## CUAIRT AN AMBASADÓRA MHEICSICIGH AR CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE – BEALTAINE 2023

Thug a Soilse, Ambasadóir Mheicsiceo, Carolina Zaragoza, cuairt ar Áras an Chontae chun bualadh le Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comh. Michael (Moegie) Maher agus an Príomhfheidhmeannach Liam Conneally. Ina dteannta, bhí Leas-Chathaoirleach an Chontae, an

Comh. Eileen Mannion agus an Stiúrthóir Seirbhísí, Michael Owens. In éineacht leis an Ambasadóir, bhí an tUasal Tomas Olvera, Ceann na Rannóige Consalaí agus Cur chun Cinn Cultúrtha agus an tUasal David Niland, Consal Oinigh Mheicsiceo.



Síníodh an Comhaontú Nasctha idir an Clochán agus Buirg Coyocan, Cathair Mheicsiceo in 2012. Garsprioc thábhachtach atá i gcuairt an lae inniu chun na dlúthnaisc chairdis agus an comhoibriú eacnamaíoch agus an tacaíocht leanúnach idir an dá phobal a neartú.

## CUAIRT AMBASADÓIR NA HEASTÓINE AR CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE – MEÁN FÓMHAIR, 2023

Chuir Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, an Comh. Liam Carroll, fáilte roimh Ambasadóir na



Cathaoirleach Liam Carroll and Chief Executive Liam Conneally welcomed Ambassador of Estonia, Her Excellency Mrs. Kairi Künka to Áras an Chontae

hEastóine, a Soilse, Kairi Künka, chuig Áras an Chontae. Bhí an Príomhfheidhmeannach, Liam Conneally, an Seanadóir Gerard P. Craughwell, Helena Kock Uasal, Abhcóide, Taidhleoir agus Liadhan Keady, Oifigeach Riaracháin i láthair freisin. Ócáid thábhachtach a bhí sa chuairt chun deiseanna a fhiosrú chun naisc a shnaidhmeadh lena bhforbrófar caidrimh nua agus foghlaim roinnte idir an Eastóin agus Comhairle Chontae na Gaillimhe i réimse leathan leasanna comhchoiteanna.

## BÁL CARTHANACHTA AN CHATHAOIRLIGH AGUS GRADAIM AN CHATHAOIRLIGH 2023

Reáchtáil Cathaoirleach Cllr. Michael “Moegie” Maher Bál Carthanachta an Chathaoirligh agus Gradaim an Chathaoirligh Dé Sathairn an 27 Bealtaine 2023 san Óstán Meadow Court, Baile Locha Riach. Bronnadh an t-airgead ó Bhál an Chathaoirligh ar dhá charthanacht fhiúntacha; Ospís na Gaillimhe agus Cumann Galair Parkinson na Gaillimhe. Oíche iontach a bhí ann inar ceiliúradh an obair iontach a chuireann an dá charthanacht ar fáil do mhuintir Chontae na Gaillimhe agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt le gradaim an Chathaoirligh ar an obair iontach a dhéanann pobail ar fud an chontae.







## GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Is iad Seirbhísí Tacaíochta a eagraíonn agus a riarann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach.

Grúpa Beartais Chorparáidigh	Cruinnithe
Grúpa Beartais Chorparáidigh	9

## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Tá creat reachtach chun Comhchoistí Póilíneachta a bhunú leagtha amach in Alt 36 (2) den Acht an Gharda Síochána 2005:

“Is é feidhm an chomhchoiste póilíneachta fónamh mar fhóram le haghaidh comhchomhairliúchán, pléití agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíníú limistéar riaracháin an údaráis áitiúil”

Foráiltear le hAlt 37(1) freisin:

“Le linn a fheidhmeanna a chomhlíonadh, beidh aird ag údarás áitiúil ar an tábhacht a ghabhann le bearta a dhéanamh chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá limistéar freagrachta.”

Feidhmíonn comhchoistí póilíneachta faoi threoirlínte leasaithe ar eisigh an tÚdarás Póilíneachta iad in 2022 i ndiaidh comhairliúcháin leis an Aire Dlí agus Cirt, an Aire Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta agus Coimisinéir na nGardaí.

Reáchtáladh cruinnithe Comhchoistí Póilíneachta ar na dátaí seo a leanas le linn 2023:

- 30 Eanáir 2023



- 3 Aibreán 2023
- An 19 Meitheamh 2023
- An 4 Meán Fómhair 2023
- 6 Samhain 2023 – ár gCruinniú Poiblí Bliantúil

## CRUINNIÚ POIBLÍ BLIANTÚIL

Reáchtáladh ár gCruinniú Poiblí Bliantúil san Óstán Meadow Court i gCloch an Stuaicín, Baile Locha Riach ar an 6 Samhain 2023. Bhí breis is 50 duine i láthair an oíche sin, agus bhí an-phlé ann le linn an chruinnithe.



COMHALTAÍ CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA CHONTAE NA GAILLIMHE, LENA N-ÁIRÍTEAR COMHALTAÍ AN OIREACHTAIS SEAN CANNEY, T.D. AGUS ANNE RABBITTE, T.D

Le hobair leanúnach an dá fhochoiste, tugadh deis don Chomhchoiste Póilíneachta Bliantúil roinnt mórtionscnamh a chur chun cinn mar atá leagtha amach ina Phlean Oibre Bliantúil do 2023.

## BALLRAÍOCHT AN CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Léirítear sa tábla seo a leanas na huimhreacha a bhaineann le gach catagóir bhallraíochta do Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na Gaillimhe.

Comhaltaí Tofa na nÚdarás Áitiúil	Comhaltaí den Oireachtas	Oifigigh na nÚdarás Áitiúil	An Garda Síochána	Pobail/Ionadaithe Deonacha
15	2	2	9	7

Tá an Chomhairle freagrach as Clár na dToghthóirí a chur le chéile do Chontae na Gaillimhe (Cathair na Gaillimhe as an áireamh). B'ionann líon iomlán na dToghthóirí ar Chlár na dToghthóirí ar an 4 Eanáir 2024 agus 140,536.

---

## AN TACHT UM ATHCHÓIRIÚ TOGHCHÁIN, 2022

Shínigh an tUachtarán an tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022 ar an 25 Iúil 2022. Chuir an tAcht bonn reachtach faoi raon athchóirithe suntasacha toghcháin:

- Coimisiún toghcháin neamhspleách a chur ar bun – An Coimisiún Toghcháin
- Nuachóiriú a dhéanamh ar ár bpróiseas cláraithe toghcháin chur níos mó rochtana agus sláine níos fearr a chur ar fáil
- Fógraíocht pholaitiúil ar líne a rialáil chun trédhearcacht a chur ar fáil le linn feachtas toghcháin agus chun a chinntiú go bhfuil ár dtoghcháin díonta ó thionchair folaigh ar an gcaoi ina vótálaimid
- Sláine ár bpróiseas toghcháin a chosaint rud a chinnteoidh go rialófar faisnéis faoi phróisis toghcháin agus faisnéis toghcháin ar líne chun cosaint a sholáthar i gcoinne iompraíochta ionramhálaí nó bréagaí le linn feachtais toghchánaíochta
- Ár gcóras rialála a neartú i dtaca le síntiúis agus cuntais pholaitiúla, lena n-áirítear cumhachtaí nua imscrúdaithe agus forfheidhmithe a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
- Leasaithe ar an dlí toghcháin a fhorálann go reáchtálfar vótáil ar na hoileáin ar an lá céanna leis an gcuid eile den tír; agus

Ón 13 Deireadh Fómhair 2022, tháinig an creat reachtach i bhfeidhm chun ár bpróiseas cláraithe toghcháin a nuachóiriú, lena n-áirítear aistriú go dtí clárú atrátha nó leanúnach, agus chun an próiseas cláraithe a chaighdeánú agus a shimpliú. Déanfar gach iarratas chuig an údarás cláraithe ar an gcéad ásc agus ní bhreithneoidh Cláraitheoirí an Chontae ach ar achomhairc.

Leagtar amach ann bunús soiléir i dtaca le sonraí a roinnt agus UPSPanna a úsáid sa phróiseas, agus áirítear ann roinnt forálacha nua mar shampla tacaíocht a thabhairt do dhaoine gan seoladh clárú, agus clárú anaithnid do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol dá bhfoilseofaí a n-ainmneacha ar an gclár.

Saoráidí solúbtha atá ar fáil anois do dhaoine le deacrachtaí fisiceacha a leathnú amach do thoghthóirí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Déantar foráil ann freisin chun cead a thabhairt do dhaoine in aois 16- agus 17- réamhchlárú agus cuirtear deireadh ann leis an gclár atheagraithe.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 126 iarraidh le linn 2023 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Cinneadh	Líon
Iarrataí a Deonaíodh	31
Iarrataí a Deonaíodh go páirteach	36
Iarrataí a Diúltaíodh	32
Iarrataí a Aistríodh	4
Iarrataí a Tarraingíodh siar	4
Tarraingthe siar agus láimhseáilte lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	19

## ROCHTAIN AR FHAISNÉIS MAIDIR LEIS AN GCOMHSHAOL

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 36 iarraidh san iomlán le linn 2023 faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007-2018.

Cinneadh	Líon
Iarrataí a Deonaíodh	12
Iarrataí a Deonaíodh go páirteach	17
Iarrataí a Diúltaíodh	3
Iarrataí a Aistríodh	1
Iarrataí a Tarraingíodh siar	2
Iarrataí a Tarraingíodh Siar agus a láimhseáladh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise	1
Breithníodh é a dhiúltú	0

## COSAINN SONRAÍ

Le linn di a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ceanglaítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méideanna suntasacha “Sonraí Pearsanta” a phróiseáil de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí agus na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Tá meas ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chearta príobháideachta na ndaoine a bpróiseálaimid a gcuid sonraí pearsanta, agus táimid feasach ar ár n-oibleagáidí faoin Dlí um Chosaint Sonraí.

I dtaobh na sonraí pearsanta a d’fhéadfadh go gceanglófaí ar dhaoine aonair a chur ar fáil dúinn, geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe:

- go bhfaighfear iad ar bhealach dleathach, cóir agus trédhearcach
- go bhfaighfear iad chun críocha sonraithe, follasacha, agus dlisteanacha amháin
- go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid atá riachtanach chun na críche sin dá bhfuarthas iad

- go ndéanfar iad a thairfeadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go gcoinneofar cothrom le haimsir iad nuair is gá
- nach gcoinneofar iad ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch sin dá bhfuarthas iad.
- go gcoinneofar iad i bhfoirm lena gceadaítear an t-ábhar sonraí a aithint
- go bpróiseálfar iad ar bhealach a chinntíonn slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, cosaint ar phróiseáil neamhdhártaite nó neamhdhleathach san áireamh.

Tá Córas Bainistithe Cosanta Sonraí curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fud na heagraíochta chun cabhrú leis an gComhairle dlí RGCS agus dlí um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh go leanúnach.

## OILIÚINT FOIRNE 2023

Cuireadh oiliúint agus ionduchtú foirne i dtaca le Cosaint Sonraí & Cibearshlándaíl ar fáil ar líne. Cuireadh Oiliúint Feasachta Foirne ar an láthair ar fáil freisin do bhaill foirne agus foilsíodh Nuachtlitir Foirne gach ráithe chun feasacht i dtaca le Cosaint Sonraí a chur chun cinn.

## IARRATAÍ AR ROCHTAIN AR SHONRAÍ 2023

- Fuarthas 13 iarraidh ar Rochtain ar Shonraí ó Ábhair Sonraí agus freagraíodh dóibh.
- Fuarthas 5 iarraidh ar Rochtain ar Shonraí ó Thríú Páirtithe (e.g. ón Garda Síochána) agus freagraíodh dóibh.

Tá Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle mar chuid den Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ar ríomhphost ag: [dpo@galwaycoco.ie](mailto:dpo@galwaycoco.ie) nó ar an bhfón ag: (091) 509319.

## DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ



Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas  
Irish Human Rights and Equality Commission

Ceanglaítear le hAlt 42(2) (a) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ar eagraíocht

“measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann sí a bheith ábhartha d’fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta agus na beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ina plean straitéiseach.”



In 2023, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tionscnamh chun cinn chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa oibre traseagraíochta chun na coinníollacha a chruthú a bheadh riachtanach chun an Dualgas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil. Is é an príomhchúram atá ar an ngrúpa oibre ná na coinníollacha a chruthú chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Is éard a bhí i gceist leis sin ná oibriú le sainchomhairleoir seachtrach chun bunchlocha tábhachtacha a fhorbairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus le cearta an duine a chruthú chun fráma agus tagarmharcanna a sholáthar lena gcuirfear an Dualgas i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus le cearta an duine a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an chéad chéim a éilítear faoin Dualgas; agus
- Plean Forfheidhmithe don Dualgas a dhearadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Cinnteadh an tionscnamh seo go leanfar ar aghaidh le beartais agus le cleachtais chuimsitheacha agus ag an am céanna go gcuirfear bonn eolais faoi chur i bhfeidhm an Dualgais ar fud na heagraíochta.



Ar an 25 Iúil 2023, ghlac Foireann Bainistíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis an bPlean Feidhmithe don dualgas i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Aithníonn an Measúnú um Chearta Daonna agus um Chomhionannas (Leabhar Fianaise), mar aon leis an bPlean Feidhmithe don Dualgas i gComhairle Chontae na Gaillimhe na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a aithnítear sa mheasúnú agus tá sé le fáil ar ár suíomh gréasáin ag an nasc seo a leanas: <https://www.galway.ie/en/services/yourcouncil/corpdocs/>.

Leanfaimid ar aghaidh, ar bhealach atá sofheicthe don phobal, ag déanamh tuairisciú ar fhorbairtí agus éachtaí – maidir leis na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a aithnítear inár measúnú - inár dtuarascálacha bliantúla.

## BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ

- Lean Rannóg na Saoráidí uirthi ag cur seirbhísí bainistíochta saoráidí agus seirbhísí airíochais ar fáil do líonra oifigí agus leabharlann na Comhairle, astu sin tá 26 acu faoi úinéireacht dhíreach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Faoi láthair tá 38 cineál conarthaí cothabhála coisctheacha pleanáilte i bhfeidhm as a dtagann breis agus 1,500 iniúchadh éagsúil ar fud an líonra foirgneamh seo.
- Lean Aonad na Saoráidí air ag dul i mbun próiseas soláthair do réimse conarthaí a bhaineann le bainistíocht saoráidí chun a chinntiú go bhfaighfear luach ar airgead agus go bhfanfaidh caighdeán na seirbhísí mar an gcéanna.
- Rinne Aonad na Saoráidí an córas rialaithe rochtana dorais a shuiteáil agus a chomhtháthú i bhfoirgneamh Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe d'fhonn córas láraithe riaracháin a chruthú.
- Chabhraigh aonad na Saoráidí le rannóg na leabharlainne chun an chéad My Open Library atá ag feidhmiú a fháil ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe.
- Fuarthas cead pleanála Chuid 8 agus cead chun oibriúcháin feabhsaithe a dhéanamh d'fhoirgneamh Leabharlainne Órán Mór chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú dóiteáin.

---

## BAINISTÍOCHT FUINNIMH AGUS TIONSCNAIMH LAGHDAITHE FUINNIMH

- Lean faireachán agus bainistiú éifeachtúlachta fuinnimh de bheith ina bpríomhfócas ag an aonad saoráidí.
- Lean Halla an Chontae uirthi ag feabhsú a Rátála Fuinneamh Foirgneamh (BER) oibríochtúil.

---

## SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHTA

- Lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha de bheith ag seachadadh a chuid riachtanas faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí amhail tástáil PAT, tástáil legionella, tástáil thréimhsiúil ar fhearais leictreacha, measúnuithe Aonad

Fístaispeána (AF) do gach Oifig agus Leabharlann, clár tástála agus cothabhála aláráim dóiteáin agus solais éigeandála, cigireacht reachtúil agus cothabháil ardaitheoirí paisinéirí, córais rochtana dín agus córas téimh gáis.

- Leanadh le Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta ar bhonn rialta i gcomhréir le cur chun feidhme Phlean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta na Comhairle.
- Rinneadh cothabháil tírdhrechtaithe ar Pháirc Rinn Mhíl agus leanadh leis an obair i gcomhar leis an Scéim Fostaíochta Pobail áitiúil. Cuireadh oibreacha uasghrádaithe i gcrích ar limistéir na suíochán poiblí agus na saoráidí bailithe dramhaíola.
- Is é an tAonad Áiseanna i gcomhar leis an rannóg Acmhainní Daonna, atá freagrach as Maor Dóiteáin a oiliúint.

## AN TSEIRBHÍS CRÓINÉARA

### AN TSEIRBHÍS CRÓINÉARA

Lean an Chomhairle uirthi ag cur tacaíocht riaracháin ar fáil chun gach íocaíocht táillí do Sheirbhís Cróinéara an Chontae agus na Cathrach a phróiseáil. Is í an Chomhairle a íocann costas iomlán na Seirbhíse Cróinéara trína buiséad ioncaim, gan aon mheicníocht le haghaidh forchúitimh.

## INIÚCHADH INMHEÁNACH/SEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH DLÍ

### INIÚCHADH INMHEÁNACH

Is é cuspóir an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh ná chun tuairim oibiachtúil agus neamhspleách a sholáthar don Choiste Iniúchta agus do Bhainistíocht ar rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach agus a éifeachtaí is atá siad i dtaca le cuspóirí aontaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bhaint amach. Tá ról neamhspleách agus comhairleach aige chomh maith chun cabhrú le bainisteoirí líne rialachas, bainistíocht riosca agus rialuithe inmheánacha a fheabhsú.

Gach bliain, déantar an Plean um Iniúcháireacht Inmheánach i gcomhairle le Foireann Bainistíochta na Comhairle, le hIniúcháir Rialtais Áitiúil agus leis an gCoiste Iniúcháireachta agus bíonn sé mar chuid de chlár na n-oibreacha don Choiste Iniúcháireachta. Chuir an Coiste Iniúchta an Plean um Iniúcháireacht Inmheánach don bhliain 2023 i láthair agus ghlac an Coiste céanna leis an bplean ar an 13 Nollaig 2022.

Sa Phlean um Iniúcháireacht Inmheánach 2023, bhí 10 réimse a raibh gá le scrúdú iniúcháireachta a dhéanamh orthu, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar chríochnú na n-athbhreithnithe a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimh.

## Obair iniúchta inmheánaigh a rinneadh in 2023

Tá torthaí an iniúchta maidir le gach athbhreithniú, in éineacht lenár moltaí gníomhaíochta agus freagraí na bainistíochta leagtha amach inár dtuarascálacha mionsonraithe.

Rinne an tIníúchadh Inmheánach cúig athbhreithniú iniúchta le linn 2023, críochnaíodh ceithre cinn acu roimh dheireadh na bliana, tá ceann amháin fós idir lámha agus cuireadh ceann amháin ar athló mar atá tugtha le fios thíos.


Réimse Iniúchta Iniúchtaí - Tuarascálacha Deiridh	Leibhéal Cinnteachta	Moltaí				Glactha
		Ard	Meánach	Íseal	Iomlán	
Tarscaoileadh Rátaí Tráchtála 2021	Substaintiúil	-	-	-	-	
Oibreacha Caipitil Tógáil na Fána Buí, Tuaim N7-2-300	Substaintiúil		2	1	3	3
Cód Caiteachais Phoiblí – <a href="#">Dearbhú Cáilíochta</a>	Substaintiúil	-	-	-	-	
An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte	Meánach		3	1	4	4
<b>Obair idir lámha</b>	<b>Stádas amhail an 31/12/2023</b>					
Ranníocaíochtaí Forbartha	Idir lámha					
<b>Plean Iniúchóireachta PII2023</b>	<b>Stádas amhail an 31/12/2023</b>					
Ráta Athraithe Foirne – Athbhreithniú ar bheartas agus nósanna imeachta maidir le foireann a éiríonn as	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta					
Córas Bainistíochta Airgeadais	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa phlean 2024					
2022 CCSGP- Athbhreithniú Fíoraithe	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa phlean 2024					
Cibearshlándáil	Beartaithe – le cur san áireamh sa phlean 2024 – le seachfhoinsiú					
Córas Riosca Corparáideach	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta					
Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta					
Oiliúint Sábháilteachta Dóiteán ag Láithreáin Stad	Sceidealaithe – le cur san áireamh sa Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta					

Chomh maith leis na hathbhreithnithe iniúchóireachta a luadh thuas, déantar seiceálacha ar chomhlíontacht, ag brath ar acmhainní ar fáil, ar réimsí éagsúla laistigh den Chomhairle ar bhonn tréimhsiúil. Le linn 2023, rinneadh seiceálacha ar - an Oifig Mótarchánach (CC agus Oifigí Ceantair), Oifig an Airgid, Ioncam Reilige, Ús um Íocaíocht Phras agus Clár na nEiticí.

Tá 3 ball foirne ag obair san Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus bhí dhá cheann de na poist sin folamh ar feadh tréimhse in R1, agus R2, 2023. Líon reatha na foirne in situ ó Bhealtaine 2023. Tá oiliúint ag an obair á cur ar fáil go leanúnach, chomh maith le hoiliúint sheachfhoinsithe do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne atá ann cheana féin.

### Moltaí a chur i bhfeidhm

Sa tábla seo a leanas, tá stádas gníomhaíochtaí iniúchta aontaithe ar fáil. Tá cúig mholadh ‘idir lámha’ ag deireadh na bliana agus tá athbhreithniú le déanamh orthu in 2024.



## Líonrú

Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe cruinniú hibrídeach Líonra Iniúcháireachta Inmheánaí an Rialtais Áitiúil (LIIRÁ) i Seomra na Comhairle ar an 25 Deireadh Fómhair 2023. Chuir A. Farrell, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí, Forbairt Pobail agus Forbairt Chorparáideach, fáilte roimh na comhaltaí agus leag sé béim ar an tábhacht agus an luach a chuireann an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh leis an eagraíocht. Is d’iniúcháirí inmheánacha laistigh den rialtas áitiúil é an fóram seo. Ligeann sé dóibh eolas agus eispéiris a roinnt chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na feidhme Iniúchta Inmheánaigh ar fud na rannóige.

Buaileann an LIIRÁ faoi dhó in aghaidh na bliana agus cuimsítear leis réimse leathan topaicí a bhaineann leis na húdaráis áitiúla go léir agus tuairiscíonn sé do Choiste Airgeadais Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC). Rinneadh cuir i láthair ar thopaicí éagsúla le linn 2023 agus an méid seo a leanas ina measc – Bainistíocht Riosca, Soláthar, Pá Rolla MyPay agus Aoisliúntas, Taisteal Gníomhach, Pleanáil Straitéiseach Iniúcháireachta, Bainistiú Fiachais, Tionchar an Chultúir ar Rialachas, an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (CNMI) agus an t-eolas is déanaí maidir le Luach ar Airgead. Anuas air sin, tá Líonra Iniúcháirí Inmheánacha an Iarthuaiscirt (LIII) a reáchtáil 4 chruinniú eile le linn 2023 ach nach bhfuil chomh tábhachtach sin.

## Tacaíocht don Choiste Iniúcháireachta

Tá Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ag feidmiú faoi láthair mar riarthóir miontuairiscí don Choiste Iniúcháireachta (CI), a mbíonn páirt lárnach aige maidir le feidmiú laethúil an Ail ach a bhíonn an-ghníomhach maidir le riachtanais an Choiste Iniúcháireachta a éascú. Anuas ar ullmhúcháin le haghaidh cruinnithe, áirítear leis sin idirghabháil agus obair leantach le ranna eile laistigh den eagraíocht maidir le saincheisteanna a ardaíonn comhaltaí eile den CI, tuarascálacha reachtúla a dhréachtú chomh maith le haon ghníomhartha eile de réir mar a iarrann an CI.

---

## AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Comhlíonann an Coiste Iniúcháireachta ról tábhachtach sa chreat rialachais trí chabhair a thabhairt don Chomhairle chun monatóireacht a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh, bainistíocht riosca, tuairisciú airgeadais, agus na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh/sheachtraigh.



Tionóladh 4. chruinniú Coiste Iniúchóireachta in 2023 agus bhí rannpháirtíocht láidir ann ó gach comhalta Coiste ag gach cruinniú.

Comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta	Dátaí na gCruinnithe			
	14/02/2023	20/06/2023	07/11/2023	12/12/2023
An tUasal Des Mahon, Cathaoirleach	✓	✓	✓	✓
An tUasal Seamus Duffy	✓	✓	✓	✓
Sarah Roarty Uasal	✓*	✓	✓	✓
An Comh. James Charity	✓	✓	✓	✓
An Comh. Liam Carroll	✓	✓	✓	

Le linn 2023, chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta a dhualgas maidir le dhá thuarascáil reachtúla a ullmhú don Chomhairle faoi mar atá leagtha amach thíos:

Tá sonraí maidir le gníomhartha na gCoistí Iniúchóireachta le linn na bliana le fáil ina dTuarascáil Bhliantúil faoi Alt 15 de na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Coiste Iniúchóireachta), 2014. Cuireadh Tuarascáil Bhliantúil 2022 an Choiste ar ghníomhartha faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú iomlánach a reáchtáladh ar an 27 Feabhra 2023. [Miontuairisc 4108](#)

De bhun Alt 60 d'Acht um Rialtas Áitiúil 2014, d'ullmhaigh an Coiste Iniúchóireachta tuarascáil reachtúil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil Iniúchóir an Rialtais Áitiúil 2022 a cuireadh faoi bhráid na Comhairle ag an gcruinniú iomlánach a tionóladh ar an 18 Nollaig 2023. [Miontuairisc 4261](#)

---

## AN TSEIRBHÍS CHOMHAIRLEACH DLÍ

Lean Roinn na nGníomhairí Dlí uirthi ag cur na ngnáthsheirbhísí dlí agus comhairleacha ar fáil do gach réimse cláir agus do Stiúrthóireachtaí le linn 2023.

Áiríodh leis na seirbhísí seo maoinne a fháil agus a dhíol (réimse cleachtais a bhí fós ag fillleadh ar ghnáthleibhéil i ndiaidh thionchair Phaindéim Covid 19), stiúradh dlíthíochta le go mbeadh forfheidhmiú ionchúisimh na Cúirte Dúiche mar chuid de, an Chúirt Chuarda agus an Ard-Chúirt, Athbhreithniú Breithiúnach san áireamh, gach ceann díobh anois fillte ar ghnáthleibhéil agus le forbairtí laistigh de Sheirbhísí Cúirte, táthar in ann éisteachtaí ar an láthair agus ar líne a chur ar fáil. Réimsí suntasacha oibre eile do Roinn na nGníomhairí Dlí ab ea fálacha talún a chur i gcrích, OCÉna ar bhealaí idiruirbeacha agus scéimeanna leathnaithe bóithre. Is ualach suntasach oibre é Forfheidhmiú Cóid freisin don roinn, ina bhfuil ionchúisimh phleanála agus comhshaoil i gceist i ndlínsí cúirte éagsúla.

Rinneadh an nuashonrú is cuimsithí ar an gCóras Bainistíochta Cásanna le blianta beaga anuas, a éascaíonn úsáid teimpléid chun sreafaí oibre a chruthú chun seirbhísí dlí a sheachadadh go héifeachtúil agus go costéifeachtach. Tugadh an nuashonrú seo chun críche i mí na Samhna 2023.

Leanadh ar aghaidh leis an obair ar Chlár Tailte na comhairle, i gcomhar le comhpháirtithe in aonaid eile amhail TF, Airgeadas agus Tithíocht. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtéarmaí an Chláir Leasa Maoine, agus go deimhin maidir le seanchomhaid a Chartlannú. Faomhadh maoiniú do

réiteach bogearraí don Chlár Leasa Réadmhaoine agus chuaigh Oifig na nGníomhairí Dlí i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse éagsúla d’fhonn tabhairt isteach an chórais nua seo a thabhairt chun críche. Ceadáíodh soláthar foirne don Aonad Cláir Leasa Maoine nua chomh maith, agus aithníodh baill foirne tosaigh. Tá sé seo ag teacht le riachtanais an Iniúcháir Rialtais Áitiúil.

Chuir Roinn na nGníomhairí Dlí seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha breise ar fáil d’Fheidhmeannas na Comhairle agus baill foirne eagraíochtúla laistigh de na sainréimsí Cosanta Sonraí agus Saorála Faisnéise, lena n-áirítear Comhairle agus Tuairim shonrach a fháil ó Chomhairle Dlí, de réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí.

## OIBRIÚ MARGAÍ. CEADÚNAIS CHORRTHRÁDÁLA & SCANNÁIN

Téann bliain an Cheadúnais Corrrhrádála ón 1 Aibreán go dtí an 31 Márta. Eisítear ceadúnais gach bliain i ndiaidh íocaíocht a fháil i gcás roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae i gcomhréir le Fodhlíthe Corrrhrádála.

Is iad seo a leanas láithreacha na mbailte agus na sráidbhailte:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Dún Mór
- An Gort
- Áth Cinn
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Tuaim
- Port Omna

## BÁNNA CORRTHRÁDÁLA

Ceadúnais Bhliantúla	
Réimse	Líon na gCeadúnas a eisíodh 2023
Baile Átha an Rí	6
Béal Átha na Sluaighe (Cearnóg Mhuire)	10
An Clochán	8
Dún Mór	2
An Gort	8
Áth Cinn	1
Baile Locha Riach	2
An Creagán	10
Port Omna	2
Tuaim	9

<b>Ceadúnais Imeachta Speisialta</b>	
<b>Réimse</b>	<b>Líon na gCeadúnas a Eisíodh 2023</b>
An Baile Gearr	23
An Clochán	11
An Mám	11
An Dún Mór	27
<b>Ceadanna do Dhíoltóirí Uachtar Reoite ag Tránna/Páirc Ainmnithe</b>	
<b>Réimse</b>	<b>Líon na gCeadúnas a Eisíodh 2023</b>
Trácht, Cinn Mhara	1
Trá na bhForbacha	1
Céibh Nua an Spidéil	1
Cloch na Rón	1
An Trá Mhór, Indreabhán	1

### **Ceadúnais Scannáin**

Le linn 2023, fuair seirbhísí corparáideacha 12 iarraidh ó chomhlachtaí léirithe scannán chun maoiní poiblí a úsáid chun scannánaíocht a dhéanamh orthu. Mhairfeadh roinnt de na hiarrataí ar feadh lae, ach leathnódh cuid acu amach go dtí cúpla lá.

### **ÁINEAS, CONLÁISTE, PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE**

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag infheistiú in áiseanna súgartha sa Chontae trí árachas dliteanais poiblí a chur ar fáil do roinnt áiteanna súgartha atá faoi bhainistíocht an phobail mar chuid de chomhaontuithe foirmiúla cothabhála le grúpaí áitiúla, chomh maith le cothabháil dhíreach a dhéanamh ar chlóis súgartha inár bpríomhbhailte. I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh roimhe seo faoi Bheartas Súgartha na Comhairle, cuireadh cúnamh ar fáil do chlóis súgartha trí chistiú díreach agus trí sholáthar árachais. Go dtí seo, forbraíodh 80 clós súgartha sa Chontae, faoin mbeartas seo a sholáthraíonn ceann de na gréasáin is fairsinge de chlós súgartha in aon Chontae is iad ar fáil saor in aisce do chónaitheoirí i ngach príomhionad lonnaithe agus i bpríomhionaid turasóireachta.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe iontach sásta a dheimhniú gur chríochnaigh Murphys Playground Services Ltd agus Comhairle Chontae na Gaillimhe le déanaí oibreacha agus uasghrádaithe ar Chlós Súgartha Phort Omna a mhaoinigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim Clár 2022.

Bhí sé mar aidhm ag ár n-iarratas Clár chun ionchuimsitheacht i measc na leanaí a chinntiú. Mar sin, chuireamar luascáin dhúbailte in ionad luascán aonair, rud a spreagann leanaí chun imirt le chéile agus shuiteáladar roithleagán ró atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus rinneamar deisiúcháin riachtanacha ar fhearais spraoi a bhí ann cheana chun a chinntiú go bhfuil siad sábháilte do gach úsáideoir.



---

ROIMH & TAR ÉIS AG CLÓS SÚGARHA PHORT OMNA, SUITEÁIL ROITHLEAGÁN RÓ ATÁ OIRIÚNACH DO CHATHAOIREACHA ROTHÁÍ





---

#### SUITEÁIL TREALAIMH NUA AG CLÓS SÚGARThA PHORT OMNA



---

#### ROIMH AGUS TAR ÉIS, GLANADH SUAS AN CHLÓIS SHÚGARThA

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe sásta a dheimhniú gur suiteáladh roithleagán ró atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí le déanaí agus go ndearnadh deisiúcháin ar threalamh a bhí ann cheana féin ag Clós Súgartha Loch Riach mar thoradh ar an maoiniú a d'éirigh linn a fháil ón Roinn Leanáí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige in 2023.



Bhí an aip chigireachta ar líne fós ag obair go maith in 2023 mar go gcabhraíonn sé le Maoir Phobail cigireachtaí a dhéanamh lena bhfóin chliste agus tuairiscí a chur isteach go huathoibríoch. Déantar tuairiscí a chomhdú go huathoibríoch, rud a chuireann taifead ar fáil de na cigireachtaí seachtainiúla atá de dhíth ar mhaithe le cothabháil agus árachas.

---

#### PÁIRC RINN MHÍL

Tá Páirc Rinn Mhíl ar cheann de na páirceanna is mó sa Chontae, le líonra siúlóidí, clós súgartha, agus ionad aclaíochta faoin aer. Tá Páirc Rinn Mhíl á bainistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi chomhúinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Chathair na Gaillimhe. Is suíomh ainmnithe é ar 'Shlí an Atlantaigh Fhiáin'. Tá sé in úsáid go forleathan ag cónaitheoirí áitiúla, cuairteoirí, agus eagraíochtaí áitiúla amhail Grúpaí Gasógaíochta.

D'fhostaigh an Chomhairle Airíoch séasúrach ó mhí an Mhárta go mí Dheireadh Fómhair 2023. Leanadh leis an lamháltas chun sólaistí éadroma a dhíol ag Páirc Rinn Mhíl ó Mhí an Mhárta go Mí Mheán Fómhair.



---

#### SUÍOCHÁIN DO PHICNICÍ I BPÁIRC RINN MHÍL, ÓRÁN MÓR

---

#### RAON LÚTHCHLEASA DHÚN LEO, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Conláiste luachmhar do phobal Bhéal Átha na Sluaighe agus Oirthear na Gaillimhe is ea Raon Lúthchleasa Dhún Leo atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Aithníonn Comhairle Chontae na Gaillimhe an tacaíocht a fuarthas ó chlár TUS i dtaca le seirbhísí a sholáthar don tsaoraíd. Tacaíonn na seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear faoin Scéim le feidhmiú na saoráide ar bhonn laethúil agus cinntíonn sé gur féidir na saoráidí a chur ar fáil le go mbainfidh an pobal agus clubanna áitiúla taitneamh agus tairbhe astu.




---

#### RAON REATHA DHÚN LEO, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

## IONAD CUAIRTEOIRÍ CHATH EACHROMA

I mí na Bealtaine 2023, athosclaíodh Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma do shéasúr an tsamhraidh, mí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair. Tháinig breis is 800 cuairteoir go dtí an t-ionad do shéasúr an tsamhraidh, roinnt turas scoile ón réigiún agus ó chontaetha ina aice láimhe san áireamh.



## SEACHTAIN NA HOIDHREACHTA

Dé Sathairn an 19 Lúnasa 2023, reáchtáil an grúpa Chath Eachroma 1691 imeachta mór-éilimh Siúl Thart is Labhair Faoi ag Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma le haghaidh na Seachtain Oidhreachta.



D'fhreastail breis is 80 duine air chun éisteacht le scéalta faoin gcath agus chun páirt a ghlacadh i siúlóid timpeall na láithreach catha.



**Tosaíocht Straitéiseach:**

Chun folláine an chontae, a phobail agus a mhuintire a fheabhsú, pobail inbhuanaithe a fhorbairt, ionchuimsiú sóisialta a uasmhéadú agus tacú le saoránacht ghníomhach.

## CLÁR SEIRBHÍSÍ FORBARTHA LEABHARLAINNE

D’oibrigh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe go dian le linn 2023 chun seirbhís fheabhsaithe, ionchuimsithe agus thacúil a sholáthar do phobail i suímh uirbeacha agus tuaithe araon. Is acmhainn thábhachtach do pháistí, daoine fásta agus teaghlaigh i gcathair agus contae na Gaillimhe fós iad seirbhísí Leabharlainne. Le linn 2023, chuir an leabharlann sraith shaincheaptha de sheirbhísí, cláir, ceardlanna, léachtaí agus tionscadail ar fáil a d’uasmhéadaigh ionchuimsiú, a chuir litearthacht chun cinn agus a spreag saoránacht ghníomhach.

Chun na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach, cuireann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe raon leathan de sheirbhísí ar fáil trína líonra fairsing. Tá siad seo liostaithe anseo chun forbheathnú seirbhíse a thabhairt.

- 29 Leabharlann Craoibhe
- Seirbhís leabharlainne taistil
- Seirbhís scoileanna do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna
- Roinn Cartlainne
- Seirbhís Staire Áitiúla
- Seirbhís Closleabhar do dhaoine a bhfuil lagú amhairc orthu
- Seirbhísí agus cláir chéadfacha
- Ardán Leabharlainne Fíorúla a chuireann seirbhísí ar fáil 24/7 lena n-áirítear na cinn seo a leanas:
  - Ríomhleabhair agus ríomhchlosleabhair
  - Síntiúis Ríomhirisí
  - Úrscéalta grafacha agus greannáin
  - Cúrsaí ar líne a chlúdaíonn réimse leathan ábhar, topaicí agus tacar scileanna
  - Tacaíochtaí litearthachta do leanaí a bhfuil rochtain acu ar ardáin tacaíochta foghlama ar nós Nessy learning, TTRS.
  - Acmhainní ilteangacha a ligeann do leanaí suas le 300+ teanga a fhoghlaim, a léamh agus taithí a fháil orthu trí shuíomh gréasáin LOTE.
  - Medici TV – a sholáthraíonn rochtain shaor in aisce ar líne ar raidhse acmhainní ceoil, léachtaí agus máistir-ranganna
  - Rochtain ar nuachtáin Idirnáisiúnta

B’ionann ballraíocht ghníomhach Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus 39,716 duine, méadú níos mó ná 18%

In 2023, eisíodh 676,043 mír (ní áirítear san fhigiúr seo Ríomhleabhair agus Ríomh-chlosleabhair) agus tugadh breis is 510,874 cuairt ar ár leabharlanna, méadú thart ar 40%.

Gníomhaíochtaí Táscaha in 2023:

- Bhí leabharlanna fós ar cheann de na spásanna poiblí ba mhó ar tugadh cuairt orthu i gContae na Gaillimhe. Is ionaid chathartha agus chultúrtha sheanbhunaithe iad ár leabharlanna ina gcuid pobal, conláiste saor in aisce atá ar fáil do chách.
- Bhí an pobal an-dearfach faoin tseirbhís Dáileacháin Náisiúnta mar gheall gur cuireadh teidil as cló, rochtain ar fhicsean agus neamhficsean nua agus téacsleabhair chúrsa ar fáil. Tá méadú ag teacht ar úsáid na seirbhísí i gcónaí, i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar líon na gcuairteoirí i ndiaidh na paindéime.
- Rinneadh uasghrádú ar rochtain idirlín sna leabharlanna craoibhe ar fud na cathrach agus an chontae. Rinneadh seirbhísí WIFI a leathnú agus a uasghrádú i roinnt leabharlann, ár Leabharlann Shoghluaiste san áireamh
- Tá buntáistí móra ag baint le hacmhainní ar líne a chur chun cinn agus feacht a spreagadh mar gheall orthu, agus ár bpobail ilghnéitheacha ag fáil tacaíochta anois le teangacha, cúrsaí agus ardáin foghlama éagsúla. Chabhraigh baill foirne le hoiliúint i scileanna digiteacha, agus chabhraigh siad go mór le hardú leanúnach ar úsáid.
- Baineadh mórthosaíochtaí ár bplean gnó amach mar chuid de na hiarratais mhaoinithe a rinneadh ar Chiste na gCuntas Díomhaoin ar éirigh leo. Dhírigh na cláir sin ar thacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá ar an imeall, eisiata go sóisialta, agus atá faoi mhíbhuntáiste inár bpobail. Fuarthas maoiniú chomh maith chun cothromas digiteach a chur ar fáil, agus chun ceannach ceadúnas agus aipeanna litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha a éascú.
- Cuireadh le rolladh amach na seirbhísí Céadfacha trí dhá chlúthair chéadfacha a sholáthar in dhá chraobh Chontae, Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe in R4, 2023. Scaipeadh bileoga eolais freisin a dearadh chun béim a chur ar an raon seirbhísí céadfacha gaolmhara atá sa chathair agus sa chontae. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne maidir le Feacht ar Uathachas agus rinne an tseirbhís leabharlainne a dualgas maidir leis an tionscnamh Nóiméad Amháin (J.A.M.) ar fud a líonra a athnuachan.
- Tosaíodh an dara Mo Leabharlann Oscailte (MLO) de chuid Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe i Leabharlann an Chlocháin i mí an Mhárta 2023 agus rinneadh athchóiriú iomlán ar an gcraobh mar chuid de. Táthar ag súil go n-osclofar an MLO in R2, 2024.
- D'éirigh linn an chéad Chlár Náisiúnta Aitheantais maidir le Leabharlanna Aoisbháúla a leathnú amach i seirbhís Leabharlainne Poiblí na Gaillimhe. Bronnadh an Chairt Aoisbháúil ar gach pointe seirbhíse leabharlainne, ár leabharlann shoghluaiste san áireamh.
- Rinneadh ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge arís in 2023 le taispeántais bhreátha d'ábhair Ghaeilge atá ar fáil i ngach craobh leabharlainne do dhaoine fásta agus do pháistí. Tá Seirbhís Leabharlainne Poiblí na Gaillimhe tiomanta chun céatadán dá ciste leabhar a leithdháileadh i dtreo ábhair Ghaeilge a cheannach. Scaipeadh leaganacha Gaeilge de chluichí boird mór-ráchairte, amhail Scrabble agus Monopoly, ar ár leabharlanna freisin.
- Leanadh ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do mhuintir na hÚcráine a cuireadh as a n-áit dúchais iad de bharr an chogaidh leanúnaigh. Rinneadh athbhreithniú agus cuíchóiriú ar phróiseas ballraíochta na leabharlainne le gur féidir rochtain láithreach a fháil ar ár n-acmhainní. Chinntigh ár dtionscnaimh for-rochtana gur cuireadh gach oibrí tacaíochta ar an eolas faoin rochtain saor in aisce ar WIFI agus rochtain phoiblí PC atá ag ár leabharlanna lena n-úsáid ag an bpobal. Reáchtáil ár leabharlanna imeachtaí lánpháirtíochta pobail ar nós 'Fan agus Déan súgradh' agus maidineacha caifé.

- Rinneadh an rath a bhí ar na Cúinní na Cruithaitheachta i leabharlanna sa chathair a fhorbairt tuilleadh le cabhair ó Éire Ildánach Chathair na Gaillimhe, rud a d'fhág gur leathnaíodh an spás i Leabharlann an Bhaile Bháin chun áit a chur ar fáil do cheardlanna meán Ealaíne measctha, cláir um spraoi céadfach agus ranganna um múnlú clé fliche.
- I gcomhpháirtíocht le Glúin Cheoil Chathair na Gaillimhe, rinneadh an clár luathóige um sheisiúin Am Ríme a leathnú go trí leabharlann sa chathair.

## TIONSCNAIMH NÁISIÚNTA:

### Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Glacann Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe páirt sa Tionscnamh Náisiúnta Éire Shláintiúil ag do Leabharlann, a bhfuil sé mar aidhm aige go mbeadh aitheantas ar leabharlanna poiblí mar fhoinsé luachmhar do phobail i dtaobh faisnéise sláinte. Díríonn Éire Shláintiúil ag do Leabharlann ar na príomhghnéithe a sainaithníodh sa straitéis nua do leabharlanna poiblí, 'Is í an Leabharlann an Áit: Faisnéis, Caitheamh Aimsire, Inspioráid 2023-2027'. Díríodh ar thrí bheart le linn an chláir don Fhómhar/don Gheimhreadh ach is léiriú iad ar théamaí 2023 san iomlán:

- Litearthacht Sláinte
- Feasacht Sláinte
- Stíleanna maireachtála inbhuanaithe

Bhí topaicí éagsúla do léachtaí agus do cheardlanna le haghaidh 2023 le fáil i gclár Éire Shláintiúil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Is príomhghné de sceideal an Fómhair é soláthar breise cainteanna maidir le Feasacht ar Uathachas chomh maith le tacaíochtaí do thuismitheoirí.
- Mná agus Cailíní sa Spórt – straitéisí ionchuimsithe
- Uaigneas agus dúlagar – Geimhreadh
- Briseadh Croí agus Imní
- Sláinte Coise agus Cosc ar Thitim
- Pilates chun Titim a Chosc: do chabhail inmheánach a neartú.
- Sláinte Béil: Céard atá i gceist léi? Siúcraí agus áiseanna sláinteachais
- Corpíomhá i measc Leanaí agus Déagóirí: Neamhoird Itheacháin.
- Ag tacú le daoine a bhfuil Néaltrú orthu
- Diaibéiteas agus aiste bia le linn na Nollag
- Réim bhia agus folláine le linn bisigh i ndiaidh Stróc.
- Seó Bóthair 'Scrúduithe Sláinte' de chuid Foras Croí na hÉireann

Líon na nImeachtaí le haghaidh 2023	52
Líon na Seisiún Ióga agus Pilates	36 X 8 rannpháirtí i láthair
Líon iomlán na rannpháirtithe ag imeachtaí	2493

Bhí spéis mhór sa chlár Fómhair/Geimhridh Ióga Cathaoireach dóibh siúd atá níos sine ná 55 agus sa rang Pilates a bhfuil sé mar aidhm aige titim a chosc.

D'oibríomar freisin leis an oideasóir sóisialta nuabhunaithe agus foireann Pobail Shláintiúla Sláintecare agus le cláir atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do phobail imirceacha agus mhionlacha.



### An clár **An Ceart chun Léamh**

Tugann Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí nua 'Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid 2023 – 2027' tosaíocht don Léitheoireacht agus Litearthacht sa mhéid a dhéanaimid. Ag croílár na gníomhaíochta seo tá an clár *An Ceart chun Léamh*, an clár náisiúnta chun litearthacht agus forbairt léitheoireachta a chur chun cinn do dhaoine de gach aois. Tá ceithre chlár náisiúnta sa chlár faoi láthair, a dearadh chun léitheoireacht agus litearthacht páistí a chur chun cinn. Is iad seo a leanas na ceithre chlár:

- Earrach i Scéalaíocht
- Réaltaí an tSamhraidh
- Féile Leabhar na bPáistí
- Am Teaghlaigh i do Leabharlann

Le linn mhí Aibreáin agus mhí na Bealtaine, reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe 15 cheardlann scéalaíochta agus ceirde ar líne agus sa chraobh chun **Scéalaíocht san Earrach** a cheiliúradh agus ghlac 166 duine páirt iontu. Léiríonn sé sin méadú 500%+ ar imeachtaí agus rátaí rannpháirtíochta ó bhí 2022 ann.

Reáchtáladh eachtra léitheoireachta **Réalta an tSamhraidh** ar fud an chontae agus chláraigh 3,578 páiste chun páirt a ghlacadh ann. D'eagraigh ár Leabharlanna 145 imeacht le linn an tSamhraidh agus ghlac 2,400 páiste páirt iontu. San áireamh leo seo, bhí cuairteanna ó údair, ceardlanna potaireachta, rince, pailneoirí, ceardlanna Lego agus sorcais, eispéiris 3T agus ceardlanna ceardaíochta, raon leathan rudaí san áireamh, ó sheodóireacht go origami.

**Leabhair Roimh Dhul a Luí** – Chun Am Teaghlaigh a cheiliúradh sa Leabharlann tugadh cuireadh do pháistí faoi bhun 5 bliana d'aois cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus leabhar saor in aisce a phiocadh suas i nGaeilge nó i mBéarla. Moltar do thuismitheoirí leabhar a léamh dá bpáistí sula dtéann siad a luí i rith an gheimhridh.

D'éirigh go seoigh le **Am Teaghlaigh i do Leabharlann** agus reáchtáladh 50 imeacht ag amanna a bhí oiriúnach do theaghlaigh agus 527 duine ag glacadh páirt iontu. Déanann an tseirbhís leabharlainne cathaoirleacht ar Líonra Cheart chun Léamh, ina bhfuil ionadaithe ó ghníomhaireachtaí atá ag obair i réimse na forbartha agus na tacaíochta litearthachta. Tagann an Líonra le chéile faoi dhó gach bliain.



**Summer  
Stars  
2023**



Comhairle Chontae na Gaillimhe  
Galway County Council

**Féile Leabhar do Pháistí ‘Book It!’** is Féile Leabhar do Pháistí é seo a bhíonn ar siúl gach mí Dheireadh Fómhair ar fud Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe agus Oifig Ealaíon Chathair na Gaillimhe. Ceiliúradh is ea an fhéile seo ar leabhair agus ar léitheoireacht agus is deis é chun bualadh le húdair nua nó leis na húdair is ansa leat, páirt a ghlacadh i gceardlanna éagsúla agus taitneamh a bhaint as an bpróiseas léitheoireachta.

BookIt! Is cuid lárnach d’fhéilire na leabharlainne é Féile Leabhair na Leanaí. Tugann sé deis dúinn, mar Leabharlannaithe, leanaí a spreagadh chum suim a chur sa litríocht, sa léitheoireacht san ealaín chomh maith le caidrimh a shnaidhmeadh le scéalaithe, údair agus éascaitheoirí. Tá a fhios againn go maith cé chomh tábhachtach is atá an léitheoireacht do leanaí agus tuigimid go bhféadfadh gurb iad ár n-imeachtaí sa seomra ranga agus inár leabharlanna araon an t-aon deis a bheidh ag leanaí ar leith taithí a fháil ar leabhair agus bualadh le húdair. Mar thoradh ar ár gcomhpháirtíocht le hOifigí Ealaíon Chontae agus Chathair na Gaillimhe, tá deis iontach againn beocht a chur i gcruthaitheacht agus i samhlaíocht leanaí de gach aois ar fud Chontae na Gaillimhe.



Is comhfhiontar nua é tionscnamh **Mo Mhála Leabharlainne Beag** idir leabharlanna, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tugadh cuireadh do gach páiste a thosaigh ar scoil in 2023 mála leabhar a bhailiú dóibh féin ina leabharlann áitiúil. Dáileadh breis agus 3,000 mála ar leanaí ar fud an chontae.

I ngach mála beag leabharlainne bhí:

- Trí leabhar, maidir le scoil a thosú, maidir le cairde a dhéanamh agus maidir lena bheith muiníneach ionat féin agus ar do chompord leat féin.
- Scéal-cárta faoi chuairt a thabhairt ar an leabharlann.
- Cárta poist a d'fhéadfadh an páiste a scríobh nó tarraingt air agus a sheoladh chuig an múinteoir nua nó a thabhairt chuig an múinteoir ar an gcéad lá ar scoil.
- A gcárta leabharlainne féin agus clúdach cárta speisialta 'Mo Leabharlann Bheag'.
- Tá málaí leabhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

---

## AN 25 FEABHRA 2023: LÁ LÉANN ÉIRE

Is lá Náisiúnta é Léann Éire chun léitheoireacht a cheiliúradh le leabharlanna ar fud na cathrach agus an chontae agus ócáidí agus cláir a reáchtáil chun léitheoireacht i ngach formáid a spreagadh.

Bhí picnicí teidí, amanna scéalaíochta agus ealaíona agus ceardaíocht ar siúl inár leabharlanna. D'óstáil Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ócáid mhór a dhírigh ar chlocha meánaoiseacha a aimsíodh i mBéal Átha na Sluaighe. I measc na gcainteoirí bhí an Seandálaí Fiona Maguire agus Seandálaí Phobal na Gaillimhe Bernie Doherty. Bronnadh macasamhail de na clocha ar Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe lena gcur ar taispeáint go poiblí.


Thug Comhaltaí Tofa, scríbhneoirí agus filí tacaíocht dár n-imeachtaí go léir agus ghlac siad páirt i bhfeachtais léitheoireachta éagsúla.



## ÉIRE ILDÁNACH

### LÉAMH MÓR NA GAILLIMHE 2023: *TIMPEALL AN TÍ AGUS SEACHAIN AN DRISIÚR*

Clár bliantúil imeachtaí is ea Léamh Mór na Gaillimhe a bhíonn á eagrú ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le linn mhí na Samhna. Is é an cuspóir atá aige ná ár n-oidhreacht litríochta, stair, agus ár gcultúr uathúil a chur chun cinn, agus meas a chothú ar a éagsúlacht agus ar a shaibhreas. Léirigh Léamh Mór na Gaillimhe 2023 *Timpeall an Tí agus Seachain an Drisiúr* na traidisiúin shaibhre cheoil agus chumadóireachta i nGaillimh Thuaidh agus i nGaillimh Thoir; rinne sé iniúchadh ar ghuthanna scéalaíochta éagsúla i gConamara Theas agus ar ár nOileáin; rinne sé cuimhní cinn ár lucht féachana scothaosta faoin am atá caite a athmhúscailt agus spreag sé an ghlúin óg chun luach an Fhiosraithe Chultúir seo a aithint agus páirt a ghlacadh ann. Dhírigh an tsraith saorimeachtaí ar cheol agus ar bhailiú amhrán i nGaillimh Thuaidh; ar thraidisiúin cheoil na Gaillimhe Thoir; ar scéalaíocht ó nGaillimh Theas agus ó Chonamara agus ar chónaitheacht ceoil mhórélímh le hUltan Conlan i nGaillimh Thoir.





## DEICH MBLIANA NA GCUIMHNEACHÁN

Sheol Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ‘ **1923: Ceistigh, Cuimhnigh, Ceiliúir: Trí Lionsa Lucht na Litearthachta agus na nEalaíon** agus mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, seoladh an clár ‘**Machnamh**’ - **Mar Chomóradh ar Mhná 1923**

Dhírigh na tionscadail seo ar an taithí laethúil a bhíodh ag mná agus ag lucht ealaíon iontach a bhí ag maireachtáil in amanna neamhghnácha.

Bhí Críoch Dheich mBliana na gCuimhneachán do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar siúl i gCaisleán Bhaile Chláir i mí na Nollag 2023




## DEICH MBLIANA NA GCUIMHNEACHÁN, CAISLEÁN BHAILE CHLÁIR

**1923: Ceistigh, Cuimhnigh, Ceiliúir: Le Trí Lionsa Lucht na Litearthachta agus na nEalaíon**, cuireadh taispeántas agus sraith de chainteanna, coimisiúin agus cónaitheachtaí i láthair in ómós do na healaíontóirí a chruthaigh saothair le linn na tréimhse achrannaí seo sa stair. Rinne an tionscadal machnamh ar Elizabeth Bowen, Sean O’Casey, W.B. Yeats, Mainie Jellet agus ar Liam O’Flaherty



# 1923: Respond, Reflect, Rejoice



1923 2023 Decade of Centenaries  
Loughrea Library  
Wednesday 8th November 5.30pm

Live performance:  
A scene from Act I of "The  
Shadow of a Gunman" by Sean  
O'Casey

By students from the BA in Drama,  
Theatre and Performance, University of  
Galway, followed by a talk with the cast  
and Dr Ian R. Walsh, Head of Drama and  
Theatre Studies.

No booking required. All are welcome to  
this free event.

1923-2023

1923 Respond, Reflect, Rejoice  
Leabharlann na Ceathrúin Rua  
9ú Samhain, 600ln

1923 An saol in Éirinn  
Léacht gearr le Mary Clancy

Liam Ó Flaithearta agus a  
Chuid Gearrscéalta  
Léacht le Micheál Ó Chonghaile

I gCuirimhe Liam Uí Fhlaithearta  
Seoladh píosa mairbhreacha do phianó agus dhá  
fhíidil le Risteárd Ó hAodha, Peadar Tom Mercier,  
agus Bóis Ní Chonghaile



Fáilte roimh 'chuire dhuine!

1923-2023



## "MACHNAMH" - MAR CHOMÓRADH AR MHNÁ 1923

Chuir Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe, Comhairle Chathair na Gaillimhe agus Músaem Cathrach na Gaillimhe "Machnamh" i láthair, clár ina ndéantar comóradh ar mhná iontacha 1923 mar chuid de thionscnamh 'Deich mBliana na gCuimhneachán 2012 - 2023', le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Ómós ó chroí a bhí sa tionscadal ilghnéitheach seo, a rinneadh a fhorbairt i mí Lúnasa 2023, do na mná a mhúnlaigh stair na hÉireann le linn ré chinniúnach. Chuir sé ardán ar fáil le haghaidh plé domhain, cónaitheachtaí d'ealaíontóirí, agus d'iniúchadh cruthaitheach ar shaol agus ar thionchar na mban seo.



Táimid go mór faoi chomaoin ag gach duine cruthaitheach a d'oibrigh ar an dá thionscadal seo.

---

## IONAD EUROPE DIRECT

Soláthraíonn Europe Direct Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ábhair eolais, freagraíonn sé ceisteanna agus réachtálann sé ócáidí atá bunaithe ar thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí Eorpacha. Bainistíonn Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe Pointe Faisnéise Eorpach i Leabharlann na Ceathrún Rua chun fáil ar ábhair i nGaeilge a chinntiú.

I measc ghníomhaíochtaí 2023 bhí:

- Chuir Europe Direct fáilte roimh 45 dhalta iar-bhunscoile agus 2 múinteoirí le haghaidh sraith d'ócáidí Fuinnimh Mhuirí, mar thacaíocht don Bheart Glas Eorpach, agus chun aird a tharraingt ar na farraigí agus ar na haigéin agus an tábhacht a bhaineann leo dár dtimpeallacht, dár ngeilleagar agus dár gcultúr.
- I mí Dheireadh Fómhair thug an Lárionad triúr óg eisceachtúil a bhí díreach tar éis tabhairt faoi dheiseanna Erasmus+ go dtí 2 mheánscoil chun labhairt faoina dtaithí.
- D'óstáil an Lárionad taispeántas INTO Europe, príomhghné de shraith imeachtaí EU50 a choimisiúnaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha.
- Ócáid ollmhór um Choigilt Fuinnimh Inbhuanaithe a dhírigh ar shábháil fuinnimh inbhuanaithe d'úinéirí tí agus d'úinéirí gnóthaí beaga.



---

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE 2023

### **SBME (Saotharlann Bhitheolaíochta Mhóilíneach na hEorpa) CET (Cóstaí na hEorpa a Thrasnú)**

I mí Mheán Fómhair tháinig na foirne bád agus tástála SBME go Gaillimh mar chuid dá dturas ag trasnú chóstaí na hEorpa, ag déanamh staidéir ar éiceachórais agus an chaoi a bhfuil comhshaol ag dul i bhfeidhm orthu. Ba mhór an onóir do Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe fáilte oifigiúil a chur roimh an oifigeach rannpháirtíochta pobail, an Dr. Michele Fontana chuig Cathair agus Contae na Gaillimhe. Chuir an Cathaoirleach Liam Carroll, Leas-Chathaoirleach an Comh. agus an Dr. Evelyn Parsons, in éineacht le Leabharlannaí an Chontae Jo Vahey, tús le 5 lá d'imeachtaí leabharlainne i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ar an 9 Meán Fómhair.



**EMBL TREC welcome in Ballinasloe, Galway 2023**

### Gníomhaíochtaí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Chun tacú leis an tSeachtain um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG), d’eagraigh agus d’óstáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe roinnt imeachtaí chun tacú le Ghníomhú ar son na hAeráide. D’óstáil Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe Imeacht Caomhnaithe Fuinnimh Inbhuanaithe le go leor eolais d’úinéirí tí maidir le hiarratais ar dheontais, painéil ghréine, córais aisghabhála teasa agus go leor eile.

D’óstáil Leabharlanna Cathracha, i gcomhar le hUisceadán Náisiúnta na hÉireann agus Foras na Mara ceardlanna ar fhíríic bhitheolaíochta agus reáchtáil siad cainteanna feasachta a tharraingíonn aird ar éiceolaíocht na n-imeallbhord agus chabhraigh siad leis an trá a ghlanadh suas.

**Fearais Chaomhnaithe Fuinnimh Baile** – Mar thoradh ar an ardéileamh, fuarthas 5 fhearas breise do leabharlanna chun iad a thabhairt ar iasacht do bhail na leabharlainne. Cuireadh ranganna teagaisc ar líne ar fáil freisin agus ceardlann turgnamh caomhnaithe fuinnimh do leanaí. Seoltar aiseolas chuig CODEMA chun na fearais agus an tseirbhís a fheabhsú tuilleadh.

## LEABHARLANNA AOISBHÁÚLA

Tá páirt á glacadh ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe sa chlár Aoisbháúil ó 2019 i leith. In 2023, shainnigh gach ceann dár leabharlanna Seaimpín Aoisbháúil agus bhain gach leabharlann an Chairt Aoisbháúil amach freisin. I measc na mbeart a tugadh faoi, bhí:

- Gloine formhádúcháin agus/nó spéaclaí a sholáthar
- Ceannaíodh suíocháin atá oiriúnach do dhaoine scothaosta
- Rinneadh stoc na leabhar a atheagrú chun rochtain a mhéadú
- Sainnigh cuinne ar leith agus tugadh áit Aoisbháúil air.
- Tiomantas teagmháil a choinneáil le pobail níos sine
- Tiomantas tabhairt faoi oiliúint nuair a chuirtear ar fáil í
- Ócáidí agus gníomhaíochtaí a chuireann fáilte roimh dhaoine scothaosta



### IMEACHTAÍ DO DHAOINE FÁSTA:

- **Oíche Chultúir** Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar an 22 Meán Fómhair 2023. Is ócáid phoiblí bhliantúil uile-oileáin í ina ndéantar ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona. Is oíche í chun ár gcultúr saibhir agus éagsúil a chur chun cinn agus chun a thaispeáint go dtuigtear an luach a bhaineann leis, agus go gcothaítear é i saol na ndaoine. Reáchtáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe go leor imeachtaí lena n-áirítear

#### **Leabharlanna Chathair na Gaillimhe:**

An Taobh Thiar - Deileadh Adhmaid le Máirtín Mac Donnacha, Cathair na Gaillimhe – Podchraoltóireacht agus Seanchas, an Baile Bán – Rita Ann Higgins agus oíche filíochta.

#### **Leabharlanna Chontae na Gaillimhe:**

Órán Mór – Ciorcal ceoil, Béal Átha na Sluaighe – The Tallest Smallest Theatre, Leabharlann Thuama – Taispeántas Jennifer Cunningham ‘Bringing the Magic’, Baile Locha Riach – ‘Oíche Chultúir’ le Lilis Ó Laoire agus Róisín Seoighe, Leabharlann an Ghoirt – Oíche de cheardaíocht thraidisiúnta.

**CULTURE NIGHT 2023** OÍCHE CHULTÚIR

3pm-5pm	Westside Library	Taispeántas Stuaim Lámhe Tradisiúnta agus Téarmaíocht le Mairín Davy
4- 4.40pm and 6- 6.40pm	Ballinasloe Library	Tallest Smallest Theatre
5-5:50pm and 6-6:50pm	Tuam Library	Customised Culture - textile workshops with Kathy Ross
6:15-7:30pm	Galway City Library	Podcasting in Galway: Featuring 3 Galway Podcasters
6:15-7:30pm	Ballybane Library	Poetic Voices With Rita Ann Higgins
6-8pm	Gort Library	An Evening Of Traditional Crafting
6.30-8pm	Oranmore Library	"Music and Song" from the children and adults of Oranmore branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann

**The Art of Reading Book Club**  
 With Colm Tóibín & Kevin Power  
 Ballinasloe Library  
 Saturday 1st July 2.30pm



Booking Essential  
 01 429 24 24 | galway@galwaylibrary.ie

- Chuir Leabharlann Phoiblí an Taoibh Thiar, i gcomhar le comhpháirtithe pobail Féile Ealaíon an Taoibh Thiar ar siúl
- Ceiliúradh Féile na Bealtaine i Mí na Bealtaine i roinnt leabharlann
- Cuireadh taispeántais ealaíne, seoltaí leabhar agus léamha i ngach ceann de na craobhacha níos mó atá againn
- Tugadh ranganna litearthachta digití mar chuid dár dtionscnamh Aoisbháúil.
- Chuir Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe fáilte mhór roimh Cholm Tóibín, údar a bhfuil dea-cháil air ar fud an domhain agus ar [Údar Fhicséan na hÉireann](#) faoi láthair é agus roimh an úrscéalaí Kevin Power mar chuid de ‘Club Leabhar Ealaíne Ealaín na Léitheoireachta’
- Rinne Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe roinnt imeachtaí suimiúla a sceidealú ar fud an Chontae do chontae na hOidhreachta 2023



**Galway Libraries Heritage Week Events August 2023**

- Art Exhibition: "On Our Doorstep"** Ballinasloe Church Gallery
- Allen Cud Exhibition** Friends of Allen Cud
- Archaeology of Leaghrea** Leaghrea Library
- Talk: Dr. Geraldine Carrin on the Ballinasloe Girls Reformatory School**
- Heritage Hour at Oranmore Public Library**



## TOSAÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH 2024

- Leanfar le hobair a dhéanamh le seirbhísí leabharlainne a fheabhsú i nGaillimh de réir Straitéis nua na Leabharlann Poiblí 2023-2027 *Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid* agus aire á tabhairt ar shrianta buiséid ag an am céanna
- Leanfar fós le clár náisiúnta, lena n-áirítear, Ceart chun Léitheoireachta, Éire Shláintiúil ag do Leabharlann a leathnú amach ar fud líonra na gcrabhacha leabharlainne, trí leas a bhaint as sruthanna maoinithe, agus an aidhm atá leis ná a chinntiú go mbeidh raon seirbhísí ann i leabharlanna craoibhe uirbeacha agus tuaithe araon
- Oscailt bheartaithe an dara Mo Leabharlann Oscailte (MLO) de chuid Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe sa Chlochán
- Leanfar le hiarrachtaí chun úsáid teicneolaíochta a fheabhsú, cuirfear le teicneolaíochtaí féinseirbhíse agus cuirfidh acmhainní ar líne chun cinn
- Leanfar le huathoibriú ar leabharlanna craoibhe beaga, faoi réir leibhéal foirne agus maoiniú

- Cuirfidh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe isteach ar an Dara Pacáiste Eolaíochta do Shaoránaigh. Is tionscnamh é an Clár Píolótach um Fhearas Eolaíochta do Shaoránaigh a chuirfidh ar chumas an phobail faisnéis a bhailiú faoi bhithéagsúlacht ina gceantar áitiúil.
- Leanfaidh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe orthu ag déanamh forbartha ar ár n-imeachtaí agus cláir for-rochtana, ina bpléifear le daoine aonair agus pobail, ina mbainfear leas as deiseanna maoinithe náisiúnta, agus ag an am céanna ina bhfeidhmeofar laistigh de shrianta maoinithe áitiúla.
- Leanfaidh Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe ar aghaidh le flít feithiclí na leabharlainne a chothabháil agus le roghanna uasghrádaithe a fhiosrú faoi sholáthar glas.

## CARTLANN & BAINISTÍOCHT TAIFEAD

Tá cuimhne chomhchoiteann mhuintir na Gaillimhe ríthábhachtach chun féiniúlachtaí cultúrtha a chaomhnú, chun an bhearna idir an t-am atá caite agus an lá atá inniu ann a dhúnadh agus chun an todhchaí a mhúnlú. Coinníonn seirbhís cartlainne an údaráis áitiúil taifid a bhaineann le rialachas chontae na Gaillimhe agus na bpobal a chónaíonn ann. Áirítear leis na bailiúcháin taifid amhail miontuairiscí na comhairle, cinntí, cláir na dtoghthóirí, cláir adhlactha, agus taifid ó gach rannóg laistigh den údarás, mar aon le hábhar ó phobail áitiúla agus ó dhaoine aonair.

Tá ról ríthábhachtach ag an gCartlann maidir le trédhearcacht, freagracht agus daonlathas laistigh den rialtas áitiúil.

Is cuid thábhachtach den chuimhne sin í an oidhreacht dhoiciméadach atá le fáil i gCartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is léiríonn sí éagsúlacht dhaoine, stair agus chultúr an chontae. Féachann an Chartlann ar bhonn leanúnach leis an gcuimhne sin a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur ar fáil. Gabhann sé air féin rochtain a thabhairt d'úsáideoirí *bona fide* ar na hábhair chartlainne i gcomhréir leis na ceanglais chaomhnaithe agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil. Tugann an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle chomh maith, maidir le cúram agus bainistiú a cuid taifead.

- Leanadh le rochtain ar fhaisnéis maidir le bailiúcháin chartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur ar fáil le liostaí tuairisciúla agus leis an gcatalóg ar líne atá go hiomlán inchuardaithe, agus le tairseacha cartlainne éagsúla; agus le postálacha ar na meáin shóisialta.
- Leanadh le bailiúcháin na cartlainne a phróiseáil <sup>1</sup>.


<sup>1</sup> Sna bailiúcháin / míreanna próiseáilte agus curtha leis an gcatalóg ar líne, tá miontuairiscí breise imleabhair do Bhord Bardachta Thuama, 1843-1850 (GPL5/); Miontuairiscí Bhord Bardachta na Gaillimhe (GPL6/); Léarscáil d'Íascaigh Uí Mhongáin, Carna, c.1920idí (GS23/001); Moinsíneoir Joyce, Stair Phort Omna agus Nótaí (GS23/01); Páipéir a bhaineann le muintir Purefoy ó Uibh Fhailí agus muintir Turbett ó Bhaile Átha Cliath, 1732 – 1920 (GP16/); Oilithreachtaí go Lourdes, 1952-54, grianghraif (GS23/03); Comhairle Uirbeach Bhéal Átha na Sluaighe -Comhairle Baile / Beartas Pleanála & Forbairt/ Pleananna Forbartha Baile agus na taifid lena mbaineann x 6, 1967-2009 (BUC/PD/DP); Cóipleabhar litreach Preasa Thais Shuirbhéir an Chontae, 1907-1909 (GC/CS/18); agus fabhruithe éagsúla de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail comhaid Séadchomharthaí Náisiúnta na Seirbhíse Corparáidí (GC/CC15/1/NM1-12); Clár na dToghthóirí, 2020-2022; Plean Forbartha an Chontae 2015-2021 (GC/P1/1/2015), 2022-2028 (GC/P1/1/2022), agus na taifid lena mbaineann (GC/P1/1/17D, GC/P1/1/2022B) nithe breise leis an tSraith Chéanna agus Cuanta x 8 (amhail GC/CSO/002/019c, GC/CSO/002/034, GC/CSO/002/064C); Tithe Coiteora, Mórleabhar Acht na Sclábhaithe, 1935-1947 (GC/HSG/LC/02) agus Tithe Coiteora, Cuntas Caipitil, 1948-1972 (GC/HSG/LC/03), Clár na nAdhlactaí, Moorpark (Baile Átha an Rí), 1954-1968 (GC/ENV2/111) agus fabhruithe breise do Bhailiúchán Leabharlann an Chontae (e.g., G01/05/19-20).





## I mbun na nGníomhaíochtaí For-Choitana, bhí:

- Agallamh raidió Chonamara chun foilseachán na Cartlainne *Pictiúir ar Oileáin: As Cartlann Chambers, 1929-1938* a phlé.
  - Chuathas i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Oidhreachta agus Seirbhísí Leabharlainne chun an ócáid *Who do you think you are? Tracing your Galway Roots*, ócáid do Sheachtain na hOidhreachta a chur ar siúl.
  - Roinnt postálacha ar na meáin shóisialta a tharraingíonn aird ar an mbailiúchán cartlainne.
- Cuireadh Dáileadh Físe oidhreachta Sheomra na Comhairle isteach agus rinneadh é a fheabhsú le go mbeadh tuilleadh acmhainneachta ag an gComhairle do bheoshruthú cruinnithe amach anseo agus le go mbeadh an lucht freastail in ann craoladh óna ngléasanna gutháin ar an teilgeoir nó ar an scáileán gan sreang.
- Tá an fhoireann um Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) ag forbairt tionscadal nuálach agus á stiúradh a bhfuil 100% dá acmhainní curtha ar fáil agus d'fhorbair sí tionscadal nuálach inmheánach i gcomhair samhail riosca foirgnimh baile agus tráchtála de chuid na Seirbhíse Náisiúnta Dóiteáin.
- Rannpháirtíocht agus forbairt leanúnach ag Foireann GIS le clár náisiúnta Seandálaíochta Pobail a bhfuil gradaim bainte amach aige.
- Tá Foireann GIS ag déanamh forbartha ar chumas na Comhairle i dtaca le samhlacha grianghrafadóireachta 3D reilige oidhreachta, trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is fearr agus ag sainréim oibríochtaí a leathnú le soláthraí seirbhísí áitiúil FBM.
- Tosú agus feabhsú ar ghabháil sonraí allamuigh atá ann cheana féin le haghaidh deontais feabhsaithe Tithíochta, áiseanna áineasa agus iniúchtaí comhshaoil.

- Athrú ar réiteach cúltaca Córas Bogearraí chun athléimneacht agus iontaofacht oibríochtaí níos fearr a chumasú.
- Aistríodh uimhreacha gutháin 091 go hardán néalóstaithe Soláthraí Teileachumarsáide a thug neamhspleáchas iomlán don Chomhairle maidir le cumhacht saoráidí oifige agus infhaighteacht líonra.
- Tugadh tacaíocht seirbhíse ar bhonn leanúnach do chomhaltaí tofa agus don fhoireann. Tá méadú tagtha ar líon na mball foirne le linn 2023 agus tá méadú tagtha ar ghluaiseacht foirne san earnáil a bhfuil rochtain ar chórais éascaithe dóibh ar an gcéad lá tosaithe leis an gcomhairle.
- Soláthraíodh rochtain agus cinntíodh rialachas dian ar Bhogearraí Intleachta Saorga le húsáid na hinfheistíochta atá ann cheana i síntiúis sraithe táirgiúlachta.
- Bainistíodh agus fuarthas réiteach líonra lándéanta do mhol Nuálaíochta BIA Bhaile Átha an Rí, trí úsáid a bhain as fáinne 10 nGigighiotán champas Rialtas na hÉireann agus le réiteach líonra sainithe bogearraí nua-aimseartha. Forbairt Faisnéise Gnó do mhéadrachtaí gníomhaíochta ar son na haeráide agus príomhtháscairí feidhmíochta.
- Forbraíodh Rianaire Cásanna chun cásanna um Shaoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis Chomhshaoil (AIE) agus cásanna a bhaineann leis an Ombudsman a bhainistiú.

## AIRGEADAS AGUS MÓTARCHÁIN

Tá príomhfhreagracht ar an Roinn Airgeadais as raon feidhmeanna lena n-áirítear cuntasáíocht agus tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraithe, riarachán párolla, comhlíonadh soláthair, próiseas an bhuiséid, bainistíocht cistíochta agus gníomhaíochtaí cuntasáíochta agus comhlíonta eile. Maoirsíonn an Roinn Airgeadais rialuithe éifeachtacha caiteachais agus bailiú fiach, agus é mar chuspóir foriomlán seirbhísí tacaíochta a sholáthar do stiúrthóireachtaí Sóisialta, Eacnamaíochta, Fisiciúla agus Tuaithe na Comhairle sa chás gur mhó an caiteachas iomlán bliantúil do 2023 ná €168 milliún.

### MÓTARCHÁIN

Gníomhaíochtaí Táscaha in 2023:

Ba é 58,872 líon na n-idirbheart mótarchánach a phróiseáil oifigí mótarchánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2023. Thóg Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe breis agus €9.9 m isteach don tréimhse seo.

- Rinneadh thart ar 84% de na hidirbhearta mótarchánach iomlán do cheantar na Gaillimhe ar líne in 2023. Leanann an oifig mótarchánach uirthi ag déileáil le ceisteanna gutháin maidir le cáin a ghearradh ar fheithiclí ar líne.
- Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí cánach d'fheithiclí príobháideacha agus tráchtála, tarracóirí, hacnaí, tacsaithe agus feithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóra, cáipéisí athsholáthair freisin agus próiseáiltear fiosruithe ón nGarda Síochána agus fiosruithe eile ón Údarás Áitiúil i.e. S103s agus CT53.

## AN T-EOLAS IS DÉANAÍ MAIDIR LEIS AN SCÉIM RANNÍOCAÍOCHTA FORBARTHA

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Scéim Ranníocaíochta Forbartha faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i Márta 2016.

Chun príomhchuspóirí na Comhairle a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun an bonneagar riachtanach a chruthú chun freastal ar riachtanais daonra atá ag dul i méid. Tá an Scéim Ranníocaíochta Forbartha deartha chun cabhrú leis an mbearna mhaoinithe a líonadh idir an costas iarbhír a bhaineann leis an mbonneagar sin a chruthú agus an státchiste agus maoiniú eile a bheidh ar fáil. Ó bunaíodh an scéim, cé go bhfuil maoiniú suntasach bailithe, is léir go bhfuil na héilimh ar an gComhairle i bhfad níos mó ná an maoiniú atá ar fáil.

I rith 2023, bhí bailiú Ranníocaíochtaí Forbartha fós ina thosaíocht don Chomhairle. Úsáidfear an t-airgead a bhaileofar chun cabhrú le bonneagar poiblí agus áiseanna pobail riachtanacha a sholáthar don Chontae. Bailíodh €3.467 milliún faoi scéim Ranníocaíochta Forbartha Alt 48 na Comhairle in 2023.

Thug an Rialtas isteach an Tarscaoileadh Sealadach a bhfuil Teorainn Ama Leis maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha le haghaidh gach forbairt chónaithe a thosaíonn ar an 25 Aibreán 2023 nó ina dhiaidh sin agus roimh an 24 Aibreán 2024. Ní mór go mbeadh na forbairtí sin críochnaithe faoin 31 Nollaig 2025.

## RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL 2023

Tugann an Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023 forléargas ar staid airgeadais Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 31 Nollaig 2023. Léiríonn na táblaí thíos torthaí na bliana i bhformáid chiorraithe. Tá áthas orm a thuairisciú go léiríonn Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, 2023 (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) staid beagnach cothrom. Léirítear leis sin toradh dearfach agus cuireann sé le torthaí na mblianta roimhe.

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSIHEACH DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG, 2023**

	2023 €'000	2023€'000
<u>Earraí agus seirbhísí</u>	29,368	28,335
<u>Deontais agus fíirdheontais</u>	84,722	70,696
<u>Ranníocaíochtaí eile</u>	9,032	8,652
<u>Rátaí</u>	32,770	31,244
<u>An cháin Mhaoine Áitiúil</u>	14,518	14,518
<u>Ioncam Iomlán</u>	170,411	153,446
<u>Caiteachas Iomlán</u>	168,148	150,488
<u>Barrachas don bhliain roim aistrithe</u>	2,263	2,958
<u>Aistrithe go cúlchiste</u>	2,259	2,943
<u>Barrachas iomlán don bhliain</u>	3	15
<u>Cúlchiste ginearálta tosaigh</u>	43	28
<u>Cúlchiste scoir</u>	46	43

**RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE AMAIL AN 31 NOLLAIG 2023**

	2023€'000	2022€'000
<u>Sócmhainní Seasta</u>	3,664,954	3,666,416
<u>Obair Idir Lámha agus Réamhspeansais</u>	188,645	176,969
<u>Féichiúnaithe Fadtéarmacha</u>	48,662	41,636
<u>Sócmhainní Reatha</u>	82,303	92,330
<u>Dlíteanais Reatha (Méideanna le hóc tar éis níos mó ná bliain amháin</u>	46,591	54,776
<u>Creidiúnaithe (Méideanna le hóc tar éis níos mó ná bliain amháin</u>	63,717	56,871
<u>Glansocmhainní</u>	3,874,257	3,865,704
<u>Á léiriú ag:</u>		
<u>Cuntas Caipitlithe</u>	3,664,954	3,666,416
<u>Ioncam Idir Lámha</u>	186,615	175,818
<u>Cúlchiste Ginearálta Ioncaim</u>	46	43
<u>Cúlchiste Sonracha Eile</u>	212	212
<u>Iarmhéideanna Eile</u>	22,430	23,215
<u>Cúlchistí Iomlána</u>	3,874,257	3,865,704



## **An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997**

D'fheidhmigh an Chomhairle de réir chreat soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR). In 2023, thacaigh an réimse seo le gach rannóg mar gur mhó caiteachas thar na stiúrthóireachtaí uile ná leibhéal os cionn €168m. Tá feabhsuithe breise córais agus próisis beartaithe do 2024. Comhlíonann Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais a bhaineann leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997.

BONNEAGAR &  
OIBRÍOCHTAÍ AGUS  
BAINISTÍOCHT DÓITEÁIN  
& ÉIGEANDÁLA

Cinnteoídh an tAonad Infreastruchtúir agus Oibríochtaí feabhsú leanúnach ar an ngréasán bóithre trí Chlár na mBóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta a sheachadadh. I gcomhar le ranna éagsúla rialtais, i.e., An Roinn Iompair agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe lena forbairt bonneagair lena n-áireofar béim ar roghanna iompair inbhuanaithe ar fud an chontae ar fad.



*BÁD FARANTÓIREACHTA AG IOMPAR FEITHICLÍ ATHDHROMCHLAITHE BÓITHRE GO DTÍ NA HOILEÁIN*

Tá an tAonad freagrach as an Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú ar fud an Chontae agus tá sé freagrach as Sábháilteacht ar Bhóithre, Draenáil Mhuirí agus Airtéirigh.



*ATHDHROMCHLÚ BÓITHRE I DTUAIM*

## Spríoc Straitéiseach: Rannpháirtíocht Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta

*An rannpháirtíocht is leithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.*

### AONAD BÓITHRE, 2023

Ullmhaíodh Clár Bóithre 2023 tar éis leithdháiltí de dheontais tógála, deisiúcháin agus chothabhála arbh fhiú €83,895,918 san iomlán iad ó Bhonneagar Iompair Éireann, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus leithdháileadh ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

<b>Bóithre Náisiúnta</b>	-	<b>€44,566,418</b>
<b>Bóithre Neamhnáisiúnta</b>	-	<b>€39,329,500</b>

Ullmhaíodh Clár na mBóithre i gcomhairle leis na comhaltaí tofa, athbhreithníodh agus ghlac gach Ceantar Bardasach leis.

B'ionann an deontas a leithdháil Bonneagar Iompair Éireann don Mhótarbhealach agus do Bhóithre Náisiúnta don bhliain 2022 agus €38,857,958.

Rinneadh leithdháileadh 2023 de €44,566,418 a roinnt mar seo a leanas:

<b>Oibreacha Feabhsaithe</b>	<b>€38,868,060</b>
<b>Oibreacha Cothabhála</b>	<b>€1,048,358</b>
<b>Glasbhealaí</b>	<b>€4,650,000</b>

Leanadh de mhaoiniú a chur ar fáil in 2023 chun dul chun cinn agus cur i bhfeidhm leanúnach na Mórbhealaí Idiruirbeacha a éascú. Rinne Oifig Thionscadal Bóithre Náisiúnta na Gaillimhe na mórthionscadail/miontionscadail seo a leanas a bhainistiú agus rinneadh na costais a bhaineann leis an gclár seo a aisíoc ina n-iomláine, ó Bhonneagar Iompair Éireann:

**Scéimeanna Móra do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád**

N59	An Clochán go hUachtar Ard	€ 400,000
N59	Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn	€ 25,000,000

---

**Scéimeanna Móra do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád san Iomlán** €25,400,000

**Scéimeanna Mionoibreacha do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád**

N59	Droichead Uachtar Ard	€1,000,000
N59	Bun na Coille go Cnoc an Chláir	€ 500,000
N63	Mainistir Chnoc Muaidh go hEanach (Cuid de Ghréasán Iarmharach Gort / Thuama)	€ 100,000
N63	Athailíniú An Lios go Mainistir (Mion 2016)	€ 200,000
N65	Crois Chill Mhín	€ 50,000
N84	Gaillimh go dtí an Currach Mór	€100,000
N63	AT – Sráidbhaile Mainistir Chnoc Muaidhe	€ 200,000
N67	AT – Droichead an Chláirín go hÓrán Mór	€ 80,000
N67	AT – Sráidbhaile Chinn Mhara	€ 300,000
N67	AT – Ó dheas de Rotharbhealach Bhaile an Doirín	€ 85,000

---

**Scéimeanna Mionoibreacha do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád san Iomlán** € 2,615,000

**Scéimeanna Pábhála do Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád**

N59	Cnoc na Rátha	€ 350,000
N59	Doire na Cloiche	€ 1,080,000
N65	Cill Íomair go Cros an Rátha Mhóir	€ 880,000
N83	Baile Chláir	€ 1,200,000

---

**Scéimeanna Pábhála do Bhóithre Náisiúnta  
den Dara Grád san Iomlán**

**€ 3,510,000**

---

### FÁLTAIS TALÚN

- Bhí éadálacha talún ar siúl do Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn ar an N59.
- Leanadh ar aghaidh le ceannach talún chun tionscadail bhóthair an N63 ó Mhainistir Chnoc Muaidh go Cnoc an Eanaigh a éascú.
- Bhí cainteanna d'fhálacha talún ar siúl maidir le scéim N59 an Teach Dóite go hUachtar Ard.
- Bhí cainteanna d'fhálacha talún ar siúl maidir leis an scéim um Ghlasbhealach Chonamara.
- Bhí cainteanna d'fhálacha talún ar siúl maidir le scéim N17 Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide

### BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

B'ionann an caiteachas a thabhaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, arna mhaoiniú ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, in 2023 agus €39,329,263 roinnte mar seo a leanas:

<b>Oibreacha Feabhsaithe</b>	<b>€33,996,263</b>
<b>Oibreacha Cothabhála</b>	<b>€5,333,000</b>



---

FORLEAGAN AR IARBHÓTHAR NÁISIÚNTA AG GORT NA SAIGHDE, BAILE LOCHA RIACH – R446

Is féidir an caiteachas a aicmiú faoi na ceannteidil leathana seo a leanas:

<b>Catagóir an Deontais</b>	<b>2023</b>
Deontas Feabhsúcháin	€20,455,000
Deontas um Chothabháil Athchóirithe	€5,333,000
Deontas Lánroghnach	€5,659,500
Deontais Feabhsúcháin Shonracha	€1,000,000
Deontais Feabhsaithe Sábháilteachta Ísealchostais	€418,400
Clár Athshlánaithe Droichid	€630,000
Teorainneacha luais in Eastáit Tithíochta	€32,900
Teorainneacha Luais – Comharthaíocht Tuaithe	€34,000
Comharthaí Rothaíochta	€12,540
Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla	€1,100,000
Oibreacha Draenála	€1,397,500
Oiliúint	€128,000
Scéim Rannpháirteachais Phobail	€1,131,840
Iarbhóithre Náisiúnta	€775,000
PSCI – Tacaíocht Suirbhé	€52,000
<b>Móriomlán</b>	<b>€39,329,263</b>

### **Cothabháil Bóithre Áitiúla:**

B'ionann an tsuim a soláthraíodh as acmhainní na Comhairle féin in 2023 agus €8,526,786.

Leithdháileadh Cothabhála Ginearálta Bóithre Áitiúla de €3,026,765 lena n-áirítear soláthar de €1,206,950 le haghaidh costais oibriúcháin leanúnacha.

Leithdháileadh €2,287,000 ar an gCeantar Bardasach do Chothabháil Bóithre Áitiúla mar seo a leanas:

<b>Cothabháil Ginearálta Bóithre Áitiúil – Cistí na Comhairle</b>		
<b>Ceantar Bardasach</b>	<b>Fad an Bhóthair Bóithre Áitiúla KM</b>	<b>Leithdháileadh Iomlán</b>
Baile Átha an Rí/Órán Mór	555.40	€ 226,296
Béal Átha na Sluaighe	1350.98	€ 550,453
Conamara	1142.68	€ 465,582
Baile Locha Riach	1626.50	€ 662,713
Tuaim	937.44	€ 381,957
<b>Iomlán</b>	<b>5,613.00</b>	<b>€ 2,287,000</b>

Soláthraíonn an tsuim seo do gach cineál cothabhála lena n-áirítear Berradh Ciumhaise, Draenáil, Athnuachan agus Soláthar Comharthaíochta, Droichid, agus Cothabháil Ghinearálta.

Soláthraíodh leithdháileadh de €265,000 do Chothabháil Gheimhridh in 2023, ón Deontas Cothabhála Lánroghnach arna leithdháileadh ag an Roinn Iompair. Maoiníonn an leithdháileadh seo leagan grin ar na bealaí tosaíochta sa chontae de réir an Phlean Seirbhíse Geimhridh 2021-2023.

#### CLÁR ATHSHLÁNAITHE DROICHID BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA 2023

Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú de €630,000 d'athshlánú 13 dhroichead faoi leith i gContae na Gaillimhe (dearadh 7 ndroichead agus oibreacha ar 6 dhroichead). Athleithdháileadh an €100,000 a leithdháileadh ar dtús ar mhaithe le hathchóiriú Dhroichead Fhormaoile (Seanadh Phéistín), atá ag fanacht ar fhaomhadh ó ABP faoi láthair, chun oibreacha breise/baint fásra a chuimsiú i gclár 2023. Leithdháileadh €395,000 breise ón Deontas Lánroghnach chun droichid ar bhóithre Réigiúnacha agus áitiúla a dheisiú. Ba é an leithdháileadh foriomlán le haghaidh deisiúchán ar Dhroichid Bóithre Neamhnáisiúnta do 2023 ná €1,025,000, an méid céanna is a cuireadh ar fáil in 2022.

Clár Athshlánaithe Droichid Beartaithe 2023				
Ceantar Bardasach	Uimhir Bhóthair	Ainm agus Suíomh an Droichid	Leithdháileadh 2023	Ceantar Bardasach Iomlán €630,000
<b>Béal Átha na Sluaighe</b>	R363	Droichead Bhéal an Átha Móir	€ 70,000	<b>€190,000</b>
	R348	Droichead na Suca, Béal Átha na Sluaighe	€ 120,000	
<b>Conamara</b>	R336	Droichead an Easa (Dearadh)	€ 15,000	<b>€230,000</b>
	R345	Droichead Chorr na Móna (Dearadh)	€ 15,000	
	L-51374	Doire na bhFlann, Béal an Átha Fada	€ 200,000	
<b>Tuaim</b>	L-6143	Meathánach, An Leathbhaile (Dearadh)	€20,000	<b>€20,000</b>
<b>Baile Átha an Rí/Órán Mór</b>	L-3117	Droichead Chorr Mhic Dhuach (An Chloch) (Dearadh)	€20,000	<b>€20,000</b>
<b>Baile Locha Riach</b>	L-8229	Doire Gharbh (Dearadh)	€20,000	<b>€125,000</b>
	L-85141	Droichead an Doirín 4 (Dearadh)	€20,000	
	L-87902	Droichead Pháirc an tSléibhe (Dearadh)	€20,000	



	L-50101	Tír Nimhin, An Gort	€30,000	
	L-8515	Baile Arda Gaibhle, An Gort	€15,000	
	L-8795	Droichead Chluain Maoláin Beag	€20,000	
<b>Gach</b>	-	Fásra a bhaint ó Dhroichid	€45,000	<b>€45,000</b>

<b>An Clár Deisiúcháin Droichid Beartaithe 2023</b>				
<b>Ceantar Bardasach</b>	<b>Bóthar Líon</b>	<b>Ainm agus Suíomh an Droichid</b>	<b>2023 Caiteachas Beartaithe €</b>	<b>Iomlán Ceantar Bardasach</b>
<b>Baile Átha an Rí/Órán Mór</b>	L-74195	Corrsceachach	10,000	<b>€10,000</b>
<b>Béal Átha na Sluaighe</b>	L-74191	Baile an Locha, Móta	10,000	<b>€50,000</b>
	R -362	Gort na dTíobh Thiar	10,000	
	L-6331	Baile na Lúachra	15,000	
	L-87171	Droichead an Bhaile Mheánaigh	15,000	
<b>Conamara</b>	R -336	Droichead Choilleach Mhór, an Lónán	30,000	<b>€150,000</b>
	L-12053	Doire Fhada Thoir, Sraith Salach	70,000	
	Amach ón N95	Droichead Cheathrú an Loistreáin, Maigh Cuilinn	30,000	
	L-53313	An Clár Mór, Uachtar Ard	20,000	
<b>Baile Locha Riach</b>	L-85144	Droichead Coisithe an Doirín, An Gort	60,000	<b>€85,000</b>
	L-4301	Cluain na nIníon	5,000	
	L-8510	An Bheitheach, Gort	20,000	
<b>Tuaim</b>	L-2103	Baile na Coille	10,000	<b>€20,000</b>
	L-6526	Barr an Chalaídh	10,000	
<b>Gach</b>		Críochnú Chlár 2022	20,000	<b>€80,000</b>
		2023 Deisiúcháin Éigeandála ar Dhroichid	40,000	
		Fásra a bhaint	10,000	
		Talamh a fháil	10,000	
			<b>IOMLÁN</b>	<b>€395,000</b>



DROICHEAD NA SUCA (THIAR), BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE – SÉADCHOMHARTHA NÁISIÚNTA

## GLACADH AR LÁIMH - EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Baineann go leor gnéithe éagsúla le bheith ag déileáil le heastáit tithíochta, má bhíonn siad á nGlacadh ar Láimh nó má bhíonn siad Neamhchríochnaithe.

Tá rannóg Glacadh ar Láimh na Comhairle fós ag déanamh teagmháil réamhghníomhach le Cónaitheoirí, Forbróirí/Úinéirí, Gníomhairí, Sealbhóirí Bannaí, agus Tríú Páirtithe ábhartha eile chun Eastáit Chónaithe a thabhairt go caighdeán inar féidir iad a Ghlacadh ar Láimh agus/nó an Banna a Scaoileadh.

Seo a leanas líon na n-eastát le haghaidh Glacadh ar Láimh agus/nó le haghaidh Banna a Scaoileadh in 2023:

Líon na nEastát ar Glacadh ar Láimh – 16
--

Líon na nEastát ar Scaoileadh a mBannaí - 2
---

Tá an rannóg Glacadh ar Láimh ag plé le níos mó ná 70 forbairt faoi láthair agus na forbairtí sin ag staideanna éagsúla sa phróiseas.

Tagann na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Rannóg Glacadh ar Láimh ó Bhannaí arna sannadh go sonrach d'fhorbraíochtaí, agus/nó ó mhaoiniú a fhaightear trí Réiteach Suímh le hUisce Éireann. Le blianta beaga anuas, leithdháil an Chomhairle €100,000 ina buiséad chun Eastáit Chónaithe Stairiúla a Ghlacadh ar Láimh. Chuidigh sé seo leis an obair ar na heastáit sin a chur i gcrích agus a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach chun iad a ghlacadh ar láimh.

Tá dul chun cinn na n-oibreacha ar eastáit á rialú ag an gcistiú atá ar fáil, ag rannpháirtíocht le tríú páirtithe agus ag castacht na hoibre a d'fhéadfadh comhaontuithe cead slí a bheith san áireamh. Cé go bhfuil go leor dul chun cinn déanta, tá go leor oibre fós le déanamh chun feabhas a chur ar dhálaí maireachtála go leor úinéirí tithe ar fud na tíre.

## COTHABHÁIL MHUIRÍ

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint leis an uasghrádú ar áiseanna muirí agus oibreacha chun an clár cothabhála a chur in áit tosaíochta de réir mar a cheadóidh an buiséad. De réir an athbhreithnithe is déanaí, tá os cionn 200 cé cois cósta liostaithe sa Chontae. Sainithníodh liosta tosaíochta d'áiteanna tuirlingthe chun clár oibreacha riachtanacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear deisiúcháin agus athsholáthar ar dhréimírí agus ráillí, fás algaí ar fhánáin a bhaint go rialta, agus feabhsuithe sábháilteachta ar chéanna. Áirítear le Cothabháil Mhuirí freisin cothabháil a dhéanamh ar mhúrálacha luamh do chuariteoirí agus ar na soilse loingseoireachta atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

In 2022, fuarthas an chéad sciar de mhaoiniú faoi chlár cistithe Coigeartaithe Brexit na nÚdarás Áitiúil um Bonneagar Muirí (BALAMI). Fuarthas leithdháileadh breise do chlár oibreacha atá le tabhairt chun críche roimh dheireadh 2023. Tá na láithreacha agus na leithdháiltí maoinithe don dara sciar tionscadal sin deimhnithe sa tábla thíos. Bhí cistiú comhfhreagrach ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gceist le gach cás.

Tionscadail á maoiniú ag BALAMI 2023		
Suíomh	Costais Incháilithe an Tionscadail	Maoiniú Uasta Bronnta
Baile na Cora	€85,000	€80,750
Coillín Árann	€40,000	€38,000
Doire Inbhir	€40,000	€38,000
An Máimín	€25,000	€23,750
Cill Chiaráin	€28,000	€26,600
Cill Rónáin	€500,000	€475,000
Cloch na Rón	€55,000	€52,250
Cinn Mhara	€25,000	€23,750
Gairfrian	€22,000	€20,900
An Caiseal Uimh. 1	€31,000	€29,450
An Pollach	€20,000	€19,000
Iomlán	<b>€871,000</b>	<b>€827,450</b>

Críochnaíodh na hoibreacha ceadaithe ar fad laistigh den fhráma ama ceadaithe agus tarraingíodh anuas an leithdháileadh iomlán airgeadaíochta.

Leanadh ar aghaidh le cothabháil rialta ar an mbonneagar cois cósta ag an am céanna, agus leas á bhaint as buiséad cothabhála muirí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I measc na n-oibreacha a críochnaíodh bhí uasghrádú soilsithe ar ché Inis Oírr, clár oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta lena n-áirítear baint algaí ag fánáin tosaíochta, mionoibreacha feabhsúcháin chun na háiseanna atá ann cheana a chosaint. Úsáideadh leithdháileadh a fuarthas faoi Chlár Caipitil Mionoibreacha na nOileán chun oibreacha cosanta sciúrtha a dhéanamh ar ché Chill Mhuirbhígh ar Inis Mór.

Mar chuid den chlár do chothabháil leanúnach ar shoilse loingseoireachta, rinneadh deisiúcháin in 2023 de réir mar ba ghá i gcomhpháirt le Coimisinéirí Soilse na hÉireann.

Tá thart ar 60 múráil scaipthe thar 8 n-ionad ar leith. Leanadh ar aghaidh le clár athsholáthair i rith 2023 agus tá tuilleadh oibre mar seo beartaithe do 2024.



SUITEÁIL PONTÚIN AG CILL RÓNÁIN - TIONSCADAL Á MHAOINIÚ AG BALAMI



BALLA STOIRME BHAILE NA CORA - TIONSCADAL Á MHAOINIÚ AG BALAMI

### Caladh Inis Oírr

Críochnaíodh an próiseas chun na tailte riachtanacha go léir a fháil do Thionscadal Athfhorbartha Cé Inis Oírr trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh sa chéad leath de 2023. Leanadh leis an dul chun cinn i dtreo thús na n-oibreacha i rith na bliana.

Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair dhá chéim chun conraitheoir oibreacha a cheapadh sa cheathrú ráithe nuair a foilsíodh doiciméid na céime réamhcháilithe. Déanfar conraitheoir a cheapadh sa dara ráithe de 2024.

Críochnófar na móroibreacha ar an láthair le linn shéasúr an tsamhraidh 2025. Beidh an tionscadal críochnaithe agus an áis réidh le húsáid do shéasúr an tsamhraidh 2026.

### Áiseanna Ché Inis Meáin

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe Tuarascáil Measúnaithe Straitéisigh faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) in 2023 ag lorg maoiniú chun sainchomhairleoirí a fháil chun tabhairt faoi Staidéar Féidearthachta ar na roghanna, agus ar na costais a bhaineann leo, le haghaidh bonneagar mara feabhsaithe ar Inis Meáin.

Leis an staidéar féidearthachta, scrúdófar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna tuirlingthe ar Inis Meáin lena chinntiú go ndéanfar soláthar cuí do sheirbhísí paisinéirí agus lastais chuig an oileán thar thréimhse shuntasach ama amach anseo. Déanfar measúnú ar raon leathan roghanna féideartha – mar chuid lárnach dá treoir beidh siad ag dul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara ábhartha lena n-áirítear an RFTP (maoinitheoirí agus údarás bainistíochta do na seirbhísí farantóireachta paisinéirí agus lastais a chuirtear ar fáil go poiblí), muintir an oileáin, úsáideoirí cé lena n-áirítear oibreoirí paisinéirí agus lastais agus iascairí.

Is as an aschur ón gcleachtadh seo a dhéanfar an Réamh-Chás Gnó a theastaíonn chun bogadh trí Gheata Cinnidh 1 den Chód Caiteachais Phoiblí a éascú.

Ag brath ar fhaomhadh ón RFTP agus críochnú an mheasúnaithe féidearthachta, cloífidh dul chun cinn na scéime ina dhiaidh sin le ceanglais an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe a dícheall bogadh trí na céimeanna ceadaithe maoinithe, deartha, pleanála agus tógála chomh héifeachtach agus a cheadóidh na próisis rialaithe.

## GLASBHEALÁÍ


### GLASBHEALACH Ó GHAILLIMH GO DTÍ AN CLOCHÁN

#### CUID 1: GAILLIMH GO HUACHTAR ARD

Tá Glasbhealach Gaillimh go hUachtar Ard á fhorbairt ag an Oifig um Thionscadal Bóithre Náisiúnta (OTBN) le hInnealtóirí Comhairleacha AECOM. Beidh Glasbhealach na Gaillimhe go hUachtar Ard mar chuid lárnach de Ghlasbhealach Chonamara. Tá fad iomlán na scéime thart ar 28km agus

nascaídh sé le Glasbhealach Uachtar Ard go dtí an Clochán chun Glasbhealach 80km a dhéanamh ó Chathair na Gaillimhe go dtí an Clochán.

Foilsíodh an bealach is dealraíthí a roghnófar mar aon le Comhairliúchán Poiblí 3 in R2, 2023. Ina dhiaidh sin cuireadh tús leis an dearadh chun an bealach níos fearr a dhéanamh amach. Cuirfear tús le tuilleadh comhairliúcháin le húinéirí talún in R1, 2024 chun an bealach a thabhairt chun críche.



## CUID 2: AN CLOCHÁN GO HUACHTAR ARD

Go dtí seo tá os cionn 13km curtha i gcrích agus oscailte don phobal agus tá stráice 5.5km eile á thógáil faoi láthair. Ar dtús, bhí samhail rochtana ceadaithí á húsáid chun na tailte a fháil ach anois, ceannaítear na tailte ar bhonn comhaontú deonach.

Chuir Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) maoiniú ar fáil chun an stráice 22km idir an Clochán agus sráidbhaile Shraith Salach a chur i gcrích. In 2023 bhí idirbheartaíocht ar siúl chun talamh faoi úinéireacht phríobháideach a fháil trí chomhaontú don chuid 4km eile.

Rinneadh oibreacha dromchla ar 2 Km breise den Ghlasbhealach críochnaithe in 2023.




---

#### GLASBHEALACH BHAILE ÁTHA AN RÍ GO BAILE AN MHUILINN

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis RPS Consulting Engineers a fhostú chun Staidéar Féidearthachta agus Measúnú ar Roghanna Bealaigh a dhéanamh do Ghlasbhealach a d'fhéadfadh dul ó Bhaile Átha an Rí go Baile an Mhuilinn i gContae na Gaillimhe amach anseo. Tá tuarascáil féidearthachta ullmhaithe agus curtha ar aghaidh chuig BIÉ.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag críochnú an Athbhreithnithe Straitéisigh Iarnróid Uile-Oileáin ar an scéim agus déanfar athbhreithniú ar an tionscadal nuair a fhoilseofar an t-athbhreithniú sin.

#### GLASBHEALACH Ó DHEIRGIMLEACH GO MAINISTIR NA COILLE MÓIRE



In 2023 chuir innealtóirí comhairleacha AECOM tús leis na céimeanna Scópála & Réamh-mheasúnaithe agus Coincheapa & Féidearthachta le haghaidh Glasbhealaigh idir Láithreán Marconi ag Deirgimleach ag dul ó thuaidh go Mainistir na Coille Móire agus bhunaigh siad limistéar staidéir chun srianta agus roghanna bealaigh a shainiú.

#### TIONSCADAL ROTHARBHEALAIGH Ó GHAILLIMH GO BAILE ÁTHA LUAIN

I rith 2023, bhí idirchaidreamh ar siúl le húinéirí talún ar bhealaí féideartha don rotharbhealach laistigh den chonair bealaigh is dealraithí a roghnófar. Bhí Dearadh Céim 3 ag dul ar aghaidh agus iarratas pleanála á ullmhú don Bhorc Pleanála. Mar sin féin, d'iarr innealtóirí comhairleacha RPS a gconradh a fhoirceannadh i bhfianaise scála agus castacht an tionscadail agus d'éirigh leo. Mar thoradh ar an bhforbairt seo, d'fhorbair Comhairle Contae na hIarmhí cur chuige nua chun an scéim a chur i bhfeidhm trí na próisis dearaidh agus meastóireachta comhshaoil i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe. Leanadh ar aghaidh le teagmháil phoiblí agus idirchaidreamh le húinéirí talún le linn na tréimhse sin chomh maith le hullmhúcháin chun sainchomhairleoir nua a cheapadh chun seirbhísí innealtóireachta, pleanála agus comhshaoil a sholáthar don Rotharbhealach idir Gaillimh agus Baile Átha Luain.





## Sprioc Straitéiseach Forbairt Eacnamaíoch & Fiontraíochta

*Chun forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíochta agus fiontraíochta an chontae a uasmhéadú.*

### SCÉIMEANNA COSANTA TUILE

Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) i gcomhpháirtíocht le Scéimeanna Cosanta Tuilte (scéimeanna substaintiúla) agus le hoibreacha Maolaithe Tuilte (maolú áitiúil). Maoiníonn OOP gach mórscéim cosanta tuilte. Tugann OOP faoi na scéimeanna go díreach, faoi na hAchtanna um Dhraenáil Artaireach, nó tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe fúthu faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Cuireann OOP maoiniú 90% ar fáil freisin i dtreo oibreacha maolaithe tuilte áitiúla. Tagann grúpa stiúrtha le chéile go rialta chun seachadadh tráthúil tograí a chinntiú a laghdóidh an baol tuilte sa todhcháí.

Cuireann OOP comhairle agus cúnamh ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe nuair a tharlaíonn teagmhais tuilte.

---

### SCÉIM COSANTA TUILTE ÍSEALCHRÍOCHA AN GHOIRT, NA GAILLIMHE THEAS

In 2023, chríochnaigh agraí an tionscadail an teagmháil fhairsing le húinéirí talún a mbeidh tionchar ag an scéim cosanta tuilte atá beartaithe orthu. Rinne an fhoireann tionscadail measúnú ar thuairimí agus ar thorthaí a tháinig anuas sa chaint agus ionchorpraíodh roinnt mionathruithe sa scéim mholta, chun freastal ar úinéirí talún.

Críochnaíodh suirbhéanna éiceolaíochta den chuid is mó, agus críochnaíodh measúnachtaí teicniúla comhshaoil ar thograí innealtóireachta. Tar éis na scrúduithe seo, tá roinnt struchtúr sreabhrialaithe san áireamh sa scéim anois.

Rinneadh forbairt ar an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) agus ar an Ráiteas Tionchair Natura (RTN) agus tá an chuid is mó de na caibidlí ag an gcéim dhréachta agus faoi bhreithniú.

---

### SCÉIM COSANTA TUILTE BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Críochnaíodh an dréacht-tuarascáil fhíorasach a bhaineann leis na hoibreacha Imscrúdaithe Talún go luath in 2023. Cheadaigh Oifig na nOibreacha Poiblí an tuarascáil deiridh suirbhé ar éiceolaíocht uisceach in R1, 2023 agus rinneadh an tuarascáil Tionchair Seandálaíochta sa tréimhse sin freisin. Reáchtáladh an tríú Tréimhse Comhairliúcháin Phoiblí (an Bealach is Dealraithe a Roghnófar) in R2, 2023. Reáchtáladh an tríú ceardlann Forbartha Roghanna in R2, 2023. Go luath in R3, 2023 ós iad na dearthóirí, d'ullmhaigh Arup nóta teicniúil inar leagadh amach moltaí don rogha tosaíochta i réimsí éagsúla den scéim

---

### SCÉIM COSANTA TUILTE AN CHLOCHÁIN

Críochnaíodh innealtóireacht, mar aon le suirbhéanna éiceolaíochta agus imscrúduithe talún fairsinge i lár na bliana 2022.

Cuireadh tús le forbairt agus breithmheas roghanna cosanta tuilte féideartha in R2, 2023 mar aon le Suirbhéanna Comhshaoil breise a chuireann le dearadh na roghanna. Cuireadh tús leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta Reachtuil atá ina chuid lárnach d'fhorbairt na scéime in R3, 2023. Leanadh ar aghaidh le forbairt roghanna agus an t-athbheithniú ar shrianta lena mbaineann go dtí deireadh 2023.



SCÉIM COSANTA TUILTE AN CHLOCHÁIN – UISCÍ TUILE, AN CLOCHÁN MEÁN FÓMHAIR 2020

## DRAMHAÍL TÍ A ATHCHÚRSÁIL

Chríochnaigh an Chomhairle oibreacha ag 6 shuíomh in 2023, faoin Scéim Mionoibreacha Maolaithe Tuilte agus Cosanta Cósta atá maoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Fuarthas maoiniú iomlán de €143,550 in 2023, a chlúdaíonn 90% den chostas iomlán agus an t-iarmhéid maoinithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Tá iarratais a cuireadh isteach do 2 láthair eile á mbreithniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair.



CRÍOCHNAÍODH OIBREACHA COSANTA TUILTE AG AN BPREABÁN, ROS CATHAIL 2023

## CEANTAIR DHRAENÁLA

Comhlíonann an Chomhairle a freagracht reachtúil as cothabháil oibreacha draenála ar leith sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus Oifigí Ceantair Bhardasaigh na Comhairle. Tá an Chomhairle i gceannas ar dhá Cheantar Draenála déag agus leithdháileann sí cistí fós ar dhá Chomhcheantar Draenála a díscáileadh in 2014. Chaith an Chomhairle €175,000 ar oibreacha Ceantar Draenála in 2023.

In 2023 rinneadh oibreacha cothabhála sna Ceantair Dhraenála seo a leanas: - Áth Eascrach, Dún Coillín, Tuaim Catraí, Cill Chríost, An Leathbhaile, Míleac & An Creagán.

### **Spríoc Straitéiseach Cumas Eagrúcháin**

*Chun cumas eagrúcháin a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca, agus trínár mBaill Foirne agus Comhaltaí Tofa a fhorbairt*

## CLÓS INNEALRA

Is é an Clós Innealra a bhainistíonn soláthar agus cothabháil Gléasra agus Innealra na Comhairle. Tá an Chomhairle tiomanta d'fhorbairt leanúnach na seirbhíse seo chun acmhainn éifeachtúil agus éifeachtach a chur ar fáil chun seachadadh Chláir Oibre na Comhairle a éascú.

Is obair riachtanach é salann a chur ar bhóithre, a dhéantar mar chuid de Phlean Seirbhíse an Gheimhridh. Clúdaítear 15 bhealach éagsúla agus tá 12 díobh sin faoi chúram feithiclí agus tiománaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá conraitheoirí príobháideacha freagrach as 3 cinn eile.

Coinnítear salann i gceithre áit éagsúla. Ag sciobóil salainn i dTuaim, Baile Locha Riach agus an Gort agus sa Chlós Innealra. Cinntíonn sé seo go bhfuil soláthar dóthanach i gcóngarach réasúnta do gach bealach.

I séasúr an gheimhridh 2022/2023, cóiríodh iomlán carnach de bhreis is 60,000km de bhóithre, agus bhí glaonna amach ar roinnt bealaí ar 58 ócáid ar leith.

### **Spríoc Straitéiseach Cumas Bonneagair**

*“Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiceach agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú le forbairt eacnamaíochta, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú.”*

### N6 CUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE (CCR)

Ar an 6 Nollaig 2021, d'fhaomh an Bord Pleanála, le coinníollacha, Forbairt Bheartaithe Bóthair an N6 agus d'fhaomh siad an Scéim Mótarbhealaigh agus Scéim na mBóithre Cosanta fara modhnuithe. Ar an 30 Eanáir 2023 rinne an Ard-Chúirt orduithe chun cinntí an Bhoird a d'fhaomh CCR an N6 a chur ar neamhní. D'ordaigh an Chúirt freisin, áfach, go ndéanfaí na hiarratais ar fhaomhadh a chur ar ais chuig an mBord ón bpointe ama díreach tar éis Tuarascáil an Chigire a chur isteach. Ar an 6 Nollaig 2023, d'eisigh an Bord Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise (IFB). Mar thoradh ar an IFB, tugadh cuireadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CCG) an t-iarratas ar thoiliú le haghaidh forbartha agus na scéimeanna fála éigeantaí a nuashonrú. Iarradh freisin aighneachtaí ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ann faoi láthair chomh maith le Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe nua. D'iarr an Bord freagra maidir leis na scálaí ama a bhain leis na hábhair seo. In oirchill ar an Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise, bhí obair ar siúl chun a chinntiú go raibh an fhaisnéis agus na sonraí sa TMTT agus sa RTN bailí agus cothrom le dáta. Ar an 20 Nollaig 2023, d'fhreagair CCG agus dúirt sé go gcuirfí an fhaisnéis bhreise ar fáil an 20 Meán Fómhair 2024 nó roimhe sin.

### N59 SEACHBHÓTHAR MHAIGH CUILINN

Is éard atá i gceist leis an scéim seo ná bóthar carrbhealaigh aonair de Chineál 1 a bheidh 4.3 km ar fhad a thógáil ó Chlaídeach soir ón sráidbhaile i dtreo Dhroim Chonga, siar ón sráidbhaile. Áirítear ar phríomheilimintí na scéime beartaithe 4.6km de charrbhealach singil de chineál 1, athailíniú bóithre Chaladh an Chnoic thar 850m, 1.7km de bhóithre feirme/lóistín, 2 thimpealláin chomhréidh agus 8 struchtúr comhdhéanta de 5 dhroichead, 2 íosbhealach agus lintéar amháin. Críochnaíodh an phríomhlíne go substaintiúil ar an 8 Nollaig 2023 agus osclaíodh go hoifigiúil í don trácht ar an 11 Nollaig 2023. Tá oibreacha ar siúl fós ar Bhóthar Chaladh an Chnoic agus in aice leis an nasc thiar agus tá siad le bheith críochnaithe in Aibreán 2024.

### N17 BAILE AN MHUILINN GO GORT NA GONAIDE

Tógfar leis an scéim seo 3.0km de phríomhbhóthar náisiúnta carrbhealaigh aonair Chineál 1 díreach ó thuaidh ó Bhaile an Mhuilinn. Cuireadh iarratais ar fhaomhadh ordaithe ceannaigh éigeantaigh (OCÉ) agus measúnacht chuí (RTN) faoi bhráid an Bhoird Pleanála agus ceadaíodh an dá cheann acu i mí an Mhárta agus i mí Dheireadh Fómhair 2022 faoi seach. Chuaigh an tréimhse d'iarratais ar Athbhreithniú Breithiúnach in éag ar an 12 Nollaig 2022 agus seirbheáladh Fógra Gnóthaíochta i mí Eanáir 2023 ar na húinéirí talún lena mbaineann. Ceapadh Liney mar luachálaithe do CCG chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar 51 ceapach lena n-áirítear 3 réadmhaoin chónaithe.

Rinneadh dul chun cinn le caibidlíocht maidir le talamh a fháil agus dearadh mionsonraithe i rith 2023. Cuireadh tús i mí na Nollag 2023 le Conradh Imscrúdaithe Talún agus Conradh Imscrúdaithe Seandálaíochta.

### SCÉIM ATHAILÍNITHE N63 AN LIOS GO DTÍ AN MHAINISTIR

Is éard atá i Scéim Athailínithe N63 an Lios go dtí an Mhainistir ná 2.3km de Bhóthar Náisiúnta carrbhealaigh aonair Chineál 2 den dara grád a thógáil le háiseanna do choisithe agus do rothair lena n-áirítear droichead thar Abhainn na hAarta. Cuireadh iarratas ar fhaomhadh OCÉ agus na

Forbartha Bóthair atá Beartaithe faoi bhráid an Bhoird Phleanála i mí Feabhra 2022. D'fhaomh Bord Pleanála an scéim agus dheimhnigh sé OCÉ ar an 25 Bealtaine 2023.



Fógraíodh comórtas i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun sainchomhairleoirí a sholáthar do Chéim 5, 6 agus 7 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal de chuid BIÉ. Rinneadh measúnú ar na tairiscintí i mí na Nollag 2023 agus ceapadh an sainchomhairleoir rathúil.

---

#### N84 GAILLIMH GO DTÍ DROICHEAD AN CHURRAIGH MHÓIR

I mí na Bealtaine 2023, ceapadh Barry Transportation mar Shainchomhairleoirí Teicniúla do Chéim 0, 1 agus 2 (measúnú ar réamhroghanna chéim 1) de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal (TBT) de chuid BIÉ. Cruthaíodh Doiciméad Imlíne Tionscadail agus cuireadh Faomhadh Ráiteas Athbhreithnithe Geata Chéim 0 isteach i mí na Nollag 2023.

---

#### N59 BUN AN CHOILL GO DTÍ AN CLÁR MÓR

Tá dualgas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe faomhadh a fháil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus ó lascach Intíre Éireann do ráitis modhanna na céime tógála. Ar an 27 Meitheamh 2023 scríobh an SPNF chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur in iúl dóibh gur ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis modhanna Treoir an AE maidir le Gnáthóga. Reáchtáladh comórtas chun foireann dlí a fháil chun comhairle a thabhairt maidir le dul ar aghaidh chuig céim na tógála.

---

#### CÉIMEANNA PÁBHÁLA

Críochnaíodh oibreacha pábhála ar N59 Cnoc na Rátha, N59 Doire na Cloiche agus N65 Cill Íomair.

### BÓITHRE STRAITÉISEACHA RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA, DEONTAIS FEABHSÚCHÁIN AR LEITH

D'fhaomh An Bord Pleanála an OCÉ don chuid thiar de **Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí** (ag An Ráithín) in R1, 2023. Cuireadh tús leis an obair ar ullmhú na ndoiciméad tairisceana chun an chuid seo a thógáil. Cuireadh tús le réamhoibreacha ar leagan crann agus fálú in R4, 2023. Tá an talamh fós á fáil. Tá sé beartaithe dul ar aghaidh leis an tógáil in R3, 2024. Ceapadh Iarnród Éireann chun dearadh a chur i gcrích don Tardhroichead iarnróid ar an gcuid thoir. Táthar ag súil le dearadh ó Iarnród Éireann in R2, 2024.

*Réamhoibreacha ar Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí ag an Ráithín.*


Rinne **scéim SIG Chill Bheannáin** i dTuaim tuilleadh dul chun cinn maidir le dréachtú doiciméad tairisceana le haghaidh tógála, agus leanadh le talamh a cheannach i rith 2023. Tá sé i gceist do 2024 go bhfoilseofar an tairiscint le haghaidh tógála, agus go gcuirfear an próiseas chun an talamh a fháil i gcrích. Lean an Roinn Iompair orthu ag tabhairt tacaíocht mhaoinithe don scéim seo in 2024.

Rinneadh tuilleadh oibre deartha ar **scéim SIG na gCabhsaí** i gConamara Theas, agus rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú ar chúrsaí deartha. Leanfar leis an scéim seo in 2024 le tacaíocht ón Roinn Iompair agus tá sé beartaithe go gcuirfear bailchríoch ar an dearadh, agus go ndéanfar measúnacht scagtha éiceolaíochta. Ag brath ar thoradh na measúnachta éiceolaíochta, rachaidh an scéim ar aghaidh trí iarratas pleanála RTN Chuid 8 nó Chuid 10. Bronnadh tuilleadh tacaíocht mhaoinithe ar an scéim seo do 2024.

Leanadh ar aghaidh leis an obair dheartha ar **scéim SIG Belleville** i mBaile Átha an Rí agus tá an Tuarascáil Dearaidh réidh den chuid is mó. Leanadh leis an idirbheartaíocht le húinéirí talún. Tá sé beartaithe Cuid 8 don scéim seo a fhoilsiú in R3, 2024.

---

UILLINNEACHA ATÁ AG BELLEVILLE FAOI  
LÁTHAIR



Rinneadh iarratas i mí Aibreáin 2023 ar scéim nua i gConamara ag **Cuan na Luinge**. Is é cuspóir na scéime seo an bóthar áitiúil den tríú grád a ardú chun rochtain a chinntiú don phobal áitiúil le linn imeachtaí aimsire crua. Fuarthas faomhadh in R1, 2024 chun dul ar aghaidh leis an scéim seo.

## MAOINIÚ DON ATHRÚ AERÁIDE & DON TAISTEAL GNÍOMHACH

### SCÉIM OIRIÚNAITHE AGUS ATHSHLÁNAITHE UM ATHRÚ AERÁIDE, 2023

Thug an Roinn Iompair leithdháileadh €1,169,193 do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2023 chun roinnt tionscadal a chur i gcrích faoin Scéim Oiriúnaithe agus Athshlánaithe um Athrú Aeráide (OAAA). Is é cuspóir na scéime seo tionscadail bonneagair bóithre a sholáthar a mbeadh tionchar suntasach agus inchainníochtaithe acu ar dhul i ngleic leis an athrú aeráide agus a thabharfaidh aghaidh an damáiste a dhéanann drochaimsir don líonra. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích i nGaillimh, ardaíodh bóithre, suiteáladh draenacha, silteáin, lintéir agus cuireadh bearta eile i bhfeidhm chun tuilte a chosc. Críochnaíodh 28 scéim san iomlán ar fud an chontae in 2023. Dheimhnigh an Roinn Iompair a tiomantas don scéim arís trína chur ar fáil d'údaráis áitiúla in 2024.

Grianghraif d'oibreacha draenála a críochnaíodh faoin scéim seo in 2023:



---



### TAISTEAL GNÍOMHACH 2023

Mórchuspóir náisiúnta de chuid Chlár Taisteal Gníomhach an Údaráis ná 1000km de bhonneagar nua siúil agus rotháíochta a sholáthar faoi dheireadh 2025 – is cuid lárnach é seo de straitéis an rialtais chun laghdú 50% ar astaíochtaí carbóin a bhaint amach faoi 2030 (tagairt Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2023).

Bunaíodh an Clár Um Thaisteal Gníomhach chun líonra níos sábháilte agus níos inrochtana a sholáthar a spreagfaidh daoine chun a bheith comaitéireacht go sábháilte; ag siúl nó ag rotháíocht idir an baile, an scoil agus an láthair oibre. Agus modh malartach comaitéireachta inbhuanaithe á chur ar fáil, laghdófar an gá le turais ghearra ghluaisteáin agus tarlóidh aistriú córa iompair dá bharr.

Baineann na hoibreacha Taisteal Gníomhach atá maoinithe ag an Údarás Náisiúnta le bóithre neamh-Náisiúnta agus le suímh laistigh de theorainneacha luais 50/60km in aghaidh na huaire. Leanann an scéim seo ar aghaidh ar bhonn atrátha mar chlár oibreacha ilbhliantúil ar fud an Chontae.

In 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh maoinithe Taistil Ghníomhaigh de €3 mhilliún chun a Clár um Thaisteal Gníomhach a chur i bhfeidhm don bhliain. Díróidh go háirithe i gclár 2023 ar dhréachtú na bPleananna Iompair Áitiúil agus ar thosach feidhme Staidéir Iompair Pobail. In 2023 rinneadh roinnt leithdháiltí nua do thionscadail dearaidh i gceantair uirbeacha níos mó. Rinneadh leithdháiltí freisin do roinnt Tionscadal Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus cuireadh tús le réamhdhearadh. Tá an obair seo ag leanúint ar aghaidh go dtí 2024 agus tá leithdháileadh bliantúil de €3 mhilliún tugtha do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ag an am céanna leis na tionscadail um Thaisteal Gníomhach, tá obair ar leith ag dul ar aghaidh leis an ÚNI maidir le scáthláin bhus a sholáthar ar fud an chontae agus déanfar an obair seo a mhaoiniú ar leithligh ón bpríomh-leithdháileadh Taistil Ghníomhaigh.



## Sprioc Straitéiseach Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

*Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid*

### SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Lean an tAonad ar aghaidh agus Áis Íocaíochta Ar Líne á cur ar fáil acu chun Fógraí Muirir Sheasta (Fíneálacha Páirceála) a íoc.
- Lean an tAonad ar aghaidh ag baint leas as [www.galway.ie](http://www.galway.ie) le linn 2023 chun Seirbhís Faisnéise Tráchtta a chur ar fáil, ina gcuirtear eolas ar fáil maidir le fadhbanna tráchtta mar thoradh ar oibreacha bóthair, dúnadh sealadach bóithre, teorainneacha luais thart ar oibreacha bóthair etc.
- Rinne an tAonad cumarsáid leis an bpobal trí úsáid a bhaint as meáin éagsúla, amhail raidió áitiúil, suíomh gréasáin, Twitter, nuachtáin áitiúla, ríomhphoist, téacsanna, agus trí úsáid a bhaint as an gcóras tuairimí custaiméirí ar líne.
- Chuir an tAonad Bóithre agus Iompair clár fairsing oibreacha ar fáil go rathúil agus go héifeachtúil in 2023, lena n-áirítear oibreacha sa bhreis orthu siúd a bhí san áireamh sna Cláir Bóithre, maoinithe ag Ranna Rialtais eile cosúil leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

### AN COISTE UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE LE CHÉILE

Tháinig an Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile le chéile faoi thrí le linn 2023 – chun leanúint lena ról gníomhach i gcur chun cinn na sábháilteachta ar bhóithre i gContae agus Cathair na Gaillimhe.





## COISTE CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE LE CHÉILE

I measc na dtionscnamh sonrath um shábháilteacht ar bhóithre ar thug an Chomhairle fúthu le linn 2023 bhí:

- Tacaíocht d'fheidhmiú Scéim na Maor Scoile Sóisearaí
- Maoiniú a thabhairt chun Oiliúint Rothaíochta a chur ar fáil do Scoileanna Náisiúnta agus chun racaí rothar a shuiteáil

Reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar le hAontas na Mac Léinn, Ollscoil na Gaillimhe, feachtas feasachta shábháilteacht ar bhóithre a spreag mic léinn a shiúlann nó a théann ar rothar chuig an gcoláiste a gceann scríbe a bhaint amach go sábháilte. Tugadh veisteanna sofheicthe do mhic léinn a d'fhreastail ar an gcoláiste le linn na Seachtaine um Shábháilteacht ar Bhóithre, le caoinhead an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre.



## MIC LÉINN OLLSCOIL NA GAILLIMHE

Bhí Seachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre Éireann ar siúl ón 2 go dtí an 8 Deireadh Fómhair 2023 agus d'ardaigh an Chomhairle feasacht ar shábháilteacht ar bhóithre i measc an phobail trí bhileoga a dháileadh faoi ábhar amhail luas



tiomána, tomhas doimhneachta bonn, foghlaimeoirí tiomána, ceartúsáid soilse ar fheithiclí, tiomáint faoi thionchar an óil agus drugaí, tuirse tiománaithe, úsáid fón póca, ceartúsáid timpealláin, etc., agus tugadh ábhar frithchaiteach amach saor in aisce. Chun a chinntiú go bhfuil amharc an duine ar an gcaighdeán a theastaíonn chun bheith ag

tiomáint go sábháilte, spreagadh gach duine chun Tástáil Radhairc a dhéanamh gach 2 bhliain, ar a laghad. Do mhí Dheireadh Fómhair, '23, chuir Specsavers Tástálacha Radhairc caighdeánacha ar fáil ar €15.00.

D'oibrigh an Chomhairle i gcomhar le hAontas na Mac Léinn GMIT agus scaipeadh clúdaigh málaí droma ard-infheictheachta ar mhic léinn an choláiste.



Molann tionscnamh Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 'Arrive Alive', gan téacsáil agus tiomáint ag an am céanna. Tá dioscaí ar fáil, saor in aisce, don phobal ag an Oifig Mótarchánach agus na hOifigí Ceantair.



D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe ar an gCeathrú Rua, le Seirbhís Otharcharr FSS; Cosaint Shibhialta na Gaillimhe agus An Garda Síochána le chéile chun ócáid feasachta ar shábháilteacht ar bhóithre dírithe ar dhéagóirí a chur ar siúl i Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua, ar an 3 Deireadh Fómhair.

Bhí deis ag na daltaí meánscoile atá ar tí a bheith ina dtiománaithe óga, blaiseadh a fháil den mhéid a tharlaíonn ag láthair thimpiste bóthair – bhí taispeántas faoi dhíchóimeáil cairr ar siúl, agus scaoileadh duine amach as feithicil. Bhí criú ón tSeirbhís Dóiteáin, ón tSeirbhís Otharcharranna agus ón gCosaint Shibhialta i láthair, in éineacht leis an nGarda Síochána, chun comhairle a chur ar na 90 mac léinn a bhí i láthair.

Ba é aidhm an tionscnaimh ná feasacht a ardú faoin méid a tharlaíonn ag láthair thimpiste. Táthar ag súil go laghdóidh sé seo an baol go mbeidh tiománaithe óga páirteach i dtimpistí tráchta bóthair, a mbíonn gortú nó bás tromchúiseach mar thoradh orthu go rómhinic.

Le linn mhí Dheireadh Fómhair, '23, thug BestDrive an deis d'úsáideoirí bóthair leas a bhaint as seiceáil sábháilteachta 5 phointe SAOR IN AISCE Best Drive chun a chinntiú go bhfuil Boinn, Coscáin, Maolairí Turrainge, Soilse/ Leibhéil agus Cuimilteoirí ag obair i gceart do na míonna geimhridh amach rompu. Scaip siad veisteanna sofheicthe freisin ar dhaoine den phobal, saor in aisce.

DÁILFIDH BESTDRIVE VEISTEANNA SOFHEICTHE AR A GCUID CUSTAIMÉIRÍ LE LINN MHÍONNA AN GHEIMHRIDH, LE CAOINCHEAD ÓN GCOMHAIRLE AGUS ÓN ÚDARÁS UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE



(ÚSB)

## Sprioc Straitéiseach chun an Comhshaol & Oidhreacht a Chosaint

*Ár dtimpeallacht, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na glúine seo agus na glúine atá le teacht.*

### SCÉIMEANNA FOSTAÍOCHTA POBAIL

Leanann an Chomhairle, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bpobal áitiúil, le forbairt Fostaíochta Pobail a chur chun cinn agus a spreagadh.

In 2023, lean an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh urraíochta ar chúig scéim agus bhí 78 rannpháirtí sna háiteanna seo a leanas: Maigh Cuilinn/Uachtar Ard, An Baile Mór/An Mhainistir, An Gort & agus an Ceantar Máguaird, Tuaim & an Ceantar Máguaird agus Cloch na Rón/An Clochán.



(CEAPACHA BLÁTHANNA AG FEARANN AN PHÁLÁIS, A RINNE SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL THUAMA AGUS AN CEANTAR MÁGUAIRD)

### RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL I SCÉIMEANNA BÓITHRE

Lean an Chomhairle ar aghaidh le Rannpháirtíocht Pobail in Oibreacha Bóthair a chur chun cinn go gníomhach mar bhealach chun tacaíocht an phobail a fháil d'oibreacha bóthair ar bhóithre áitiúla oiriúnacha. Caitheadh €1,131,840 san iomlán ar 28 tionscadal le linn 2023, arna maoiniú ag leithdháileadh ó rannóg Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla na Roinne Iompair.

### AN PLEAN NÁISIÚNTA LEATHANBHANDA.

Is beartas rialtais é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach teach, scoil agus gnó in Éirinn — is cuma cé chomh hiargúlta nó chomh fada amach faoin tuath is atá siad — ar leathanbhanda ardluais.

Tá sé seo á bhaint amach le meascán d’Infheistíocht Tráchtála ar fud na tíre agus d’Idirghabháil Stáit sna ceantair nach dócha go ndéanfaidh oibreoirí tráchtála aonair infheistíocht iontu.

---

## LIMISTÉAR IDIRGHABHÁLA STÁIT PNL

I mí na Samhna 2019, cheap an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide an comhlacht Leathanbhanda Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) chun an líonra Idirghabhála Stáit a thógáil, a chothabháil agus a oibriú don chéad 25 bliain eile.

Tá sé i gceist faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL) líonra leathanbhanda snáthoptaice a chur ar fáil do 544,000 áitreabh sa Stát. Tá 40,000 de na háitribh seo lonnaithe i gContae na Gaillimhe agus is ionann an infheistíocht réamh-mheasta thar shaolré an tionscadail sa chontae agus €153 Milliún.

Faoi dheireadh 2023, thairg LNÉ cábla snáthoptaice go háitreabh do níos mó ná 17,000 áitreabh i gContae na Gaillimhe agus bhí siad in ann seirbhís a réamhordú/a ordú. Is ionann sin agus 44% de na háitribh sa limistéar idirghabhála i gContae na Gaillimhe.

In 2023, críochnaíodh cuid mhaith de na limistéir Imscartha i gCill Choirín agus i nGoirtín.

Measann LNÉ go mbeidh 53% de na háitribh sa limistéar idirghabhála i gContae na Gaillimhe in ann seirbhís a réamhordú/a ordú faoi dheireadh 2024.

Léiríonn plean tógála reatha an LNÉ go mbeidh a líonra curtha i bhfeidhm i gCo. na Gaillimhe faoi mhí na Nollag 2026.

Tá eolas cothrom le dáta ar phlean tógála LNÉ do Chontae na Gaillimhe le fáil ar <https://nbi.ie/where-are-we-working/>

---

## INFHEISTÍOCHT TRÁCHTÁLA A SHEACHADANN SEIRBHÍSÍ FTTH

Príomhphrionsabal de chuid PNL is ea tacú le hinfheistíocht tráchtála agus í a spreagadh trí bhearta beartais agus rialála a chur i bhfeidhm. Spreag sé seo ‘infheistíocht tráchtála ón earnáil teileachumarsáide.

Faoi dheireadh 2023 thairg comhlachtaí tráchtála líonraí cábla snáthoptaice go háitreabh do bhreis is 75,000 Éirchód i gCo. na Gaillimhe (Cathair na Gaillimhe san áireamh).

Bhí tógáil líonra snáthoptaice ar siúl i mbailte Bhaile Locha Riach agus Bhéal Átha na Sluaigne le linn 2023.

I mí Mheán Fómhair, 2023 fógraíodh tuilleadh infheistíochta chun dhá líonra snáthoptaice nua a thógáil i mbailte an Ghoirt agus Bhaile Átha an Rí.

---

## AN TIONSCNAMH WiFi4EU

Cuireann an tionscnamh WiFi4EU rochtain lasmuigh saor in aisce ar nascacht Wi-Fi ar fáil do shaoránaigh i spásanna poiblí lena n-áirítear páirceanna, cearnóga, foirgnimh phoiblí, leabharlanna, ionaid sláinte agus músaeim i mbardais ar fud na hEorpa. Faoi dheireadh 2023, suiteáladh 41 pointe rochtana wi-fi ar fud an chontae, ag soláthar rochtain Wifi saor in aisce do mhuintir na háite agus do chuartheoirí araon.

---

## AN TIONSCNAMH PO NL (POINTÍ NASCTHA LEATHANBHANDA)

Tá an tionscnamh PoNL ina chuid lárnach den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda ina dtabharfar nascacht ardluais chuig príomhionaid phoiblí i gceantair nach féidir leo rochtain a fháil ar leathanbhanda ardluais faoi láthair. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil sula gcuireann Leathanbhanda Náisiúnta Éireann nascacht snáthoptaice ar fáil sna ceantair seo. Cuirfidh PoNLanna teophointí Wi-Fi saor in aisce ar fáil don phobal, agus cuirfidh cuid acu seirbhísí breise ar fáil dá bpobail amhail spásanna cianoibre nó láithreacha le haghaidh oiliúint scileanna. Faoi láthair tá 21 PoNL beo agus Wi-Fi poiblí ar fáil iontu. Táthar ag súil go nascfar PoNL amháin eile leis an ngréasán atá maoinithe ag an rialtas in 2024.

---

## MAPÁIL RÉIGIÚNACH NA NACMHAINNÍ DIGITEACHA.

I Léarscáil ArcGIS, taispeántar moil dhigiteacha, Leabharlanna, foirgnimh ina bhfuil wi-fi poiblí agus stoc ríomhairí ar fáil don phobal, WIFI4EU -pointí Wi-Fi -poiblí agus suímh PoNL agus an tseirbhís a chuireann siad ar fáil.

---

## MAOIR PHOBAIL

Seirbhís faoi éide de chuid an Údaráis Áitiúil is ea na Maoir Phobail agus tá roinnt ról éagsúil acu ar fud raon feidhmeanna an Údaráis Áitiúil, lena n-áirítear:

- Forfheidhmiú - cionta tráchta reachtúla, cionta bruscair, feithiclí tréigthe, diúscairt dramhaíola/dumpáil mhídhleathach, ceadúnais mhadraí agus corrrhádáil.
- Monatóireacht - eastáit tithíochta, áiseanna poiblí amhail ionaid athchúrsála, ionaid fág anseo, páirceanna, trána agus clóis súgartha.



- Cúnamh – do thurasóirí, do sheandaoine, do scoileanna, do phobail chomharsanachta, don Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí stáit eile.
- Rinneadh suirbhéanna ar thruailliú bruscair/Láithreáin Thréigthe, agus ag an am céanna lean Maoir Phobail orthu ag déanamh cigireachtaí rialta ar chlóis súgartha, páirceanna, eastáit an Údaráis Áitiúil, Láithreáin Stad, Céanna, Baoithe Tarrthála agus Bainc Buidéal le linn 2023 agus lean siad orthu ag cabhrú le Glantacháin Phobail le linn na bliana.
- Rinneadh 1128 cigireacht faoi reachtaíocht a bhaineann le Truailliú Aeir, Bainistíocht Dramhaíola agus Truailliú Uisce.
- Rinne Seirbhís na Maor Pobail 186 suirbhé maidir le truailliú bruscair de réir tháscairí na Seirbhíse Náisiúnta.

- Lean na maoir phobail ar aghaidh le Forfheidhmiú Comhshaoil, lena n-áirítear fíneálacha bruscair a eisiúint agus fógraí faoi na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus Truailliú Uisce. Eisíodh 83 fíneáil bruscair san iomlán in 2023 as cionta faoin Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997 Arna Leasú.
- Lean Maoir Phobail orthu ag cuidiú le hoibriú páirceála íoc agus taispeáin agus ag cur i bhfeidhm pleananna bainistíochta tráchta i roinnt bailte ar fud an Chontae.
- Iarrann an Roinn Tithíochta seirbhísí na Maor Pobail i gcur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall 1996.
- Lean feachtais chigireachta ceadúnaithe madraí ar aghaidh freisin i rith na bliana.
- Chabhraigh na Maoir Phobail faoi Acht na mBóithre 1993 le feithiclí tréigthe a thógáil den bhóthar le linn na bliana.

## SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

### Réamhrá

Tá na freagrachtaí seo a leanas ar sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (SDTG):

- Freagraíonn sé d'éigeandálaí seachas dóiteáin amháin, amhail timpistí bóithre, teagmhais ábhair ghuaisigh, tarrtháil uisce, tuilte agus guaiseacha móra taismeacha.
- Tá sé mar aidhm aige éigeandálaí a chosc ar an gcéad dul síos trí raon oibre um chosc dóiteáin agus sábháilteacht dóiteáin theicniúil a dhéantar laistigh den Chontae agus den Chathair agus trí thionscnaimh éagsúla um shábháilteacht ó dhóiteán pobail.
- Is í Príomhsheirbhís Éigeandála na nÚdarás Áitiúil (PÉ) i gComhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe, atá mar Phríomhghníomhairí Freagartha (PF) ós Údaráis Áitiúla iad de réir an Chreata Náisiúnta um Bainistíocht Móréigeandálaí 2006.

Faoi láthair tá 11 stáisiún ag freastal ar Chontae na Gaillimhe le daonra de 193,323 duine agus cathair na Gaillimhe le daonra 84,414 (staitisticí CSO 2022) mar a léirítear i bhFíor 1.



Fíor 1: Suímh Stáisiúin Dóiteáin SDTG

Tá Stáisiúin Dóiteáin lonnaithe ag:

- Baile Átha an Rí
- Béal Átha na Sluaighe
- An Clochán
- Cathair na Gaillimhe (Ceannáras)
- An Gort
- Inis Mór
- Baile Locha Riach
- An Creagán
- Port Omna
- Tuaim
- An Cheathrú Rua

Tá 165 pearsanra comhraicthe dóiteáin fostaithe ag an gComhairle anois i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus ar áirithíocht sa Chathair agus sa Chontae, ardoifigigh dhóiteáin, meicneoir briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta. Ina theannta sin, tá 7 ball foirne tacaíochta riaracháin sibhialtacha ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar fhoireann na Ceanncheathrún atá lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

### Gníomhaíocht Thionsclaíoch Náisiúnta um Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht agus an Comhaontú CCÁO

I mí an Mheithimh 2023 chuaigh comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht ar fud na tíre, i mbun gníomhaíocht thionsclaíoch, dírithe go príomha ar phá agus téarmaí agus ar phá agus coinníollacha, ar fachtóirí iad araon a chuir go mór leis an deacracht a bhí ag gach údarás dóiteáin maidir le comhraiceoirí dóiteáin a earcú agus a choinneáil. Maidir le pá, comhaontaíodh socruithe nua a chinntíonn tuilleamh íosta do na comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht go léir. I measc cuid de na gnéithe den chomhaontú a dhíríonn ar rátaí pá, tá uaireanta cinnte um shábháilteacht dóiteáin pobail, uaireanta roghnacha um shábháilteacht dóiteáin pobail le cur ar fáil, síneadh ar na huaireanta ardráta agus rátaí méadaithe pá as freastal ar oiliúint druile.

I gcomhthéacs na dtéarmaí agus na gcoinníollacha, ba í an tsaincheist ba mhó ná an tiomantas ama a bheith ar fáil chun freastal ar ghlaonna. Sa CCÁO, aontaíodh go gcuirfí an deis ar fáil do gach pearsanra a bheith ar fáil le haghaidh teagmhas ar bhonn seachtain ag obair agus seachtain shaor (solúbtha), agus go mbeidh an rogha acu freastal ar ghlaonna ar a seachtain shaor (solúbtha) más mian leo. Go bunúsach ciallaíonn sé seo, chun go n-áiritheofar go bhfuil go leor pearsanra chun fearas dóiteáin a shlógadh i gcónaí, tá sé riachtanach neart pearsanra i ngach stáisiún a mhéadú faoi 3. Cuireadh tús le próiseas earcaíochta agus oiliúna an phearsanra breise seo in R4, 2023 agus leanfar leis i rith 2024 ar fad.

### **Sprioc Straitéiseach**

*“Chun ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglúin seo agus leis na glúnta atá le teacht.”*

#### **POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE – CREAT LE HAGHAIDH SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN IN ÉIRINN**

D’fhoilsigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ) “Pobail a Choinneáil Sábháilte”, ar toradh é ar athbhreithniú ar Sheirbhísí Dóiteáin agus ar Shábháilteacht ó Dhóiteáin in Éirinn i mí Feabhra 2013. Is treoirphlean comhtháite é “Pobail a Choinneáil Sábháilte” (PCS) chun na ról ríthábhachtacha sábháilteachta poiblí a chomhlíonann na Seirbhísí Dóiteáin a fhorbairt, atá le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2013-2015, a bhainistíonn riosca, trí aghaidh a thabhairt ar fheabhsú sábháilteachta poiblí, laghdú ar theagmhais, caighdeáin freagartha agus struchtúir seachadta seirbhíse do na deich mbliana atá romhainn.

Críochnaíodh an catagóiríú riosca limistéir (CRL) do thailte uile an Stáisiúin Dóiteáin i nGaillimh agus cuireadh faoi bhráid an SNBDÉ é i samhradh na bliana 2015 mar chuid den 1<sup>ú</sup> tuarascáil an Ghrúpa Náisiúnta um Bailíochtú Seachtrach (GNBS), mar a d’iarr Ciorclán 05/2015 an SNBDÉ. D’eisigh SNBDÉ Tuarascáil náisiúnta EVG 1 in 2016. Bhí an dara babhta de chuairteanna EVG le réachtáil in 2020, rud nár tharla mar gheall ar an bpaindéim.

Mar gheall ar an bpaindéim, níorbh fhéidir leis an SNBDÉ an chuairt EVG II a phleanáil in 2020. Ina ionad rinne an SNBDÉ “Athbhreithniú Cumais” ar na seirbhísí dóiteáin go léir chun a fháil amach conas a phleanáil agus a rinne na seirbhísí sin a ngnó le linn na paindéime. D’eisigh an “bord athbhreithnithe acmhainne” a thuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2020. D’éirigh go han-mhaith le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe sa tuarascáil agus breathnaíodh uirthi mar shampla d’úsáid ArcGIS le haghaidh faisnéise agus bainistíochta oibriúcháin i réimse na Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Bainistíocht Éigeandála Drochaimsire. Mar thoradh ar an Athbhreithniú Acmhainne, chuidigh oifigeach dóiteáin sinsearach ó SDTG, agus tá sé ag leanúint ar aghaidh ag cuidiú leis an SNBDÉ ár n-ardán faisnéise oibriúcháin bunaithe ar ArcGIS a fhorbairt chun é a leathnú amach go náisiúnta chuig gach údarás dóiteáin.

#### **CAMP WEST (RIALÚ DÓITEÁIN RÉIGIÚN AN IARTHAIR)**

Lean SDT na Gaillimhe de thriail slógtha CAMP na Chéad Ghlúin Eile a réachtáil ar bhonn pólótach ag stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe mar chuid de leathnú amach trealaimh nua eis-stáisiúin i Stáisiún Dóiteáin i réigiún an Iarthair mar chuid de thionscadal Camp C<sub>Trí</sub>. Rinneadh obair ullmhúcháin theicniúil in 2018 agus 2019 i ngach stáisiún Dóiteáin chun aistriú chuig an gCóras



Raidió Digiteach Náisiúnta (TETRA) a chumasú i ngach feithicil agus i Stáisiún Dóiteáin na Ceanncheathrún, rud atá críochnaithe anois. Tá bord tionscadail C<sub>Trí</sub> tar éis tairiscint a chur amach chun go gcuirfí raidiúnna digiteacha in ionad gach raidió UHF (talamh theagmhais) atá i seirbhís go náisiúnta, rud a chuirfeadh feabhas ar chumarsáid ar thalamh theagmhais agus a chruthódh athléimneacht sa tseirbhís.

## BAINISTÍOCHT SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA

Tá polasaí Sláinte agus Sábháilteachta SDT na Gaillimhe le fáil i Lámhleabhar / Ráiteas Sábháilteachta an Chórais Bainistíochta Údaráis Áitiúil de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tugann Lámhleabhar Sábháilteachta na Comhairle mar atá saincheaptha do SDT na Gaillimhe aghaidh ar na timpeallachtaí oibre a bhíonn ag an tSeirbhís Dóiteáin, áit a bhfuil gá le chéile, riosca, agus acmhainní i raon leathan cásanna ina ghné de bhainistíocht na seirbhíse le fada an lá. Leagann Lámhleabhar Córas Bainistíochta Sábháilteachta Údaráis Áitiúil / Ráiteas Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe amach an cur chuige a ghlacann an tÚdarás Dóiteáin seo maidir le sábháilteacht a bhainistiú agus go háirithe a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh faoi Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

### **ISO 45001: Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde**

Tar éis creidiúnú a bhaint amach do chóras bainistíochta sábháilteachta OHSAS 18001 i mí na Nollag 2016 mar gheall gur coinníodh an creidiúnú seo agus an clár bainistíochta um shláinte agus sábháilteacht cuireadh chun cinn go leor de ghníomhaíochtaí a bhaineann le S&S na seirbhíse dóiteáin in 2023 agus tá achoimre ghearr orthu mar seo a leanas: -

#### **ISO 45001**

I mí Dheireadh Fómhair 2018 d'éirigh le SDT na Gaillimhe creidiúnú a bhaint amach don Chaighdeán nua Aitheanta go hIdirnáisiúnta ISO 45001. Tá ról lárnach ag iniúchtaí faireachais arna seoladh ag an gcomhlacht creidiúnaithe (an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - ÚCNÉ sa chás seo) sa chóras ISO 45001 chun a chinntiú go ndéantar córais bhainistíochta sábháilteachta a chothabháil agus a fheabhsú go comhsheasmhach de réir cheanglais an chóid chleachtais. Chuige sin d'éirigh le SDT na Gaillimhe in iniúchadh faireachais a rinneadh i mí na Bealtaine 2023 agus tá an chéad iniúchadh eile sceidealaithe do mhí an Mhárta 2024. Sa tréimhse idir iniúchtaí faireachais ÚCNÉ, rinne SDT na Gaillimhe 2 iniúchadh inmheánacha chun a chinntiú go raibh caighdeáin ÚCNÉ á gcoimeád agus á gcomhlíonadh.

- **Seiceálacha Sábháilteachta Stáisiúin Dóiteáin**

Cuireadh tús in 2017 le tionscnamh nua seiceálacha sábháilteachta rialta a dhéanamh ar stáisiúin dóiteáin. Is é cuspóir na seiceálacha seo, a dhéantar ar bhonn sé mhí ar stáisiúin dóiteáin an chontae agus ar bhonn ráithiúil do stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe, ná cur leis an tsraith reatha de mheasúnuithe riosca statacha ar ár stáisiúin dóiteáin (a ndéantar athbhreithniú orthu ar bhonn trí bliana). Ligeann siad freisin guaiseacha féideartha a shainaitheint go luath sna stáisiúin dóiteáin, rud a bhrostú ar chur chun feidhme beart rialaithe iomchuí agus gníomhartha ceartaitheacha.

- **Cruinnithe / Comhairliúcháin**

Lean Grúpa Stiúrtha SDT agus S&S na Gaillimhe ag teacht le chéile ar bhonn rialta in 2023. Reáchtáladh gach cruinniú den sórt sin go pearsanta nó trí ardán MS Teams, feidhmiúlacht ar glacadh léi mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Chuir paindéim Covid-19 isteach ar reáchtáil chruinnithe Ghrúpa Oibriúcháin S&S don Chathair agus do phearsanra ar Áirithíocht na Cathrach agus ar leithligh do phearsanra ar Áirithíocht an Chontae mar go raibh teorainn mhór lenár gcumas cruinnithe ar an láthair a thionól. Mar sin féin, reáchtáladh líon laghdaithe cruinnithe den sórt sin in 2020 agus in 2021. Bhí na cruinnithe seo de réir an sceidil riachtanaigh, go pearsanta nó trí MS Teams

- **Iniúchtaí**

Mar a luadh thuas, rinne an ÚCNÉ an t-iniúchadh faireachais ISO 45001 deiridh i mí na Bealtaine 2023. Rinne pearsanra na seirbhíse dóiteáin iarrachtaí suntasacha lena chinntiú go raibh a stáisiún dóiteáin i riocht maith. Chinn an ÚCNÉ nach raibh aon ábhar imní ann a d'fhág a raibh gá le deimhniú a tharraingt siar agus d'éirigh linn an deimhniú ISO 45001 a choinneáil. Tá na chéad iniúchtaí eile sceidealaithe do mhí an Mhárta 2024.

- **Smachtú Legionella**

Tar éis na measúnuithe riosca legionella ar na stáisiúin dóiteáin a rinneadh in 2016, forbraíodh agus tionscnaíodh clár Rialaithe Legionella in 2017. Baineann an clár le monatóireacht mhíosúil ar bhonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin ag sainchonraitheoir. In éineacht leis an gclár áirithe seo cuireadh tús le clár ar leith chun oibreacha leasúcháin a dhéanamh ar bhonneagar seirbhísí uisce i ngach stáisiún dóiteáin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a aithníodh sna measúnuithe riosca legionella. Críochnaíodh na hoibreacha seo den chuid is mó i mí na Nollag 2017. Leanadh le monatóireacht Legionella in 2023 chun leanúint ar aghaidh ag íslíú rátáil riosca legionella i stáisiúin dóiteáin.

- **Foghrúpa Sláinteachais**


Tar éis taighde idirnáisiúnta a dhéanamh ar na hiarmhairtí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann ó nochtadh do tháirgí dócháin do chomhraiceoirí dóiteáin, agus mar fhreagra ar phlé a reáchtáladh le linn cruinnithe an Ghrúpa Oibriúcháin Sláinte agus Sábháilteachta, bunaíodh Foghrúpa Sláinteachais ar a raibh ionadaithe ó bhainistíocht na seirbhíse dóiteáin agus comhraiceoirí dóiteáin faoi choinneáil agus lánaimseartha. Tá an grúpa seo ag féachaint ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tá dréacht-tuarascáil curtha le chéile aige ina bhfuil bearta rialaithe a d'fhéadfaí a bhreithniú chun aon rioscaí féideartha a laghdú.

- **Doiciméid S&S**


Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar roinnt doiciméad a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta in 2023 agus eisíodh cóipeanna díobh chuig stáisiúin dóiteáin. Leanamar orainn ag uaslódáil cáipéisíocht a bhaineann leis an gcóras bainistíochta sábháilteachta ar fheidhm leabharlainne chóras bogearraí an tSeomra Rialaithe Teagmhais agus táibléad fearas. Tá sé beartaithe gach cáipéisíocht S&S den sórt sin a choinneáil ar an mbealach seo, rud a chinnteoidh go mbeidh na doiciméid is déanaí ar fáil do gach criú dóiteáin i gcónaí. Scaiptear gach treoir oibríochta ar an mbealach céanna.

## OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN (FREAGRA)

Ba é líon iomlán na bhfreagraí éigeandála ó Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (SDTG) i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi seach in 2023 ná 1846 (1534 teagmhas) agus 733 i bhFearann Dóiteáin Chathair na Gaillimhe agus 1113 freagra éigeandála sa chuid eile de Chontae na Gaillimhe. Ardaíonn an ráta foriomlán glaonna ó 2022 le méadú de 34 glaoch sa Chathair agus laghdú de 18 nglaoch sa Chontae. Ar an iomlán, tá laghdú de 155 ar líon na dteagmhas. Léiríonn Fíor 2 treocht na n-eachtraí/freagraí ó 2013 – 2023 do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe. Tar éis laghdú ar an treocht ar líon na dteagmhas/bhfreagraí ar freastalaíodh orthu in 2019, 2020 agus 2021, tháinig méadú suntasach air in 2022 agus in 2023. Tá go leor den mhéadú seo mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na dtinte aiteann agus falscaithe ar freastalaíodh orthu in earrach/samhradh 2022 agus 2023. Léiríonn Fíor 3 treochtaí teagmhais/freagraí i limistéir thailte Dóiteáin Chathair agus Chontae faoi seach ó 2013-2023.




Fíor 2: Treochtaí Teagmhais do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe 2013 – 2023




Fíor 3: Treochtaí Teagmhais do Cheantair Talún Dóiteáin Chathair agus Chontae 2013-2023

### Slógáí in aghaidh an Stáisiúin 2023



Fíor 4: Miondealú ar Shlógáí in aghaidh an Stáisiúin in 2023

### Teagmhais in aghaidh Thalamh an Stáisiúin 2023



Fíor 5: Miondealú ar Líon na dTeagmhais in aghaidh an Stáisiúin in 2023

Tugann Fíor 4 miondealú ar shlógaí in aghaidh an stáisiúin 2023, agus léiríonn Fíor 5 na teagmhais in aghaidh Cheantair Talún Stáisiún na Gaillimhe. Tá méadú tagtha ar leibhéil iomlána gníomhaíochta ó leibhéil 2022 ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas agus tá an céatadán gníomhaíochta in aghaidh an stáisiúin fós sách seasta.

## Básanna Dóiteáin

Ar an drochuair bhí bás dóiteáin amháin mar gheall ar thine thaismeach in 2023 i gcathair agus contae na Gaillimhe.

## BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLAÍ

Lean an Coiste Forbartha Móréigeandála (CFM) ar bhunaigh an Chomhairle é mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua um Bainistiú Móréigeandála (BM) lena chuid oibre. Aighníodh agus síníodh Plean Móréigeandála an GCC in 2021, mar sin níor tharla ach nuashonruithe ar Aguisín B1 agus B2 “Príomhshealbhóirí Róil” in 2023. Rinne an Roinn Acmhainní Daonna é seo a bhainistiú.

Mar chuid de phleanáil Drochaimsire, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le Córas Mapála Teagmhais Drochaimsire (CMTDA) a fhorbairt mar a léirítear i bhFíor 6. Úsáidtear an córas chun tuairisciú agus taifeadadh a dhéanamh ar léarscáil bheo ARC GIS, na láithreacha agus na teagmhais tuilte go léir i limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá an córas nasctha go huathoibríoch le Léarscáil Dúnta Bóithre CCG a Bhaineann le hAimsir ar Láithreán Gréasáin an CCG, le MapAlerte agus le leathanach Twitter an CCG, a cheadaíonn nuashonruithe uathoibríocha a sholáthar don phobal le linn imeacht aimsire. Cuireadh oiliúint athnuachana ar siúl le gach Ceantar Bardasach le linn 2023 agus leanfar leis ar feadh 2024.

Go háitiúil, lean an coiste BM lena gcuid oibre ar athbhreithniú ar Phleananna Éigeandála Seachtracha (PÉS) do Shuíomh Seveso na Sraithe Uachtaraí (faoi na Rialacháin um Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist, 2015). Faoi na rialacháin seo ní mór do na Gníomhaireachtaí Príomhfhearartha (GPFanna) ábhartha, ar a dtugtar Údaráis Inniúla Áitiúla (ÚIÁna), athbhreithniú a dhéanamh ar PÉSanna gach trí bliana lena n-áirítear na cleachtaí a reáchtáil. I measc na ngníomhaireachtaí (ÚIÁna) atá i gceist tá Comhairle Chontae na Gaillimhe (lena n-áirítear Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe mar PÉ), Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Rannóg Garda Síochána na Gaillimhe, FSS Thiar (lena n-áirítear an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna) agus oibreoir an tsuímh agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear an tÚdarás Calafóirt, más infheidhme.

Reáchtáladh na cleachtaí agus an oiliúint mhóréigeandála seo a leanas in 2023:


- Oiliúint Chomhordaithe ar an Láthair ar an 10 Samhain 2023.
- Bainistíocht Mhóréigeandála, Oiliúint Bainisteora Faisnéise ar an 28 agus an 29 Feabhra 2023.
- Cleachtadh Freagra Aer Árann ar an 28 Samhain 2023.
- Slógadh Comhordaithe ar an Láthair mar Chuid de Chleachtadh Blue Horizon an Gharda Cósta ar an 17 Bealtaine 2023.
- Cleachtadh an Ionaid Chomhordaithe Áitiúil ar an 3 Márta 2023

- Mar chuid de na cleachtaí seo, lean SDTG ar aghaidh ag neadú an Aonaid Comhordaithe Shoghluaiste ar an Suíomh (bunaithe i stáisiún dóiteáin an Ghoirt) agus an Lárionad Comhordaithe Áitiúil. Úsáideann an dá cheann acu an córas nua bainistíochta faisnéise leictreonach (eIMS).

Chomh maith leis sin, lean pearsanra Comhairle Chontae na Gaillimhe lena rannpháirtíocht i nGrúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM West agus i nGrúpa Oibre Réigiúnach an MEM Thiar ina raibh baill de na Príomhsheirbhísí Éigeandála (PSE) i Réigiún an Iarthair (Seirbhísí Dóiteáin an Údaráis Áitiúil, Rannáin na nGardaí Áitiúla agus Seirbhís Otharcharranna an FSS).

Tá Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe fós mar phríomhshuíomh an Ionaid Comhordaithe Áitiúil (ICÁ) do na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PGRanna), Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS an Iarthair agus Rannóg Gardaí na Gaillimhe, do Mhóréigeandálaí i limistéar Chathair agus Chontae na Gaillimhe. I lár 2018, cuireadh cás faoi bhráid an SNBDÉ le haghaidh maoiniú chun gineadóir cultaca a chur ar fáil don ICÁ mar chuid de phlean leanúnachais gnó CCG.

Bhainistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-éileamh réigiúnach bliantúil thar ceann na 8 PGR i Réigiún an Iarthair in 2023 mar a rinne sna blianta roimhe seo.



Fíor 6: Córas Bainistíochta Imeachtaí Drochaimsire

## BAINISTÍOCHT STRUS TEAGMHAIS CHRITICIÚIL

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe mar údarás conarthach do Sheirbhísí Dóiteáin na n-údarás áitiúil i réigiún CAMP West de bheith ag bainistiú conartha ó Inspire Ltd chun seirbhísí CISM a sholáthar do Sheirbhísí Dóiteáin i réigiún an Iarthair ó Dheireadh Fómhair 2021 go Meán Fómhair 2024.

## Spríoc Straitéiseach

*“An rannpháirtíocht is leithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.”*

### SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN POBAIL & COSC


Bhí obair fós ar siúl sa Rannóg um Chosc ar Dhóiteán agus Sábháilteacht ó Dhóiteán le linn 2023. Cé gur cuireadh an clár scoileanna ar fionraí le linn na paidéime, cuireadh tús leis arís in 2023.

#### Cigireachtaí

Rinne an Rannóg um Chosc Dóiteáin 228 iniúchadh ar áitribh in 2023 mar chuid dá Feidhm um Chosc Dóiteáin, faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981, faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 agus 2014, na hAchtanna Ceadúnúcháin, na hAchtanna um Pleanáil, agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha. Léiríonn an fíor seo go raibh 9 cigireacht níos lú ann ná mar a bhí in 2022.


#### Iarratais ar Cheadúnais Phoiblí

Fuair an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 149 iarratas ar cheadúnas poiblí in 2023. Léirítear gníomhaíocht ceadúnacháin poiblí ó 2011 go 2022 i bhFíor 7.




Fíor 7: Iarratais ar Cheadúnas Poiblí 2013-2023

## Achoimre ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán 2013 - 2023



*Fíor 8: Gníomhaíocht Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán (DSD) 2013-2023*

## Teastais um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas 2013 - 2023



*Fíor 9: Gníomhaíocht Teastas um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas 2013-2023*




## Iarratais ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Phléigh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteán le 285 Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán de gach cineál faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta. Is ionann líon foriomlán na n-iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus méadú 7% ó 2022. Taispeántar gníomhaíocht Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán ó 2013 go 2023 i bhFíor 8.

## Teastais um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba é líon iomlán na dTeastas um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas ar déileáladh leo in 2022 ná 103, méadú 8 ó 2022. Taispeántar gníomhaíocht Deimhnithe um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas ó 2012 go 2022 i bhFíor 17.




Fíor 10: Atreoruithe Pleanála 2013-2023

## Atreoruithe Pleanála


Bhí laghdú beag ar atreoruithe pleanála in 2023 agus ba é 20 líon iomlán na n-atreoruithe pleanála in 2023 don Chathair agus don Chontae. Léirítear an ghníomhaíocht atreoraithe pleanála ó 2013 go 2023 i bhFíor 18.

## Sábháilteacht ó Dhóiteáin Pobail agus Oileán

Le linn 2023, fuair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe (SDTG) 700 aláram deataigh féinchiomsitheach le cadhnraí fadsaoil. In éineacht leis an stoc reatha, cuireadh na halárim deataigh seo isteach i dtithe ar fud na Gaillimhe. Rinneadh Seiceáil Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile freisin do gach áitreabh ag an am ar suiteáladh an t-aláram deataigh.



Fóir 11: Sliocht ó NUROP, Seiceálacha Sábháilteachta ó Dhóiteán Baile




**Galway Fire & Rescue Service**  
Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe



**An Garda Síochána**

**Wildfire Information for Farmers & Landowners**

- It is **illegal** to burn on open ground for the control of growing vegetation between February 28<sup>th</sup> and September 1<sup>st</sup>
- Farmers and landowners in breach risk prosecution and or penalties under the Dept. of Agriculture's support payments for farmers (Single Farm Payment, AEOS, REPS, Disadvantaged Area Scheme)
- Galway County Council will impose a charge on the owners or the beneficial occupiers of the land or property in relation to the attendance of the Fire Service




**Wildfire Information for the Public**

- Avoid lighting fires outdoors when there are high winds or high temperatures
- Do not discard cigarette ends – make sure they are extinguished completely
- Report anyone acting irresponsibly or carelessly with fire in the countryside

**PLEASE REMEMBER!**

Wildfires are a serious drain on Fire Service resources. Fire crews may be delayed in attending life threatening house fires or road traffic collisions when fighting wildfires.

Fóir 12: Póstaer an Fheachtais chun Falscaithe a Chosc



Fíor 13: Teachtaireacht Pobail Sábháilteachta Dóiteáin i dtaobh Fearas

Ar an drochuair, mar gheall ar phaindéim Covid 19, bhí ar SDTG gach teagmháil phoiblí neamhéigeandála a chur ar fionraí ar nós cainteanna faoi shábháilteacht ó dhóiteán, cuairteanna fearais dóiteáin ar scoileanna agus oscailt stáisiúin dóiteáin don phobal. Cuireadh deireadh le Clár na mBunscoileanna do dhaltáí rang a 3 le linn 2021 agus 2022 freisin. Thosaigh siad seo go léir arís in 2023.

Reáchtáil SDTG feachtas fógraíochta um fhalscaithe (féach Fíor 13) sna nuachtáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta chun iarracht a dhéanamh líon na bhfalscaithe a laghdú go háirithe i gConamara agus i nDeisceart an Chontae. Cuireadh na póstaeir ar taispeáint freisin i ngnólachtaí feiceálacha sna ceantair. Lean SDTG le teachtaireacht sábháilteachta pobail ar fhearais dóiteáin rud a léirítear san fheachtas Náisiúnta STOP Tine.

### **Spríoc Straitéiseach**

*Chun cumas eagrúcháin a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca, agus trínár mBaill Foirne agus Comhaltaí Tofa a fhorbairt*

## **CAIPITIL**

In 2023, rinne Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe dul chun cinn ar na tionscadail a faomhadh faoi Chlár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin 2020 – 2025 leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ) sa Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Pobail agus Rialtais Áitiúil. Baineann sé seo leis an méid seo a leanas.

- Fearas Dóiteáin Aicme B nua do Chathair na Gaillimhe a fháil. Fuarthas an fearas nua Aicme B in R3, 2023
- Stáisiún Nua Dóiteáin Bhaile Átha an Rí – Táthar ag súil go gcríochnófar tógáil an Stáisiúin Dóiteáin Nua i mBaile Átha an Rí in R2, 2024 agus go n-osclófar go hoifigiúil é sa dara leath den bhliain

- Stáisiún Nua Dóiteáin Bhaile Locha Riach – Fuarthas faomhadh i bprionsabal don tionscadal. Mar gheall ar theagmháil leis an bpobal áitiúil agus leis an mBord Pleanála, tá an dul chun cinn mall. Tá an dearadh pleanála críochnaithe agus táthar ag súil go mbeidh iarratas Chuid 8 os comhair an Cheantair Bhardasaigh lena lua in R3, 2024
- Ceardlann Meicneora Briogáide Nua – Tar éis cás agus Measúnú Caipitil a chur faoi bhráid na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ), fuarthas faomhadh i bprionsabal ón SNBDÉ chun ceardlann meicneora briogáide a thógáil comhlonnaithe leis an stáisiún dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí. Tá doiciméid á chur le chéile chun foireann deartha a cheapadh don tionscadal. Beidh an tionscadal ar an suíomh céanna leis an Stáisiún Nua Dóiteáin i mBaile Átha an Rí agus ní féidir tús a chur leis go dtí nach mbeidh feidhm ag an gconradh reatha maidir leis an suíomh.

Leithdháil an clár soláthair Fearas Dóiteáin is déanaí 2 fhearas dóiteáin nua do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe. Táthar ag súil go bhfaighimid é sin sa dara leath de 2025.

Aithníonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe an tacaíocht ríthábhachtach seo a fháil don Chomhairle, chun tacú le soláthar seirbhísí dóiteáin agus éigeandála ag an gComhairle sa chathair agus sa chontae.

## OILIÚINT

Le linn 2023, chríochnaigh pearsanra Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe oiliúint ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta stáisiúin. Go ginearálta, bíonn an méid seo a leanas i gceist leis an oiliúint ag an stáisiún:

- Oiliúint oíche druileála ag stáisiúin faoi choinneáil sa Chathair agus sa Chontae
- Oiliúint faire laethúil i stáisiún lánaimseartha Chathair na Gaillimhe
- Cúrsaí oiliúna lárreithe tosaigh agus athnuachana araon

### Clár Oiliúna Oíche Druileála

Díríonn oiliúint ar an stáisiún ar scileanna lárreatha agus cuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil í.

### Clár Oiliúna Faire Laethúil

Díríonn oiliúint ar an stáisiún ar scileanna lárreatha agus cuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil í.

Díríonn an oiliúint seo ar scileanna lárreatha agus cuireann oifigigh i ngach stáisiún ar fáil í. Rinneadh cothabháil scileanna do róil speisialtóra freisin bunaithe ar fhearais speisialta suite ag an stáisiún lena n-áirítear:

- Aonad ábhar contúirteacha
- Aonad cúl

- Tairiscint éigeandála
- Ardán dréimire ón aer (ADA)
- Scileanna Comhraic Dóiteáin
- Cuairteanna ar Áitreabh Ardriosca le héirí cleachta leo.

### **Clár Oiliúna Láraithe Sheirbhís Dóiteáin na Gaillimhe**

Eagraíodh cúrsaí oiliúna tosaigh agus cúrsaí athnuachana go lárnach, mar a tharla sna blianta roimhe seo. I measc na gcúrsaí a reáchtáladh bhí:

- Cúrsa Scileanna Múchta Dóiteáin
- Gaireas Análaithe a Chaitheamh
- Cothabháil Gairis Análaithe
- Bainistíocht Sócmhainní
- Cúrsa Athnuachana an Chéad Fhreagróra i gCás Éigeandála
- Tarrtháil rópa
- Tarrtháil Uisce
- Athnuachan Láimhsiú
- Oibreoirí ADA
- CISM
- Oiliúint Tiomána
- Oiliúint Éifeachtach Cinnteoireacht
- Oiliúint Sábháilteacht Raideolaíoch
- Cumarsáid Raidió
- Ag obair ag Airde
- Oiliúint luasbháid
- Úsáideoir Speictriméadair Cheimicigh
- Oiliúnóir do Stáisiún Dóiteáin
- Oibreoir Feithicle Cianrialaithe

## Oiliúint Náisiúnta Láraithe

Sheol SDTG mic léinn amach ar chúrsaí láraithe oiliúna arna reáchtáil ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (SNBDÉ) agus ag an nGrúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (GONSÚÁ) ag ionaid oiliúna ar fud na tíre. Ina measc seo bhí:

- Gaireas análaithe Caitheoirí Céaduaire
- Cúrsa Teagascóra um Ghaireas Análaithe
- Modúl 1 d'Oifigigh Shóisearacha
- Modúl 2 d'Oifigigh Shóisearacha
- Cúrsaí Cinnteoireachta Éifeachtacha
- Cúrsaí do Theagascóirí um Thimpistí ar Bhóithre
- Cúrsa Teagascóra d'Oibreoir Caidéil
- Seimineáir Innealtóireachta Dóiteáin agus Ceannais Oibriúcháin d'Oifigigh Shinsearacha
- Bainistíocht na Seirbhíse Dóiteáin 1
- Oibreoirí Caidéil
- Seimineáir na nOifigeach Rialaithe Foirgníochta
- Comhdháil Chumann na bPríomhoifigeach Dóiteáin
- Seimineáir um Imscrúdú Dóiteáin
- Cúrsa Teagascóra an Chéad Fhreagróra Chairdiach
- Oiliúnóir do Stáisiún Dóiteáin
- Athdheimhniú do Theagascóir maidir le Caighdeáin Tiomána na Seirbhíse Éigeandála

## PEARSANRA

Is dúshlán leanúnach é líon na gcriúnna a choinneáil sa tseirbhís ar áirithíocht agus de bharr deacrachtaí earcaíochta bíonn sé deacair na socrúithe riachtanacha infhaighteachta a choinneáil. Leantar le hearcaíocht leanúnach ar bhonn bliantúil. D'fhaomh GBRÁ agus SNBDÉ le déanaí Athbhreithniú ar an tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht in Éirinn d'fhonn, i gcomhar le hionadaithe fostaithe, bearta a chur i bhfeidhm chun earcaíocht agus coinneáil sa tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht a fheabhsú. Tá moltaí an Athbhreithnithe pléite thuas i gcomhthéacs Chomhaontú Náisiúnta an CCÁO do Chomhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht.

Cosaint Shibhialta na Gaillimhe, trína 5 ionad oiliúna, Cathair na Gaillimhe, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaigne agus Cluain Bheirn. Leanadh leis an athdheimhniú go háitiúil chomh maith le traenáil Lárnach sa Choláiste Cosanta Sibhialta i Ros Cré.

Forbraíodh agus nuashonraíodh an suíomh ríomhfhoghlama nua d'oibrithe deonacha. Bhíothas in ann teacht ar na modúil agus na hábhair oiliúna ar fad ar an suíomh seo le linn na bliana 2023.

Chabhraigh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe leis an AGS le Cuardaigh do Dhaoine ar Iarraidh in 2023. Cuireadh de chúram ar chriúnna dróin agus báid chuardaigh cuardaigh éagsúla a dhéanamh le linn 2023. Cuireadh cúnamh ar fáil freisin do Chosaint Shibhialta Mhaigh Eo agus do Chosaint Shibhialta an Chláir le haghaidh cuardach do dhaoine ar iarraidh. Bhí cuardaigh thalamhbhunaithe agus uiscebhunaithe i gceist sna cuardaigh sin. Bhí thréimhsí gach cuardaigh an-fhada do na hoibrithe deonacha, a bhí thar a bheith gairmiúil agus tiomanta do na hiarratais.

Reáchtáladh clár oiliúna ar Chéad Fhreagairt Cairdiach, ar Fhreagróir Garchabhrach, ar Fhreagróir Éigeandála trínár láithreán ríomhfhoghlama nua i rith 2023 chun ár mbaill a choinneáil cothrom le dáta maidir leis na leibhéil Freagróirí seo. Reáchtáladh athdheimhniú i dtaca le Láimhsíú Sábháilte agus Bogadh Daoine do bhaill a raibh sé de riachtanas dóibh.

Leithdháil an Roinn Cosanta, Brainse na Cosanta Sibhialta €35,000 ar Ghailimh le maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhain. Úsáideadh an maoiniú seo chun feithicil 4 x 4 a fháil do Chosaint Shibhialta na Gaillimhe.

Beidh gach aonad ag freagairt arís d'iarratais a bpobal ar chúnamh ag imeachtaí pobail áitiúla, ag soláthar clúdach garchabhrach agus cúnamh eile a d'fhéadfaí a iarraidh nuair is féidir.

Ghlac an tOifigeach Cosanta Sibhialta páirt i bhFóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus rinne baill Cosanta Sibhialta tascanna do dhaoine leochaileacha a aithníodh sna grúpaí fóraim, lena n-áirítear iompar a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha le haghaidh coinní ríthábhachtacha leighis. Tá an tOifigeach Cosanta Sibhialta ina bhall freisin de Choiste Bainistíochta Móréigeandála Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ghlac sé páirt sna cleachtaí Móréigeandála a reáchtáladh i rith na bliana.

Bhí gach ceann de na hAonaid Cosanta Sibhialta ag earcú ball nua go gníomhach i rith 2023.

Chríochnaigh gach ball nua a nGrinnfhiosrúchán Garda agus d'fhreastail siad ar oiliúint. Tá earcaíocht ar siúl faoi láthair.

Lean an Chosaint Shibhialta orthu ag úsáid an chórais ríomh-ghrinnfhiosrúcháin do bhaill nua agus baill reatha in 2023. Leanann an córas seo ar aghaidh ag léiriú go bhfuil sé níos éifeachtaí agus faightear tuairisceáin stádais grinnfhiosrúcháin laistigh de fhráma ama i bhfad níos giorra.



Fíor 14: Foireann SUA Cosanta Sibhialta i mbun cuardaigh ar dhaoine ar iarraidh in aice le Cuan na Gaillimhe.



Fíor 15: Ardchúrsa Oiliúna an Chéad Fhreagróra Chairdiach i gCluain Bheirn.

### **Sprioc Straitéiseach**

*Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid.*

#### **SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ**

Phróiseáil agus thug Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe gearáin um chosc dóiteáin mar a fuarthas ar bhonn tosaíochta. Tá rannóg nua um Sheirbhís do Chustaiméirí san áireamh i nDréachtphlean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála Alt 26.



### CAOMHNÚ UISCE

Le linn 2023, leanadh ar aghaidh le sceitheadh ón líonra dáileacháin uisce a laghdú trí oibreacha idirghabhála pleanáilte agus frithghníomhacha tríd an gClár Laghdaithe Sceite (CLS), i gcomhar le hoibreacha athshlánúcháin faoin gClár Líonra Uisce (CLU).

In 2023 rinneadh oibreacha suntasacha athshlánaithe i mBéal Átha na Sluaighe, i nDún an Uchta, i gCasla, in Inis Oírr agus Inis Bó Finne a chuirfidh feabhas ar chaighdeán an uisce agus ar chúrsaí soláthair sna ceantair sin.

Ag Breathnú ar Aghaidh, déanfar infheistíocht leanúnach sa líonra tríd an CLU in 2024 le hathshlánú agus laghdú leanúnach ar sceitheadh tríd an CLS.

I measc na bpríomhshruthanna oibre eile atá ar siúl ag an am céanna, agus a bhfuiltear ag súil go mbainfidh tairbhe bhreise leo sa Chontae tá:

- Aimsigh & Deisigh - trí úsáid a bhaint as acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus acmhainní Criúnna agus Conraitheoirí Oibriúcháin agus Aimsigh agus Deisigh ar fud roinnt Ceantair Méadraithe Dúiche (CMDanna) ar fud an Chontae.
- Bainistíocht Brú - ag baint úsáid as acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus acmhainní Chriúnna agus Conraitheoirí Oibriúcháin 'Aimsigh agus Deisigh' ar fud gach Rannán Seirbhísí Uisce; Thuaidh, Theas agus Thiar.
- Athshlánú Príomhlíonra - (lena n-áirítear athsholáthar luaidhe) tá Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonra ag leanúint ar aghaidh ar fud gach Rannán Seirbhíse Uisce; Thuaidh, Theas agus Thiar.
- Tá na Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonraí ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí na chéad chéime ar fud an chontae.
- Méadrú (Neamhbhaile) - tá na Conraitheoirí Athshlánaithe Príomhlíonraí ag tabhairt faoi mhéadrú ar an láthair ar fud an Chontae.

De réir mar a théann an obair ar aghaidh ar na sruthanna oibre seo sna blianta amach romhainn, sábhálfar méid suntasach uisce. Rachaidh sé seo chun tairbhe na gcustaiméirí agus an phobail araon.

### CLÁR UISCE TUAITHE

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Maoirseachta d'earnáil na ngrúpscéimeanna uisce ina limistéar feidhme, ciallaíonn sé seo gurb ionann an ról aici agus an ról atá ag an GCC ina mhaoirseacht ar Uisce Éireann. Tugann an Clár Uisce Tuaithe (CUT) tacaíocht do ghrúpscéimeanna trí fhóirdheontas Bhliantúil agus An Clár Ilbhliantiúil Uisce Tuaithe (CIBUT). Is clár atrátha trí bliana maoinithe ag an rialtas é CIBUT a sholáthraíonn infheistíocht chaipitil don earnáil. Mar gheall ar an bpaindéim, tá an plean atá i bhfeidhm faoi láthair (CIBUT 2019-2021) tar éis dul thar a thréimhse ainmnithe. Reáchtálfar an chéad CIBUT eile ó 2024-2026.

Déanann an Clár Uisce Tuaithe iniúchadh ar ghrúpscéimeanna freisin. Is é cuspóir an iniúchta ná athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair uisce ón dobharcheantar, trí asbhaint, cóireáil uisce agus seachadadh chuig sconná an chustaiméara tríd an bpríomhlíonra. Tugann na hiniúchtaí deis comhoibriú leis an scéim chun réimsí gnímh a aithint agus tacaíocht a sholáthar don scéim maidir le seachadadh laethúil uisce dá custaiméirí. Féachann an t-iniúchadh le deimhniú go bhfuil bacainní láidre ar uisce éillithe ag dul isteach sa soláthar uisce.

Soláthraíonn an CUT deontais fóirdheontais freisin i dtreo oibriú agus cothabháil leanúnach grúpscéimeanna uisce. Tá caighdeán an uisce agus comhlíonadh na gcaighdeán Rialaithe Uisce Óil Iárnach i gcinntí infheistíochta. Is é an fóirdheontas íosta ná 85% de na costais reatha bliantúla, ag brath ar mhéid na nasc baile sa scéim.

Cuireann an CIBUT, atá á mhaoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú caipitil ar fáil do scéimeanna. Tá an leibhéal tacaíochta deontais idir 75% agus 100%, ag brath ar chatagóir na n-oibreacha.

Chuir an hipirbhoilsciú in ábhair agus i bhfuinneamh dúshlán mór roimh scéimeanna le linn 2023 ach tugadh faoi deara laghdú ar bhoilsciú agus ar chostais fuinnimh a chuaigh chun sochair oibriú scéimeanna ar fud an chontae.

Tá sonraí na mbeart maoinithe faoin gclár leagtha amach thíos.

#### **Beart 1: Cosaint Foinse**

(Earnáil GU) – Cosaint foinse amhuisce GU atá ann cheana (2(e) a bhíodh ann roimhe). Céim 1 agus Céim 2 atá anseo.

- Ba é Céim 1 na tuarascálacha ZOC (deontas uasta €3,000 X 85%).
- Tá Céim 2 ar 100% faoi réir uasmhéid 9,000 in aghaidh an tí thar gach ceannteideal maoinithe.

#### **Beart 2: Comhlíonadh Sláinte Poiblí**

Áiseanna Cóireála a Uasghrádú

- a. Feabhsúcháin Chóireála Uisce (RAL) 100%
- b. Cónascadh/cuíchóiriú 100%
- c. Costais athsholáthair caipitil 85%

#### **Beart 3: Scéimeanna atá ann cheana a fheabhsú, lena n-áirítear caomhnú uisce (**

Rannóg GU) Caomhnú uisce agus uasghrádú líonra lena n-áirítear stóráil.

- a. Caomhnú Uisce (85%)
- b. Uasghrádú Líonra (85%)

#### **Beart 4: Grúpscéimeanna Nua Uisce**

- a. Scéimeanna Neamhspleácha
- b. Síntí

85% faoi réir gnáth-theorainneacha nó 90% i gcásanna eisceachtúla.

#### **Beart 5: Grúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann cheana a aistriú chuig an Earnáil Uisce Pobail (Uisce Éireann)**

Scéimeanna atá ann cheana ar mian leo go dtógfad iad i gcúram.

#### **Beart 6: Naisc Phobail (Uisce agus Fuíolluisce)**

Síntí amach ón líonra poiblí

#### **Beart 7: Nuálaíocht agus Taighde**

- a. Tograí maidir le teicneolaíocht nua a úsáid in earnáil uisce an ghrúpa
- b. Tionscadail in earnáil an uisce tuaithe chun tacú le cuspóirí na gCreat-Treoracha Uisce, lena n-áirítear feasacht.

#### **Beart 8: Toibreacha Aonair (75%) agus córais chóireála fuíolluisce ar an láthair (de réir tástála acmhainne).**

Tháinig an clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2019-2021 chun críche in 2021 ach tugadh ar aghaidh é go dtí 2022 agus 2023 toisc go raibh drochthionchar ag paidéim COVID ar an gclár. Cuirfear aon tionscadail nach gcríochnófar faoin gclár isteach arís le haghaidh maoiniú faoin gcéad chlár eile.

*Baineann coinníollacha agus uasteorainneacha áirithe leis na bearta cistiúcháin go léir. Míneofar iad seo le linn an phróisis iarratais.*

#### **CIBUT 2023-2025: Beart A8 (Líonra agus Cóireáil do Shráidbhailte nach bhfuil Séarach acu)**

Sular foilsíodh an chéad Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe eile CIBUT, d'fhoilsigh an tAire iarratais ar aighneachtaí ar mhaoiniú ó chiste €50M chun aghaidh a thabhairt ar shráidbhailte agus ar bhailte nach bhfuil líonraí séaraigh bhréin nó cóireáil fuíolluisce acu. Ba iad na critéir roghnúcháin ná dochar don chomhshaol, dochar do shláinte an duine agus soláthar tithíochta. Rinne foireann ó Sheirbhísí Tithíochta, Comhshaoil, Pleanála agus Uisce measúnú ar liosta na sráidbhailte agus na mbailte nach bhfuil séarach acu. Roghnaíodh Creachmhaoil agus Droichead an Chláirín bunaithe ar na critéir agus cuireadh dhá iarratas isteach ar mhaoiniú.


D'éirigh leis an gComhairle faomhadh maoinithe a fháil don dá shráidbhaile, tá an méid maoinithe agus an ranníocaíocht áitiúil a bhí ag teastáil léirithe sa tábla seo a leanas;

Sráidbhailte	Costas Iomlán Measta (€m)	Maoiniú Faofa (€m)	Maoiniú an Údaráis Áitiúil (15%) (€m)
Creachmhaoil	€11.9m	€10.4m	€1.5m
Droichead an Chláirín	€10.0m	€8.9m	€1.1m

## CLÁR NA NOIBREACHA CAIPITIÚLA

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe uirthi ag déanamh dul chun cinn ar thionscadail Seirbhísí Uisce ar Chláir Infreastruchtúir agus Oibreacha Caipitiúla Uisce Éireann, i gcomhréir leis an gComhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann. Tugann Uisce Éireann tús áite do thionscadail chun bonneagar seirbhísí uisce atá ann cheana a chur ar fáil nó a fheabhsú, rud a éascóidh comhlíonadh na Treorach Fuíolluisce Uirbhígh agus na Creat-Treorach Uisce. Ullmhaítear Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann gach cúig bliana ar a laghad agus cuirtear faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntas é chun maoiniú a fhaomhadh.

Chuir Coffey Construction Ltd. tús le hoibreacha ar thionscadal Líonra Fuíolluisce Bhaile Átha an Rí i mí Feabhra 2023 agus tá dul chun cinn suntasach déanta ar an obair. Tá tógáil an líonra féin beagnach críochnaithe agus táthar ag súil go ndéanfar coimisiúnú iomlán ar stáisiún caidél nua i bPáirc na hAbhann sna míonna amach romhainn.



*Stáisiún Caidéalúcháin Pháirc na hAbhann, Baile Átha an Rí*

Críochnaíodh na hionaid nua cóireála fuíolluisce sa Spidéal agus in Áth Eascrach in 2023. Tá siad á n-oibriú faoi láthair ag Coffey Water Ltd. Áiríodh sa chonradh do chéim oibriúcháin 12 mhí don dá ionad. Is ionaid chóireála thánaisteacha iad an dá cheann – Tá cumas dearaidh 1,000 in aghaidh na coibhéise daonna ag an Spidéal agus tá cumas 470 in aghaidh na coibhéise daonna ag Áth Eascrach. Tá eisilteach táirgthe ag an dá ionad atá go maith laistigh dá dteorainnluachanna nochtá go dtí seo.



***Ionad Cóireála Fuíolluisce Áth Eascrach***



***Ionad Cóireála Fuíolluisce an Spidéil***



***Oscailt Oifigiúil Ionad Cóireála Fuíolluisce an Spidéil, 24 Samhain 2023***

Tá dul chun cinn déanta ar obair phleanála agus dearaidh d'Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Ghártha agus d'Ionad Cóireála Fuíolluisce an Chreagáin. Tá imscrúdú suímh agus fáil talún tugtha chun críche don dá thionscadal. Tá sé beartaithe an t-eisilteach cóireáilte a scaoileadh ón ionad cóireála fuíolluisce uasghrádaithe i mBéal Átha Ghártha go hAbhainn na Suca. Beidh príomhphíobán ardaithe nua thart ar 3km de dhíth chuige seo. Tá sé i gceist go gcuirfear Béal Átha Ghártha agus an Creagán ar aghaidh mar chonradh amháin le tógáil faoi dheireadh 2025.

Cuireadh stop le tionscadail Ionad Cóireála Fuíolluisce na Ceathrún Rua agus Ionad Cóireála Fuíolluisce Chloch na Rón mar gheall ar athbhreithnithe breithiúnacha ar an bpróiseas OCÉ do na suímh tá beartaithe. Idir an dá linn, tá imscrúdú suímh don ionad caidéalaithe deiridh atá beartaithe ag Cloch na Rón, (a theastaíonn ar aon nós), tugtha chun críche. Tá sé socraithe ag Uisce Éireann OCÉ don láthair sa Cheathrú Rua a tharraingt siar agus tá sainchomhairleoir ceaptha chun an tionscadal a athscrúdú.

Tá pleanáil agus réamhdhearadh á chur chun cinn freisin ag Ionad Cóireála Fuíolluisce (ICF) Dhún an Uchta. Tá gearrliosta roghanna á mheasúnú faoi láthair d'fhonn an réiteach is fearr a roghnú do Dhún an Uchta. Tá oibreacha ag dul ar aghaidh chomh maith maidir le deireadh a chur le heisilteach neamhchóireáilte ag Bóthar na Críche i mBéal Átha na Sluaighe agus maidir le laghdú ar dhraenacha stoirme ag Bóthar an Stáisiúin i mBaile Locha Riach.

## TUAIRISCIÚ FEIDHMÍOCHTA

### TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

**\*\*Le nuashonrú go dtí go bhfoilseofar foilseachán deiridh CNMI\*\*** Foráladh le hAlt 126(c) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 go mbunófaí Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI). Feidhm de chuid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) is ea grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht aon chomhlachta rialtais áitiúil i gcoinne, nó i gcomparáid, le táscairí ábhartha a mheasann an Coimisiún gur cuí tagairt a dhéanamh dóibh, agus lena n-áirítear táscairí ábhartha a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí.

Iarrtar ar Údarás Áitiúla faisnéis agus sonraí a bhailíochtú agus a chur isteach maidir le 42 Tháscaire Feidhmíochta. Déanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) na sonraí seo a thiomsú agus cuirtear ar fáil iad do CNMI le haghaidh tuilleadh anailíse agus foilsithe mar chuid de thuarascáil Náisiúnta ar Tháscairí Feidhmíochta na nÚdarás Áitiúil. Chomh maith leis an bhfaisnéis a chuireann an Chomhairle ar fáil, cuireann comhlachtaí seachtracha Aonad Cláraithe Feithiclí (ACF) na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS), an GCC, agus an Oifig um Bainistíocht Bóithre (OBB) sonraí ar fáil atá bunaithe ar chórais tuairiscithe náisiúnta eile nach mór don Chomhairle sonraí a chur faoina mbráid. Déanann an Chomhairle an fhaisnéis sin a shábháil agus a bhailíochtú mar chuid de na tuairisceáin náisiúnta agus úsáid á baint as córas ríomhfillte ar líne.

Déanann na táscairí iarracht cur chuige coiteann a sholáthar maidir le tomhas agus tagarmharcáil. Cuirtear an fhaisnéis seo ar fáil chun tacú le gach údarás áitiúil feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad do phobail áitiúla. Creideann CNMI, go bhfuil scóip ann dea-chleachtas a fhorbairt agus a fheabhsú i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna ag comhlachtaí rialtais áitiúil, ach bheith ag foghlaim óna chéile.

Is próiseas leanúnach é an obair ar na táscairí a bheachtú agus aithníonn CNMI gur gá tacar sonraí níos ábhartha a mhodhnú nó a athsholáthar i roinnt de na táscairí.

Don bhliain 2023, bhí 45 táscaire feidhmíochta údaráis áitiúil ann, mar a leagtar amach thíos.

Cuirtear tagairt ar fáil do gach Táscaire mar seo a leanas:

- Tithíocht (H1 go H7)
- Bóithre (R1 go R3)
- Uisce (W1 agus W2)
- Dramhaíl/Comhshaol (E1 go E7)
- Pleanáil (P1 go P5)
- An tSeirbhís Dóiteáin (F1 go F3)
- Leabharlann/Caitheamh Aimsire (T1 agus T2)
- An Óige/Pobal (Y1 agus Y2)
- Corparáideach (C1 go C5)
- Airgeadas (M1 go M4)
- Forbairt Eacnamaíoch (J1 go J5)



TUARASCÁLACHA BEARTAS STRAITÉISEACH & TUARASCÁLACHA NA GCEANTAR BARDASACH

Tuarascálacha Beartas Straitéiseach

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA (CBS) D'FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS FIONTRAÍOCHTA

**Ballraíocht**

Ainm	Cathaoirleach	Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht
An Comh. Karey McHugh *Comhaontaíodh an Comh. Steven McHugh a chur ina háit ar feadh tréimhse le linn 2023	4	4
An Comh. David Collins		3
An Comh. Declan Geraghty		4
An Comh. Gerry Finnerty		4
An Comh. Mary Hoade		2
An Comh. Tim Broderick		3
An Comh. Shane Curley (a tugadh isteach sa bhallraíocht in 2023)		2
<b>Pobal/Deonach</b>		
An tUasal Dan Dowling (Forbairt Pobail Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe Teo)		3
<b>Ceardchumann</b>		
Marian Spellman Uasal		3
<b>An Earnáil Forbartha &amp; Foirgníochta</b>		

An tUasal Paul Carey		3
<b>Earnáil Ghnó/Tráchtála</b>		
An tUasal David Hickey		2

Tionóladh 4 chruinniú den CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta in 2023.

Rinne an CBS obair shuntasach ar roinnt réimsí agus d'éist siad le roinnt cur i láthair agus leis an eolas ba dhéanaí faoi na réimsí oibre seo. Áiríodh leis seo an méid seo a leanas:

- Nuashonrú ar an Straitéis Turasóireachta agus na chéad chéimeanna eile tar éis glacadh léi ag an gcomhairle iomlánach i bhFómhar 2023
- An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail
- Athbhreithniú ar SABS agus ar scéimeanna Sráid-Dreacha 2023
- Tionscadal an Chiste Athnuachana agus Forbartha Tuaithe
- Mol Nuálaíochta Bia i mBaile Átha an Rí – forléargas agus nuashonruithe

Cuirfidh go leor den obair a rinneadh in 2023 le forbairt leanúnach eacnamaíochta agus fiontraíochta na Gaillimhe agus beidh sé ar na gníomhartha tosaíochta sna blianta amach romhainn mar a aontaíodh san PÁEP.

Cuireadh an Comhairleoir Shane Curley leis an mballraíocht le linn 2023 in ionad an Chomhairleora Mary Hoade.

Ar an 25 Meán Fómhair 2023, ag Cruinniú Iomlánach Mheán Fómhair, ainmníodh agus moladh an tUasal Steven McHugh. Ansin tacaíodh leis agus comhaontaíodh go ndéanfadh sé folúntas ar an CBS a líonadh go mbeadh sé mar Chathaoirleach ar an CBS tar éis don Chomh. K. McHugh Farag a bheith as láthair ar bhonn sealadach.

## CBS TITHÍOCHTA

### Ballraíocht

Ainm	Cathaoirleach	Tithíocht
An Comh. Joe Byrne	1	1
An Comh. Thomas Welby		1
An Comh. Eileen Mannion		1
An Comh. Jimmy McClearn		1

An Comh. Colm Keaveney		<b>1</b>
An Comh. James Charity		<b>1</b>
An Comh. Seamus Walsh		<b>1</b>
<b>Pobal/Deonach</b>		
Marcella Conneally Uasal		<b>1</b>
<b>Cuimsiú Sóisialta</b>		
An tUasal Martin Ward		<b>1</b>
<b>Gnó</b>		
An tUasal Kenny Deery		<b>1</b>
<b>An Earnáil Tógála</b>		
An tUasal Mark Coffey		<b>1</b>

Le linn 2023, tháinig baill eile in ionad na mball seo a leanas

- An Earnáil Pobail/Dheonach – Tháinig Marcella Conneally Uasal in áit Aimee McGee Uasal
- An Earnáil Gnó – Tháinig an tUasal Kenny Deery in áit an Uasail Enda McGuane
- Ionchuisiú Sóisialta – Tháinig an tUasal Martin Ward in áit Nora Corcoran Uasal

#### Dátaí Cruinnithe

- An 1 Feabhra 2023
- An 5 Aibreán, 2023
- An 7 Meitheamh 2023
- An 6 Meán Fómhair 2023
- An 15 Samhain 2023

Is iad seo a leanas na príomhcheistanna beartais a phléigh agus a bhreithnigh CBS Tithíochta in 2023:

- Tithíocht Do Chách
- Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta

- Scéim Tosaíochtaí do Thithíocht Inacmhainne
- Talamh a fuarthas faoin Scéim Tionónta in Situ
- Scéim Leithdháilte Tithíochta Sóisialta
- Comhlachtaí Tithíochta Faofa agus an Scéim ASLC (Ard-Saoráid Léasaithe Caipitil) Nua
- Bainistíocht Tionóntachta agus Eastáit
- Clár Athlonnaithe Dídeanaithe
- Tithe Folmha lena n-áirítear Croí Cónaithe
- Freagra na hÚcráine
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean
- Cothabháil Tithíochta
- Cuir i Láthair ó Chomhlachtaí Lasmuigh lena n-áirítear an Clár um Thithe Sláintiúla a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus cur i láthair ó Peter McVerry.

---

## CBS IOMPAIR & BONNEAGAIR

### Ballraíocht

Ainm	Cathaoirleach	Bóithre, Iompar & Muir
An Comh. Peter Roche	1	1
An Comh. Geraldine Donohue		1
An Comh. Tomás Ó Curraoin		1
An Comh. Declan Kelly		1
An Comh. Jim Cuddy		1
An Comh. Gerry King		1
An Comh. Albert Dolan		1
<b>Talmhaíocht/Feirmeoireacht</b>		
An tUasal John Finn		1
<b>Earnáil Ghnó/Tráchtála</b>		
An tUasal Kenny Deery Comhlachas Tráchtála		1

<b>Pobal/Deonach</b>		
An tUasal Tom Madden, Oiliúint don Fhostaíocht Bhéal Átha na Sluaighe Teo., Ionad Fiontair Bhéal Átha na Sluaighe		<b>1</b>
<b>An Earnáil Forbartha agus Foirgníochta</b>		
An tUasal Diarmaid Kelly, Cuan (Beo) (PPN)		<b>1</b>

Tháinig Coiste um Beartais Straitéiseacha na mBóithre le chéile faoi thrí in 2023.

Pléadh na hábhair seo a leanas agus rinneadh dul chun cinn orthu ag na cruinnithe seo:

1. Dréachtphlean Bainistíochta Inbhuanaithe Plandaí
2. Beartas le haghaidh Iompar Poiblí
3. An t-eolas is déanaí maidir le Scéim Athailínithe N63 An Lios go dtí an Mhainistir
4. An t-eolas is déanaí maidir le Forbairt Ché Inis Oírr
5. An t-eolas is déanaí maidir le Pleananna Iompair Áitiúil
6. An t-eolas is déanaí maidir le Glacadh ar Láimh
7. Nuashonrú ar Chlár na mBóithre, 2023

I mí an Mhárta 2023, thug Valerie Loughnane Uasal, Pleanálaí Sinsearach, freagraí ar cheisteanna a ardaíodh ar Chuspóir MCC4 – Creatphlean Bainistíochta Comhtháite an Phlean Forbartha Contae.

Thug Rachel Lowe, Innealtóir Sinsearach cur i láthair agus breac-chuntas do bhaill den choiste ar an eolas is déanaí maidir le forbairt Plean Inbhuanaithe um Chosaint Plandaí a chuideoidh le líon na lotnaidicídí a úsáidtear ar fud an chontae a laghdú.

Chuir an tUasal Pender/an Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí in iúl do na comhaltaí go bhfuil Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG) faoi bhreithniú faoi láthair.

Thug Rachel Lowe, Innealtóir Sinsearach, an t-eolas is déanaí ar chlár oibre na mbóithre agus thug sí le fios gurb é an príomhdhúshlán a bhí le sárú ag an gclár oibre ná an boilsciú ar chostais ábhar agus saothair.

I mí an Mheithimh 2023 chuir an Oifig um Dhearadh Bóithre an t-eolas is déanaí i láthair maidir le Scéim Athailínithe N63 an Lios go dtí an Mhainistir.

Ag Cruinniú CBS mhí Mheán Fómhair, thug Sarah Silke Uasal an t-eolas is déanaí maidir le Forbairt Ché Inis Oírr. Thug Kasia Garvey Uasal cur i láthair ar na Pleananna Iompair Áitiúil agus thug Edel Hourigan Uasal, Oifigeach Riaracháin, an t-eolas is déanaí maidir leis an bpróiseas Tógáil i gCúram.

**Ballraíocht**

Ainm	Cathaoirleach	Pleanáil & Pobal
Shane Curley	Meán Fómhair 2022 go Meán Fómhair 2023	
Mary Hoade	Mary Hoade Meán Fómhair 2023 go dtí anois	
Michael Connolly		
PJ Murphy		
Donagh Killilea		
Michael Maher		
Dáithí Ó Cualáin		
Shelly Herterich Quinn		
<b>LRP</b>		
Mark Green		
Aodán Mac Donnacha		
<b>Cónaidhm Thionscal na Tógála</b>		
Colm Ryan		
<b>Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann</b>		
		<b>Níl aon ionadaí ó Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann ar an gcoiste faoi láthair toisc gur éirigh Ann Mitchell as</b>

Tionóladh 4 chruinniú de Sheirbhísí Pleanála, Comhshaoil, Talmhaíochta agus Éigeandála lena n-áirítear dhá chomhchruinniú le CBS Pleanála Chathair na Gaillimhe.

I measc na n-ábhar a pléadh ag an gComhchoiste um Beartais Straitéiseacha, bhí:

- Rialachas PSCU (Plean Straitéiseach Ceantair Uirbigh)
- Iar-Láithreán Aerfoirt

I measc na n-ábhar ar pléadh in 2023 bhí:

- Plean Forbartha Nua Chontae na Gaillimhe 2022-2028

- Reachtaíocht maidir le forbairtí ar mhórsála
- Cáin ar Thalamh Chríosaithe Cónaithe
- Reiligí
- Tionscnamh frithdhumpála

---

## CBS FORBAIRT POBAIL & FORBAIRT CHULTÚRTHA

### Ballraíocht

Ainm	Cathaoirleach	Forbairt Pobail & Cultúr
An Comh. Dermot Connolly	4	4
An Comh. Ivan Canning		3
An Comh. Pádraig Mac an Iomaire		3
An Comh. Peter Keaveney		4
An Comh. Andrew Reddington		3
An Comh. Liam Carroll		4
<b>An Earnáil Dheonach Pobail</b>		
Megan Flynn Uasal		4
<b>Earnáil Ghnó</b>		
Helena McElmeel Uasal, (RIAI)		3
<b>Earnáil Ionchuisiú Sóisialta</b>		
An tUasal Máirtín Davy		4

Tháinig an Coiste um Beartais Straitéiseacha Pobail agus Cultúir le chéile faoi cheathair in 2023, an 8 Feabhra 2023, an 22 Feabhra 2023, an 29 Samhain 2023 agus an 11 Nollaig 2023.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna beartais a bhaineann le Pobal & Cultúr a phléigh agus a bhreithnigh CBS Pobail agus Cultúir in 2023.

- Dréacht-Fhodhlíthe Tránna Chomhairle Chontae na Gaillimhe
- Leabharlanna Aoibhúla
- Straitéis Náisiúnta na Leabharlainne Poiblí “Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid”.
- Stiúrthóirí Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta i gCathair agus Contae na Gaillimhe
- Gradaim:
  - Gradaim Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara
  - Gradaim Uile-Oileáin Mórtas Cine is Ceantair IPB
  - Gradaim Náisiúnta Aoibhúla
- Uasghrádú ar Chlár na nEalaíon 2023
- Uasghrádú ar an gClár Éire Ildánach 2023
- Uasghrádú ar an gClár um Ealaín Phoiblí 2023.

---

## CBS ATHRÚ AERÁIDE AGUS AN BHITHÉAGSÚLACHT

### Ballraíocht

Ainm	Cathaoirleach	An tAthrú Aeráide agus an Bhithéagsúlacht
An Comh. Alastair McKinstry	1	1
An Comh. Gabrielle Cronnelly		1
An Comh. Noel Thomas		1
An Comh. Joe Sheridan		1
An Comh. Evelyn Parsons		1
An Comh. Martina Kinane		1
<b>Pobal/Deonach</b>		
Mags Sheehan		1
Peter Butler		1
<b>Earnáil Ghnó/Tráchtála</b>		
John Hynes		1
<b>Talmhaíocht / Feirmeoireacht</b>		



Tionóladh 4 Chruinniú agus Ceardlann amháin de chuid an CBS um Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht in 2023.

Pléadh na hábhair seo a leanas agus rinneadh dul chun cinn orthu ag na cruinnithe seo:

- Straitéis Luchtaithe d’Fheithiclí Leictreacha
- An bithéagsúlacht
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide
- Comhtháthú agus Cur i bhFeidhm Chearta an Dúlra in oibreacha na Comhairle
- Ceardlann ar Ghníomhú ar son na hAeráide agus Gníomhartha Féideartha ar son na Bithéagsúlachta do na Pleananna

## TUARASCÁLACHA NA GCEANTAR BARDASACH

### CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Tháinig Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe le chéile ceithre huairé déag in 2023. Cruinnithe speisialta a bhí in dhá cheann de na cruinnithe seo. Bíonn cruinnithe ar siúl ar an dara Céadaoin de gach mí ar 2.00pm ach amháin i gcás mhí Lúnasa. Tugann an méid seo a leanas blaiseadh den iliomad ábhar agus saincheisteanna ar oibrigh na Comhairleoirí orthu le linn 2023:

### CUIR I LÁTHAIR/TOSCAIREACHTAÍ A FUAIR NA COMHALTAÍ IN 2023:

I rith 2023, cuireadh an méid seo a leanas faoi bhráid na gComhaltaí:

- Cur i Láthair ar Thaisteal Gníomhach le Paula Higgins Uasal, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Cur i láthair ar Fáilte Éireann, Turasóireacht agus an tAistriú Cóir leis an Uasal Matthews, Ceann Oibríochtaí, Croíthailte Ceilte na hÉireann
- Seisiún eolais ar Pháirc Thaitneamhachta an Phoill Bhuí leis an Uasal Mike Melody, Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Cur i láthair maidir leis an tionscadal InPLACE i Maigh Locha sa Chreagán
- Cur i láthair ar Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe leis an Uasal Steve Dolan, an tUasal Sean Broderick agus an tUasal Sean Larkin.
- Cur i láthair ar an gCreatphlean d’Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe leis an Uasal Mike Melody, Comhairle Chontae na Gaillimhe



AONACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE DEIREADH FÓMHAIR, 2023

#### DEARBHUITHE BÓITHRE LE BHEITH POIBLÍ A D'FHÓGAIR NA COMHALTAÍ IN 2023:

Faoi réir Acht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe go mbeadh dhá bhóthar ina mbóithre poiblí in 2023.

#### BREITHNIÚ AR FHORBAIRTÍ CHUID 8 A RINNE NA COMHALTAÍ IN 2023:

Rinne na Comhaltaí breithniú ar 2 thuarascáil faoi chuid a hocht de Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001:

- don Fhorbairt Tithíochta 8 nAonad ag Diméin Gharbhaile, Plás Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe
- don Fhorbairt Tithíochta 13 Aonad. ag Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, Co. na Gaillimhe.



CHÉAD CHRUINNIÚ CHEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE LEIS AN GCATHAOIRLEACH NUA AN COMH. DECLAN GERAGHTY AGUS AN LEAS-CHATHAOIRLEACH AN COMH. TIMOTHY BRODERICK.

## CRUINIÚ GINEARÁLTA BLIANTÚIL CHEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE IN 2023:

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 14 Meitheamh 2023; agus le linn an chruinnithe sin, moladh go mbeadh an Comh. Declan Geraghty le toghadh mar Chathaoirleach agus an Comh. Tim Broderick mar Leaschathaoirleach.



SA GHRIANGHRAF THUAS TÁ AN CATHAOIRLEACH ATÁ AG DUL AS OIFIG, AN COMH. EVELYN PARSONS AGUS AN CATHAOIRLEACH NUA AN COMH. DECLAN GERAGHTY.

---

## CEANTAR BARDASACH THUAMA

Bhí 12 chruinniú ag comhaltaí Cheantar Bardasach Thuama le linn 2023, lena n-áirítear cruinniú buiséid agus an Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus cruinniú speisialta ar Phlean Ceantair Áitiúil Thuama.

D'fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha don Cheantar Bardasach ar an 2 Márta 2023, a raibh luach €688,913 ag baint leis, de réir Alt 103A den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú). Rinne na Comhaltaí breithniú agus faomhadh freisin ar an gClár Oibreacha Bóthair Bliantúil do Cheantar Bardasach Thuama le leithdháiltí bliantúla d'fheabhsuithe athchóirithe ar luach €3,239,740 agus Cothabháil Athchóirithe ar luach €844,661 do 2023.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh ar an 12 Meitheamh 2023, toghadh an Comhairleoir Colm Keaveney mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Mary Hoade mar Leas-Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach Thuama ar feadh tréimhse 12 mhí.

Rinne na grúpaí seo a leanas cur i láthair os comhair na gcomhaltaí i rith na bliana:

- Forbairt Tuaithe na Gaillimhe
- Áiteanna Cruthaitheacha Thuama
- Athshamhlaigh Tuaim

- L2123 Grúpa Gníomhaíochta Comharsanachta um Shábháilteacht ar Bhóithre

D'fhaomh na comhaltaí an dréacht-Leithdháileadh Bardasach Ginearálta ar luach €6,865,425 ar an 13 Samhain 2023 roimh chruinniú Buiséid Bhliantúil 2024 faoi réir Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

I mí na Bealtaine tionóladh cruinniú speisialta chun Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Thuaim a phlé. Tionóladh cruinniú speisialta eile chun breithniú a dhéanamh arís ar aighneachtaí a fuarthas maidir le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil do Thuaim 2023 – 2029.

Faomhadh an Plean Bainistíochta Bruscair ag Cruinniú Ceantair Bhardasaigh mhí Iúil.

### **DEARBHUITHE BÓITHRE LE BHEITH POIBLÍ A D'FHÓGAIR NA COMHALTAÍ IN 2023**

Faoi réir Acht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Thuama go mbeadh dhá bhóthar ina mbóithre poiblí in 2023.

Tionóladh 3 thoscaireacht le linn 2023.

D'éascaigh Riarthóir na gCruinnithe, Geraldine Byrne Uasal, Cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh agus d'fhreastail an tUasal Derek Pender, Stiúrthóir Gníomhach Seirbhísí an Cheantair Bhardasaigh orthu. Foireann Innealtóireachta agus Riaracháin ó Rannóg na mBóithre, an tUasal John Coyle, an tUasal Paul Connolly, an tUasal Tom Regan agus Sinéad Naughton Uasal. D'fhreastail Oifig an Cheantair Bhardasaigh agus Ranna eile na Comhairle ar na Cruinnithe freisin chun déileáil le ceisteanna agus saincheisteanna a d'ardaigh na Comhaltaí.

---

### **CEANTAR BARDASACH BHAILE LOCHA RIACH**

Cuimsíonn Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach bailte Bhaile Locha Riach. Phort Omna, An Ghoirt agus an ceantar máguaird. Thionóil an Ceantar Bardasach 11 chruinniú mhíosúla, Cruinniú Bliantúil amháin, Cruinniú Speisialta amháin agus Cruinniú Buiséid amháin le linn 2023.

Bhreithnigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear:

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a Thoghadh
- Dréachtphlean Buiséadach don Cheantar Bardasach a ghlacadh
- Sceideal na nOibreacha do 2023
- Clár na mBóithre 2023
- Tuilte
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Uasghrádú ar an nGlasbhealach
- Tuarascálacha Pleanála Chuid 8
- Dumpáil mhídhleathach / ionaid fág anseo / Reiligí
- Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025
- Scéim Sráid-Dreacha Phort Omna

- Halla an Bhaile, Baile Locha Riach
- Iarratas Forbartha Bonneagair Straitéisigh a Dhéanamh (Stáisiún Cumhachta Thíne)
- Plean Tús Áite do Lár an Bhaile an Ghoirt

Bhuail comhaltaí le trí Thoscaireacht i rith 2023 chun éisteacht lena n-ábhair inní agus chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

---

## CEANTAR BARDASACH CHONAMARA

Bhí naoi gcrúinniú ag comhaltaí Cheantar Bardasach Chonamara in 2023, Cruinniú Bliantúil agus Cruinniú Buiséid ina measc.

Ag an gcrúinniú ar an 23 Feabhra 2023, d'fhaomh na comhaltaí Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh do 2023 (lena n-áirítear Clár na mBóithre agus Comhshaol, Tithíocht, Caitheamh Aimsire agus Sceideal deisiúcháin agus cothabhála Conláiste) do Cheantar Bardasach Chonamara.

Bhí cruinniú ar siúl i Seanscoil Sailearna, Indreabhán ar an 18 Bealtaine 2023.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliana ar an 13 Meitheamh 2023, agus toghadh an Comhairleoir Noel Thomas ina Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Dáithí Ó Cualáin ina Leaschathaoirleach don bhliain 2023.

Faoi réir Acht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Chonamara go ndéanfaí bóithre poiblí de trí bhóthar in 2023.

### **Bhreithnigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:**

- Clár na mBóithre 2023
- Scéim Tuile/Cosanta Tuilte an Chlocháin
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Cáilíocht an Uisce
- Páirceáil Carbhán
- Reiligí
- Céanna & Cuanta
- Sábháilteacht ar Bhóithre/Bearradh Fálta/Freagairt ar Aimsir Fhuar
- Sábháilteacht na Scoile
- Glasbhealach Chonamara/Taisteal Gníomhach
- Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- Páirceáil Cóiste Uachtar Ard/Scáthlám Bus
- Póilíneacht i gCeantar Chonamara
- Athnuachan an Chlocháin
- Comharthaíocht um Thrasrianta Fianna
- Droichead Coisithe Uachtar Ard

- Plean Bainistíochta Bruscair
- Soláthar Scáthlán Bus

**D'éist na baill le cuir i láthair maidir leis an méid seo a leanas:**

- Nuashonrú ar Chlár Athnuachana an Chlocháin.
- Cur i láthair ar Fheasacht Sábháilteachta Uisce
- Cur i Láthair Scoil Samhraidh An Phiarsaigh, 2023
- Cur i láthair maidir le Scéim Cosanta Tuilte an Chlocháin.
- Cur i láthair ar Dhréachtphlean Bainistíochta Bruscair, 2023 - 2025
- Cur i láthair maidir leis an gClár Taistil Ghníomhaigh.
- Seisiún Eolais ar Shamhail Oibriúcháin an Gharda Síochána - Daoine a choinneáil sábháilte.

---

## CEANTAR BARDASACH BHAILE ÁTHA AN RÍ

Is éard atá i gCeantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ná Toghcheantar Áitiúil Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór. Toghtar Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh ar an gComhairle sna Toghcháin Áitiúla ar feadh téarma cúig bliana. Tháinig Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí le chéile deich n-uaire in 2023 chun plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí don Cheantar Bardasach, ábhair bheartais, saincheistanna pobail agus ábhair imní agus ábhair a bhaineann lena ról ionadaíochta. Tionóladh na Cruinnithe in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Síneann an ceantar ó Theorainn Thuaidh, Thoir agus Theas Chathair na Gaillimhe, agus áirítear leis príomhbhailte agus sráidbhailte Bhaile Átha an Rí, Órán Mór, Bhaile Chláir, Dhroichead an Chláir agus Cór an Dola, chomh maith le ceantair thuithe scaipthe a bhfuil fás leanúnach daonra iontu. Pléadh saincheistanna a bhaineann le cothabháil bóithre, taisteal gníomhach, iarnród Órán Mór, teorainneacha luais, sábháilteacht ar bhóithre agus bearta maolaithe tráchta ag na Cruinnithe agus thug Innealtóirí an cheantair an t-eolas is deireanaí do na Comhaltaí.

Seo a leanas Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí.

- An Comh. Liam Carroll, Fine Gael
- An Comh. James Charity, Neamhpháirtí
- An Comh. David Collins, Fine Gael
- An Comh. Gabe Cronnelly, Neamhpháirtí
- An Comh. Jim Cuddy, Neamhpháirtí
- An Comh. Albert Dolan, Fianna Fáil
- An Comh. Shelly Herterich Quinn, Fianna Fáil

Le linn 2023, d'fhaomh Comhaltaí an Dearbhú go ndéanfaí Bóithre Poiblí de roinnt bóithre faoi réir Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Ag Cruinniú mhí an Mhárta, cuireadh Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh, lena n-áirítear Clár na mBóithre 2023, faoi bhráid na gComhaltaí agus, tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, d’fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha agus Clár na mBóithre.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 6 Meitheamh 2023 agus toghadh an Comh. Charity ina Chathaoirleach do 2023-2024. Toghadh an Comh. Cuddy mar Leas-Chathaoirleach.

Ag cruinniú mhí Eanáir rinne foireann an Aonaid Pleanála cur i láthair ar an Athbhreithniú ar PCÁ Bhaile Átha an Rí 2012-2022 agus ar thosach feidhme PCÁ Nua Bhaile Átha an Rí 2023-2029. Tionóladh cruinniú ar an 19 Meán Fómhair chun “Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar aighneachtaí a fuarthas ar Dhréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-29 agus ina dhiaidh sin an togra a bhreithniú chun Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-2029 a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm”.

Tionóladh Cruinniú Buiséid an Cheantair Bhardasaigh ar an 14 Samhain 2023 chun Dréachtphlean Buiséadach don Cheantar Bardasach a bhreithniú (le leasú nó gan leasú). Tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, dhiúltaigh na Comhaltaí do Dhréachtbhuiséad an Cheantair Bhardasaigh do Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór. Rinne Lónra Rannpháirtíochta Pobail CCG cuir i láthair.

Faomhadh an Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025.

D’éascaigh Riarthóir na gCruinnithe, Margaret Jordan, Cruinnithe an Cheantair Bhardasaigh agus d’fhreastail an tUasal Alan Farrell, Stiúrthóir Seirbhísí an Cheantair Bhardasaigh orthu. Foireann Innealtóireachta agus Riaracháin ó Rannóg na mBóithre, Rachel Lowe Uasal, An tUasal Sean Whelan, an tUasal Peter Gavin, agus Geraldine Cooley Uasal. D’fhreastail Oifig an Cheantair Bhardasaigh agus Ranna eile na Comhairle ar na Cruinnithe freisin chun déileáil le ceisteanna agus saincheisteanna a d’ardaigh na Comhaltaí.

#### COMHALTAÍ TOFA AINMNITHE DO CHOISTÍ, COMHDHÁLACHA & COSTAIS OILIÚNA

#### COMHALTAÍ TOFA AINMNITHE DO CHOISTÍ & COMHLACHTAÍ EILE

<b>Coiste Iontaobhaithe Loingseoireachta Loch Coirib</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An tUasal David Luskin	07.06.2019
An Comh. Andrew Reddington	26.09.2022

<b>Coiste Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Tim Broderick	07.06.2019
An Comh. David Collins	07.06.2019
An Comh. Joseph Sheridan	07.06.2019
<b>Coiste Oidhreacht agus Turasóireachta Bhaile Átha an Rí Teo</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. David Collins	07.06.2019
An Comh. Gabriel Cronnelly	07.06.2019

<b>Cumann Choiste Rialtais Áitiúil na hÉireann</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Mary Hoade	07.06.2019
An Comh. Jimmy McClearn	07.06.2019
An Comh. Thomas Welby	07.06.2019

<b>Coiste Comhárachais Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann Teo</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Liam Carroll	07.06.2019

<b>Coiste Oidhreacht Bhaile Locha Riach</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Michael “Moegie” Maher	07.06.2019
An Comh. PJ Murphy	07.06.2019

<b>Coiste Chumann Comhaltáí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ)</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Thomas Welby	07.06.2019

<b>Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Michael Connolly	07.06.2019
An Comh. Eileen Mannion	07.06.2019
An Comh. Alastair McKinstry	07.06.2019
An Comh. PJ Murphy	07.06.2019
An Comh. Joseph Sheridan	07.06.2019

<b>Coiste Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe &amp; Ros Comáin (Coiste Gairmoideachais roimhe seo)</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Shane Curley	07.06.2019
An Comh. Mary Hoade	28.02.2022
An Comh. Michael “Moegie” Maher	07.06.2019
An Comh. Karey McHugh Farag	28.02.2022 – 25.09.2023
An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons	25.09.2023
An Comh. Peter Roche	07.06.2019
An Comh. Thomas Welby	07.06.2019

<b>Ionadaíocht an Fhórait Sláinte Réigiúnaigh, Coiste an Iarthair</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Liam Carroll	07.06.2019
An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons	27.07.2020
An Comh. Donagh Killilea	07.06.2019
An Comh. Dáithí Ó Cualáin	07.06.2019
An Comh. Peter Roche	07.06.2019



<b>Comhchoiste Póilíneachta</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Jim Cuddy	07.06.2019
An Comh. Joe Byrne	07.06.2019
An Comh. Liam Carroll	07.06.2019
An Comh. James Charity	07.06.2019
An Comh. Shelly Herterich Quinn	07.06.2019
An Comh. Mary Hoade	07.06.2019
An Comh. Colm Keaveney	07.06.2019
An Comh. Gerry King	07.06.2019
An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	07.06.2019
An Comh. Michael "Moegie" Maher	07.06.2019
An Comh. Karey McHugh Farag	07.06.2019 – 25.09.2023
An Comh. Steven Mc Hugh	25.09.2023
An Comh. PJ Murphy	07.06.2019
An Comh. Dáithí Ó Cualáin	07.06.2019
An Comh. Andrew Reddington	07.06.2019
An Comh. Peter Roche	07.06.2019

<b>Coiste Chuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Martina Kinane	26.06.2017
An Comh. Peter Roche	26.06.2017

<b>Coiste Fóraim Chonamara Teo</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Seamus Walsh	21.10.2019
An Comh. Eileen Mannion	29.06.2020
An Comh. Thomas Welby	07.06.2019

<b>Coiste Chomhar na nOileán Teoranta</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	21.10.2019

<b>Údarás Rialaithe Ollscoil na hÉireann, Coiste na Gaillimhe</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Eileen Mannion	25.01.2021

<b>Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Shelly Herterich Quinn	07.06.2019
An Comh. Gerry Finnerty	07.06.2019
An Comh. Shane Curley	07.06.2019
An Comh. Michael "Moegie" Maher	07.06.2019

An Comh. Peter Roche	07.06.2019
An Comh. Liam Carroll	07.06.2019
An Comh. Tim Broderick	07.06.2019
An Comh. Gabriel Cronnelly	07.06.2019

<b>Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae (Áitiúil)</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Gerry King	07.06.2019
An Comh. Joe Byrne	07.06.2019
An Comh. Tim Broderick	07.06.2019

<b>Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Chontae na Gaillimhe</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Gabriel Cronnelly	07.06.2019

<b>Coiste Forbartha Pobail Áitiúil</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Noel Thomas	07.06.2019
An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	07.06.2019
An Comh. Gabriel Cronnelly	28.02.2022

<b>An Coiste Iniúcháireachta</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Liam Carroll	07.06.2019
An Comh. James Charity	07.06.2019

<b>An Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre Le Chéile</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Shelly Herterich Quinn	25.11.2019

<b>Grúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. agus an Dr. Evelyn Francis Parsons	22.11.2021
An Comh. Eileen Mannion	22.11.2021
An Comh. Donagh Killilea	24.10.2022

<b>Údarás na Gaeltachta</b>	<b>Dáta Comhaltais</b>
An Comh. Pádraig Mac an Iomaire	28.11.2022

COMHDHÁLACHA AR FHREASTAIL COMHALTAÍ TOFA ORTHU

	<b>Comhdháil</b>	<b>Eagraithe ag</b>	<b>Ionad &amp; Dáta</b>	<b>Lucht freastail</b>
<b>1</b>	An tAcht Airgeadais, 2021	Comhdhálacha Ceilteacha	An 6– 8 Eanáir 2023 i gCairlinn, Co. Lú	1
<b>2</b>	Tithíocht Mhodúlach in Éirinn	Comhdhálacha Ceilteacha	An 3-5 Feabhra 2023 i gCairlinn, Co. Lú	1
<b>3</b>	Cumann Réigiúin na hÉireann	Comhdhálacha Ceilteacha	An 7-9 Feabhra 2023 i gcontae Mhuineacháin.	9
<b>4</b>	Bealach Ghleann na Suca		5 & 6 Aibreán 2023 i Ros Comáin	5

IMEACHTAÍ OILIÚNA AR FHREASTAIL COMHALTAÍ TOFA ORTHU

	<b>Imeacht Oiliúna</b>	<b>Eagraithe ag</b>	<b>Ionad &amp; Dáta</b>	<b>Lucht freastail</b>
<b>1</b>	Modúl 1 – Athchóiriú Toghcháin	Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARÁÉ)	An 23 Feabhra 2023 Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. An 25 Feabhra 2023, Luimneach	7 1
<b>2</b>	Seimineár Earraigh Chumann Comhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ)	Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ)	An 2-4 Márta 2023 Beantraí, Co. Chorcaí	8
<b>3</b>	Modúl 2 – Gníomhú ar son na hAeráide	ARÁÉ	An 23 Márta 2023 i Loch Garman An 25 Márta 2023 i nDún Dealgan	1 4

4	Comhdháil Bhliantúil Oiliúna	ARÁÉ	An 19 -20 Aibreán i gCill Chainnigh	11
5	Cácas na mBan	ARÁÉ	An 5 Bealtaine 2023 sa Mhuileann gCearr	1
6	Modúl 3 Reachtaíocht Phleanála agus treoir bheartais	ARÁÉ	An 15 Meitheamh 2023 sa Mhuileann gCearr  An 17 Meitheamh 2023 i gContae Chill Chainnigh	3  1
7	Modúl 4 – Uisce Éireann – Seisiún Eolais do Chomhairleoirí	ARÁÉ	An 20 – 22 Iúil 2023 i gContae Shligigh	6
8	Seimineár Oiliúna an Fhómhair 2023–”Todhchaí Rialtais Áitiúil in Éirinn – An tAm do Chomhrá Macánta”	ARÁÉ	An 13 agus 14 Meán Fómhair 2023 i gContae Shligigh	6
9	ARÁÉ Modúl 5– Slándáil Phearsanta Comhaltaí Tofa– Cleachtais Dhearfacha Slándála sa Bhaile, san Ionad Oibre agus ar an nGuthán	ARÁÉ	An 19 agus 20 Deireadh Fómhair 2023 i dTrá Lí  An 18 Deireadh Fómhair 2023 i gContae an Chabháin	4  1
10	Seimineár Oiliúna CCÚA – Gníomhú ar son na hAeráide, Gnólachtaí Inbhuanaithe agus Forbairt Réigiúnach Chothrom	Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil	An 25 agus 26 Deireadh Fómhair, 2023, Tuaim, Co. na Gaillimhe	3

11	Modúl 6 ARÁÉ “Sábháilteacht ar Bhóithre – Beartas Nua Luasteorainneacha agus Úsáideoirí Bóthair a Chosaint”	ARÁÉ	An 16 agus 18 Samhain 2023 Baile an Bhriotaigh, Gaillimh	2
			An 16 agus 18 Samhain 2023 i gContae Phort Láirge	1

#### SPEANSAIS NA GCOMHALTAÍ TOFA

Ainm an Chomhalta Thofa	Liúntas Bliantúil	Tuarastal	Liúntas an Chathaoirligh	Liúntas an Leas-Chathaoirligh	Liúntas Cathaoirligh CBS	Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bhardasaigh	Speansais maidir le freastal ar oiliúint	Speansais maidir le freastal ar Chomhdhála cha	Speansais Eile	Speansais do Thaisteal Thar Lear	Iomlán
Broderick Tim	11,776.18	28,877.83						439.05			<b>41,093.06</b>
Byrne Joe	6,993.42	28,877.83			6,000.02						<b>41,871.27</b>
Canning Ivan	12,230.29	28,877.83									<b>41,108.12</b>
Carroll Liam	5,222.88	28,877.83	12,384.68			3,000.01					<b>49,485.40</b>
Charity James	8,322.34	28,877.83				3,000.01					<b>40,200.18</b>

Collins David	6,620.90	28,877.83						483.09			<b>35,981.82</b>
Connolly Dermot	6,844.68	28,877.83			6,000.02						<b>41,722.53</b>
Connolly Michael	11,776.18	28,877.83									<b>40,654.01</b>
Cronnelly Gabriel	5,717.40	28,877.83									<b>34,595.23</b>
Cualáin Dáithí Ó	6,648.48	28,877.83				3,000.01					<b>38,526.32</b>
Cuddy Jim	3,619.57	28,877.83					289.74				<b>32,787.14</b>

Ainm an Chomhalta Thofa	Liúntas Bliantúil	Tuarastal	Liúntas an Chathaoirligh	Liúntas an Leas-Chathaoirligh	Liúntas Cathaoirligh CBS	Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bhardasai gh	Speansais maidir le freastal ar oiliúint	Speansais maidir le freastal ar Chomhdhála	Speansais Eile	Speansais do Thaisteal Thar Lear	Iomlán
Curley Shane	5,501.61	28,877.83			4,961.55		435.87				<b>39,776.86</b>

Curraoin Tomás Ó	3,753.54	28,877.83					2,234.62	600.00			<b>35,465.99</b>
Dolan Albert	8,019.70	28,877.83									<b>36,897.53</b>
Donohue Geraldine	7,856.56	28,877.83					178.25				<b>36,912.64</b>
Finnerty Gerry	5,549.32	28,877.83									<b>34,427.15</b>
Geraghty Declan	10,223.36	28,877.83				3,000.01		76.40			<b>42,177.60</b>
Herterich Quinn Shelly	10,156.59	28,877.83					276.27	504.55			<b>39,815.24</b>
Hoade Mary	8,737.30	28,877.83			1,038.47		3,719.84	499.78	395.90		<b>43,269.12</b>
Keaveney Colm	5,611.50	28,877.83				3,000.01	514.63				<b>38,003.97</b>
Keaveney Peter	12,401.74	28,877.83									<b>41,279.57</b>

Ainm an Chomhalta Thofa	Liúntas Bliantúil	Tuarastal	Liúntas an Chathaoirligh	Liúntas an Leas-Chathaoirligh	Liúntas Cathaoirligh CBS	Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bhardasaigh	Speansais maidir le freastal ar oiliúint	Speansais maidir le freastal ar Chomhdhálacha		Speansais do Thaisteal Thar Lear	Iomlán
Kelly, Declan	10,874.26	28,877.83									<b>39,752.09</b>
Killilea Donagh Mark	5,625.73	28,877.83				3,000.01	431.57	518.49			<b>38,453.63</b>
Kinane Martina	6,621.16	28,877.83					688.96	509.75			<b>36,697.70</b>
King Gerry	12,202.43	28,877.83					1,681.73	600.00			<b>43,361.99</b>
Mac An Iomaire Pádraig	6,375.68	28,877.83									<b>35,253.51</b>
Maher "Moegie" Michael	7,810.71	28,877.83	13,274.65				1,594.99	251.18			<b>51,809.37</b>
Mannion Eileen	8,367.43	28,877.83		2,769.24							<b>40,014.50</b>



McClearn Jimmy	9,823.06	28,877.83				3,000.01	2,095.00	478.36			<b>44,274.26</b>
McHugh Farag Karey	3,110.54	28,877.83			6,000.02						<b>37,988.39</b>
McHugh Steven	1,472.03	7,145.14			1,500.01						<b>10,117.18</b>
McKinstry Alastair	8,222.68	28,877.83			6,000.02						<b>43,100.53</b>
Murphy PJ	7,001.03	28,877.83				3,000.01					<b>38,878.87</b>

Ainm an Chomhalta Thofa	Liúntas Bliantúil	Tuarastal	Liúntas an Chathaoirligh	Liúntas an Leas-Chathaoirligh	Liúntas Cathaoirligh CBS	Liúntas Cathaoirligh an Cheantair Bhardasaigh	Speansais maidir le freastal ar oiliúint	Speansais maidir le freastal ar Chomhdhálacha	Speansais Eile	Speansais do Thaisteal Thar Lear	Iomlán
Parsons, Evelyn An Dr	12,142.78	28,877.83		3,230.78		3,000.01	391.89	103.35	177.55	426.89	<b>48,351.08</b>
Reddington Andrew	4,777.60	28,877.83									<b>33,655.43</b>

Roche Peter	8,478.76	28,877.83			6,000.02		959.67			435.56	<b>44,751.84</b>
Sheridan Joseph	11,711.44	28,877.83					910.97	495.97			<b>41,996.21</b>
Thomas Noel	6,222.06	28,877.83				3,000.01					<b>38,099.90</b>
Walsh Séamus	10,096.84	28,877.83					759.51				<b>39,734.18</b>
Welby, Thomas	6,258.72	28,877.83					2,844.87	490.00			<b>38,471.42</b>
<b>Iomlán</b>	<b>310,778.48</b>	<b>1,133,380.51</b>	<b>25,659.33</b>	<b>6,000.02</b>	<b>37,500.13</b>	<b>30,000.10</b>	<b>20,008.38</b>	<b>6,049.98</b>	<b>573.45</b>	<b>862.45</b>	<b>1,570,812.83</b>

---

ÍOCAÍOCHTAÍ A DHÉANTAR LE COMHALTAÍ NEAMHTHOFA DE CHOISTÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL:

<b>Coiste</b>	<b>An méid a íocadh</b>
Comhchoiste Póilíneachta	€197.37
CBS Pleanála, Comhshaoil, Talmhaíochta agus Seirbhísí Éigeandála	€106.85

## Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse 2023

## SPRIOC STRAITÉISEACH: RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

*"An rannpháirtíocht is léithne is féidir a éascú do shaoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae "*

STRAITÉIS TACAÍOCHTA	GNÍOMH AN PHLEAN GHNÓ	SPRIOCDHÁTA	Toradh
Oibriú i gcompháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreachta, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.	Clár Scoileanna a sheoladh chun oideachas a chur ar leanaí óga maidir leis an tábhacht agus na gnéithe a bhaineann le Sábháilteacht agus Cosc Dóiteáin	Leanúnach	Arna dhéanamh le linn 2023
	Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh um Shábháilteacht Dóiteáin Pobail le grúpaí pobail agus grúpaí leochaileacha den tsochaí		Arna dhéanamh i gcomhar le grúpaí pobail agus le Scéim Pobail na nAláram Deataigh
	Oibriú le comhairleoirí um Shábháilteacht Dóiteáin chun a chinntiú go mbainfidh gach tionscadal tógála agus forbartha atá beartaithe an leibhéal riachtanach sábháilteachta ó dhóiteán amach chun beatha agus maoin a chosaint.		Bainte amach agus ar siúl faoi láthair
	Oibriú le Tithíocht CCG agus Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI) chun caighdeán sábháilteachta ó dhóiteán chuí a chinntiú do chóiríocht éigeandála do dhaoine easáitithe agus d'iaratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.		Bainte amach agus ar siúl faoi láthair
Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.	An Clár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe 2019 - 2021 a chur i gcrích chomh héifeachtach agus is féidir laistigh de na hacmhainní atá ar fáil agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn chun Clár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe nua a chur ar bun d'earnáil na ngrúpscéimeanna sa chontae. Cuimsíonn an Clár um Uisce Tuaithe deontais ghrúpscéime a íoc chun grúpscéimeanna uisce tuaithe a thógáil agus a uasghrádú agus tacaíocht leanúnach do na scéimeanna trí fhóirdheontas grúpscéime uisce. Cuimsíonn an clár ceannteideal maoinithe freisin chun deontais toibreacha a sholáthar do thithe incháilithe.	Dec-23	Bainte amach agus ar siúl faoi láthair

Tacú leis an tionscnamh Aoisbhá agus a chinntiú go gcuireann an pobal atá ag dul in aois bonn eolais faoi bheartais agus gníomhartha.	Cuimsítear cách inár seirbhís agus cuireann nádúr oscailte saor bhallaíocht na leabharlainne oiriúnach le cuimsiú sóisialta grúpaí imeallaithe.	Cur chun cinn leanúnach na n-acmhainní éagsúla a chuirimid ar fáil dár bpobail.  Rannpháirtíocht leanúnach ar fud na n-ardán go léir chun feasacht a chruthú ar raon feidhme agus ar shainchúram na leabharlann ina gceantair féin.	Ar siúl faoi láthair
	Tiomantas do Straitéis Aoisbháúil na Gaillimhe le tacaíocht ó na comhpháirtithe eagraíochtúla éagsúla a chinntiann rochtain dóibh siúd a bhfuil fadhbanna nó deacrachtaí soghluaisteachta acu	Leanfaimid orainn ag déanamh athbhreithnithe, le tacaíocht ónár nAmbasadóirí Aoisbháúla, ar ár gcraobhacha agus ar ár seirbhísí agus cuirfimid na nithe seo a leanas ar fáil: •Suíocháin chuí •Bailiúcháin a bhfuil cló mór acu •Seirbhís ríomhleabhair fuaimne •Ár seirbhísí digiteacha leabharlainne a chur i láthair	Ar siúl faoi láthair
Oibriú leis na Coistí um Beartas Straitéiseach (CBSanna), An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Comhchoiste Póilíneachta (CCP) chun cur chuige comhtháite comhleánúach le haghaidh forbairt pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm.	* Tacú leis an CBS Pobail & Cultúir agus an CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta & Fiontar maidir le pleananna, straitéisí agus beartais a fhorbairt * Tacú leis an CFPÁ agus lena fhochoistí chun cur chuige comhcheangailte a bhaint amach maidir le seachadadh seirbhíse agus seachadadh PÁEP	4 Chruinniú CBS 6 Chruinniú CFPÁ 2 Chruinniú in aghaidh an Fhochoiste Líon beartas a pléadh agus a comhaontaíodh.	Bainte amach
Oibriú i gcomhpháirtíocht leis na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí pobail áitiúla, maidir le cur chun cinn na hoidhreachta, cosc dóiteáin, sábháilteacht uisce, athrú aeráide agus feabhsú/feasacht comhshaoil.	* Sábháilteacht dóiteáin agus oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn in áiseanna pobail le gach scéim maoinithe chuí, agus i dtithe leis Scéim na nAláram Deataigh. Cumas grúpaí pobail áitiúla a fhorbairt i réimsí an athraithe aeráide agus ó thaobh feasachta / feabhsaithe comhshaoil de le cláir oiliúna spriocdhírthe LRP (Líonra Rannpháirtíochta Poiblí) a sholáthar.	Ar bhonn leanúnach, cuimsíonn PTFanna líon na ndeontas a bronnadh le haghaidh uasghrádú áiseanna pobail & tionscnaimh na mbailte slachtmhara Líon daoine i Scéim na nAláram Deataigh Líon na gClár Oiliúna LRP	Ar siúl faoi láthair
Rannpháirtíocht i spórt agus caitheamh aimsire a chur chun cinn i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus leis an bpobal, chun deiseanna atá ar fáil le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (CSG) agus le scéimeanna cuí eile a uasmhéadú.	* Tacú leis an CSG chun rochtain straitéiseach ar spóirt a éascú. * Cláir rannpháirtíochta spóirt a chur chun cinn agus a fhorbairt do dhaoine ar gach cumas agus ó gach pobal agus líon na gclár agus na rannpháirtithe a uasmhéadú laistigh den bhuiséid atá ar fáil. * Scéimeanna maoinithe eile a ghiaíil chun rannpháirtíocht grúpaí agus pobal faoi mhíbhuntáiste i gcláir spóirt a uasmhéadú.	4 Chruinniú CSG. Líon na gclár. Líon rannpháirtithe. Leibhéal gearála agus rannpháirtíochta grúpaí imeallaithe.	Bainte amach

<p>Comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gClár Forbartha Pobail ábhartha agus na scéimeanna maoinithe, lena n-áirítear an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP), i gcomhar leis an CFPÁ agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.</p>	<p>* Monatóireacht a dhéanamh ar CCSGP chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil a chinntiú agus cuairteanna láithreáin a dhéanamh chun eolas CFPÁ a mhéadú.          *Plean Éire Shláintiúil a fhorbairt chun tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn tar éis phaindéim Covid-19 a aithint agus a ndéanfar a sheachadadh le Clár Oibreacha faoi Bhabhta 4 den Chiste Éire Shláintiúil.          * Freastal ar gach Cruinniú Meastóireachta LEADER agus cloí le hiarratais Alt 48.          Maoiniú ón gClár Feabhsúcháin don Phobal (CFP) a leithdháileadh chun áiseanna pobail a fheabhsú.</p>	<p>Ar bhonn leanúnach, áirítear le príomhtháscairí feidhmíochta (PTFanna) bheith ag comhlíonadh an scéidil fhaireacháin bhliantúil agus PTFanna CCSGP a bhaint amach          Spriodhataí &amp; cuspóirí Ciste Éire Shláintiúil a chomhlíonadh.          Líon na ndeontas CFP a bronnadh agus díriú cuí á dhéanamh ar dheontais</p>	<p>Arna sheachadadh de réir an chláir chomhaontaithe</p>
<p>Seirbhís ealaíon a chothabháil agus a fhorbairt de réir Phlean Ealaíon Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go gcuireann na healaíona le saol na ndaoine agus go dtacófar agus go ndéanfar ceiliúradh ar thraidisiúin agus ar chultúr uathúil Chontae na Gaillimhe.</p>	<p>* Plean na nEalaíon 2020-2024: leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag tacú leis an gClár Ealaíon; iarratas ar mhaoiniú tacaíochta a chur faoi bhráid na Comhairle Ealaíon de réir an Chreat-Chomhaontaithe.          * I comhairliúchán leis an nGrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí, clár ealaíne poiblí a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Beartas Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020-2024. * Tá clár agus tionscnaimh éagsúla Ealaíon le cur chun cinn trí Chlár na hOifige Ealaíon          * Clár Éire Ildánach 2022 a sheachadadh agus a eagrú lena n-áirítear clár Chruinniú na nÓg. * Deontais faoin Acht Ealaíon a Sheachadadh (Deontais Chultúrtha Scéimeanna Tacaíochta Pobail) * Páirt a ghlacadh mar Chomhpháirtí i dtionscadal Erasmus+ Culture Up Babhta 2 * Tacú le hÁiteanna Cruthaitheacha Thuama a reáchtálfar ar bhonn piolótach * Tacú le Music Generation, Áras Éanna, Cathair Scannán EOCNA, Ciste WRAP * Tacú le Pleanáil Straitéiseach d'Fhéilte Ealaíon sa chontae agus féilte nua a fhorbairt i gcomhar le pobail *Oíche Chultúir an Chláir          * Scéim Taibhithe Beo Áitiúil a eagrú</p>	<p>Líon na dtionscnamh agus na gclár a fhaigheann tacaíocht ó Dheontais Ealaíon - 50          Plean Bliantúil forbartha chun Plean Ealaíon a chur i bhfeidhm. - 35          Tionscnamh          Líon na dtionscnamh a fhaigheann tacaíocht faoi Éire Ildánach agus comhlíonadh spriodhataí - 25 tionscnamh          Líon na dtionscnamh a fhaigheann tacaíocht ó Chruinniú na nÓg - 30          Oíche Chultúir - 40 imeacht          Líon na bhFéilte Ealaíon ar tugadh tacaíocht dóibh - 10          Líon na dtionscnamh Ealaíne Poiblí 3</p>	<p>Spriocanna comhardaithe bainte amach. Maidir le deontais Ealaíon agus an clár Éire Ildánach, tá líon na ndeontas/na dtionscnamh beagán faoi bhun na sprice. Bhí cuid de na tionscnaimh níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis agus bhí níos mó acmhainní uathu. Maidir le hOíche Chultúir, baineadh an sprioc amach agus sáraíodh spriocanna do na réimsí eile laistigh de na hEalaíona.</p>
<p>Comhairle agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil chun tacú le pobail agus le forbairt inbhuanaithe an chontae.</p>	<p>* Tacú leis an LRP mar ionad ilfhreastail chun faisnéis agus tacaíocht maidir le cúrsaí maoinithe a sholáthar le ceardlanna faoi chúrsaí maoinithe, le Leabhrán Eolais faoi Dheontais, agus le traenáil forbartha acmhainní.          * Pobail a spreagadh chun cur isteach ar chomórtais náisiúnta amhail an comórtas 'Mórtas Ceantair'.</p>	<p>Eolas soiléir curtha ar fáil do Bhaill LRP.          Líon na n-iarrthóirí ar chomórtais náisiúnta agus a bhfeidhmíocht</p>	<p>Bainte amach</p>
